

Ceardlanna na Tríú Bliana

2021-22



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

**Lárionad na Gaeilge:
Taighde, Teagasc agus Tástáil,
Scoil an Léinn Cheiltigh**

Clár

Cuid 1: Eolas Ginearálta faoi Cheardlanna Bhliain 3	3
Cuid 2: Clár Oibre na Bliana	7
Cuid 3: Spriocanna foghlama Bhliain 3	9
Cuid 4: Ábhar teagaisc	13
Aonad 1 – An dea-fhoghlaimeoir teanga (Ceardlann 1)	13
<i>Ceardlann 1 – An dea-fhoghlaimeoir teanga</i>	14
Aonad 2 – Cúrsaí gairme (Ceardlann 2-5)	22
<i>Ceardlann 2 – Ag cur isteach ar phost</i>	23
<i>Ceardlann 3 – Gairmeacha le Gaeilge</i>	33
<i>Ceardlann 4 – Coinníollacha Oibre</i>	40
<i>Ceardlann 5 – Stíleanna oibre agus tréithe pearsantachta</i>	48
Aonad 3 – Cúrsaí Múinteoireachta (Ceardlann 6, 7, 8 & 10)	56
<i>Ceardlann 6 – Tréithe agus eolas an mhúinteora</i>	57
<i>Ceardlann 7 – Modhanna múinte teangacha</i>	64
<i>Ceardlann 8 – Dúshláin na múinteoireachta</i>	72
Aonad 4 – Cúrsaí taistil agus an obair thar lear (Ceardlann 9)	79
<i>Ceardlann 9 – Cúrsaí taistil agus an obair thar lear</i>	80
Aonad 5 – An nuacht, cúrsaí reatha agus fadhbanna na linne seo	88
<i>Ceardlann 11 – Cineálacha nuachta agus foinsí nuachta</i>	89
<i>Ceardlann 12 – Cúrsaí polaitíochta</i>	97
<i>Ceardlann 13 – Dearcthaí éagsúla polaitiúla</i>	104
<i>Ceardlann 14 – Cúrsaí coiriúlachta</i>	113
<i>Ceardlann 15 – An ghéarchéim tithíochta agus lucht iarrtha tearmainn</i>	121
<i>Ceardlann 16 – An ciníochas</i>	128
<i>Ceardlann 17 – An t-athrú aeráide</i>	135
<i>Ceardlann 18 – An comhionannas inscne agus cearta na mban</i>	143
<i>Ceardlann 19 – Cearta teanga agus cur chun cinn na Gaeilge</i>	151
<i>Ceardlann 20 – Cearta teanga agus cur chun cinn na Gaeilge</i>	156
<i>Ceardlann 21 – Dul siar</i>	162
Cuid 5: Treoracha agus scéimeanna marcála na dtascanna	165
Cuid 6: Tascanna – Dréacht ceartaithe	180
Cuid 7: Stór focal	183
CÓRAS CEARTÚCHÁIN	1

Cuid 1: Eolas Ginearálta faoi Cheardlanna Bhliain 3

Sonraí teagmhála

Comhordaitheoir Cheardlanna na Tríú Bliana: Elisaveta Everard

Ríomhphost: elisaveta.everard@mu.ie

Comhairleoirí na 3ú bliana, Roinn na Gaeilge:

Brian Ó Catháin agus Lára Ní Mhaoláin.

Ba cheart labhairt leo siúd má bhíonn aon deacrachtaí ginearálta agat le hobair na hollscoile nó le gnéithe eile den chúrsa Gaeilge, seachas na ceardlanna, m.sh. ranganna oidis, teagaisc, srl.

Téama Sheimeastar 1: Cúrsaí gairme & oibre

Bainfidh obair na gceardlann ar fad sa chéad seimeastar leis an bhfoghlaím teanga agus le cúrsaí gairme agus taistil. Cuirfear béim faoi leith ar na gairmeacha a bhaineann leis an nGaeilge.



An dea-fhoghlaim teanga

- neamhspleáchas
- an féinmheasúnú
- spriocanna foghlama
- plean staidéir



Cúrsaí gairme

- ag cur isteach ar phost
- ag déanamh agallaimh
- gairmeacha le Gaeilge



An mhúinteoireacht

- scileanna an mhúinteora
- modhanna múinte teangacha
- dúshláin na múinteoireachta



Taisteal

- cineálacha éagsúla taistil
- deiseanna oibre thar lear

Téama Sheimeastar 2: An nuacht, cúrsaí reatha, agus fadhbanna na linne seo

Bainfidh obair na gceardlann ar fad sa dara seimeastar leis an nuacht, le cúrsaí reatha, agus le fadhbanna na linne seo.



An nuacht

- cineálacha éagsúla nuachta
- foinsí éagsúla nuachta (iontaofa agus neamhiontaofa)



Cúrsaí reatha

- cúrsaí polaitíochta
- deacrachtaí éagsúla polaitíochta
- scéalta móra i mbéal an phobail



Fadhbanna na linne

- cúrsaí coiriúlachta
- an comhionannas agus cearta na mban
- cearta teanga
- an t-athrú aeráide

Measúnú agus dáileadh na marcanna

Áireofar obair na gceardlann mar chuid de na modúil teanga NG301: An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 1 (Seimeastar 1) agus NG311: An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 2 (Seimeastar 2). Is modúil dhúbailte iad seo a bhfuil 5 chreidiúint ag baint leo araon. Is mar seo a leanas a dháilfear marcanna na modúl seo:

NG301:	NG311:
An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 1 <ul style="list-style-type: none">• 70% ar an bpáipéar scrúdaithe (<i>Ceist 1 bunaithe ar ábhar na gceardlann</i>)• 10% ar an rang teagaisc• 20% ar obair na gceardlann teanga	An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 2 <ul style="list-style-type: none">• 40% ar an bpáipéar scrúdaithe (<i>Ceist 1 bunaithe ar ábhar na gceardlann</i>)• 30% ar an scrúdú cainte (<i>le ceisteanna bunaithe ar obair na gceardlann</i>)• 10% ar an rang teagaisc• 20% ar obair na gceardlann teanga

Tascanna

Beidh na tascanna seo thíos le déanamh le linn na bliana. Tascanna praiticiúla iad a bhaineann leis an nGaeilge ghairmiúil. Tá spriocdhátaí sheimeastar 1 & 2 le fáil sa chlár oibre i gCuid 2 thíos. Mar gheall gur tascanna gairmiúla iad, ní ghlacfar le haon tasc mall, gan leithscéal bailí agus scéala curtha chuig an teagascóir roimh ré. Faoi chomhordaitheoir na gceardlann agus an teagascóir a bheidh sé ansin cinneadh a dhéanamh maidir leis an tasc mall. Beidh cóip leictreonach de na tascanna le cur isteach ar Moodle. Tabharfar deis do na mic léinn na tascanna féin a thosú sa cheardlann ar mhaithe le cuid den ualach oibre a laghdú.

Seimeastar 1	Seimeastar 2
Tasc 1: Cúrsa beatha agus litir iarratais Tasc 2: Agallamh poist Tasc 3: Ceacht múinteoireachta	Tasc 4: Alt Tasc 5: Tuairisc nuachta Tasc 6: Clár raidió

An Portfóilió sa Ghaeilge Ghairmiúil

Ós rud é go mbainfidh na tascanna ar fad leis an nGaeilge ghairmiúil, faoi dheireadh na bliana, beidh portfóilió agat ina mbeidh samplaí den chineál oibre a d'fhéadfá a dhéanamh dá mbeifeá ag obair sna réimsí sin d'earnáil na Gaeilge. Moltar duit fillteán a choinneáil de do chuid oibre agus coinneoidh tú leagan leictreonach de gach tasc ar Moodle MC:NG300 freisin.

Réamhullmhúchán

An cur chuige cumaisc a bheidh i gceist leis na ceardlanna i mbliana – is é sin le rá, go mbeidh meascán den fhoghlaim ar líne agus den fhoghlaim thraidisiúnta i gceist. Mar sin, chomh maith leis na tascanna atá luaite thuas, beidh quizeanna Moodle le déanamh mar ullmhúchán don chéad rang eile. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh ort alt a léamh, éisteacht le píosa cainte, cleachtadh stór focal nó gramadaí a dhéanamh, nó cleachtadh cainte a réiteach.

Rannpháirtíocht

Ní bheidh marcanna á mbronnadh ar an tinreamh i mbliana ach beidh 25% de mharcanna na gceardlann á mbronnadh ar an rannpháirtíocht sa rang, ar na tascanna beaga obair bhaile, agus ar na quizeanna Moodle. Mura nglacann tú páirt ghníomhach sa rang, nó mura bhfuil quizeanna déanta agat, gheobhaidh tú marc íseal don rannpháirtíocht.

Moodle

Cuirfear an t-ábhar ar fad a bhaineann leis na ceardlanna (an leabhrán seo, na míreanna físe agus fuaime, an córas ceartúcháin agus áiseanna breise) ar leathanach Moodle na gceardlann. Beidh ort cóipeanna leictreonacha de do chuid tascanna a chur isteach ar Moodle freisin.

BYOD (Bring Your Own Device!)

Má tá fón póca cliste, taibléad nó ríomhaire glúine agat, tabhair leat é chuig na ceardlanna agus bí cinnte go bhfuil sé luchtaithe agat (i. go bhfuil cumhacht ann)! Bainfear úsáid as go minic sa rang le quizeanna a dhéanamh nó le focail a chuardach, srl.

Tinreamh

Má bhíonn mac léinn as láthair ba cheart ríomhphost a chur chuig an teagascóir ionas go mbeidh sé/sí ar an eolas. Mura bhfuil mac léinn in ann a bheith i láthair (mar gheall ar chúiseanna a bhaineann le Covid-19, mar shampla) ní chaillfidh an mac léinn sin marcanna. Beidh marcanna le gnóthú as an rannpháirtíocht sna ranganna, áfach.

Acmhainní ar líne

Cineál	Acmhainní	Nóta
Foclóirí/ Bunachar téarmaíochta	www.focloir.ie www.teanglann.ie www.tearma.ie www.gaois.ie	Focloir.ie: An-úsáideach le focail a chuardach ó Bhéarla go Gaeilge. Teanglann.ie: An-úsáideach le focail a chuardach ó Ghaeilge go Béarla nó a mhalairt + maidir le cúrsaí gramadaí & foghraíochta. Tearma.ie: An-úsáideach le téarmaí oifigiúla/ gnó/dlí/ leighis srl. a chuardach.
Foghraíocht	www.abair.ie www.teanglann.ie www.focloir.ie https://www.cogg.ie/blas-cleachtai-foghraiochta/	Is féidir fuaimniú na bhfocal a sheiceáil anseo. Cleachtaí foghraíochta do mhúinteoirí meánscoile ar fáil san leabhrán <i>Blas</i> . Cabhrach más maith leat tuiscint níos fearr a fháil ar chuid de na fuaimeanna atá sa Ghaeilge agus má tá spéis agat sa mhúinteoireacht.
Gramadach	www.teanglann.ie https://coislife.ie/cruinnscriobh-na-gaeilge-ceachtanna-ar-line/ https://www.aistear.ie/cruinneas.php?l=A	Tá an-chuid eolais ar fáil ar www.teanglann.ie maidir le cúrsaí gramadaí. Tá ceachtanna saor in aisce ar líne ar fáil ag https://coislife.ie/cruinnscriobh-na-gaeilge-ceachtanna-ar-line/ agus is féidir tástáil a dhéanamh ar dtús leis na bearnaí i do chuid eolais a aithint. Tá liosta ag https://www.aistear.ie/cruinneas.php?l=A d'earráidí coitianta gramadaí.
Aistriúchán/ Eagarthóireacht	www.aistear.ie	Tá an-chuid cleachtaí aistriúcháin & eagarthóireachta ar www.aistear.ie agus tá nótaí/tráchttaireacht ar na cleachtaí'
Léitheoireacht	www.tuairisc.ie www.nos.ie www.peig.ie	Más maith leat tuilleadh léitheoireachta a dhéanamh (agus cur le do chuid stór focal), tá an-chuid alt/léirmheasanna srl. ar fáil ar na suíomhanna seo.
Léamhthuisctí / Cluastuisctí	www.tuairisc.ie www.vifax.ie	Más maith leat tuilleadh cleachtaí léamhthuisceana/cluastuisceana/ stór focal a dhéanamh, b'fhiú súil a chaitheamh ar na suíomhanna seo.
Scileanna éisteachta	https://www.rte.ie/rnag/podcasts/ https://www.tg4.ie/en/ https://www.molsceal.ie/	Tá an-chuid podchraoltaí ar fáil ag na naisc seo. B'fhiú go mór éisteacht leo le cur le do chuid scileanna éisteachta (& tá <i>Beo ar Éigean</i> an-ghreannmhar!). Ar ndóigh, b'fhiú go mór breathnú ar TG4 nó Molsceal freisin (físeáin níos gairide le fáil anseo).

Cuid 2: Clár Oibre na Bliana

Clár Oibre Sheimeastar 1

Ceardlann	Dátaí	Topaicí	Tascanna agus obair bhaile
1	4-8 DF	Ag foghlaim teanga: An dea-fhoghlaimeoir teanga	
2	11-15 DF	Cúrsaí gairme: Ag cur isteach ar phost	Tasc 1 (C.V. agus litir iarratais) le déanamh
3	18-22 DF	Cúrsaí gairme: Gairmeacha le Gaeilge	Tasc 1 le cur isteach Tasc grúpa – Gairmeacha le Gaeilge le déanamh
Seachtain léitheoireachta: 25/10/21 – 29/11/21			
4	1-5 Samhain	Cúrsaí gairme: Coinníollacha oibre	Tasc grúpa – Gairmeacha le Gaeilge le déanamh sa rang Tasc 1 le tabhairt ar ais Tasc 1: Dréacht 2 le déanamh (le tosú sa rang)
5	8-12 Samhain	Cúrsaí gairme: Stíleanna oibre agus tréithe pearsantachta	Tasc 1: Dréacht 2 le cur isteach Tasc 2: Agallamh poist le déanamh
6	15-19 Samhain	An Mhúinteoireacht: Tréithe an mhúinteora mhaithe	Tasc 2 le cur isteach ar Moodle Tasc 3: Céim 1&2 le déanamh
7	22-26 Samhain	An Mhúinteoireacht: Modhanna múinte teangacha	Tasc 3: Céim 3 - Gníomhaíocht agus críoch le hullmhú
8	29 Samhain - 3 Nollaig	An Mhúinteoireacht: Dúshláin na múinteoireachta	Tasc 3: Dréacht 1 le cur isteach Tasc 2 le tabhairt ar ais Tasc 2: Dréacht 2 le déanamh
9	6-10 Nollaig	Cúrsaí taistil agus obair dheonach	Tasc 2: Dréacht 2 le cur isteach Tasc 3: Dréacht 1 le tabhairt ar ais Tasc 3: Céim 4: Aiseolas an teagascóra le cur i bhfeidhm, ceartúcháin le déanamh más gá agus cleachtadh le déanamh
10	13-17 Nollaig	Tasc 3 le déanamh sa rang	Tasc 3 le déanamh sa rang Tasc 2: Dréacht 2 le tabhairt ar ais

Clár Oibre Sheimeastar 2

Ceardlann	Dátaí	Topaicí	Spriocdhátaí na dtascanna
11	31 Eanáir - 4 Feabhra	Cineálacha nuachta agus foinsí nuachta	Tasc 4 le plé sa rang
12	7-11 Feabhra	Cúrsaí polaitíochta	Tasc 4 le cur isteach
13	14-18 Feabhra	Dearcthaí éagsúla polaitiúla	Tasc 4 le tabhairt ar ais
14	21-25 Feabhra	Cúrsaí coiriúlachta	Tasc 4: Dréacht 2 le cur isteach Tasc 5 le plé
15	28 Feabhra - 4 Márta	An ghéarchéim tithíochta agus lucht iarrtha tearmainn	Tasc 4: Dréacht 2 le tabhairt ar ais.
16	7-11 Márta	An ciníochas	Tasc 5 le cur isteach Tasc 6 le plé sa rang
	14-18 Márta	Seachtain léitheoireachta	
17	21-25 Márta	An tAthrú Aeráide	Tasc 5 le tabhairt ar ais
18	28 Márta - 1 Aibreán	An comhionannas inscne agus cearta na mban	Tasc 5: Dréacht 2 le cur isteach
19	4 - 8 Aibreán	Cearta teanga agus cur chun cinn na Gaeilge	Tasc 6 le cur isteach Tasc 5: Dréacht 2 le tabhairt ar ais.
20	11-15 Aibreán	Cearta teanga agus cur chun cinn na Gaeilge	
	18-22 Aibreán	Saoire na Cásca	Tasc 6 le tabhairt ar ais
21	25-29 Aibreán	Dul siar	Tasc 6: ceartúcháin le cur isteach
	3-6 Bealtaine *2ú lá saoire bainc	Scrúduithe cainte	<i>Liosta tinrimh agus grád le bheith réidh ag an teagascóir ar líne.</i>

Cuid 3: Spriocanna foghlama Bhliain 3

(bunaithe ar leibhéal B2 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach)

Topaicí:

Topaicí ginearálta	<ul style="list-style-type: none"> Mé féin, mo theaghlach agus m'áit dúchais/ chónaithe Na rudaí a bhfuil spéis agam iontu (m.sh. ceol, spórt, srl.) agus mo shaol sóisialta An t-ábhar eile a bhfuil mé ag déanamh staidéir air, na gnéithe is spésiúla den chúrsa sin, tráchtas nó tionscadal taighde na tríú bliana (más cuí) Leabhair agus litríocht, cláracha teilifíse agus scannáin, na healaíona Cúrsaí teicneolaíochta
An Ghaeilge ghairmiúil	<ul style="list-style-type: none"> Cúrsaí oibre agus gairme Cúrsaí nuachta agus cúrsaí reatha (cúrsaí polaitíochta, an choiriúlacht, fadhbanna agus athruithe sóisialta, cúrsaí aimsire) agus na meáin chumarsáide Cúrsaí taistil agus obair dheonach Cúrsaí oideachais agus foghlama, an mhúinteoireacht mar ghairm, foghlaim teangacha An t-aistriúchán mar ghairm Ceartha teanga agus an phleanáil teanga

Labhairt agus Cumarsáid ó bhéal

Ceardlann	1	11	21
Is féidir liom labhairt <u>go líofa</u> agus <u>pointí a fhorbairt</u> agus mé ag caint faoi réimse leathan topaicí, go háirithe na <u>topaicí</u> atá luaite thuas nó topaicí faoi leith a bhfuil spéis phearsanta agam féin iontu.			
Maidir leis na topaicí thuasluaite, is féidir liom: <ul style="list-style-type: none"> cur síos soiléir, mionsonraithe a dhéanamh ar scéal nó ar eachtra a tharla achomre a thabhairt ar scannán, clár teilifíse nó físeán atá feicthe agam tuairimí a thabhairt agus a mhíniú, nó a chosaint labhairt faoi na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le roghanna éagsúla labhairt faoi na difríochtaí nó cosúlachtaí atá idir dhá rud labhairt faoi fhéidearthachtaí éagsúla comhairle agus moltaí a lorg agus a thabhairt leithscéal a ghabháil cuireadh a thabhairt nó socrú a dhéanamh le duine éigin eile 			
Is féidir liom <u>cur i láthair nó ceacht</u> struchtúrtha agus soiléir a thabhairt ar thopaic atá ullmhaithe agam roimh ré.			
Is féidir liom dul faoi <u>agallamh</u> nó agallamh a chur ar dhuine éigin eile trí mheán na Gaeilge.			
Is féidir liom <u>páirt ghníomhach a ghlacadh</u> in obair bheirte agus ghrúpa sa cheardlann nó i gcruinniú taobh amuigh den rang.			
Is féidir liom <u>labhairt le teagascóirí agus léachtóirí</u> i nGaeilge, deacrachtaí nó dúshláin a phlé leo nó comhairle a lorg uathu.			

Is féidir liom idirghníomhú trí mheán na Gaeilge ag <u>imeachtaí sóisialta agus i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla</u> (m.sh. le mic léinn eile taobh amuigh de na ranganna, ag am sosa sa cheardlann, i seomra na Gaeilge, ag imeachtaí Chuallacht na Gaeilge, nó le cainteoirí dúchais nó a macasamhail ag imeachtaí eile taobh amuigh den ollscoil.)			
--	--	--	--

Scríbhneoireacht

Is féidir liom teachtaireachtaí neamhfhoirmiúla a scríobh i nGaeilge, m.sh. teachtaireachtaí téacs, whatsapp, snapchat, facebook, postálacha ar twitter, srl.			
Is féidir liom ríomhphost nó litir fhoirmiúil a scríobh, m.sh. le heolas a lorg, iarratas a dhéanamh, coinne a dhéanamh, comhairle a fháil, leithscéal a ghabháil, srl. Tuigim an difríocht atá idir litir nó ríomhphost foirmiúil agus neamhfhoirmiúil.			
Is féidir liom réimse leathan téacsanna a bhaineann leis an nGaeilge ghairmiúil a scríobh, m.sh. plean ceachta nó bileoga oibre do rang Gaeilge, script do chlár teilifíse, alt nuachta, gairmré (C.V.), litir iarratais, tuairiscí, srl.			
Is féidir liom aiste chriticiúil a scríobh ar shaothair litríochta a bhfuil staidéar déanta agam orthu.			

Léitheoireacht/ Léamhthuiscint

Is féidir liom na téacsanna seo a leanas a léamh agus a thuiscint gan mórán deacrachta, na príomhphointí eolais nó mionsonraí faoi leith a aimsiú agus dearcadh an scríbhneora a aithint: <ul style="list-style-type: none"> • treoracha na dtascanna agus na téacsanna a bhaineann leis na ceardlanna • ailt a bhaineann leis na topaicí thuas ó shuíomhanna idirlín ar nós www.tuairisc.ie, http://www.rte.ie/news/nuacht/ agus www.nos.ie. • eolas nó fógraí ar shuíomh idirlín nó ar na meáin shóisialta faoi imeachtaí, faoi chúrsaí, nó faoi dheiseanna oibre • litreacha nó ríomhphoist fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla 			
Is féidir liom foclóirí agus leideanna ón gcomhthéacs a úsáid le cabhrú liom focail nua i dtéacsanna léitheoireachta a thuiscint.			
Is féidir liom na téacsanna a bhaineann leis an modúl litríochta a léamh agus a thuiscint, le cabhair foclóra, an scéal a leanúint, agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla díobh, m.sh. na carachtair, na téamaí, agus an stíl scríbhneoireachta.			

Éisteacht/ Cluastuiscint

Is féidir liom na teagascóirí agus léachtóirí a thuiscint sna ranganna agus léachtaí			
Is féidir liom na príomhphointí i míreanna éisteachta na gceardlann a thuiscint gan mórán dua.			
Is féidir liom na cainteoirí sna trí mhórchanúint a thuiscint, a fhad is nach bhfuil an chaint róthapa nó róchanúnach.			
Is féidir liom cláracha teilifíse agus gearrscannáin a bhaineann le réimse leathan topaicí ar TG4 nó ar youtube a thuiscint gan na fotheidil.			
Is féidir liom cláracha raidió ar Raidió na Gaeltachta a thuiscint, go háirithe cláracha a bhaineann le cúrsaí reatha (m.sh. <i>Adhmhaidín</i> nó <i>Cormac ag a Cúig</i>) nó le hábhair eile a bhfuil spéis agam féin iontu.			

Stór focal

Tá an réimse leathan focal agus frásaí a bhaineann le gach ceann de na topaicí thuas agam agus tuigim conas iad a úsáid i gceart.			
Tuigim an difríocht atá idir na foclóirí éagsúla (www.focloir.ie , www.teanglann.ie , agus www.tearma.ie) agus conas iad a úsáid chun an focal ceart a aimsiú.			
Tá seifteanna agam le cuimhne a choinneáil ar fhocail nua agus ar rialacha gramadaí.			

Foghraíocht

Tuigim an ceangal atá idir córas litrithe agus córas fuaimnithe na Gaeilge, go háirithe maidir le gutaí fada agus gearra, consain chaola agus leathana, consain shéimhithe. Is féidir liom na fuaimeanna sin a fhuaimniú i gceart i mo chuid cainte.			
Is féidir liom foirmeacha éagsúla na mbriathra a fhuaimniú i gceart.			
Is féidir liom téacs a léamh amach os ard agus an fhoghraíocht a bheith cruinn ann.			
Is féidir liom focail nach bhfuil feicthe agam cheana a fhuaimniú go measartha cruinn ó bheith ag féachaint ar an litriú.			
Is féidir liom na suíomhanna www.teanglann.ie agus www.abair.ie a úsáid le cabhrú liom focail a fhuaimniú i gceart, mura bhfuil mé cinnte.			

Gramadach

Scileanna foghlama a bhaineann leis an ngramadach:			
Tá téarmaíocht na gramadaí agam i nGaeilge agus i mBéarla.			
Tuigim na ceartúcháin a dhéanann an teagascóir ar mo chuid tascanna agus tuigim conas a oibríonn an córas ceartúcháin.			
Tuigim conas an anailís a dhéanamh ar mo chuid tascanna.			
Is féidir liom eolas faoin ngramadach a aimsiú sna foclóirí sin chomh maith.			
Is féidir liom an córas ceartúcháin agus an leabhar gramadaí a úsáid chun rialacha gramadaí agus cleachtaí breise a chuardach.			
Tá tuiscint agam ar na rialacha a bhaineann leis na pointí gramadaí seo a leanas. Is féidir liom cleachtaí gramadaí a dhéanamh orthu agus ní bhíonn mórán botún agam leo sna tascanna scríofa ná sa chaint:			
Córas litrithe na Gaeilge			
Úsáid agus struchtúir na copaille			
An t-ainm briathartha (ag déanamh, a dhéanamh, le déanamh agus á dhéanamh)			
Réamhfhocail agus forainmneacha réamhfhocla (úsáid, foirm agus athruithe tosaigh ina ndiaidh)			
An aidiacht shealbhach (úsáid agus foirm)			
Uimhreacha (bunuumhreacha, orduimhreacha agus uimhreacha pearsanta)			
An Briathar			
An modh ordaitheach, dearfach agus diúltach, uatha agus iolra			
An aimsir chaite, foirmeacha dearfacha, diúltacha agus ceisteacha			
An aimsir láithreach			

An aimsir fháistineach			
An modh coinníollach			
An aimsir ghnáthchaite			
An chaint indíreach/ claoninsint			
An clásal coibhneasta			
An briathar saor			
<u>An t-ainmfhocal</u>			
An tuiseal ainmneach uatha, inscne an ainmfhocail, srl.			
An tuiseal ainmneach iolra			
An tuiseal ginideach uatha			
An tuiseal ginideach iolra			
An tuiseal gairmeach			
<u>An aidiacht</u>			
Céimeanna comparáide na haidiachta			
An aidiacht ag réiteach le hainmfhocal uatha (fir nó bain) agus iolra			
An aidiacht ag réiteach le hainmfhocal sa tuiseal ginideach uatha agus iolra			

Scileanna ginearálta foghlama

Tá tuiscint agam, le cabhair agus aiseolas ón teagascóir, ar na buanna agus na laigí is mó atá agam féin i mo chuid Gaeilge.			
Is féidir liom féin spriocanna a leagan amach le feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge, agus tuigim céard ba cheart dom a dhéanamh chun na spriocanna sin a bhaint amach.			
Is féidir liom a bheith ag obair go neamhspleách agus bainistíocht a dhéanamh ar mo chuid ama ionas go mbeidh an t-am agam feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge.			
Is féidir liom deiseanna a aimsiú agus a thapú chun mo chuid Gaeilge a chleachtadh.			
Tá mé muiníneach go leor le mo chuid Gaeilge a úsáid aon uair is féidir liom, nó fiú má bhím neirbhíseach, ní ligeann mé dó sin bac a chur orm.			

Feasacht chultúrtha

Tá cur amach agam ar na suíomhanna idirlín seo a leanas a bhaineann le saol na Gaeilge: www.tuairisc.ie , www.nos.ie , www.tg4.ie , www.rte.ie/rnag/ , www.peig.ie .			
Tá cur amach agam ar roinnt cláracha raidió agus teilifíse i nGaeilge.			
Tá cur amach agam ar shaol na Gaeilge ar an gcampas (an scéim chónaithe, seomra na Gaeilge, Cuallacht na Gaeilge agus imeachtaí na Cuallachta srl.) agus taobh amuigh den ollscoil (Conradh na Gaeilge, Oireachtas na Gaeilge, Seachtain na Gaeilge, an <i>Pop-up</i> Gaeltacht, srl.)			
Tá roinnt ama caite agam i gceantar Gaeltachta agus tá feasacht áirithe agam ar na ceisteanna is mó a bhaineann le saol na Gaeltachta agus le muintir na Gaeltachta.			
Tá tuiscint agam ar stair agus ar staid reatha na Gaeilge.			

Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne.

A. Réamhphlé

Déanaigí na ceisteanna seo a phlé i ngrúpaí beaga ar dtús agus mar rang ansin.

- (1) Bíonn tréithe ar leith ag dea-fhoghlaimoirí teanga a chabhraíonn leo feabhas a chur ar a gcuid scileanna teanga. Déan féin agus do ghrúpa liosta de na tréithe a bhíonn, dar libh, ag foghlaimoirí maithe teanga. An bhfuil na tréithe sin agaibh?
- (2) Céard é an tábhacht a bhaineann leis na nithe seo a leanas d'fhoghlaimoirí teanga, dar libh?
 - inspreagadh
 - féinmhuinín
 - meon i leith na teanga
 - neamhspleáchas
- (3) Dá mbeadh cur amach agat ar nithe a chabhródh leat teanga a fhoghlaim ar bhealach níos éifeachtaí, an mbeifeá sásta triail a bhaint astu?
- (4) Céard iad na nithe a thaitníonn / nach dtaitníonn leat nuair a bhíonn tú ag iarraidh cur le do chuid Gaeilge?

B. Stór focal

Éistfidh sibh ar ball le mír éisteachta maidir leis an dea-fhoghlaimoir teanga. Aistrígí na focail/frásaí thíos ar dtús. Is féidir seo a dhéanamh i mbeirteanna.

- | | |
|--------------------------|---|
| 1. Applied linguists | 11. Target language |
| 2. Research topic | 12. Looking out for patterns in grammar |
| 3. To acquire a language | 13. Curious |
| 4. Certain strategies | 14. Effective learners |
| 5. To guess | 15. Common traits |
| 6. To communicate | 16. Personal traits |
| 7. Strong desire | 17. Courage |
| 8. To try anything | 18. Open-mindedness |
| 9. Deal with uncertainty | 19. Self-reliance |
| 10. That's not to say | 20. Zeal/ Diligence |

C. An dea-fhoghlaimoir teanga -mír éisteachta

Éistfidh sibh anois le Karen Ní Chlochasaigh ag labhairt leis an Dr. Muiris Ó Laoire faoi thréithe an dea-fhoghlaimora teanga. Déan liosta de na tréithe ar fad a luann Muiris leis an dea-fhoghlaimoir teanga. An bhfuil na tréithe sin ar fad agat? An bhfuil siad ar fad chomh tábhachtach céanna?

Céard iad na tréithe a bhaineann le foghlaimoirí éifeachtacha, dar le Muiris? Céard atá i gceist aige nuair a deir sé 'feasacht teanga' ?

Pléigí anois i ngrúpaí bhur gcuid freagraí agus mar rang ina dhiaidh sin. Tá an téipscrip ar an gcéad leathanach eile.

Téipscript

Karen Ní Chlochasaigh

Is ar dhea-fhoghlaimoirí na Gaeilge i mbun foghlama a bheimid ag caint anois agus ar na bealaí éifeachtacha foghlama a bhíonn acu. Ar dtús, áfach, ní mór an cheist a chur – cad is dea-fhoghlaimoir teanga ann?

Muiris Ó Laoire

Ceist ana-mhaith ar fad, mar tá na **teangeolaithe feidhmeacha** ag plé na ceiste sin le fada an lá. Táthar ag cur suime san fhoghlaimoir aonair mar **ábhar taighde** ó na seachtóidí anuas. Daoine ar nós Skehan, Ellis, Dornyei, agus tá roinnt mhaith taighde déanta acu, go háirithe ar thréithe foghlaimoirí a n-éiríonn go suntasach leo an **teanga a shealbhú** agus iad ar scoil. Bhí bean ann sna seachtóidí i Meiriceá – Joan Rubin – agus dhein sise taighde air seo agus mar thoradh ar a cuid taighde i measc foghlaimoirí, chuir sí liosta de thréithe le chéile a léiríonn foghlaimoirí atá go maith. Agus liosta go háirithe de na tréithe seo a bhíonn ag foghlaimoirí maithe i mbun foghlama. Agus bhain cuid de na tréithe seo le **straitéisí áirithe** ar bhain foghlaimoirí maithe úsáid astu. Mar shampla, is dea-fhoghlaimoir é an té a mbíonn fonn de shíor air **buille faoi thuairim a thabhairt**, nó bíonn **fonn láidir** air **cumarsáid a dhéanamh**. Agus foghlaim ón gcumarsáid sin. Agus bheadh sé sásta fiú **trial a bhaint as rud ar bith** chun an chumarsáid sin a chur i gcrích. Rud eile a fuair sí amach ná...agus a fuair na teangeolaithe feidhmeacha amach, ná gur cuma le foghlaimoirí maithe má dhéanann siad botún nó amadán díobh féin le linn cumarsáide. Sin rud ana-shuimiúil ar fad. Agus is cuma le foghlaimoirí maithe chomh maith mura mbíonn gach rud soiléir dóibh i gcónaí – foghlaimoirí áirithe bíonn siad ana-bhuartha mura mbíonn rudaí soiléir. Ach is cuma leis na foghlaimoirí maithe seo de réir dealraimh, mar féadann siad **cur suas le héiginnteacht**. Agus déanann siad cúram chomh maith de chruinneas agus den ghramadach. **Ní hionann sin is a rá** go mbíonn siad neamhchúramach i leith an chruinnis – ní bhíonn – mar bíonn siad **ag faire amach do phatrúin sa ghramadach**. Cleachtann siad an **spriotheanga** agus cumarsáid chomh minic agus is féidir lasmuigh de chomhthéacs na scolaíochta. Agus tugann sé nó siad a gcuid cainte agus caint daoine eile faoi deara an t-am ar fad. Bíonn siad sórt **fiosrach** – bíonn suim acu tuairimí daoine eile faoina chumas sa teanga... nó faoina gcumas sa teanga. Agus tugann siad aird ar an mbrí arbh fhéidir a bhaint as an spriotheanga. So sin iad is dóigh liom na tréithe – liosta de na tréithe – a chuir na teangeolaithe feidhmeacha le chéile.

Karen Ní Chlochasaigh

Bhuel, is léir go bhfuil taighde ana-thábhachtach déanta ó thaobh na dea-fhoghlama de go hidirnáisiúnta, mar sin, a chuireann saineolas agus léargas luachmhar ar fáil dúinn, ach cén tábhacht a bhaineann le staidéar den chineál seo i gcás na Gaeilge, an dóigh leat? Agus cad iad na buntáistí a bhainfeadh leis na torthaí ach go háirithe?

Muiris Ó Laoire

Tá sé ana-thábhachtach i gcás na Gaeilge. Cé go bhfuil mórthaighde déanta i réimse thábhacht inspreagaidh cuir i gcás, i gcás na Gaeilge, dála staidéar Uí Fhathaigh agus Murtagh agus mar sin de, rud amháin nach bhfuil againn go dtí seo – níl próifíleanna, nó scéalta, más maith leat, na bhfoghlaimoirí curtha le chéile againn i gcás na Gaeilge. Agus na scéalta seo, agus na próifíleanna, thabharfaidís léargas luachmhar dúinn ar phróiseas éifeachtach an tsealbhaithe teanga sa seomra ranga. So sin an buntáiste a bheadh lena leithéid de thaighde i gcás na Gaeilge.

Karen Ní Chlochasaigh

Agus liostaigh tú na tréithe ansan a bhí ag Rubin siar sna seachtóidí. Ach ó thaobh do chuid taithí féin de, an aontófá leis na tréithe atá aitheanta sa taighde idirnáisiúnta san i gcás foghlaimoirí éifeachtacha na Gaeilge agus an bhfuil aon tréithe comónta aitheanta nó tugtha faoi deara agat féin a bhaineann le foghlaimoirí éifeachtacha?

Muiris Ó Laoire

Ceist mhaith arís. D'aontóinn go hiomlán, mar na tréithe atá tugtha faoi deara agam féin, is iad na tréithe céanna dar ndóigh....nuair a léigh...nuair a léas i dtosach an taighde a bhí déanta ag na taighdeoirí seo, chuir sé ag machnamh mé ar na tréithe seo. Agus ansan fuaireas amach go mbíonn roinnt **tréithe comónta**. Agus tá siadsan tugtha faoi deara agam ó mo thaithí féin sa seomra ranga. Agus na tréithe seo, baineann siad leis na **foghlaimoirí éifeachtacha**. Agus na tréithe comónta seo, d'fhéadfaí iad a rangú de réir na mórchatagóirí seo a leanas. Uimhir a haon, meon i leith na teanga. Uimhir a dó, feasacht teanga. Uimhir a trí, cur chuige foghlama. **Tréithe pearsantachta** – agus beidh mé ag caint a thuilleadh faoi san ar ball. Agus ar ndóigh cúrsaí inspreagaidh. Ach nílimid ag maíomh go bhfuil na tréithe comónta seo i gcónaí ag gach dea-fhoghlaimoir mar tá a fhios agat féin ar deireadh thiar, ní hionann aon bheirt fhoghlaimoirí. Ach é sin ráite, is minic na tréithe seo thíos, mar shampla, agus seo iad na tréithe go háirithe. An meon – nó an dearfa i leith na teanga. An fheasacht teanga – tugann siad rudaí faoi deara. An cur chuige foghlama – bíonn sé ceart i gcónaí – bíonn sé éifeachtach. Agus na tréithe pearsantachta seo a leanas: **misneach, leathanaigeantacht, féintuilleamaí** nó féinmhuinín, tiomantacht, **gealgháire** agus rannpháirtíocht, praiticiúlacht, **díograis** agus feasacht.

Karen Ní Chlochasaigh

Ana-mhaith, ana-mhaith. Liosta ana-chuimsitheach ansan agat.

Muiris Ó Laoire

Sea.

Karen Ní Chlochasaigh

Agus tá lón machnaimh curtha ar fáil agat anseo dúinn chomh maith, agus is léir gur fiú go mór d'fhoghlaimoirí agus do mhúinteoirí araon a bheith ag díriú ar an bhfoghlaim éifeachtach, ach go háirithe chun a gcuid feasachta a mhúscailt chomh maith.

Muiris Ó Laoire

Ana-thábhachtach.

Karen Ní Chlochasaigh

Go raibh míle míle maith agat.

Muiris Ó Laoire

Fáilte romhat

D. An fhoghlaim neamhspleách, an féinmheasúnú, spriocanna, agus an plean staidéir

De réir an taighde atá déanta i réimse na teangeolaíochta feidhmí le roinnt blianta anuas, baineann an-tábhacht le neamhspleáchas an fhoghlaiméora agus le cumas an fhoghlaiméora measúnú a dhéanamh ar a chuid buanna/laigí féin agus spriocanna a leagan síos bunaithe ar na buanna/laigí sin.

Léiríonn an taighde go n-imríonn an féinmheasúnú tionchar dearfach ar an bhfoghlaim, cé go gur tasc dúshlánach é uaireanta. Moltar, dá bharr sin, deis a thabhairt do na foghlaiméoirí féinmheasúnú a dhéanamh ar a gcumas teanga ionas gur féidir leo freagracht a ghlacadh as an bhfoghlaim agus díriú ar na riachtanais atá acu féin.

Tá tábhacht ar leith i mbliana ag baint le bheith in ann spriocanna réadúla a leagan síos agus a bhaint amach ós rud é go bhfuil sibh i mbliain na céime anois. Mar sin, féachfar chuige sna ceardlanna go dtugtar deis daoibh na scileanna a theastaíonn uaibh le freagracht a ghlacadh as bhur bhfoghlaim féin a fhorbairt.

Breathnaigh ar spriocanna foghlama na bliana seo i gCuid 3 thuas – táthar ag súil go mbainfidh tú na spriocanna sin amach roimh dheireadh na bliana. Déan féinmheasúnú ar na scileanna atá agat faoi láthair agus tabhair marc ó 1-5 duit féin ar gach inniúlacht a luaitear sa tábla. An gcuireann na marcanna a bhronn tú ort féin ionadh ort? An bhfuil léargas níos fearr anois agat ar do chuid buanna/laigí ó thaobh na Gaeilge de? An bhfuil a fhios agat céard air ar cheart duit díriú i mbliana?

Marc	Cur síos	Míniú	
		<i>Eolas ar phointe gramadaí</i>	<i>Ráiteas maidir le cumas teanga</i>
1	An-lag	Níl tuiscint/ eolas agam ar an bpointe gramadaí seo	Easaontaím go láidir
2	Lag	Ní thuigim an pointe gramadaí seo ach bhí a fhios agam gur ann dó	Easaontaím
3	Measartha	Tá eolas agam ar an bpointe gramadaí seo ach is minic nach féidir liom an t-eolas sin a chur i bhfeidhm agus mé ag tabhairt faoi thasc	Níl a fhios agam
4	Go maith	Tuigim an pointe gramadaí seo agus ní bhíonn mórán deacrachtaí agam leis den chuid is mó	Aontaím
5	An-mhaith	Tuigim an pointe gramadaí seo, ní dhéanaim botúin a bhaineann leis an bpointe seo agus bheinn breá ábalta é a mhíniú do dhuine eile	Aontaím go láidir

E. **Spriocanna** a leagan síos don seimeastar

Bunaithe ar an bhféinmheasúnú atá déanta agat ar na laigí/buanna atá agat, leag síos spriocanna duit féin don seimeastar seo (spriocanna maidir le cúrsaí gramadaí, scileanna teanga, scileanna eile srl.) agus sonraigh an chaoi a mbainfidh tú na spriocanna sin amach.

Déan cinnte go gcuireann tú na pointí seo thíos san áireamh:

- Cén chaoi a ndéanann tú staidéar de ghnáth?
- Céard iad na deacrachtaí/ láidreachtaí a bhí agat sa dara bliain?
- Céard air ba mhaith leat díriú an seimeastar seo?
- Céard iad na bealaí is fearr leis na scileanna éagsúla (scileanna éisteachta, labhartha, scríofa, léamhthuisceana) a fhorbairt? M.sh. éisteacht le podchraoltaí, cleachtadh cainte a dhéanamh le cara, leabhar nótaí a choinneáil don stór focal, ailt a léamh ar www.tuairisc.ie)
- Céard iad na hacmhainní is féidir a úsáid? (Tá liosta ar fáil ar leathanach 6)

NB: Bí cúramach gan spriocanna atá **róleathan** (m.sh. *ba mhaith liom feabhas a chur ar mo chuid gramadaí*) nó spriocanna **nach bhfuil réadúil** (m.sh. *ba mhaith liom a bheith líofa*) a leagan síos duit féin.

Seo roinnt samplaí de spriocanna réadúla:

1. Ba mhaith liom dul i ngleic leis an gcopail. Seo na rudaí a dhéanfaidh mé:
 - Caithfidh mé uair an chloig amháin gach seachtain ag díriú ar an gcopail
 - Scríobhfaidh mé na rialacha a bhaineann leis an gcopail amach ar spléach-chártaí
 - Breathnóidh mé ar fhíseáin ar Youtube maidir le rialacha na copail
 - Déanfaidh mé na cleachtaí ar an gcopail i gCaibidil 21 de *G[h]ramadach gan Stró*
2. Ba mhaith liom go mbeadh sé níos éasca orm míreanna éisteachta a thuiscint
 - Éistfidh mé le *Beo ar Éigean* maidin Dé Sathairn agus mé ag siúl leis an madra
 - Déanfaidh mé cleachtadh cluastuisceana amháin ó Vifax sa leabharlann gach dara Luan agus aimseoidh mé na focail nach dtuigim san fhoclóir
 - Breathnóidh mé ar *Spongebob* as Gaeilge ar sheinnteoir TG4 le mo dheirfiúr tráthnóna Dé Máirt
3. Ba mhaith liom cur le mo stór focal as seo go ceann deireadh na bliana
 - Coinneoidh mé leabhar nótaí don stór focal nua a fhoghlaimím
 - Breacfaidh mé na focail nua a bhíonn sa chluastuisceant/léamhthuisceant síos i mo leabhar nótaí
 - Léifidh mé alt amháin ar www.tuairisc.ie gach seachtain agus breacfaidh mé na focail nach bhfuil ar eolas agam síos i mo leabhar nótaí

Céard iad na spriocanna atá agam don seimeastar seo?	
Sprioc	Céard a dhéanfaidh mé leis an sprioc a bhaint amach?

F. Spriocanna a leagan síos don tseachtain/ Plean staidéir

Is féidir leat anois plean staidéir a leagan síos don tseachtain seo, bunaithe ar do chuid spriocanna don seimeastar. Is féidir bhur gcuid smaointe a phlé i ngrúpaí beaga.

Ná déan dearmad na tascanna ar fad atá le déanamh agat an tseachtain seo a chur san áireamh chomh maith le cúraimí eile (m.sh. post páirtaimseartha, aiste mhór le scríobh), ionas nach gcuireann tú an iomarca brú ort féin. Tá sé tábhachtach a bheith **réadúil** maidir leis an méid a bheidh tú in ann a chur díot.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ba mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)

Tá sé an-tábhachtach agus an-chabhrach teagmháil a dhéanamh leis an **sprioctheanga** agus tú ag foghlaim teanga ar bith. Tá an-chuid bealaí seo a dhéanamh: **breathnú** ar scannáin nó ar chláir teilifíse, **éisteacht** le ceol, leis an raidió nó le podchraoltaí, ailt nuachta, leabhair srl. a **léamh** (agus an teanga a **labhairt** chomh minic agus is féidir, ar ndóigh!). Tá sé seo ar cheann de na bealaí is fearr le cur le do chuid **stór focal**, le **líofacht** sa teanga, le **do chuid foghraíochta** agus go leor eile.

Déan cinnte nach leagann tú an iomarca spriocanna síos duit féin gach seachtain – mothóidh tú faoi bhrú agus seans nach mbeidh an t-am agat gach rud a dhéanamh.

Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an t-ullmhúchán atá le déanamh agat **roimh an gceardlann** (cleachtaí A&B).

A. Stór focal

Beidh tú ag éisteacht le hÚna Nic Gabhann ag labhairt faoina saol gairmiúil agus faoi na cineálacha éagsúla oibre atá déanta aici. Féach ar na focail seo a leanas a bheidh le cloisteáil sa mhír agus déan iarracht Gaeilge a chur orthu. Déan **Quiz 1** ar Moodle ansin. Is féidir éisteacht leis an mír le fáil amach an raibh an ceart agat, agus aon bhearnaí a bhí agat a líonadh.

- | | |
|-------------------------------------|-------------------------------------|
| 1. developing teaching materials | 11. bilingual |
| 2. academic institutions | 12. stressful |
| 3. organisation | 13. managing the staff |
| 4. people who have reading problems | 14. I was in charge of the accounts |
| 5. We headed off. | 15. the HSE |
| 6. to earn money | 16. I had to make a decision |
| 7. a laptop computer | 17. I learned so much |
| 8. presenting a travel programme | 18. sailing |
| 9. the two of us | 19. the Irish language sector |
| 10. I missed Dublin | 20. marketing |

B. Mír éisteachta

Éist leis an mír anois agus **déan do mhachnamh** ar na ceisteanna thíos. Beidh na ceisteanna le freagairt i **Quiz 2** ar Moodle.

- (1) Céard iad na rudaí ar fad atá déanta ag Úna ina saol gairmiúil go dtí seo?
- (2) Céard iad na buntáistí, míbhuntáistí nó dúshláin a bhain le gach ceann de na poist a bhí aici?
- (3) Cén chanúint atá ag Úna? Seo roinnt nathanna a bhí aici – an dtuigeann tú iad?
 - Chronaigh mé mo theaghlach
 - Cad chuige nach dtéimid thar lear
 - Áit inteacht
 - Taithí ar dóigh a bhí ann
 - Achan chéim a rinne mé
 - Iontach maith

Is féidir na freagraí a bhreacadh síos sa tábla thíos – beidh an tábla le líonadh amach i **Quiz 2** ar Moodle freisin.

Céard a rinne Úna?	Buntáistí, míbhuntáistí, nó dúshlán
1.	
2.	
3.	
4.	
5.	
6.	
7.	

Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 1 le plé ag deireadh an ranga

A. Réamhphlé

Moltar ligean do na mic léinn na ceisteanna seo a phlé i ngrúpaí ar dtús agus mar rang ina dhiaidh sin. Ba cheart don teagascóir nathanna/stór focal a chur ar fáil.

- An bhfuil a fhios agat céard ba mhaith leat féin a dhéanamh tar éis na céime?
- Cén sórt deiseanna fostaíochta atá ar fáil do chéimithe le Gaeilge, dar leat? An mbeadh spéis agat obair in earnáil na Gaeilge?

B. Stór focal

Baineann an stór focal seo leis an bhfógra poist i gCuid C thíos. Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo? Is féidir an obair seo a dhéanamh i mbeirteanna.

- | | |
|---|--|
| 1. to influence people | 12. interpersonal skills |
| 2. to represent Foras na Gaeilge in a professional manner | 13. main responsibilities |
| 3. to work on your own initiative | 14. north and south |
| 4. appointment | 15. working conditions |
| 5. both spoken and written (Irish) | 16. permanent contract |
| 6. essential qualifications | 17. to assess |
| 7. determination | 18. to monitor them |
| 8. desired traits | 19. trial period |
| 9. excellent presentation skills | 20. voluntary organisations |
| 10. funding | 21. situated/located |
| 11. Higher Executive Officer | 22. working in cooperation with other members of staff |

C. Léamhthuiscint

Léigh an fógra poist seo a foilsíodh ar www.tuairisc.ie cúpla bliain ó shin agus freagair na ceisteanna i ngrúpaí beaga/i mbeirteanna ar dtús agus mar rang ina dhiaidh sin.

- (1) An mbeadh spéis agatsa sa phost atá fógartha thíos? Mínigh do fhreagra, ag tagairt do na dualgais agus na coinníollacha oibre a bhaineann leis.
- (2) An mbeadh na cáilíochtaí, scileanna agus tréithe cuí agat le cur isteach air?
- (3) An bhfuil post agat faoi láthair, nó an raibh ceann agat riamh?
 - Cén chaoi ar chuir tú isteach ar an bpost sin?
 - Céard iad na dualgais a bhaineann leis an bpost sin?
 - Céard iad na scileanna a theastaíonn uait leis na dualgais sin a chomhlíonadh?
- (4) Cén sórt deiseanna fostaíochta atá fógartha ar www.peig.ie faoi láthair? An gcuireann réimse na bpost a bhaineann leis an nGaeilge iontas ort?
- (5) Céard iad na rudaí ba cheart a scríobh i litir iarratais agus tú ag cur isteach ar phost?



Is mian le Foras na Gaeilge, an eagraíocht a chuireann an Ghaeilge chun cinn ar fud na hÉireann, an ceapachán seo a leanas a dhéanamh.

Teideal an Phoist: Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Dualgais an phoist:

- Tionscadail a bhaineann le stádas, sealbhú, agus úsáid na Gaeilge a fhorbairt agus a stiúradh.
- A bheith ag obair i gcomhar le baill eile foirne agus le heagraíochtaí deonacha ar thionscadail agus ar thionscnaimh uile-oileáin ar bhealach atá ag teacht le spriocanna Foras na Gaeilge.
- Iarratais ar mhaoiniú a mheas agus moltaí a dhéanamh ina leith.

Cáilíochtaí agus taithí riachtanach:

- Oideachas tríú leibhéal
- Eolas agus/nó taithí ar na córais oideachais thuaidh agus theas
- Taithí ar bheith freagrach as buiséad agus as tuairisciú airgeadais

Scileanna riachtanacha:

- Ardchumas sa Ghaeilge labhartha agus scríofa, agus tiomantas don teanga
- Ardsbileanna cumarsáide agus idirphearsanta
- Eolas nó taithí ar thionscnaimh teanga a fhorbairt agus a bhainistiú
- Eolas nó taithí ar spriocanna a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Ceadúnas tiomána reatha

Tréithe inmhianaithe:

- Ardsbileanna cur i láthair agus eagrúcháin
- An cumas ionadaíocht a dhéanamh thar ceann Foras na Gaeilge ar bhealach gairmiúil
- An cumas a bheith ag obair as do stuaim féin agus cinntí a dhéanamh
- An cumas dul i gcion ar dhaoine.
- Scileanna láidre obair foirne.

Coinníollacha oibre:

- Beidh an post seo lonnaithe in oifigí Foras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.
- Tuarastal: Is é an tuarastal don phost seo €43,816 go €55,415 sa bhliain.
- Tréimhse an Chonartha: Conradh buan (tar éis tréimhse phromhaidh 6 mhí)
- Uaireanta Oibre: 42 uair an chloig sa tseachtain. Ceadáítear uair an chloig don lón.
- Saoire Bhliantúil: 29 lá (ag ardú go 30 lá tar éis 5 bliana).

D. Gramadach

Tar éis/I ndiaidh + briathar:

Cén Ghaeilge atá ar 'I got a degree'? An cuimhin leat cén Ghaeilge a bhí ag Úna ar an abairt seo: 'After I got a B.A. and a Masters'? Céard a thugann tú faoi deara maidir leis an difríocht idir an struchtúr sin sa Ghaeilge agus sa Bhéarla?

Cuir 'tar éis' nó 'i ndiaidh' roimh na habairtí seo thíos, mar atá déanta sa chéad sampla:

- a. Tháinig mé abhaile > Tar éis dom teacht abhaile.
- b. Chuaigh mé go dtí an Spáinn.
- c. Chonaic mé an fógra.
- d. D'fhéach mé ar chúpla físeán ar *Youtube*.
- e. Fuair mé mo chuid torthaí.
- f. Chaith mé an t-airgead.
- g. Bhí agallamh poist agam.
- h. Chuala mé í ar an raidió.
- i. D'éist mé go cúramach leis.
- j. Bhuail mé le mo chairde.
- k. D'athraigh mé m'intinn.
- l. D'inis mé an scéal dó.
- m. Dúirt mé go raibh ardú pá ag teastáil uaim.

Ag labhairt faoi chúrsaí ama

Bhí na frásaí seo le cloisteáil sa mhír éisteachta a bhí le déanamh don réamhobair. Cén fáth a bhfuil foirmeacha éagsúla den fhocal 'bliain' iontu?

ar feadh bliana; tar éis bliana; ar feadh bliain go leith; i ndiaidh dhá bhliain

Cén difear atá idir an dá struchtúr seo a leanas a bhí sa mhír?

(Féach na nótaí breise ar lch 14 den chóras ceartúcháin ag cúl an leabhráin seo le cabhrú leat.)

Bhí an caifé agam ar feadh trí bliana

Tá mé ansin anois le trí bliana anuas

Aistrigh an sliocht seo a leanas ag leanúint na bpatrún a bhí le cloisteáil sa mhír:

I attended university in Maynooth for three years, but I only lived there for one year. After one year I moved home. I have been living at home now for two years. I'm not working this year, so it's easier to stay at home. Last year I worked 3 days a week during the year, but it was difficult to find the time to focus on my studies. I'll stay here for another six months and then, in six months, after I finish the degree, I'll go travelling. I intend to go to Cuba for one month and to South America for 3 months. Before I leave I better learn Spanish! I can't wait!

Ullmhúchán do Thasc 1

Cabhraíonn sé, agus tú ag tabhairt faoi thasc ar bith, roinnt machnamh a dhéanamh ar an tasc agus ar na rudaí a bheidh le déanamh sula dtosaíonn tú air. Is féidir cuid de na ceisteanna seo a phlé mar rang.

Réamh-mhachnamh ar an tasc
Céard atá le déanamh don tasc seo? Déan cur síos ar na céimeanna a bhaineann leis.
Céard iad na scileanna atá i gceist leis an tasc seo? <ul style="list-style-type: none">•••
Céard iad na dúshláin a bhaineann leis an tasc seo? <ul style="list-style-type: none">•••
Ullmhúchán
Céard a bheidh le cur sa litir iarratais agus sa CV? Litir iarratais: <ul style="list-style-type: none">••••• CV: <ul style="list-style-type: none">•••••
Breac síos anseo téarmaí/nathanna/briathra úsáideacha (m.sh. scileanna cumarsáide, bainistíocht ama, iarratas, barr air sin, ní hamháin sin, taithí oibre).

Plean staidéir don tseachtain

Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ar mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Téipscript

I ndiaidh dom an BA agus an Mháistreacht a bhaint amach i nGaeilge i gColáiste na Ollscoile Baile Átha Cliath, fuair mé an deis a bheith ag múineadh daoine fásta agus **ag forbairt ábhar teagaisc** do dhaoine fásta in institiúidí acadúla éagsúla ar fud na cathrach i mBaile Átha Cliath. Rinne mé seo ar feadh bliana agus **tar éis bliana** dúirt mé liom féin 'is maith liom é seo ach níor mhaith liom geimhreadh eile a chaitheamh i mBaile Átha Cliath, fuar fliuch agus a bheith **stiúgtha leis an fhuacht** i rith an gheimhridh'. So shocraigh mé féin agus cara liom Aoife Ní Chonchúir – dúirt muid linn féin 'is féidir linn a bheith ag obair le chéile ar rud éigin mar seo – cad chuige nach dtéimid thar lear? Fuair muid post le *Breacadh* ag forbairt ábhar arís, don eagraíocht seo a phléann le **daoine a bhfuil fadhbanna léitheoireachta acu**. So **bhailigh muid linn**. D'imigh muid linn go dtí Meicsiceo ar deireadh – shocraigh muid ar Mheiriceá Láir – mar a dúirt mé, bhí Spáinnis líofa ... tá Spáinnis líofa ag mo chara Aoife – sin cad chuige ar shocraigh muid dul áit éigin a raibh Spáinnis á labhairt ann. Agus chuir muid, scríobh muid an leabhar seo – bhí muid ag obair ar an trá an chuid is mó den am – b'fhéidir cúig nó ceithre uair an chloig – ceithre nó cúig uair an chloig **achan lá** ag obair leis an **ríomhaire glúine** agus ansin bhí muid ar an trá an chuid eile den lá agus bhí am ar dóigh againn agus **d'éirigh linn airgead a shaothrú** trí mheán na Gaeilge le hobair a dhéanamh leis an nGaeilge arís. Gach Dé hAoine chuir muid an t-ábhar a chruthaigh muid...chuir muid chuig Breacadh é ar an ríomhphost. So d'oibrigh sin go maith. **I ndiaidh trí mhí** ansin, d'imigh mise mé féin go Milwaukee – bhí mé ag obair san ollscoil ansin ag múineadh Gaeilge agus ag múineadh fhilíocht na Gaeilge agus nár imigh Aoife Ní Chonchúir – bhí sí ag obair le TG4 **ag láithriú clár taistil** darb ainm 'Imigh le Sruth'. So bhí sise ag taisteal síos an Mississippi agus bhí mise ag fáil bháis leis an fhuacht i Milwaukee agus bhí sé chomh fuar sin agus **an bheirt againn** ag obair leis an Ghaeilge sna Stáit Aontaithe ag déanamh rudaí iontach iontach suimiúil, sílim féin. Ina dhiaidh sin bhí Milwaukee rófhuar dom agus d'imigh mé ar ais síos go Meicsiceo agus bhí caife agam ansin **ar feadh bliain go leith**, dhá bhliain is dócha. Caife beag a bhí ann – mise a rinne gach rud...mise a rinne gach rud...mise a rinne an chócaireacht – duine amháin a bhí ag obair liom. Iontach maith. Arís eile, **taithí iontach maith a bhí ann** i ndáiríre. Ach **i ndiaidh dhá bhliain** ansin **chronaigh mé mo theaghlach**, mo chuid cairde, **mhothaigh mé uaim Baile Átha Cliath**, na hÉireannaigh agus a leithéid so phill mé ar ais go Baile Átha Cliath. Ní raibh mé róchinnte cad é le déanamh ach tháinig an deis seo aníos caife a bheith agam. Caife **dátheangach** agus arís eile bhí sin iontach tábhachtach dom. Agus bhí an caife seo ar Shráid Chill Dara i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath. Bhí an caife agam **ar feadh dhá bhliain** – bhí lón ann agus dinnéar a bhí i gceist gach lá – 5 lá / 6 lá sa tseachtain. Agus **taithí ar dóigh a bhí ansin** – bhí sé iontach strusmhar – bhí brú i gceist ach an uile lá den tseachtain mar **mise a bhí i gceannas ar gach rud** – an t-úinéir a bhí ionam, le mo dheirfiúr – ach ... **an bainisteoir a bhí ionam** – bhí mé **ag bainistiú na foirne**. Bhí mé i gceannas ar na cuntais ar fad – bhí fadhbanna i gcónaí – **bhí strus ag baint leis** – leis an chúram sláinte agus bia atá faoi chúram **Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte** agus bíonn siadsan iontach dian ar fad. So tar éis dhá bhliain **bhí orm cinneadh a dhéanamh** leanúint ar aghaidh nó bogadh ar aghaidh go dtí rud éigin eile i mo shaol. Agus **chinn mé bogadh ar aghaidh** go dtí rud éigin eile i mo shaol. D'fhoghlaim mé **an oiread sin** leis an dá bhliain sin – rud iontach iontach dúshlánach a bhí i gceist – ach mar a dúirt mé, taithí ar dóigh a bhí ann. So d'imigh mé ar ais ag cur ábhar le chéile nó ag cruthú agus ag forbairt ábhar teagaisc do dhaoine fásta arís agus le linn na bliana seo bhí mé **ag seoltóireacht** mar is gnáth – cionn is gurb é an caitheamh aimsire is mó atá agam. Agus bhí *regatta* mór ann i nDún Laoghaire ar feadh seachtaine – agus nár chas mé le Francach an tseachtain sin – seoltóir eile agus bhog mé chun na Fraince. Anois, bhí mé in ann é sin a

dhéanamh mar go raibh mé ag obair sa bhaile – bhí mé ag obair i m'árasán beag féin i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath.

So bhí sé níos fusa dom éirí agus mo shaol a bhogadh agus socrú síos sa Fhrainc agus tá mé ansin anois **le 3 bliana anuas** – go fóill ag obair in **earnáil na Gaeilge** nó trí Ghaeilge, nó saol na Gaeilge. Go fóill ag forbairt ábhar teagaisc d'eagraíochtaí áirithe. Tá mé féin ag freastal ar chúrsa ar líne – ar chúrsa aistriúcháin atá iontach maith ar fad – sin go páirtaimseartha. Agus tá mé réidh le gnó eile a bhunú – sé sin Gaeilge a mhúineadh trí ranganna pearsanta *one-to-one* mar a déarfá, nó duine le duine ar an idirlíon le Skype agus tá súil agam é seo...**an mhargaíocht** a dhéanamh...é seo a dhéanamh le daoine i Meiriceá, san Astráil, ar fud an domhain. So **gnó idirnáisiúnta a bheas ann**. Agus beidh sé sin beo ar líne – ‘Gaeilge 121’ an t-ainm atá air agus beidh sé beo ar líne i gceann míosa. So sin é – mar a fheiceann tú, **d'éirigh liom mo shaol a chaitheamh leis an Ghaeilge** a bheith mar chuid lárnach de mo shaol gairmiúil mar a déarfá – d'éirigh liom é sin a dhéanamh. D'imigh mé ó Leitir Ceanainn go Baile Átha Cliath, ó Bhaile Átha Cliath go Meicsiceo, ó Mheicsiceo go Milwaukee agus anois tá mé i mo chónaí sa Fhrainc agus le achan chéim a rinne mé bhí an Ghaeilge mar chuid lárnach den chéim ghairmiúil sin, mar a déarfá.

Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an t-ullmhúchán atá le déanamh agat **roimh an gceardlann** (cleachtaí A&B).

A. Stór focal

Baineann an stór focal seo leis an bhfógra maidir le scéim taithí oibre TG4 thíos. Déan na focail/frásaí a aistriú go Gaeilge agus déan **Quiz 1** ar Moodle ansin.

- | | |
|--------------------------------------|----------------------------------|
| 1. Work experience | 11. Appealing story |
| 2. Graduates | 12. Subtitles |
| 3. Opportunity | 13. Duty/responsibility |
| 4. To support | 14. Trainees |
| 5. Wage | 15. Social Media Coordinator |
| 6. Training opportunities | 16. Equal opportunities employer |
| 7. Social platforms | 17. Eligible |
| 8. Research skills | 18. Gender |
| 9. Good writing skills | 19. Sexual orientation |
| 10. The person who will be appointed | 20. Remote work |

B. Léamhthuiscint

Seo fógra maidir le scéim taithí oibre TG4 2021-22. Léigh an fógra agus freagair na ceisteanna thíos i **Quiz 2** ar Moodle ansin.

Scéim Taithí Oibre Bliana le TG4 do chéimithe nó do thosaitheoirí Fómhar 2021– Fómhar 2022

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó thosaitheoirí nó ó chéimithe ollscoile le tréimhse bliana a chaitheamh ar thaithí oibre le TG4 i mBaile na hAbhann.

Is deis í seo do dhaoine atá ag tosú amach san earnáil Físe agus atá ag iarraidh taithí phraiticiúil a fháil le tacú leis an oiliúint atá faighte acu go dtí seo. Íocfar tuarastal le linn na bliana taithí oibre seo agus beidh deiseanna oiliúna breise ar fáil le linn na bliana. Daoine a bhfuil Gaeilge den scoth acu agus suim acu sna hardáin shóisialta atá á lorg. Beifear ag súil go mbeidh scileanna taighde agus cumas maith scríofa ag an té a cheapfar chomh maith le tuiscint ar céard is scéal mealltach ann.

I measc na ndualgas, beidh míreanna gearra le haimsiú, le sceidealú agus eagarthóireacht le déanamh orthu le cur ar ardáin shóisialta TG4. Beidh ceannscríbhinn agus fotheidil le cruthú d’ábhar ar líne, mar aon le hábhar a chur in oiriúint do na hardáin shóisialta. Beidh a té a cheapfar ina phointe

teagmhála ag an bpobal agus beidh cúram air comhordú a dhéanamh ar fhreagraí chuig an bpobal ar na hardáin shóisialta.

Gheobhaidh an té a cheapfar taithí chuimsitheach ag obair i réimse an léiriúcháin reatha ina ndéantar comhordú ar obair eagarthóireachta agus ar obair fhoilsitheoireachta ar na hardáin dhigiteacha. Tá daoine faoi oiliúint á lorg sna réimsí seo a leanas:

- Comhordaitheoir Meán Sóisialta le **@Cúla4**
- Comhordaitheoir Meán Sóisialta le **BLOC**
- Comhordaitheoir Meán Sóisialta le **MOLSCÉAL**
- Comhordaitheoir Meán Sóisialta le **@SportTG4**
- Comhordaitheoir Meán Sóisialta le **Ceol TG4**

Seol CV agus litir iarratais chuig cv@tg4.ie.

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: Dé Luain an 5 Iúil 2021.

Is í an Ghaeilge teanga na hoibre i TG4.

Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht,

míchumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar dhuine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Beidh cianobair i gceist mar aon le bheith i láthair i gCeannáras TG4 i mBaile na hAbhann ó am go chéile.

Ceisteanna:

1. Cén cineál duine atá á lorg don scéim seo?
2. An mbeidh fócaíocht ag gabháil leis an taithí oibre?
3. Céard iad na scileanna inmhianaithe a luaitear leis an scéim?
4. Céard iad na dualgais a bhaineann leis an scéim?
5. Cá háit a mbeidh an té an cheapfar lonnaithe?
6. Céard is ciall le ‘fostóir comhdheiseanna’?

Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 1 le cur isteach ag tús an ranga. Tasc grúpa ('Gairmeacha le Gaeilge') le plé.

A. Réamhphlé

- (1) Táimid tar éis roinnt plé a dhéanamh ar chúrsaí oibre agus ar na deiseanna in earnáil na Gaeilge. Liostaigh na cineálacha poist atá ann do chéimithe Gaeilge. Céard iad na poist a mbeadh spéis agat iontu? Cén chaoi ar féidir na poist sin a fháil?
- (2) An dóigh leat go mbeifeá sách muiníneach le cur isteach ar phost in earnáil na Gaeilge? Míneigh do fhreagra.

B. Gramadach

Beidh tasc rólimirte á dhéanamh agaibh ar ball agus beidh sibh ag déanamh plé ar na deiseanna fostaíochta atá in earnáil na Gaeilge. Féach ar na habairtí samplacha seo thíos anois. Cén struchtúr gramadaí atá i gceist? Cathain a úsáidtear an struchtúr gramadaí seo?

*Tá sé tábhachtach **go** mbeadh a fhios agat go bhfuil an-chuid deiseanna in earnáil na Gaeilge.*

*Tá brón orm **nach raibh** muid in ann bualadh le chéile roimhe seo.*

*Caithfidh mé a admháil **nár fhéach** mé ar fhoirm an CAO go fóill.*

*Tá súil agam **gur** chabhraigh an comhrá seo.*

Déan na cleachtaí seo thíos anois.

1. *I think that* + ba cheart duit roinnt taighde a dhéanamh ar líne ar dtús.

2. *My parents think that* + níl mórán deiseanna in earnáil na Gaeilge.

3. *I'm worried that* + déanfaidh mé an cinneadh mícheart.

4. *It's clear that* + you're under a lot of pressure.

5. *Maybe* + you would enjoy translation or lecturing even.

6. *I think that* + it would be interesting to try something like that.

7. *I hope that* + I get the points for that.

8. *It's important* + that you focus on studying.

C. Rólimirt – Ag tabhairt comhairle

Bígí ag obair i mbeirteanna. Glacáigí na ról thíos agus déanaigí an comhrá le chéile.

<p>Ról A – Síle/Seán</p> <p>Is dalta séú bliana thú agus níl tuairim dá laghad agat céard is féidir leat a dhéanamh tar éis na scoile. Tá spéis agat sa Ghaeilge ach níl tú ag iarraidh a bheith i do mhúinteoir. Tá brú ort anois foirm an CAO a réiteach ach níl a fhios agat céard ba cheart a chur. Tá cruinniú agat le múinteoir gairmthreorach na scoile agus tá súil agat go gcabhróidh sé/sí leat. Sula dtosaíonn sibh ag comhrá, déan do mhachnamh ar na pointí seo:</p> <ul style="list-style-type: none">- Céard iad na ceisteanna atá agat?- Céard iad na rudaí a bhfuil tú buartha faoi?- Céard iad na rudaí atá ar eolas agat faoi earnáil na Gaeilge (cuimhnigh gur dalta scoile thú!)?- Cén stór focal a bheidh ag teastáil?	<p>Ról B – Múinteoir gairmthreorach na Scoile</p> <p>Is tusa múinteoir gairmthreorach na scoile agus tá tú ag bualadh le daltaí an séú bliain le cúpla seachtain anuas le plé a dhéanamh ar an CAO agus na deiseanna atá acu. Bhí dalta i dteagmháil leat toisc go bhfuil sé/sí an-bhuartha faoin CAO agus faoi na cúrsaí ba cheart di/dó a roghnú. Luaigh sé/sí sa ríomhphost go dtaitníonn an Ghaeilge léi/leis ach nach bhfuil sé/sí ag iarraidh a bheith ina m[h]úinteoir; mar sin, tá tú tar éis roinnt taighde a dhéanamh ar na deiseanna atá ar fáil in earnáil na Gaeilge agus ar an gcaoi le dul sa treo sin. Sula dtosaíonn sibh ar an gcomhrá, cuimhnigh ar na pointí seo:</p> <ul style="list-style-type: none">- Cé na rudaí ba mhaith leat a lua?- Cén chaoi ar cheart an comhrá a thosú?- Cén chomhairle a thabharfaidh tú don dalta?- Cén stór focal a bheidh ag teastáil?
--	--

Nótaí:

D. Scríbhneoireacht – Deiseanna in earnáil na Gaeilge

Bhí aoichainteoir san ollscoil le déanaí a thug caint an-spéisiúil agus spreagúil maidir leis na deiseanna fostaíochta atá ar fáil in earnáil na Gaeilge. Scríobh alt do nuachtán na hollscoile, ag déanamh cur síos ar an gcaint a tugadh agus ar an mbealach a ndeachaigh sí i bhfeidhm ort.

Sula dtosaíonn sibh ar an scríobh, déanaigí machnamh ar na pointí seo thíos:

- Céard é an sprioclucht léitheoireachta ar a bhfuil sibh ag díriú? Cén chaoi ar féidir a chinntiú go bhfuil an t-alt feiliúnach don sprioclucht sin?
- Céard iad na pointí ba mhaith libh a lua sa tuairisc?
- Céard é an stór focal a bheidh ag teastáil? Breacaigí síos roinnt samplaí.

E. Obair ghrúpa: Taighde agus cur i láthair ar ghairmeacha le Gaeilge

Roinnfídh an teagascóir an rang ina 5 nó 6 ghrúpa agus roghnóidh gach grúpa ceann de na réimsí oibre seo a leanas a bhaineann leis an nGaeilge:

- 1) na meáin Ghaeilge
- 2) aistriúchán agus ateangaireacht
- 3) eagraíochtaí Gaeilge, an phleanáil teanga, cearta teanga, srl.
- 4) an Ghaeilge sa státseirbhís
- 5) an mhúinteoireacht bhunscoile/ mheánscoile
- 6) múineadh na Gaeilge thar lear

Téigí go dtí www.peig.ie agus féachaigí ar na hacmhainní seo thíos a thugann eolas faoi na gairmeacha atá ar fáil do chéimithe le Gaeilge. Féachaigí go háirithe ar an leabhrán agus ar na físeáin a bhaineann leis an bhfeachtas 'Do Ghairm le Gaeilge'.



Beidh ar gach grúpa **cur i láthair 3-5 nóiméad** (ar a mhéad!) a ullmhú chun an rang a chur ar an eolas faoi na gnéithe seo a leanas den réimse oibre atá roghnaithe agaibh:

- Cur síos ar na deiseanna fostaíochta atá ar fáil san earnáil sin, agus ar na heagraíochtaí nó na fostóirí is mó atá i gceist.
- Na coinníollacha oibre a bhaineann leis na poist
- Conas is féidir post a fháil san earnáil sin? (Cáilíochtaí, scileanna nó tréithe riachtanacha nó inmhianaithe, cúrsaí iarchéime, taithí, srl.)

Déanfar na cuir i láthair ag tús an chéad ranga eile. Bronnfar marcanna rannpháirtíochta ar an obair seo. Má tá **triúr** i ngach grúpa, d'fhéadfaí an tasc a bhriseadh suas ionas go mbeadh gach duine sa ghrúpa freagrach as ceann amháin de na gnéithe thuas a fhiosrú agus a chur i láthair (thart ar nóiméad cainte an duine).

Is féidir úsáid a bhaint as **sleamhnáin Powerpoint** más maith libh, ach ní gá! Má úsáidtear sleamhnáin, **ná cuirigí an iomarca téacs orthu** agus bígí cinnte go bhfuil an cur i láthair réidh ar **chipín cuimhne** agaibh ag tús an ranga, ionas nach gcuirfidh sibh aon am amú á íoslódáil ó do chuntas ríomhphoist!

Ba cheart deis a thabhairt do na mic léinn roinnt plé a dhéanamh ar an gcur i láthair sa rang.

Plean staidéir don tseachtain léitheoireachta

Is féidir an plean staidéir a phlé i ngrúpaí beaga nó i mbeirteanna.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don gceardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ar mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an t-ullmhúchán atá le déanamh agat **roimh an gceardlann** (cleachtaí A&B).

A. Stór focal

Baineann an stór focal seo le tuairisc ó Nuacht TG4 faoi mhúinteoirí meánscoile a bhí ar stailc.

Féach ar na focail seo a leanas a bheidh le cloisteáil sa mhír agus déan iarracht **Gaeilge a chur orthu**. Déan **Quiz 1** ar Moodle ansin. Is féidir éisteacht leis an mír le fáil amach an raibh an ceart agat, agus aon bhearnaí a bhí agat a líonadh.

- | | |
|---------------------------------------|--|
| 1. ASTI | 9. To vote against it |
| 2. Newly qualified teachers | 10. Rate of pay |
| 3. Colleagues | 11. Fair play |
| 4. Doing supervision and substitution | 12. So that ... |
| 5. Protesting | 13. The support of the public and of the parents |
| 6. Pay scale | 14. Intervention/mediation |
| 7. Landsowne agreement | 15. An offer |
| 8. Pay raise | |

B. Mír éisteachta

Éist leis an mír anois agus **déan do mhachnamh** ar na ceistanna thíos. Beidh na ceistanna le freagairt i **Quiz 2** ar Moodle.

- (1) Céard a theastaíonn ó Chumann na Meánmhúinteoirí?
- (2) Breac síos na príomhphointí a dhéanann na cainteoirí seo a leanas:

Seán Ó Céilleachair
Katie Ní Ríordáin
Andrea Ní Ríodáin

- (3) Cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais sa scéal?

Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 1 le tabhairt ar ais. Tasc 1: Dréacht 2 le tosú sa rang.

A. Cuir i láthair ar Ghairmeacha le Gaeilge:

Nótaí don teagascóir:

- Cúrsaí ama: 5-6 ghrúpa x 3-5 nóiméad (ar a mhéad!) ag gach grúpa.
- Níor cheart níos mó ná 30-40 nóiméad ar an iomlán a chaitheamh ar an gcuid seo den rang, idir na cuir i láthair agus aon iarphlé a dhéantar orthu.
- Bronnfar marcanna rannpháirtíochta an ranga seo ar an gcur i láthair seo amháin. Bronnfar marcanna arda ar mhic léinn atá ullmhaithe, a bhfuil taighde maith déanta acu agus a dhéanann iarracht mhaith an t-ábhar a chur i láthair ar bhealach achomair agus soiléir.

B. Plé grúpa: Coinníollacha oibre

Cé acu ceann de na nithe seo a leanas ba thábhachtaí duitse agus gairm bheatha á roghnú agat? Pléigh agus mínigh do rogha do do pháirtí. An bhfuil sibh ar aon intinn?

1. uaireanta oibre (ragobair, uaireanta solúbtha nó míshóisialta) v. tuarastal/ pá
2. laethanta saoire v. stádas sóisialta
3. deiseanna le haghaidh ardú céime v. laethanta saoire
4. sásamh pearsanta san obair v. seasmhacht nó buaine an phoist
5. comhghleacaithe nó daoine a mbeifeá ag plé leo v. tuarastal/pá
6. suíomh oibre (oifig, ón mbaile, amuigh faoin aer, srl.) v. laethanta saoire
7. deiseanna taistil v. deiseanna le haghaidh ardú céime
8. uaireanta oibre v. stádas sóisialta
9. sásamh pearsanta san obair v. tuarastal/pá
10. deiseanna le haghaidh ardú céime v. uaireanta oibre

Anois roghnaigh agus pléigh na cúig rud ba thábhachtaí ar fad. Is féidir na frásaí thíos a úsáid mar chabhair.

Frásaí úsáideacha:

- *Is dóigh liom **gurb** é X an rud is tábhachtaí (domsa)*
- *Sílim **gurb** é X an rud is lú tábhacht (domsa).*
- *Is dócha **go bhfuil** X ar cheann de na rudaí is tábhachtaí (domsa).*
- *Ní dóigh liom **go bhfuil** X chomh tábhachtach céanna le Y.*
- *Aontaím go huile is go hiomlán leat*
- *Aontaím leat go pointe ach ...*
- *Ní aontaím leat ar chor ar bith!*

C. Plé grúpa: Comparáid idir poist

Féach ar na poist seo thíos a bhaineann leis an nGaeilge agus déan cur síos ar na coinníollacha oibre a bhaineann leo. Déan comparáid eatarthu ó thaobh na mbuntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leo.

Aistritheoir



Múinteoir bunscoile/ Meánscoile



Comhordaitheoir na Meán Sóisialta i TG4



Láithreoir raidió



Anailís ar Thasc 1: Obair gharbh

NB: Ní hé seo an anailís féin!! Tá deis agat anois roinnt obair gharbh a dhéanamh ar an anailís ar Thasc 1 anseo, ach féach Cuid 7 den leabhrán seo maidir le cén chaoi leis an anailís féin a dhéanamh.










Earráid	Ceartúchán	Samplaí breise

Plean staidéir don tseachtain

Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ba mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Stíleanna agus Tréithe Pearsantachta san Ionad Oibre – Róil Oibre Belbin

		Ról	Buanna	Laigí
S M A O I N E A M H		Planda (<i>Plant</i>)	Cruthaitheach, samhlaíoch. Bíonn smaointe neamhghnácha acu. Réitíonn siad fadhbanna casta.	Déanann siad neamhaird de na mionsonraí. Róghafa leis an tasc le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.
		Monatóir/ Measúnoir (<i>Monitor/ Evaluator</i>)	Stuama, straitéiseach agus géarchúiseach. Feiceann siad na roghanna ar fad agus tugann siad breithiúnas cruinn.	Easpa tiomantais. Níl an mianach iontu daoine eile a spreagadh. Is féidir leo a bheith rócháinteach.
		Speisialtóir (<i>Specialist</i>)	Diongbháilte, féinspreagtha, dúthrachtach. Soláthraíonn siad eolas agus scileanna nach mbíonn ag mórán daoine.	Cuireann siad leis an obair ar bhealach teoranta. Bíonn siad gafa leis na mionsonraí.
G N Í O M H		Múnlóir (<i>Shaper</i>)	Fuinniúil. Tugann siad a ndúshlán do dhaoine eile. Taitníonn an brú leo. Bíonn an tiomantas acu dúshlán a shárú.	Éasca a ghríosú (<i>easy to provoke</i>). Is féidir leo daoine eile a mhaslú nó a ghortú.
		Duine a chuireann plean i bhfeidhm (<i>Implementer</i>)	Praiticiúil, iontaofa, éifeachtúil. Tógann siad smaointe agus déanann siad gníomhartha praiticiúla díobh. Eagraíonn siad tascanna.	Cineál righin. Mall ag freagairt d'fhéidearthachtaí nua.
		Críochnaitheoir (<i>Completer Finisher</i>)	Pointeáilte, coinsiasach, inníoch. Aimsíonn siad earráidí. Cuireann siad snas ar an obair agus cinntíonn siad go bhfuil sé foirfe.	Claonadh chun inní gan ghá. Bíonn drogall orthu tascanna a dháileadh ar dhaoine eile.
D A O I N E		Comhordaitheoir (<i>Coordinator</i>)	Aibí, muiníneach. Aithníonn siad buanna daoine eile. Cathaoirleach maith. Soiléiríonn siad spriocanna. Go maith ag dáileadh tascanna ar bhaill eile foirne. Ábalta dul i bhfeidhm ar dhaoine.	D'fhéadfadh daoine eile a cheapadh go bhfuil siad slítheánta (<i>manipulative</i>). Cuireann siad a n-ualach oibre féin ar dhaoine eile.
		Oibrí foirne (<i>Team Worker</i>)	Comhoibríoch, géarchúiseach agus cáiríseach agus iad ag déileáil le daoine eile. Éisteann siad agus seachnaíonn siad coimhlint.	Bíonn deacrachtaí acu cinntí a dhéanamh ag amanna tábhachtacha. Seachnaíonn siad easaontas.
		Fiosraitheoir acmhainní (<i>Resource investigator</i>)	Cairdiúil, díograiseach, cumarsáideach. Fiosraíonn siad deiseanna. Forbraíonn siad teagmhálacha.	Bíonn siad ródhóchasach. Cailleann siad suim nuair a bhíonn an chéad taom díograise thart.

Téipscript

Eimear Ní Chonaola

Bhí 70% de scoileanna dara leibhéal na tíre dúnta arís inniu agus baill de Chumann na Meánmhúinteoirí i mbun stailce. Tá an Cumann ag iarraidh go bhfaigheadh múinteoirí nuacháilithe an pá céanna lena gcomhghleacaithe. Meastar go bhfanfaidh suas le 400 scoil dúnta an chuid eile den tseachtain mar nach bhfuil múinteoirí sásta dul i mbun feitheoireachta ná ionadaíochta.

Grett O'Connor

Ní raibh an aimsir i gCorcaigh oiriúnach don obair a bhí idir lámha ag baill de Chumann na Meánmhúinteoirí ar maidin. Bhíodar amuigh mar sin féin ag agóidíocht¹ ar son chearta a gcomhghleacaithe nuacháilithe chun a bheith ar an scála pá céanna le gach éinne a thosaigh ag obair i meánscoil roimh 2011. Ar cheart dóibh glacadh le Comhaontú Lansdúin, rud a thabharfadh ardú pá don dream óg?

Seán Ó Céilleachair, Coláiste an Phiarsaigh, Gleann Maghair

Nílimid sásta a bheith ag feitheoireacht gan airgead, sin an príomhrud a bhí i gceist ansin, agus tá fuilleach airgid anois daoine a thabhairt isteach. Tugadh fuilleach, fuilleach ama don rialtas an mhí seo a chuaigh tharainn an cheist sin a thabhairt chun críche, abair, ach níl faic déanta acu agus fágadh ansin idir dhá thine Bhealtaine sinn, abair. Cad a dhéanfa ansin ach vótáil ina choinne, abair?

Katie Ní Ríordáin, cáilithe le 3 bliana

Tá sé fíochmhar-mhífhéaráilte go bhfuilimid ar ráta pá i bhfad níos ísle. Ní hé go bhfuilimid ag lorg an phá chéanna leis na múinteoirí atá ag múineadh le blianta agus an-chuid taithí acu, ach táimid ag lorg chothrom na féinne ionas go mbeimis ar an scála pá céanna agus ag tosú amach ar an bpá céanna a thosaíodar sin amach air freisin.

Andrea Ní Ríordáin, Múinteoir Nua-Cháilithe

Ag deireadh an lae táimid ag teacht amach leis an gcéim chéanna. Táimid ag déanamh poist díreach mar an gcéanna ach tá siad ag fáil pá níos airde don rud díreach céanna agus tá sé sin an-mhíchothrom ar fad.

Grett O'Connor

An gceapann siad go bhfuil tacaíocht an phobail acu agus tacaíocht na dtuismitheoirí go speisialta?

Seán Ó Céilleachair, Coláiste an Phiarsaigh, Gleann Maghair

Faoi láthair, tá an tacaíocht againn. Ach, mar a dúirt, is maith an scéaláí an aimsir.

Grett O'Connor

Tá tuairimíocht ar leith ann le ceithre huairte an chloig is fiche anuas go dtiocfaidh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais nó páirtí éigin eile isteach sa scéal chun idirghabháil a dhéanamh ar mhaithe le réiteach a shocrú. Inniu, dúirt Uachtarán Chumann na Meánmhúinteoirí, Ed Byrne, nach mbeidís i gcoinne a leithéid agus go mbeidís sásta é sin a phlé, ach nach raibh tairiscint ar bith faighte acu.

Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an t-ullmhúchán atá le déanamh agat **roimh an gceardlann** (cleachtaí A&B).

A. Stór focal

Baineann an stór focal seo leis an agallamh poist atá i mír éisteachta na seachtaine seo. **Féach ar na focail seo** a leanas a bheidh le cloisteáil sa mhír agus déan iarracht **Gaeilge a chur orthu**.

Déan **Quiz 1** ar Moodle ansin.

- | | |
|-------------------------------------|-----------------------------|
| 1. Regarding teaching | 8. The weakest students |
| 2. I taught a few classes | 9. Workload |
| 3. Teaching qualification | 10. Basis |
| 4. The breach of battle/danger zone | 11. Rooted in the community |
| 5. Automation | 12. I'm a perfectionist |
| 6. Automated correction | 13. Punctual |
| 7. A lot of work and toil | 14. Challenging |

B. Mír éisteachta

Agallamh poist is ea mír éisteachta na seachtaine seo. Éist leis an mír agus déan na ceisteanna thíos a fhreagairt i **Quiz 2** ar Moodle.

Cén teagmháil a bhí ag Peadar leis an nGaeilge agus é óg?	
Mhúin Peadar an Ghaeilge i ndá áit, céard iad?	
Céard atá tábhachtach agus tú i mbun teanga a theagasc, dar le Peadar?	
Breac síos trí aidiacht a úsáideann Peadar agus é ag déanamh cur síos air féin.	
Céard é an bua is mó atá ag Peadar, dar leis féin?	
Cén fáth ar laige é a bheith ar tóir na foirfeachta i gcónaí, dar le Peadar?	

Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 1: Dréacht 2 le cur isteach ag tús an ranga. Tasc 2 le plé ag deireadh an ranga.

A. Réamhphlé

- (1) An ndearna tú tástáil Belbin i rith na seachtaine? Cén stíl oibre atá agat féin? Cé na tréithe a bhaineann leis an stíl/ról oibre sin? An aontaíonn tú leis an gcur síos sin?
- (2) Smaoinigh siar ar an obair ghrúpa a rinne sibh cúpla seachtain ó shin? An raibh stíleanna éagsúla oibre ag baill éagsúla an ghrúpa?
- (3) An dtaitníonn sé leat a bheith ag obair i ngrúpa nó an fearr leat a bheith ag obair leat féin? Cé na dúshláin a bhaineann leis an obair ghrúpa?

B. Gramadach

Féach ar an dá abairt seo i nGaeilge. Cad is brí leo? Cén fáth a bhfuil ‘atá’ i gceann amháin acu agus ‘a bhfuil’ sa cheann eile? Cén pointe gramadaí atá i gceist?

Duine atá dearfach.

Duine a bhfuil dearcadh dearfach aige/aici.

Cén Ghaeilge a chuirfeá ar na habairtí seo a leanas:

1. Someone **who is** hardworking and determined.
2. Someone **who is** creative **and has** new ideas.
3. Someone **who is** efficient and organised **and has** good time management skills.
4. What we really want is someone **who wants** to work and **who wants** to learn.
5. They’re looking for someone **who can** get on with other people.
6. Someone **who is** articulate and **who has** good communication skills.
7. We’re looking for people **who can** really motivate themselves and work in a team.

C. Obair ghrúpa – Ag earcú duine

Samhlaí go bhfuil sibh tar éis agallamh a chur ar na daoine thíos a chuir isteach ar phost mar Oifigeach Gaeilge in OMN. Seo na dualgais a bhaineann leis an bpost. Céard iad na scileanna a theastóidh ón té a cheapfar? Cén cineál duine ar mhaith libh a earcú?

- Plean teanga 5 bliana don ollscoil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- An Ghaeilge a chur chun cinn i measc phobal na hollscoile;
- Baill foirne a spreagadh le seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus tacú leo é a dhéanamh
- Comharthaí a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge

Céard iad na scileanna atá ag na daoine seo? Pléigí na buanna/laiigí a bhaineann le gach iarrthóir anois agus déanaigí cinneadh ansin maidir leis an iarrthóir is fearr don phost.

Caitriona Mac Gabhann

- D’oibrigh Caitriona mar mhúinteoir meánscoile ar feadh 5 bliana
- Tá bunchéim aici sa Ghaeilge agus sa Ghnó agus rinne sí an MGO i nGaillimh
- D’eagraigh sí imeachtaí sa mheánscoil le linn Seachtain na Gaeilge
- Níl taithí riaracháin aici

Peadar de Brún

- Is teagascóir Gaeilge i gColáiste na Tríonóide é Peadar
- Tá bunchéim aige sa Ghaeilge agus sa Stair agus tá M.A. aige sa Ghaeilge
- D'oibrigh sé mar Chomhordaitheoir na Meán Sóisialta i gConradh na Gaeilge ar feadh míosa agus níor thaitin sé leis
- Tá ardscoilleanna aistriúcháin aige agus d'éirigh leis i Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí Fhoras na Gaeilge

Sarah Lawless

- Is aisteoir í Sarah Lawless agus bhí sí ar Ros na Rún ar feadh dhá bhliain
- Cuireann sí clár cúrsaí reatha i láthair ar Raidió na Gaeltachta
- Níl céim aici sa Ghaeilge ach tá cónaí uirthi sa Ghaeltacht le cúpla bliain anuas
- Déanann sí an-chuid oibre i gcomhar le hOifigeach Pleanála Teanga na Ceathrún Rua

Neasa Ní Chatháin

- Is Oifigeach Caidreamh Poiblí in eagraíocht Stát í Neasa
- Rinne sí scrúdú TEG B1 anuraidh agus tá sí ag freastal ar rang oíche B2 i mbliana
- Tá scileanna maithe cumarsáide, eagrúcháin agus riaracháin aici
- Bhí an-bhaint aici le hAontas na Mac Léinn nuair a bhí sí ina hiníon léinn

D. Ceisteanna agus an clásal coibhneasta díreach agus indíreach

1. Roghnaigh an fhoirm cheart den bhriathar i ngach ceann de na ceisteanna thíos:

- **Cén áit** a chuaigh/a ndeachaigh tú go dtí an coláiste?
- **Conas** a d'éirigh/ar éirigh leat sa chéim?
- **Cé** atá/a bhfuil mar mholtóir agat?
- **Cén uair** a bhain/ar bhain tú an chéim amach?
- **Cathain** a gheobhaidh/ a bhfaighidh tú na torthaí?
- **Conas** atá/ go bhfuil a fhios agat go mbeidh tú go maith chuig an bpost seo?
- **Cén grád** a fuair/ a bhfuair tú sa Ghaeilge?
- **Cén sórt taithe oibre** atá/ a bhfuil agat?
- **Céard** a bhí/a raibh ar siúl agat ansin?
- **Cén fhad** a bhí/ a raibh tú ag obair ansin?
- **Cén fáth** a rinne/ a ndearna tú staidéar ar an tsocheolaíocht?
- **Cén fáth** ba mhaith/ ar mhaith leat an post seo?
- **Cá** gheobhaidh/ bhfaighidh tú na cáilíochtaí sin?
- **Cén bhliain** a chríochnaigh/ ar chríochnaigh tú an chéim?
- **Cé leis** a bhí/ a raibh tú ag obair?
- **Cén áit** ba mhaith/ ar mhaith leat a bheith ag obair i gceann trí bliana?
- **Cathain** is féidir/ ar féidir leat tosú?
- **Cén t-am** a bheidh/ a mbeidh tú istigh san oifig gach lá?

2. Anois, cuir na focail cheisteacha ó na habairtí thuas sna colúin chearta thíos:

Foirm dhíreach (m.sh. atá, a bhíonn, a rinne, a thosaigh, a chuaigh, a chonaic, a gheobhaidh)	Rogha (m.sh. atá/a bhfuil, a rinne/a ndearna, a chuaigh/a ndeachaigh)	Foirm indíreach (m.sh. a bhfuil, a mbíonn, a ndearna, ar thosaigh, a ndeachaigh, a bhfaca, a bhfaighidh)

E. Agallamh poist: Rólimirt

Cuirfidh an teagascóirí i mbeirteanna anois sibh ionas gur féidir libh tabhairt faoin tasc seo. Roghnaíodh duine agaibh Ról A agus roghnaíodh an dara duine Ról B. Tá an fógra poist a bhaineann leis an tasc seo faoi Cheardlann 3.

<p>Ról A</p> <p>Is tusa bainisteoir acmhainní daonna TG4. Fógraíodh scéim taithí oibre bliana le déanaí agus tá tú ag cur iarrthóirí faoi agallamh inniu. Sula dtosaíonn tú ar an agallamh, déan do mhachnamh ar na pointí seo:</p> <ul style="list-style-type: none">- Céard iad na tréithe/cáilíochtaí atá á lorg agaibh?- Céard iad na ceisteanna ba cheart duit a chur ar an iarrthóir? Breac síos 5-6 cheist.- Cén chaoi ar cheart an t-agallamh a thosú?- Cén cineál stór focal a bheidh ag teastáil uait? Cuardaigh ar líne na focail nach bhfuil ar eolas agat.	<p>Ról B</p> <p>Is mac léinn in Ollscoil Mhá Nuad tú agus tá tú i mbliain na céime faoi láthair. Ba bhreá leat taithí oibre a dhéanamh le TG4 nuair a bheidh an chéim bainte amach agat agus beidh tú ag déanamh agallamh don phost inniu. Agus tú ag ullmhú don agallamh, déan do mhachnamh ar na pointí seo:</p> <ul style="list-style-type: none">- Cén fáth ar mhaith leat an scéim taithí oibre a dhéanamh?- Céard iad na cáilíochtaí/taithí oibre atá agat?- Céard iad na scileanna atá agat?- Cén chaoi a gcuirfeá leis an bhfoireann oibre?- Cén cineál stór focal a bheidh ag teastáil uait don agallamh?
---	---

Plean staidéir don tseachtain

Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ar mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

An t-agallóir : Fáilte isteach, a Pheadair, go dtí seo.

Peadar: Go raibh míle maith agat.

An t-agallóir : I dtosach, ar mhiste leat eolas a thabhairt ar d'oideachas sa nGaeilge agus sa teagasc?

Peadar: Déanfaidh mé sin cinnte. Bhuel, i dtosach, is dócha gur chóir dom a lua gur labhair mo mháthair Gaeilge sa bhaile nuair a bhí mé óg, mar sin bhí saghas bunchloch ar an gcaoi sin agam, agus ina dhiaidh sin, d'fhreastail mé ar bhunscoil lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath agus ansin bhí mé i gcoláiste samhraidh Gael Linn, i gConamara ina dhiaidh sin. Mar sin tá taithí fhada agam, dáiríre, leis an nGaeilge in áiteanna éagsúla. Agus ó thaobh an teagaisc de, cineál, rinne mé bunchéim i gColáiste na Tríonóide, is dóigh liom go bhfuil sé sin feicthe agat ar mo churaclam beatha nó mo CV atá curtha isteach agam, rinne mé an bhunchéim i gColáiste na Tríonóide agus ina dhiaidh sin rinne mé roinnt teagaisc sa choláiste féin, cúpla rang teagaisc, sa bhliain tar éis dom an chéim a chríochnú. Agus chomh maith, nuair a bhí mé sa choláiste samhraidh i gConamara, rinne mé roinnt ranganna a mhúineadh, tharla sé cúpla lá go raibh na múinteoirí ... nach raibh na múinteoirí ar fáil agus ... ní hé go raibh cáilíocht mhúinteoireachta agam, ach iarradh orm cineál seasamh sa bhearna bhaoil agus cabhrú le daoine. Mar sin tá cineáilín taithí agam a bheith ag plé le ... le múineadh i réimsí éagsúla; ar an ollscoil, ar an tríú leibhéal agus sa choláiste samhraidh chomh maith. Agus ar an ollscoil na hábhair a bhí i gceist agam ná ábhair a bhain le labhairt na teanga, agus leis, ábhair a bhain le gramadach na teanga agus cúrsaí cineáil... dul na teanga agus a bheith ag cabhrú le daoine aistriúchán go Gaeilge a dhéanamh.

An t-agallóir : Go hálainn, go raibh míle maith agat, agus an féidir sampla a thabhairt d'uair a thug tú faoi chórais nó ábhar a fheabhsú as do stuaim féin?

Peadar: Sa phost sin i gColáiste na Tríonóide, bhíodh ceachtanna beaga gramadaí le déanamh gach aon seachtain agus ceann de na rudaí a thug mé féin isteach ná rinne mé uathoibriú ar an gcóras nó go mbeadh uathcheartú i gceist mar sular tháinig mise an rud a bhí i gceist ná go raibh ar na teagascóirí na píosaí sin ar fad a cheartú de láimh gach aon seachtain agus bhí a lán oibre agus tiarála i gceist leis sin dáiríre is cuimhin liom féin a bheith sclábhaíocht leis, leis an obair sin agus rith sé liom go bhféadfaí díreach ceisteanna ilroghnacha a chur ar líne agus ansin go dtabharfadh sé sin freagra nach mór láithreach do na mic léinn agus go gcabhródh sé cuid den ualach oibre a bhaint uainn chomh maith agus thug sé sin deis dúinne ansin díriú ar rudaí éagsúla ar nós a bheith ag tabhairt cabhrach do na mic léinn ba laige agus chomh maith a bheith in ann dúshlán a chur roimh na mic léinn ba láidre ar fad.

An t-agallóir : Go hálainn, go raibh míle maith agat, agus dar leat féin céard é an bua agus an laige is mó atá agat?

Peadar: An bua is mó atá agam ná go bhfuil an-suim agam sa Ghaeilge agus go mbímse ag labhairt na teanga go rialta agus go bhfuilim páirteach i saol na Gaeilge, mar sin má chuireann duine ceist orm, ó, conas mar a déarfaí é seo nó siúd, nó, cén tuairim a bheadh ag duine faoina leithéid seo sa Ghaeilge, bím in ann tuairim a bhfuil bunús éigean léi a thabhairt, sílim go bhfuil sé tábhachtach a bheith fréamhaithe sa phobal, má tá teanga á teagasc agat, caithfidh eolas measartha maith a bheith agat uirthi agus conas mar a bhaintear feidhm aisti agus ar ndóigh tá cúinsí faoi leith i gceist leis an nGaeilge mar sin tá sé tábhachtach go mbeadh eolas againn ar an teanga mar atá sí á labhairt sa Ghaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht freisin. Ó thaobh laige, is dóigh go mbímse ar thóir na foirfeachta i gcónaí agus go dteastaíonn uaim a chinntiú go

bhfuil ach aon rud pointeáilte agus poncúil agus iomlán i gceart, agus go bhfuil sé sin dúshlánach ó am go chéile ach, sílim tríd is tríd go gcinntíonn sé caighdeán ard oibre uaim i gcónaí.

An t-agallóir : Tá go maith, a Pheadair, agus an cheist dheireanach; cén chaoi a ndéanfadh cara leat cur síos ort?

Peadar: Bhaithfeadh sé ar an gcara b'fhéidir ... Conas mar a dhéanfadh cara liom cur síos orm. Tá cairde éagsúla agam, ach, sílim go ndéarfadh daoine liom gur duine iontaofa mé, gur duine dícheallach mé, gur duine díograiseach mé agus bím i gcónaí ag iarraidh cinntiú go bhfuil mé ag cabhrú le daoine freisin, gur fear mha-, gabh mo leithscéal, fear maith mé*, ó thaobh, cineál, taighde a dhéanamh agus a bheith dícheallach ó thaobh, cineál, dul na Gaeilge agus gramadach na Gaeilge a fhoghlaim agus a bheith iarraidh, i gcónaí, feabhsú a dhéanamh i ngach aon ghné den saol.

An t-agallóir : Go hálainn. Go raibh míle maith agat as teacht chun agallaimh inniu agus beidh muid i dteagmháil leat go luath.

**Ná bíodh inní ort tú féin a cheartú má dhéanann tú botún. Is fearr a léiriú go dtuigeann tú go bhfuil botún déanta agat, seachas ligean ort nár tharla sé.*

Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an t-ullmhúchán atá le déanamh agat **roimh an gceardlann** (cleachtaí A&B).

A. Stór focal

Féach ar na focail seo a leanas a bheidh le cloisteáil sa mhír agus déan iarracht **Gaeilge a chur orthu**. Déan **Quiz 1** ar Moodle ansin. Is féidir éisteacht leis an mír le fáil amach an raibh an ceart agat, agus aon bhearnaí a bhí agat a líonadh.

- | | |
|-------------------------------|---------------------|
| 1. I taught | 8. Organised |
| 2. After completing my degree | 9. Patient |
| 3. I qualified as a teacher | 10. Understanding |
| 4. Unemployed | 11. I nurtured them |
| 5. Campaign | 12. Opportunities |
| 6. The same enjoyment | 13. Discouragement |
| 7. Leadership | |

B. Mír éisteachta

Éist leis an mír anois agus **déan do mhachnamh** ar na ceistanna thíos. Beidh na ceistanna le freagairt i **Quiz 2** ar Moodle.

- (1) Cén cineál taithí oibre atá ag Sorcha?
- (2) Céard iad na scileanna a theastaíonn ó mhúinteoirí, dar léi?
- (3) Céard nár thuig Sorcha go dtí gur thosaigh sí ag múineadh?
- (4) Cén chomhairle a thabharfadh Sorcha d'éinne a bhfuil spéis acu sa mhúinteoireacht?

Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 2 le cur isteach ar Moodle. Tasc 3: Céim 1&2 le plé.

A. Réamhphlé (obair bheirte/ghrúpa)

- An raibh aon mhúinteoir iontach agat féin? Cé na buanna a bhí aige/aici?

- Cé na tréithe a theastaíonn le bheith i do mhúinteoir maith, i do thuairimse?

B. Buanna/Laigí an mhúinteora

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír as scannán darb ainm *Ab initio*. Sa scannán seo, feicfidh tú Fionnuala agus í ag iarraidh rang Gaeilge a mhúineadh do ghlantosaítheoirí.

Samhlaigh gur cigirí sibh a thagann chuig rang Fhionnuala. Caithfidh sibh measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige teagaisc a bhí aici, ag baint úsáid as an ngreille atá ar an gcéad leathanach eile.

1. Féach ar na critéir mheasúnachta ar dtús agus bí cinnte go dtuigeann sibh iad.
2. Ansin, féach ar an mír agus cuir ✓ nó ✗ in aice leis na buanna/laigí is mó a bhaineann le cur chuige Fhionnuala.
3. Bígí ag obair i ngrúpaí agus pléigí bhur gcuid tuairimí faoi rang Fhionnuala, bunaithe ar na pointí atá luaite sa ghreille thíos. Déanfaidh sibh bhur gcuid tuairimí a phlé sa rang ansin.

Rang Fhionnuala - Critéir mheasúnachta	✓ / ✗
Pleanáil	
Tá an múinteoir <u>an-eagraithe</u> agus <u>ullmhaithe</u> .	
Tá tuiscint mhaith ag an múinteoir ar <u>leibhéil/riachtanais na mac léinn</u> agus tá an <u>t-ábhar oiriúnach</u> do leibhéil na bhfoghlaimeoirí	
Tá <u>sprioc shoiléir foghlama</u> ag baint leis an rang.	
Tá <u>struchtúr loighciúil</u> (tús, lár agus críoch) ag baint leis an rang.	

Eolas an mhúinteora	
Tá <u>eolas maith</u> ag an múinteoir ar an ábhar.	
Tá a c(h)uid <u>Gaeilge</u> labhartha agus scríofa <u>líofa agus cruinn</u> .	
Tugtar <u>míniú cruinn, soiléir</u> ar phointí nua teanga.	
Tugtar <u>freagraí sásúla</u> ar cheisteanna na bhfoghlaimoirí.	
Cur chuige teagaisc	
Baintear úsáid as an <u>sprioctheanga</u> sa seomra ranga.	
Bíonn na foghlaimoirí <u>gníomhach/ rannpháirteach</u> sa rang.	
Baineann an múinteoir úsáid éifeachtach as <u>straitéisí éifeachtacha ceistiúcháin</u> le heolas a mhealladh ó na foghlaimoirí seachas an t-eolas ar fad a thabhairt dóibh.	
Baintear úsáid as <u>obair bheirte/ obair ghrúpa</u> .	
Déantar <u>gníomhaíochtaí suimiúla</u> agus éifeachtacha le deis a thabhairt do na foghlaimoirí <u>an teanga a chleachtadh</u> .	
Baintear úsáid as <u>acmhainní oiriúnacha</u> (m.sh. bileoga, físeáin, an t-idirlíon, póstaer, pictiúir, cluichí, srl.)	
Tá <u>spraoi</u> ag baint leis an gceacht.	
Tréithe an mhúinteora	
Tá an múinteoir <u>gairmiúil</u> agus <u>muiníneach</u> os comhair an ranga.	
Is léir go bhfuil an múinteoir <u>díograiseach</u> agus go bhfuil <u>suim</u> aige/aici san ábhar. Éiríonn leis/léi an tsuim chéanna a chothú sna mic léinn agus <u>iad a spreagadh</u> .	
Tá scileanna maithe <u>bainistíocht ranga</u> ag an múinteoir. Tá sé/sí in ann smacht a choinneáil ar an rang.	
Tá scileanna maithe <u>bainistíocht ama</u> ag an múinteoir.	

Nótaí:

C. Eolas an mhúinteora teanga

Ní hionann a bheith in ann teanga a labhairt nó a scríobh agus a bheith in ann í a mhúineadh. Go minic, bíonn pointí gramadaí i gceart ag cainteoirí dúchais, mar shampla, i ngan fhios dóibh féin, ach bheadh deacracht acu iad a mhíniú do dhaoine eile.

Dhá scil a bhíonn le forbairt ag múinteoirí teanga, mar sin, ná 1) conas pointí bunúsacha gramadaí a mhíniú agus 2) earráidí na bhfoghlaimeoirí a aithint agus a cheartú. Bígí ag obair i ngrúpaí agus déanaigí cuid de na cleachtaí thíos.

Pointí gramadaí a mhíniú

Cuireadh cúpla ceist dheacair ar Fhionnuala sa mhír físe a chonaiceamar ar ball. Samhlaigh go bhfuil tusa ag múineadh an ranga in háit. Conas a thabharfá míniú ar na ceisteanna seo a leanas:

1. What's the difference between 'tá' and 'is'?
2. Why do you say 'Dia dhuit' but write 'Dia duit'?
3. What's the difference between 'dó', 'a dó', 'dhá' and 'beirt'?
4. What's the difference between "Is múinteoir í Fionnuala" and "Is í Fionnuala an múinteoir"? Why is the structure different?
5. What's the Irish for 'a' (indefinite article, as in 'a book')?
6. Why do you say 'i Meiriceá' but 'sa Fhrainc'?
7. What's the difference between 'sé' and 'é'?
8. What's the difference between 'sula' and 'roimh'?

Earráidí a cheartú

Cuid mhór d'obair an mhúinteora teanga é an ceartúchán. Seo liosta d'earráidí a dhéanann mic léinn ollscoile go minic. Pléigh le do ghrúpa iad – i ngach cás abair (i) cén ghné den ghramadach atá i gceist, (ii) cén cód ar an gcóras ceartúcháin lena mbaineann an earráid agus (iii) déan iarracht í a cheartú.

1. Tá áthas orm go bhfuil siad mo thuismitheoirí.
2. Táimid cairde ón naíonra.
3. Tá mo mháthair as Baile Átha Cliath.
4. Cad a bhfuil ar siúl anocht sa bheár?
5. Bhí na himeachtaí a raibh ar siúl anuraidh go maith.
6. Abair liom má bhfuil aon fhadhb agat.
7. Ceapaim tá sé suimiúil.
8. Ceapaim go bhfuil sé sin an rud is fearr.
9. Dúirt sí gur bhí tú ann.
10. Thaitníonn an sochtheangeolaíocht go mór liom.
11. Sin na rudaí a bainim úsáid astu chun Gaeilge a chleachtadh.
12. Sin na fadhbanna a mbíonn agam le Gaeilge.
13. Tá sé suas duitse anois.
14. An é sin **do** leabhar. (le béim ar 'do' sa chaint)
15. Dúirt sí dom go mbeadh sí ann.
16. Cabhróidh mé tú má theastaíonn leat.
17. Sheol mé an ríomhphost sin duit ar maidin.
18. Níl mé sásta éist leis a thuilleadh.
19. An raibh tú amach aréir?
20. An bhfuil léacht Bhriain ar siúl inniú?

Ag ceartú earráidí agus ag tabhairt aiseolais

An bhfuil aon taithí agaibh ar aiseolas a thabhairt d'fhoghlaimoirí teanga? Céard iad na rudaí ba cheart a chur san áireamh agus sibh ag tabhairt aiseolais d'fhoghlaimoirí?

Cuir i gcás gur múinteoir meánscoile tú. Scríobh dalta de do chuid an sliocht seo thíos agus caithfidh tusa é a cheartú. Tá 10 mbotún ann ar an iomlán. Aimsigh agus ceartaigh na botúin agus scríobh míniú gearr orthu.

Ní minic a chuirim mórán spéis in aistí a bhíonn le scríobh agam ach spreagáil an ceann seo mé le peann a chur le pár láithreach. Tá an oiread sin fadhbanna sóisialta sa tír seo nach bhféadfainn iad ar fad a phlé anseo. Áfach, is dóigh liom gurb í fadhb na ndrugaí agus an alcóil ar cheann de na fadhbanna sóisialta is mó atá againn, i measc daoine óige fiú. Théann daltaí meánscoile amuigh ag ól ag an deireadh seachtaine agus cá bhfios céard eile a bhíonn ar siúl acu! Is léir caithfidh dul i ngleic leis an bhfadhb seo. Is léir tá sé fadhb uafásach.

Nuair atá an méid sin déanta agat, scríobh an t-aiseolas ba cheart a thabhairt don dalta. Cuimhnigh gur dalta ardteiste atá ann, atá faoi bhrú mar gheall ar na scrúduithe, agus go ndearna sé/sí a d[h]ícheall. Mar sin, ba cheart comhairle fhiúntach a thabhairt dó/di, ach é/í a spreagadh agus misneach a thabhairt dó/di ag an am céanna.

Plean staidéir don tseachtain

Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ar mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an t-ullmhúchán atá le déanamh agat **roimh an gceardlann** (cleachtaí A&B).

A. Stór focal


Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo?

1. Trends
2. Language teaching methods
3. Literary texts
4. When teaching modern languages became popular
5. Result
6. They found that
7. To recite them
8. Grammar drills
9. The structure of the language
10. Subconsciously/ unbeknownst to them
11. By developing good habits
12. Theory books
13. Real use of the language in an everyday context
14. The learners' needs

B. Léitheoireacht

Is minic a shamhlaítear treochtaí agus faisin le héadaí agus le ceol, ach creid é nó ná creid, bíonn treochtaí agus faisin ag baint le cúrsaí oideachais freisin! Léiríonn an amlíne thíos trí cinn de na treochtaí is tábhachtaí a bhain le múineadh teangacha le dhá chéad bliain anuas. Léigh an t-alt seo thíos maidir le modhanna múinte teangacha agus **déan do mhachnamh** ar na ceisteanna thíos. Beidh na ceisteanna le freagairt i **Quiz 2** ar Moodle.

Treochtaí agus faisin i modhanna múinte teangacha



Modh na gramadaí agus an aistriúcháin (1800 – c.1950)

- Le linn an 19ú haois agus ag tús an fichiú haois, bhíodh an-tóir ar an Laidin agus ar an tSean-Ghréigis mar ábhair scoile. Mar gheall gur seanteangacha neamhbheo iad sin, níor ghá do na foghlaimeoirí a bheith in ann iad a labhairt. Ba é an sprioc ba mhó a bhaineadh leis an bhfoghlaime ná go mbeidís in ann téacsanna liteartha sna teangacha sin a léamh, a thuiscint agus a aistriú. Mhúintí iad, mar sin, trí staidéar a dhéanamh ar an **ngramadach**, agus trí **théacsanna a léamh agus a aistriú**.
- Nuair a tháinig borradh faoi mhúineadh na nuatheangacha, mhúintí iad ar an gcaoi chéanna – trí bhéim a chur ar an ngramadach agus ar an aistriúchán. Chreidtí dá bhféadfadh daoine an teanga a scríobh agus téacs a aistriú go mbeidís in ann an teanga a labhairt freisin. Ní chuirtear mórán béime ar labhairt na teanga ná ar an bhfoghraíocht mar sin.

- Is é an toradh a bhí ar an gcur chuige seo, ná go mbíodh go leor eolais ag an bhfoghlaimoir faoin teanga agus faoi rialacha na gramadaí, ach go dteipeadh orthu go minic scileanna labhartha agus cluastuisceana a fhorbairt.

An modh closlabhartha (1940-60idí)

- Nuair a thosaigh an dara cogadh domhanda, bhí ar arm Mheiriceá saighdiúirí a chur chuig tíortha eile san Eoraip agus ar fud an domhain, agus theastaigh uathu bunscileanna teanga a mhúineadh dóibh chomh sciobtha agus ab fhéidir, ionas go mbeidís in ann cumarsáid a dhéanamh le muintir na dtíortha sin. Chonacthas dóibh gurbh iad na scileanna labhartha ba mhó a raibh tábhacht ag baint leo, agus nár leor an ghramadach agus an t-aistriúchán chun na scileanna sin a fhorbairt. Mar sin, d'fhorbair siad an modh closlabhartha.
- Sa chur chuige seo, chuirtear béim ar a bheith **ag éisteacht** le comhráite nó abairtí, **aithris a dhéanamh** orthu agus iad a **chur de ghlannmheabhair**. Chuirtear béim mhór ar an **bhfoghraíocht** chruinn. Dhéantaí go leor **druileanna gramadaí**, ach ní chuirtear aon bhéim ar rialacha gramadaí ná ar úsáid na teanga sa ghnáthshaol. Is é an tuiscint a bhí taobh thiar de ná dá ndéanfadh foghlaimoirí go leor aithrise, athrá agus druileála ar chomhráite agus abairtí cearta sa teanga, go bhfoghlaimoidís struchtúr na teanga i ngan fhios dóibh féin, trí dheanósanna a fhorbairt.

An cur chuige cumarsáideach (1970idí - anois)

- Is é an tuiscint is mó atá taobh thiar den chur chuige seo ná gurb é an t-aon bhealach le scil nua a fhoghlaim ná é a dhéanamh. Mar shampla, nuair a bhíonn duine ag foghlaim na tiomána nó an cheoil, ní leor staidéar a dhéanamh ar an leabhar teoirice – caithfear dul amach ar an mbóthar nó an uirlis a sheinm! Is minic a bhíonn daoine neirbhíseach ar dtús agus déanann siad go leor botún, ach is cuma; má choinníonn siad orthu ag cleachtadh, tiocfaidh feabhas orthu. Tá an cur chuige cumarsáideach bunaithe ar an tuiscint gurb amhlaidh atá foghlaim teangacha. Mar sin, creidtear gurb é an bealach is fearr le teanga a fhoghlaim ná **í a úsáid sa ghnáthchumarsáid**.
- Mar gheall air seo, cuirtear go leor béime ar **ghníomhaíochtaí** agus ar **thascanna** a bhaineann le **fíorúsáid na teanga sa ghnáthshaol**. Mar shampla, is annamh a scríobhfadh an gnáthdhuine fásta aiste taobh amuigh den chóras oideachais, ach scríobhtar ríomhphoist, teachtaireachtaí agus postálacha ar na meáin shóisialta go fórmhínic; mar sin, cuirtear béim ar thascanna den chineál sin sa chur chuige seo. Baintear úsáid as **fíorthéacsanna léitheoireachta agus éisteachta** freisin (míreanna ó chlár teilifíse, raidió, nuachtáin, suíomhanna idirlín, srl.), seachas cinn a chumtar díreach ar mhaithe leis an seomra ranga.
- Cuirtear béim freisin ar **riachtanais na bhfoghlaimoirí**. Fiafraítear cén fáth a bhfuil siad ag foghlaim na teanga? Cén áit a mbeidh siad ag iarraidh an teanga a úsáid sa saol taobh amuigh den seomra ranga? Ansin, díritear ar na riachtanais sin sa seomra ranga. Mar shampla, dá mbeadh foghlaimoirí ag foghlaim na hIodáilise ionas go mbeidís in ann cúpla focal a úsáid ar laethanta saoire, bheadh sé tábhachtach go mbeidís in ann ticéad traenach nó uachtar reoite a cheannach. Ní hé sin an sprioc is mó a bheadh ag foghlaimoir Gaeilge de ghnáth, áfach.
- Díritear ar **na ceithre scil teanga**: léamh, scríobh, cluastuisceant, labhairt. Maidir leis an labhairt, díritear ar na scileanna a bhaineann leis an **gcaint aonair** (m.sh. cur i láthair) chomh maith leis an **idirghníomhaíocht labhartha** (conas páirt a ghlacadh i gcomhrá, sealanna a ghlacadh, ceisteanna a chur, eolas a lorg, srl.). Múintear an ghramadach agus an fhoghraíocht de réir mar a thagann siad aníos i **gcomhthéacs na cumarsáide** seachas mar aonaid neamhspleácha.

Modh	Tréithe	Buntáistí	Míbhuntáistí
Modh na gramadaí agus an aistriúcháin (1800 - c.1950)			
An modh closlabhartha (1940-60idí)			
An cur chuige cumarsáideach (c.1970idí - anois)			

Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 3: Céim 3 (Gníomhaíocht & Críoch) le plé.

A. Réamhphlé

Smaoinígí siar ar na múinteoirí teanga a bhí agaibh go dtí seo (sa bhunscoil, mheánscoil, ollscoil nó taobh amuigh den chóras oideachais) agus ar na modhanna múinte ar bhain siad úsáid astu.

- Ar chuir siad béim ar scileanna áirithe (m.sh. labhairt, scríobh, léamh, éisteacht, stór focal, gramadach, foghraíocht)?
- Cén sórt gníomhaíochtaí/ tascanna a rinne sibh sa seomra ranga/ mar obair bhaile?
- An raibh aon seifteanna acu le cabhrú libh rudaí nua a thuiscint nó a fhoghlaim?
- Cé acu de na modhanna múinte sin ab éifeachtaí, dar leat féin?
- Dá mbeifeá féin ag múineadh rang Gaeilge, cén cur chuige ba mhaith leat a úsáid? Cén cur chuige ba mhó a thaitneodh leat féin mar fhoghlaiméir teanga?

B. Ag múineadh cúrsaí gramadaí

Féach ar na cleachtaí gramadaí seo a leanas (1, 2 agus 3) agus abair cén modh múinte atá i gceist le gach ceann acu. Cé na buanna agus laigí a bhaineann leo mar chleachtaí? Roghnaigh an ceann ab éifeachtaí, dar leat féin, agus déan é.

1. Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:
 - a. I used to go to the shop.
 - b. Did she use to put the cup on the table?
 - c. We didn't use to come home late.
 - d. Did you use to get presents at Christmas?
2. Éist leis na briathra agus abairtí seo a leanas, agus déan druileáil orthu go dtí go mbíonn siad curtha de ghlanmheabhair agat.

Thagaimn	D'fhaighinn	Théinn	D'athraínn
Thagatá	D'fhaighteá	Théiteá	D'athraíteá
Thagadh sé/sí	D'fhaigheadh sé/sí	Théadh sé/sí	D'athraíodh sé/sí
Thagaimis	D'fhaighimis	Théimis	D'athraímis
Thagadh sibh	D'fhaigheadh sibh	Théadh sibh	D'athraíodh sibh
Thagaidís	D'fhaighidís	Théidís	D'athraídís
Thagtaí	D'fhaightí	Théití	D'athraítí

- Thagadh Máire abhaile déanach.
- D'fhaighinn a lán bronntanas gach Nollaig.
- Théadh sé ar laethanta saoire go dtí an Spáinn gach bliain.
- D'athraíodh sí a hintinn go minic.

3. **Ní chuirteá mórán béime ar labhairt na teanga. Theipeadh orthu...**
 - a. Féach ar na habairtí seo thuas a bhí sa téacs ar ball. Cén aimsir atá i gceist iontu?
 - b. Cuir línte faoi na briathra ar fad atá san aimsir sin sa téacs thuas agus mínigh cad is brí le gach sampla.
 - c. Anois, cum 10 n-abairt le cur síos a dhéanamh ar do chuid laethanta scoile féin, ag baint úsáid as an aimsir chéanna. Ansin inis don duine in aice leat faoi. An mbíodh mórán de na rudaí céanna ar siúl agaibh?

C. Modhanna múinte na Gaeilge - Rólimirt

Bígí ag obair i mbeirteanna. Glacáigí na ról thíos agus déanaigí an comhrá le chéile.

Ról A

Is múinteoir nua-cháilithe tú. Tá tú ag obair le múinteoir eile toisc go bhfuil rang a dó agaibh beirt agus tá polasaí ag an scoil go ndéanfadh múinteoirí ag gach leibhéal a gcuid pleananna le chéile. Tá an múinteoir eile ag iarraidh leabhar Gaeilge faoi leith a úsáid a bhfuil an bhéim ar chúrsaí gramadaí agus aistriúcháin ann agus atá chomh sean sin go raibh sé agatsa nuair a bhí tú féin sa bhunscoil! Ceapann tusa go bhfuil an leabhar sin go hiomlán as dáta, agus tá tú ag iarraidh an bhéim a chur ar an teanga labhartha, an drámaíocht, gníomhaíochtaí cumarsáideacha, agus go leor úsáide a bhaint as an teicneolaíocht. Déan iarracht labhairt leis/ léi, do thuairimí a mhíniú ar bhealach béasach, cáiréiseach agus teacht ar chomhréiteach eadraibh.

Ról B

Is múinteoir tú i mbunscoil lán-Ghaeilge. Tá 20 bliain de thaithí mhúinteoireachta agat agus ceapann tú go bhfuil caighdeán Gaeilge na bpáistí sa scoil tar éis titim go mór le roinnt blianta anuas. Cuireann tusa an milleán ar na modhanna nua seo atá á dtabhairt isteach, agus ar an bhfaillí atáthar a dhéanamh sa ghramadach. Tá tú ag obair le múinteoir nua-cháilithe faoi láthair agus ceapann tú go bhfuil sí ró-ídéalach ar fad faoi conas teangacha a mhúineadh. Tá sí faoi dhraíocht go háirithe ag an teicneolaíocht agus ag an gclár bán idirghníomhach. Tá an leabhar céanna in úsáid agatsa le fada agus creideann tú go bhfuil sé go hiontach, ach tá an múinteoir óg seo ag iarraidh é a athrú.

D. Ag múineadh cúrsaí foghraíochta

Gné thábhachtach d'aon teanga í an fhoghraíocht agus ní hamháin go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh tuiscint ag múinteoirí teanga uirthi, ach caithfidh siad a bheith in ann na rialacha a mhúineadh freisin. Cuir i gcás gur múinteoir Gaeilge thú i meánscoil – an mbeifeá in ann rialacha foghraíochta na Gaeilge a mhíniú do na daltaí?

Cuirfidh an teagascóir i mbeirteanna/grúpaí (ag brath ar an rang) anois sibh agus tabharfaidh sé/sí fuaim Ghaeilge do gach grúpa/péire, bunaithe ar na hearráidí foghraíochta a rinneadh i dTasc 2. Leanaigí na treoracha thíos le ceacht a chruthú bunaithe ar an bhfuaim a tugadh daoibh. Ná déanaigí dearmad gur ar dhaltaí meánscoile atá an ceacht seo dírithe (mar sin, ba cheart go mbeadh sé suimiúil agus idirghníomhach) agus go n-iarrfaidh an teagascóir ar ghrúpaí áirithe an ceacht a mhúineadh don rang.

Liosta d'fhuaimeanna (níl anseo ach cúpla sampla):

- | | |
|--|-----------------------------|
| - 's' caol v. 's' leathan/ 'sh' i nGaeilge | - 'ch' caol v. 'ch' leathan |
| - 'd' caol v. 'd' leathan | - 't' caol v. 't' leathan |
| - 'r' caol v. 'r' leathan | - 'c' caol v. 'c' leathan |

Déanaigí machnamh ar na ceisteanna seo sula dtosaíonn sibh ar an gceacht féin:

- Cén chaoi ar féidir riail foghraíochta a mhíniú d'fhoghlaimoirí teanga? Breacaigí síos roinnt smaointe.
- Céard iad na hacmhainní is féidir a úsáid le riail foghraíochta a mhúineadh d'fhoghlaimoirí?
- Cén chaoi ar féidir a chinntiú gur ceacht idirghníomhach atá ann?
- Céard is 'consan caol' & 'consan leathan' ann?

Ceacht ar an bhfoghraíocht
Ullmhúchán
Cén fhuaim a bheidh i gceist sa cheacht?
An ndearna sibh aon earráidí a bhain leis an bhfuaim seo i dTasc 2? Céard iad?
Céard é an riail a bhaineann leis an bhfuaim seo? Breacaigí síos cúpla sampla freisin.
An ceacht
<p><u>Réamhrá</u> <i>Cén chaoi a bhfuil sibh chun tús a chur leis an bplé? Ar cheart roinnt samplaí a thabhairt den fhuaim? Arbh fhiú iarraidh ar na daltaí cúpla ceist a phlé sula dtosaíonn siad ar an tasc?</i></p>
<p><u>Gníomhaíocht</u> <i>Cén cineál gníomhaíochta a bheidh le déanamh ag na mic léinn? Liosta focal a léamh amach agus an riail a mhíniú ansin? Roinnt abairtí a léamh amach? Roinnt samplaí den fhuaim a aimsiú i mír físe/ ar líne/ i ndán srl. agus a bhreacadh síos ar dtús?</i></p>
<p><u>Conclúid</u> <i>Cén chaoi ar cheart deireadh a chur leis an gceacht? Ar cheart iarphlé a dhéanamh ar an riail nó roinnt obair bhaile a thabhairt? Cén chaoi a gcinnteoidh sibh go dtuigeann na daltaí anois an riail?</i></p>

Plean staidéir don tseachtain

Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ar mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Ceardlann 8 – Dúshláin na múinteoireachta

Baineann an ceacht seo leis an múinteoireacht agus le dúshláin na múinteoireachta. Ag deireadh an cheachta, táthar ag súil:

- Go mbeidh **tuilleadh stór focal** maidir leis an múinteoireacht ag an mac léinn (tá liosta stór focal ar fáil ag deireadh an leabhráin)
- Go mbeidh an mac léinn in ann **plé ginearálta** a dhéanamh i nGaeilge ar dhúshláin na múinteoireachta
- Go mbeidh deis ag an mac léinn cleachtadh a dhéanamh ar **thuairimí a roinnt** agus a **chosaint** agus ar **chomhairle a thabhairt**
- Go mbeidh an mac léinn in ann **alt a scríobh** ar na dúshláin a bhaineann leis an múinteoireacht agus comhairle a thabhairt ar an gcaoi le dul i ngleic leo sin



Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an t-ullmhúchán atá le déanamh agat **roimh an gceardlann** (cleachtaí A&B).

A. Stór focal

Beidh sibh ag éisteacht ar ball le Sailí Ní Dhroighneáin ag caint faoi na dúshláin a bhaineann leis an múinteoireacht mheánscoile. Sula n-éistfidh sibh, déanaigí iarracht Gaeilge a chur ar na focail agus frásaí seo a leanas a bheidh sa chloisteáil sa mhír.

- | | |
|-------------------------------------|--------------------------------|
| 1. multi-talented | 10. control |
| 2. detective | 11. counsellor |
| 3. curriculum | 12. classroom management |
| 4. you have to pretend ... | 13. cheerful |
| 5. you have to have energy | 14. understanding |
| 6. disadvantaged | 15. on the lookout/alert |
| 7. people on the edge | 16. watching out |
| 8. bullying | 17. able to depend on you |
| 9. There are many types of bullying | 18. comfortable talking to you |

B. Mír éisteachta

Éist leis an mír anois agus **déan do mhachnamh** ar na ceistanna thíos. Beidh na ceistanna le freagairt i **Quiz 2** ar Moodle.

- (1) Cén cineál aisteoireachta a bhíonn ar siúl ag múinteoirí, dar le Sailí?
- (2) Cén cineál fadhbanna pearsanta a bhíonn ag daltaí meánscoile uaireanta, dar le Sailí?
- (3) Cén fáth a gcaithfidh múinteoirí bheith ‘ar an airdeall’, dar léi?
- (4) Cén chaoi a ndúirt Sailí na focail seo a leanas: ‘dúshlán’, ‘caithfidh’ agus ‘chomh maith’. Éist le tús na míre arís murar cuimhin leat. Cén difear atá idir an ‘sh’ sa Bhéarla agus ‘sh’ sa Ghaeilge?

Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 3: Dréacht 1 le cur isteach. Tasc 2 le tabhairt ar ais.

A. Réamhphlé

1. An mbeadh spéis agat féin bheith i do mhúinteoir? Cén fáth?
2. Cé na dúshláin éagsúla a shamhlaíonn tú leis an múinteoireacht sna comhthéacsanna seo a leanas:
 - b) An bhunscoil:

- c) An mheánscoil:

- d) An ollscoil:

B. Dúshláin na múinteoireachta: Plé

Ba cheart an plé seo a dhéanamh i ngrúpaí/i mbeirteanna agus mar rang ansin.

Is múinteoir Gaeilge í Síle. Tá rang Ardteiste aici i mbliana agus tá cúpla dalta (Liam agus Tomás) atá an-achrannach. Níl mórán spéise acu san fhoghlaim agus níl tuismitheoirí na ndaltaí eile sásta toisc go gcuireann siad isteach ar an rang — bíonn siad ag pleidhcíocht sna ranganna agus ní éiríonn le Síle díriú i gceart ar na daltaí eile dá bharr sin. Bhí sí i dteagmháil le tuismitheoirí na ndaltaí achrannacha ach níor bhuaíl siad isteach chuici. Luaigh siad, áfach, nach raibh siad sásta gur theip ar Liam agus ar Thomás sa bhréagscrúdú Gaeilge agus gur cheart do Shíle níos mó nótaí a thabhairt sa rang. Dúirt siad nach raibh na deacrachtaí seo acu anuraidh, nuair a bhí an múinteoir Gaeilge eile acu, ach tá a fhios ag Síle gur theip orthu i gcúpla scrúdú an bhliain seo caite freisin agus go bhfuil cúpla múinteoir eile sa scoil nach bhfuil sásta leo.

1. Céard ba cheart do Shíle a dhéanamh? Céard a dhéanfá féin sa chás seo?
2. Céard a dhéanfá, dá mbeadh cúpla dalta ag pleidhcíocht agus ag cur isteach ar an rang i gcónaí?
3. An dóigh leat go dtarlaíonn an cineál seo ruda go minic na laethanta seo?
4. An bhfuil dúshláin bhreise ag baint le post an mhúinteora anois nach raibh ann seasca nó seachtó bliain ó shin, nó a mhalairt? Déan comparáid idir na dúshláin a bhaineadh leis an bpost fadó, agus na dúshláin a bhaineann leis sa lá atá inniu ann.

C. Dúshláin na múinteoireachta: Scríbhneoireacht

Rinneadh suirbhé le déanaí le léargas a fháil ar thuairimí múinteoirí bunscoile ar na dúshláin is mó a bhaineann leis an múinteoireacht. Scríobh alt d'irisleabhar Chumann Múinteoirí Éireann ina bpléifidh tú príomhthorthaí an tsuirbhé agus moltaí maidir le cén chaoi le dul i ngleic leis na dúshláin sin.

Sula dtosaíonn sibh ar an scríobh, déanaigí machnamh ar na pointí seo thíos:

- Céard é an sprioclucht léitheoireachta ar a bhfuil sibh ag díriú? Cén chaoi ar féidir a chinntiú go bhfuil an t-alt feiliúnach don sprioclucht sin?
- Céard iad na pointí ba mhaith libh a lua san alt?
- Céard é an stór focal a bheidh ag teastáil? Breacaigí síos roinnt samplaí.

Breacaigí síos roinnt nótaí anseo sula dtosaíonn sibh ar an scríobh:

D. Cúrsaí foghraíochta: Ag cur plean ceachta le chéile

Mar chuid den M[h]áistir Gairmiúil san Oideachas bíonn ar mhúinteoirí faoi oiliúint pleananna ceachta a chur le chéile agus iad sin a mhúineadh agus iad ag déanamh taithí oibre. Scil an-tábhachtach is ea seo do mhúinteoirí. Cuir i gcás go bhfuil tú féin sa dara bliain den MGO faoi láthair agus go bhfuil cara leat sa chéad bhliain. Tá roinnt mhaith taithí agatsa anois ar cheachtanna a chur le chéile ach tá do chara an-bhuartha agus d'iarr sí ort súil a chaitheamh ar an mbileog oibre a réitigh sí don chéad bhliain le cinntiú go bhfuil sé ceart go leor.

Seo thíos an bhileog oibre. Déan an ceacht (is féidir é a dhéanamh i mbeirteanna) agus déan do mhachnamh ansin ar na pointí seo thíos:

- An bhfuil an ceacht seo feiliúnach do dhaltaí na chéad bhliana?
- Céard a cheapann tú faoi sprioc foghlama an cheachta? An bhfuil sé soiléir?
- An dóigh leat go mbainfeadh daltaí meánscoile sult as an gceacht?
- Ar chabhraigh an ceacht seo leat na rialacha foghraíochta a fhoghlaim?
- Céard iad buanna/laigí an cheachta?
- An bhfuil moladh ar bith agat maidir le cén chaoi ar féidir an ceacht a fheabhsú? (m.sh. íomhánna, mír físe, níos mó idirghníomhaíochta). Míneigh do fhreagra.

Bileog Oibre

Topaic	An síneadh fada, an 's' caol, an 's' leathan agus 'sh' na Gaeilge										
Réamhphlé:											
Déanaigí na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice libh.											
(1) Cén tábhacht a bhaineann le tuiscint a bheith agat ar fhuaimneanna na Gaeilge? (2) Céard iad na rialacha maidir le fuaimneanna na Gaeilge atá ar eolas agaibh? (3) Céard é an tábhacht a bhaineann leis an síneadh fada a chur san áit cheart?											
Léigí amach na habairtí seo. An gcloiseann sibh difríocht eatarthu? Céard é an difríocht idir na habairtí seo? Cén chiall a bhaineann leo?											
Táimid ar fad ag ithe caca	Táimid ar fad ag ithe cáca										
Bhí an aimsir go deas agus luigh mé ar an bhfear.	Bhí an aimsir go deas agus luigh mé ar an bhféar.										
Táim ag súil le páiste	Táim ag siúl le páiste										
Níl i gceist ach difríocht an-bheag ar fad – síneadh fada nó litir amháin sa bhreis – ach athraíonn brí na habairte go hiomlán!											
Gníomhaíocht 1: An síneadh fada (gutaí fada v. gutaí gairide)											
Léigí amach na focail seo thíos. Céard é an difríocht eatarthu? An dtugann sibh aon rud faoi deara?											
<table border="1" style="margin: auto;"> <tr><td>ait</td><td>áit</td></tr> <tr><td>beir</td><td>béarfaidh</td></tr> <tr><td>briste</td><td>bríste</td></tr> <tr><td>seo</td><td>seó</td></tr> <tr><td>tur</td><td>túr</td></tr> </table>	ait	áit	beir	béarfaidh	briste	bríste	seo	seó	tur	túr	
ait	áit										
beir	béarfaidh										
briste	bríste										
seo	seó										
tur	túr										
Gníomhaíocht 2: 's' caol, 's' leathan & 'sh' na Gaeilge											
Léigí na focail seo amach. An dtugann sibh aon difríocht faoi deara?											
<table border="1" style="margin: auto;"> <tr><td>Sean</td><td>Stádas</td></tr> <tr><td>Siúcra</td><td>Scéim</td></tr> <tr><td>Sailí</td><td>Seirbhísí</td></tr> <tr><td>Dúshlán</td><td>Mo sheomra</td></tr> </table>	Sean	Stádas	Siúcra	Scéim	Sailí	Seirbhísí	Dúshlán	Mo sheomra			
Sean	Stádas										
Siúcra	Scéim										
Sailí	Seirbhísí										
Dúshlán	Mo sheomra										
An raibh cúpla 's' éagsúil le cloisteáil ansin? Céard iad?											
Cén chaoi a bhfuaimnítear 's' caol? Cén chaoi a bhfuaimnítear 's' leathan? Cén chaoi a bhfuaimnítear 'sh' na Gaeilge?											
Léigí arís na focail agus breacaigí síos an 's' caol, 's' leathan nó 'sh' atá i gceist.											

Plean staidéir don tseachtain

Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ar mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Téipscript

Cé na dúshláin is mó a bhaineann leis an múinteoireacht mheánscoile, dar leat.

Tá go leor dúshlán ag baint leis an bpost. Caithfidh tú bheith go hiomlán **ildánach**, i ndáiríre. Caithfidh tú bheith i d'aisteoir, caithfidh tú **smacht** a chur i bhfeidhm, caithfidh tú bheith i do **bhleachtair** uaireanta, agus i do **chomhairleoir** chomh maith, agus ansin, **an curaclam** a mhúineadh. Mar sin, tá go leor i gceist.

Luaigh tú an aisteoireacht ansin. Céard atá i gceist agat leis sin?

Ó thaobh cúrsa aisteoireachta, caithfidh tú a bheith i d'aisteoir nuair atá tú istigh sa seomra ranga nuair atá tú ag múineadh freisin. Ó thaobh **bainistíocht ranga** de. Tá tú ag iarraidh smacht eicint a bheith agat ar an rang agus **caithfidh tú ligean ort féin** uaireanta go bhfuil tú níos déine ná mar atá, le cineál, an bhainistíocht ranga sin a bheith i gceart agat. Agus freisin, caithfidh tú a bheith **gealgháireach**. **Caithfidh tú fuinneamh a bheith agat**. So bíonn go leor aisteoireachta i gceist. Sin cinnte.

An bhfuil mórán fadhbanna feicthe agatsa i measc na ndaltaí ar scoil?

Cinnte, caithfidh tú bheith **tuisceanach** freisin. Ní fhéadfadh tú a bheith dian an t-am ar fad. Chonaic mé féin go minic go mbíodh **fadhbanna pearsanta** ag na mic léinn, mar shampla, go mbíodh go leor leor freagrachtaí orthu sa mbaile, nó deacrachtaí sóisialta sa mbaile, iad **faoi mhíbhuntáiste** nó rud eicint mar sin, so caithfidh tú bheith tuisceanach faoi sin freisin, go mbíonn go leor leor dualgaisí agus freagrachtaí ar chuid de na mic léinn. B'fhéidir go bhfuil siad ag tabhairt aire dá gcuid deartháireacha, dá gcuid deirfiúracha. Níl a fhios agat, i ndáiríre, céard a bhíonn ag tarlú sa mbaile leis na daltaí seo. So caithfidh tú bheith cúramach faoi sin freisin.

Mar mhúinteoir, **caithfidh tú bheith ar an airdeall** i gcónaí. Caithfidh tú déanamh cinnte nach bhfuil **daoine ar an imeall, daoine leochaileacha**, b'fhéidir, a bhfuil **tromaíocht** nó **bulaíocht** á ndéanamh orthu, agus tá sé níos deacra na laethanta seo é sin a fheiceáil, mar d'fhéadfadh sé bheith ag tarlú ar an bhfón póca, ar líne, rudaí mar sin, so caithfidh tú a bheith i gcónaí **ag faire amach** do dhuine, b'fhéidir, atá fágtha amuigh agus gan aon duine ag caint leo. **Is iomaí cineál bulaíochta atá ann**. Ní gá go mbeadh sé chomh soiléir sin an t-am ar fad, so caithfidh tú bheith ar an airdeall mar mhúinteoir agus caithfidh siad bheith **in ann brath ort**, freisin, agus a bheith **compordach i mbun cainte leat** chomh maith.

Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an t-ullmhúchán atá le déanamh agat **roimh an gceardlann** (cleachtaí A&B).

A. Stór focal

Cén Ghaeilge atá ar na fráasaí seo? Déan **Quiz 1** ar Moodle nuair atá siad aimsithe agat.

- | | |
|---|--|
| 1. Graduate student | 11. Getting used to |
| 2. I descended | 12. I think it's an advantage |
| 3. Luckily/ fortunately | 13. The class is getting on great |
| 4. They heard it was the first time for me to use chopsticks. | 14. Boasting about it |
| 5. That ancient art | 15. Digital era |
| 6. There were hardly enough seats for everyone | 16. That's the case/ That's how it is. |
| 7. Language impediment | 17. Cash |
| 8. Coming east | 18. You'd know it's Christmas |
| 9. Hand signs | 19. The cold's not the worst thing |
| 10. Expressions of uncertainty | 20. Air pollution |
| | 21. Smog |
| | 22. Pollution forecast |

B. Léamhthuiscint

Anseo thíos, tá trí shliocht ó bhlag a scríobh iarmhac léinn Gaeilge de chuid Ollscoil Mhá Nuad, Hannah Rice, agus í ag múineadh Gaeilge i mBéising. Léigh na sleachta thíos agus freagair na ceisteanna i **Quiz 2** ar Moodle ansin.

Ceisteanna

- (1) Cén rud a chuir iontas ar na Síneigh ar an gcéad lá do Hannah a bheith i mBéising?
- (2) Cé mhéad duine a bhíonn ag freastal ar rang Hannah?
- (3) Cad a úsáideann Hannah le cumarsáid a dhéanamh?
- (4) Dúirt Hannah gur buntáiste é go bhfuil sí díreach ag tabhairt faoin tSínis a fhoghlaim anois. Cén fáth?
- (5) Conas a chabhraigh na mic léinn léi go dtí seo?
- (6) Cén rud a raibh sí ag déanamh gaisce as?
- (7) Cén fáth nach n-úsáidtear airgead tirim mórán sa tSín?
- (8) Cén buntáiste a bhaineann leis an gcóras íocaíochta atá acu?

Síneach Scéalach, le Hannah Rice

Níhào ó Bhéising na Síne!

13 Deireadh Fómhair 2017

Is mise Hannah, iarchéimí Gaeilge de chuid Ollscoil Mhá Nuad, agus tá mé anseo i gcathair Bhéising i mbliana ag múineadh Gaeilge agus stair na hÉireann in BFSU. Le linn na bliana, bígí ag súil le scéalta rialta uaim ar mo thaithí anseo agus mé ag dul i ngleic le saol, cultúr agus teanga iomlán nua.

Thuirling mé ar Bhéising ag tús mhí Mheán Fómhair agus ní dóigh liom gur thuig mé i gceart céard a bhí á dhéanamh agam go dtí gur aistrigh mé €50 go RMB san aerfort. Bhí an oiread eagla orm roimh an aistear deich n-uair an chloig tríd an spéir, nár thug mé faoi deara go raibh mé ag dul chuig an taobh eile den domhan. Ar an dea-uair, bhí beirt mhac léinn san aerfort le fáilte a chur romham agus mé a thabhairt chuig an ollscoil. Bhí an-ionadh orthu ag am lóin nuair a chuala siad gurbh é sin an chéad uair dom cipíní itheacháin a úsáid. Ní raibh an dara rogha agam ach an cheird ársa sin a fhoghlaim go gasta mar ní raibh tada ite agam ó d'fhág mé aerfort Helsinki.

An Luan dár gcionn thosaigh mé ar na ranganna a mhúineadh. Maireann rang dhá uair a chloig agus nuair a shíúil mé isteach bhí seisear ann romham. “Go breá!”, a cheap mé dom féin. Bhí mé díreach i ndiaidh tús a chur leis an dara leath den rang nuair a tháinig cailín isteach déanach. “Tá tú ceart”, a dúirt mé léi, agus mhínigh mé di céard a bhí á dhéanamh againn roimhe sin. An chéad rud eile, tháinig thart ar tríocha duine isteach ina diaidh. Is ar éigean a bhí dóthain suíochán ann d’achan duine acu!

Cúig seachtaine níos déanaí agus fós, tagann idir 30 agus 35 duine gach seachtain – fiú daoine nach bhfuil cláraithe don rang go hoifigiúil! Tá níos mó Gaeilge acusan faoin tráth seo ná mar atá Sínis agamsa, agus tá neart scéalta agam faoin bhac teanga, ach sábhfaidh mé iad sin do na seachtainí ciúine. Ní dóigh liom go mbeidh an oiread acu sin agam, áfach! Slán go fóill!



Bacainn Teanga nó Buntáiste?

23 Deireadh Fómhair 2017

Mar a dúirt mé san eagrán deireanach, ní raibh Sínis dá laghad agam agus mé ag teacht aniar, ach amháin 你好* (Dia duit) agus 谢谢 (go raibh maith agat). Níl mórán feabhais tagtha ar mo chumas labhartha ó shin, caithfidh mé a admháil. Is iad comharthaí láimhe agus dreacha éiginnte na meáin chumarsáide is mó a bhíonn in úsáid agam, ach tá mé ag dul i dtraithí ar na fuaimneanna éagsúla, de réir a chéile.

Sílim gur buntáiste é dom nach bhfuil mé ach ag tabhairt faoin tSínis anois agus mé ag teagasc na Gaeilge do ghlantosaítheoirí. Tá muid uilig ag foghlaim ag an am céanna agus tuigim na deacrachtaí a bhíonn acu le focail nua a shealbhú. Tá ag éirí go hiontach leis an rang sna ceachtanna, agus cé nach bhfuil mé féin ach ag baint úsáide as aip leis an tSínis a fhoghlaim faoi láthair, spreagann a ndíograis mé iarracht níos fearr a dhéanamh léi.

Is beag Béarla a fhaightear taobh amuigh den ollscoil ach sílim go gcuireann sé seo go mór leis an aistear. Chuidigh na mic léinn liom rudaí ginearálta a dhéanamh ag an tús, cuntas bainc a oscailt srl., agus bíonn siad i gcónaí breá sásta mé a tharrtháil nuair is gá. Den chuid is mó, áfach, déanaim mo sheacht ndícheall é sin a sheachaint. Tógann sé níos mó ama orm rudaí áirithe a dhéanamh ach anois tuigim an córas leabharlainne, agus is féidir liom an córas iompair faoi thalamh a láimhseáil gan stró. (An straitéis foghlama é seo nó ceandánacht? Cá bhfios!)


*D’fhoghlaim mé conas an Mhandairínis a chlósscríobh an tseachtain seo agus níor stop mé ag déanamh gaisce as - cé nach bhfuil ach dornán focal ar eolas agam.

An Daon-Phoblacht Dhigiteach

23 Samhain 2017

Deirtear go bhfuilimid ag maireachtáil sa ré dhigiteach faoi láthair agus nárbh fhéidir an saol a shamhlú gan na gutháin chliste, agus gan amhras ar bith, is amhlaidh atá sé anseo sa tSín. Tá mé anseo breis is dhá mhí anois agus ní cuimhin liom an uair dheireanach a d'úsáid mé airgead tirim – ná mo chárta bainc fiú!

Baintear úsáid as an aip 'WeChat' go forleathan anseo. Má tá aos óg na hÉireann gafa le leitheidí Whatsapp, Facebook, agus Snapchat, is é WeChat croílár shaol na Síneach. Is féidir teachtaireachtaí a sheoladh, grúpaí teagmhála a chruthú, agus trácht a dhéanamh ar do lá tríd an aip. Tá sé cosúil le Facebook agus Whatsapp ar bhealach, ach ní hé sin an rud is tábhachtaí faoi anseo. Tá feidhm aige a ligeann duit do chuntas bainc a cheangal leis an 'sparán' san aip. Mar sin, agus tú i siopa, is féidir leat cód QR áirithe a scanadh le do ghuthán agus ansin baintear an t-airgead díreach ón sparán digiteach. Bíonn an córas seo in úsáid go forleathan agus tá sé fíor-áisiúil d'fhir thacsaí agus do dhaoine a dhíolann a gcuid earraí ar an tsráid fiú!



Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 2: Dréacht 2 le cur isteach. Tasc 3: Dréacht 1 le tabhairt ar ais.

A. Réamhphlé

Is féidir na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga ar dtús agus mar rang ina dhiaidh sin.

- (1) Líon isteach an ghreille thíos agus déan achoimre ar na rialacha.
- (2) An bhfuil mórán taistil déanta agat go dtí seo? Inis don duine in aice leat faoi na háiteanna a raibh tú go dtí seo.
- (3) Cén áit is mó ar domhan ar mhaith leat cuairt a thabhairt uirthi? Cén fáth?
- (4) An bhfuil sé tábhachtach dul ag taisteal? Cén fáth?
- (5) An mbeadh spéis agat a bheith ag obair thar leat tar éis na céime? Cé na buntáistí agus míbhuntáistí a bhainfeadh leis?
- (6) Mínigh na difríochtaí foghraíochta/litrithe idir an dá fhocal seo: taisteal/ teastáil

	Bhí mé i/in/sa/san	Ba mhaith liom dul go/ go dtí ...
Meiriceá		
Meicsiceo		
Sasana		
Éire		
Albain		
Ceanada		
An Fhrainc		
An Ghréig		
An Ghearmáin		
An Phortaingéil		
An Pholainn		
An tSín		
An tSeapáin		
An Iodáil		
An Eilvéis		
An Ostair		
An Ungáir		
An Ísiltír		
An India		
An Afraic		
An Astráil		
An Spáinn		
An Danmhairg		
An Téalainn		

B. Obair ghrúpa: Cineálacha éagsúla taistil

Tá tú ag iarraidh beagáinín taistil a dhéanamh tar éis na céime. Faigheann tú bróisiúr ó ghníomhaire taistil le cúpla smaoinemh a fháil faoi na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh. Léigh an t-eolas seo ón mbróisiúr agus pléigh na ceisteanna thíos le do ghrúpa:

- (a) Cé na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhainfeadh le gach ceann de na roghanna thuas?
- (b) Cén cineál duine a n-oirfeadh gach ceann de na roghanna thíos dó, i do bharúil?
- (c) Cén ceann is mó a thaitneodh leatsa? Cén fáth?

<p>Obair dheonach i ndílleachtlan i Meiriceá Theas. Beidh tú ag obair le páistí ó leanaí nuashaolaithe go dtí 12 bhliain d'aois. Beidh tú ag obair 5 lá sa tseachtain. Ní bhfaighidh tú aon íocaíocht ach gheobhaidh tú lóistín agus trí bhéile sa lá saor in aisce. Beidh tú ag fanacht sa dílleachtlan le hoibríthe eile deonacha ó thíortha éagsúla ar fud an domhain. Mairfidh an tréimhse oibre idir 3 agus 6 mhí.</p>	<p>A bheith ag múineadh sa Mheán-Oirthear i scoil measartha mór i lár Dubai. Beidh ort daltaí a ullmhú do scrúduithe stáit. Cuirfear lóistín ar fáil duit ag an scoil agus ní bheidh aon bhillí le híoc. Íocfar tuarastal ard leat, saor ó cháin. Tá difríocht an-mhór chultúrtha idir an Eoraip agus an Meán-Oirthear, ar ndóigh, agus beidh ort meas a léiriú ar chultúr na háite. Má éiríonn go maith leat le linn na chéad bhliana, beidh rogha agat conradh eile bliana a fháil.</p>
<p>Turas bóthair i Meiriceá le beirt chairde. Gheobhaidh sibh carr ar cíós. Fúibh féin a bheidh sé cén áit a rachaidh sibh. Beidh sibh ag fanacht i móstáin ar an mbealach. Déanfaidh sibh an turas i rith an tsamhraidh agus beidh trí seachtaine agaibh leis an turas a dhéanamh.</p>	<p>Feidhlíocht leanaí thar lear: Bliain a chaitheamh sa Fhrainc nó sa Spáinn ag obair mar <i>au pair</i>. Beidh tú ag fanacht le teaghlach agus beidh an lóistín agus do chuid béilí saor in aisce. Beidh tú ag tabhairt aire do bheirt pháistí i rith an lae. Beidh tú saor ag na deirí seachtaine.</p>
<p>3-6 mhí ag 'Wwoofáil'. Beidh tú ag taisteal timpeall ag obair ar fheirmeacha orgánacha atá mar chuid den líonra WWOOF. Gheobhaidh tú lóistín agus bia saor in aisce agus casfaidh tú le go leor daoine ó áiteanna ar fud an domhain. Is féidir dul aon áit a bhfuil líonra WWOOF ann.</p>	<p>Ag obair i dteach tábhairne san Astráil ar feadh bliana. Beidh tú i do chónaí in árasán le cúigear Éireannach eile. Beidh sibh in aice na trá agus beidh sibh ábalta tonnmharcaíocht a dhéanamh go minic. Beidh an saol sóisialta go hiontach – cóisir gach oíche!</p>
<p>Idir-iarnródaíocht ar fud na hEorpa, le cara amháin eile ón ollscoil, i rith an tsamhraidh. Beidh 4 seachtaine taistil agaibh agus is féidir a bheith ag taisteal timpeall leis na málaí droma ar an traein. Is féidir libh fanacht i brúnna óige nó a bheith ag <i>couchsurfáil</i> (.i. fanacht i dtithe nó ar thoilg daoine áitiúla i ngach ceantar a rachaidh sibh chuige.)</p>	<p>Trí mhí san India ag déanamh cúrsa Ióga in ionad spioradálta. Fanfaidh tú i mbotháin bheaga in aice na farráige agus déanfaidh tú ióga ar an trá chuile lá. Beidh do chuid béilí (bia orgánach veigeatórach) san áireamh. Beidh tú in ann ceardlanna breise a dhéanamh ar leigheas traidisiúnta na hIndia agus ar fhealsúnacht an Oirthir agus beidh deis agat turais sléibhteoireachta a dhéanamh sna Himiléithe.</p>

C. Stór focal

An cuimhin leat na focail seo a leanas, gan féachaint siar ar na téacsanna?

- | | |
|--------------------------------|------------------------|
| 1. Voluntary work | 10. Middle East |
| 2. Orphanage | 11. Inter-railing |
| 3. Motel | 12. Year-long contract |
| 4. Organic farm | 13. Vegetarian food |
| 5. Surfing | 14. Tax free salary |
| 6. Eastern philosophy | 15. Little huts |
| 7. Yoga | 16. Youth hostel(s) |
| 8. Traditional Indian medicine | 17. All over Europe |
| 9. Mountain-climbing | 18. Child-minding |

D. Gramadach: An clásal coibhneasta

Féach ar na habairtí seo a leanas agus abair cén fhoirm den bhriathar atá ceart agus cén fáth. Ansin cuirigí na ceisteanna sin ar a chéile.

1. Cén áit a chuaigh/ a ndeachaigh tú ar saoire anuraidh?
2. Cén áit a d'fhan/ar fhan tú?
3. Cé leis a chuaigh / a ndeachaigh tú ar saoire?
4. Cén áit ba mhó a thaitin/ ar thaitin leat go dtí seo? (*Bí cúramach!)
5. Cén áit ba mhó a thaitin/ ar thaitin an bia leat?
6. Cén áit ba mhó ba/ ar mhaith leat dul?
7. Cén cineál taistil a thaitneodh/ a dtaitneodh leat?
8. Cén cineál duine ba/ar mhaith leat dul ag taisteal leis?
9. Cén cineál duine a thaitneodh/ a dtaitneodh *couchsurfing* leis?

E. Scríbhneoireacht

Tá tú féin agus cara leat ag iarraidh obair dheonadh a dhéanamh thar lear le chéile an samhradh seo. Scríobh litir iarratais chuig bainisteoir na dílleachtlainne a luaitear sa bhróisiúr taistil i gCuid C thuas ag léiriú suime obair dheonach a dhéanamh agus ag míniú cén fáth a mbeadh sibh oiriúnach don chineál sin oibre.

Déanaigí machnamh ar na pointí seo thíos sula dtosaíonn sibh ag scríobh:

- Cé air a bhfuil an litir dírithe? Cén cineál teanga ba cheart a úsáid?
- Céard ba mhaith libh a lua sa litir? Taithí, cáilíochtaí, oideachas srl.
- Cén stór focal a theastóidh uaibh? Breacaigí síos roinnt samplaí agus cuardaigí sna foclóirí ar líne aon fhocal nach bhfuil agaibh.

Plean staidéir don tseachtain

Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ar mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Obair na ceardlainne

Baineann solúbthacht áirithe leis na cleachtaí a ghabhann le gach ceardlann agus faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 4 le plé.

A. Dul chun cinn ó thaobh na Gaeilge

Sula dtosaíonn sibh ar obair an tseimeastair seo, is fiú roinnt machnaimh a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinne sibh an seimeastar seo caite agus ar na buanna/laigí a bhí agaibh féin. I mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, déanaigí plé ar na ceisteanna seo agus ansin líonaigí an tábla thíos.

- (1) Céard a cheapaim faoin tríú bliain go dtí seo?
- (2) Céard iad na spriocanna a bhí agam an seimeastar seo caite? Ar éirigh liom iad a bhaint amach? Céard iad na rudaí a rinne mé leis na spriocanna a bhaint amach?
- (3) Céard iad na deacrachtaí/laigí a bhí agam an seimeastar seo caite? Cén chaoi ar mhaith liom dul i ngleic leo an seimeastar seo?
- (4) Céard iad na buanna a bhí agam an seimeastar seo caite?
- (5) Céard iad na rudaí a bhí deacair an seimeastar seo caite?

	Deacrachtaí a bhí agam	Buanna a bhí agam
Cúrsaí gramadaí	<ul style="list-style-type: none">▪▪▪	<ul style="list-style-type: none">▪▪▪
Labhairt na Gaeilge	<ul style="list-style-type: none">▪▪▪	<ul style="list-style-type: none">▪▪▪
Scríobh na Gaeilge	<ul style="list-style-type: none">▪▪▪	<ul style="list-style-type: none">▪▪▪
Léamh na Gaeilge	<ul style="list-style-type: none">▪▪▪	<ul style="list-style-type: none">▪▪▪
Scileanna cluastuisceana	<ul style="list-style-type: none">▪▪▪	<ul style="list-style-type: none">▪▪▪

B. Féinmheasúnú ar do chuid scileanna

Breathnaigh anois ar spriocanna foghlama na bliana seo i gCuid 3 thuas – táthar ag súil go mbainfidh tú na spriocanna sin amach roimh dheireadh na bliana. Déan féinmheasúnú ar na scileanna atá agat faoi láthair agus tabhair marc ó 1-5 duit féin ar gach inniúlacht a luaitear sa tábla. Déan comparáid anois idir na marcanna a bhronn tú ort féin anois agus na marcanna a bhronn tú ort féin ag tús an tríú bliain – an bhfuil difríocht le feiceáil? Céard iad na rudaí ar cheart duit díriú orthu an seimeastar seo?

Marc	Cur síos	Míniú	
		<i>Eolas ar phointe gramadaí</i>	<i>Ráiteas maidir le cumas teanga</i>
1	An-lag	Níl tuiscint/ eolas agam ar an bpointe gramadaí seo	Easaontaím go láidir
2	Lag	Ní thuigim an pointe gramadaí seo ach bhí a fhios agam gur ann dó	Easaontaím
3	Measartha	Tá eolas agam ar an bpointe gramadaí seo ach is minic nach féidir liom an t-eolas sin a chur i bhfeidhm agus mé ag tabhairt faoi thasc	Níl a fhios agam
4	Go maith	Tuigim an pointe gramadaí seo agus ní bhíonn mórán deacrachtaí agam leis den chuid is mó	Aontaím
5	An-mhaith	Tuigim an pointe gramadaí seo, ní dhéanaim botúin a bhaineann leis an bpointe seo agus bheinn breá ábalta é a mhíniú do dhuine eile	Aontaím go láidir

C. Spriocanna foghlama

Bunaithe ar an bhféinmheasúnú atá déanta agat do chuid buanna/laiigí agus ar an dul chun cinn a rinne tú an seimeastar seo caite, leag síos spriocanna duit féin don seimeastar seo (spriocanna maidir le cúrsaí gramadaí, scileanna teanga, scileanna eile srl.) agus sonraigh an chaoi a mbainfidh tú na spriocanna sin amach.

Déan cinnte go gcuireann tú san áireamh na pointí seo thíos:

- Cén chaoi a ndéanann tú staidéar de ghnáth?
- Céard iad na deacrachtaí/ láidreachtaí a bhí agat an seimeastar seo caite?
- Céard air ar mhaith leat díriú an seimeastar seo?
- Céard iad na bealaí is fearr leis na scileanna éagsúla (scileanna éisteachta, labhartha, scríofa, léamhthuisceana) a fhorbairt? M.sh. éisteacht le podchraoltaí, cleachtadh cainte a dhéanamh le cara, leabhar nótaí a choinneáil don stór focal)
- Céard iad na hacmhainní is féidir a úsáid? (Tá liosta ar fáil ar leathanach 6)

NB: Bí cúramach gan spriocanna atá **róleathan** (m.sh. *ba mhaith liom feabhas a chur ar mo chuid gramadaí*) nó spriocanna **nach bhfuil réadúil** (m.sh. *ba mhaith liom a bheith chomh líofa le cainteoir dúchais*) a leag síos duit féin.

Céard iad na spriocanna atá agam don seimeastar seo?	
Sprioc	Céard a dhéanfaidh mé leis an sprioc a bhaint amach?

D. An nuacht: Réamhphlé

Moltar na ceisteanna seo a phlé i ngrúpaí/i mbeirteanna ar dtús agus iad a phlé leis an rang ina dhiaidh sin.

- (a) An bhfuil mórán spéise agat i gcúrsaí reatha?
- (b) Céard iad na foinsí nuachta a úsáideann tú? (an nuacht ar an teilifís, páipéir nuachta, na meáin shóisialta, an raidió srl.)
- (c) Céard iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na meáin shóisialta (Twitter, Facebook, Instagram srl.) mar fhoinsí nuachta?
- (d) Cén chaoi ar féidir foinse nuachta iontaofa nó neamhiontaofa a aithint?
- (e) Céard is nuacht bhréagach ann?
- (f) Cén chaoi ar féidir nuacht bhréagach a aithint?
- (g) Céard é an baol a bhaineann leis an nuacht bhréagach?
- (h) An bhfuil aon eolas agat ar an mbolgán scagtha ('filter bubble')?

E. Cineálacha éagsúla nuachta

Moltar na ceisteanna seo a phlé i ngrúpaí/i mbeirteanna ar dtús agus iad a phlé leis an rang ina dhiaidh sin.

Cineálacha éagsúla nuachta

Féach ar an liosta thíos de chineálacha éagsúla nuachta.

Cén cineál scéalta nuachta is mó agus is lú a gcuireann tú féin/ mic léinn ollscoile spéis iontu?

Cén fáth a bhfuil sé sin amhlaidh?

- Nuacht áitiúil/ náisiúnta/ idirnáisiúnta
- Cúrsaí polaitíochta
- Cúrsaí eacnamaíochta, gnó agus airgeadais
- Cúrsaí coiriúlachta
- Réamhaisnéis na haimsire
- Cúrsaí timpeallachta /comhshaoil /aeráide
- Scéalta spóirt
- Nuacht siamsaíochta
- Béadán (faoi na ceiliúráin)
- Nuacht aoire (m.sh. *Waterford Whispers*)
- Cúrsaí oideachais
- Cúrsaí oibre agus fostaíochta (folúntais)
- Cúrsaí eolaíochta agus teicneolaíochta
- Cúrsaí bia agus cócaireachta (oidis, eolas faoi aistí bia)
- Cúrsaí faisin agus stíle
- Cúrsaí sláinte
- Cúrsaí taistil

Foinsí éagsúla nuachta

Féachai gí ar na foinsí nuachta thíos. Cén sórt scéalta a gcuirtear béim orthu i ngach ceann acu? An bhfuil aon difríocht eatarthu maidir le cineál agus caighdeán na nuachta, nó stíl/réim na teanga atá le fáil iontu? Cén fáth a bhfuil na difríochtaí sin ann?



Cá bhfaigheann tú féin scéalta nuachta? Conas a chuirfeá síos ar na foinsí nuachta a úsáideann tú féin, ó thaobh chineál agus chaighdeán na nuachta de?

F. Ceannlínte nuachta

Féachai gí ar gach ceann de na ceannlínte seo thíos agus abraigí:

- An 'nuacht' atá i gceist leo? Mínigh do fhreagra.
 - Cén sórt foinse nuachta nó sprioclucht léitheoireachta a mbeidís oiriúnach dóibh?
- Aaron Brady ciontaithe i ndúnmharú an bhleachtaire-Garda Adrian Donohoe
 - Diúltaithe d'achomharc pinsinéara a leag buama ar bhus le linn chuairt stáit Bhanrion Shasana
 - An bhfuil tú ag glanadh do chuid fiacra i gceart?
 - 'Strus' ar 80% de lucht earnáil na Gaeilge de bharr an bhrú a bhaineann le cuma na hoibre a chur ort féin
 - Na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le fón póca a bheith agat
 - Glanlaghdú 481 post i gcomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in 2020
 - Laghdú eile déanta ar an maoiniú a chuireann RTÉ ar fáil do sheirbhís nuachta TG4
 - Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais faoi theip an chórais Eircode i dtaobh logainmneacha Gaeltachta
 - Tá Taylor Swift singil arís – an é go bhfuil rud éigin mícheart léi?
 - Tá Biden ag dul go dtí an phictiúrlann fad is go bhfuil na milliúin ag fulaingt de bharr Covid-19

Anois déan liosta de na tréithe a bhaineann le hábhar maith 'nuachta'.

<ul style="list-style-type: none">••••••••

Plean staidéir don tseachtain


Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ba mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Ceardlann 12 – Cúrsaí polaitíochta

Baineann an ceardlann seo le cúrsaí polaitíochta. Faoi dheireadh an cheachta, táthar ag súil go mbeidh:

- Go mbeidh **stór focal** a bhaineann le cúrsaí polaitíochta foghlamtha ag an mac léinn (tá liosta stór focal ar fáil ag deireadh an leabhráin)
- Go mbeidh deis ag an mac léinn **plé ginearálta** a dhéanamh i nGaeilge ar chúrsaí polaitíochta agus ar a chuid tuairimí féin maidir le scéalta polaitíochta
- Go mbeidh an mac léinn in ann tuairiscí nuachta a **bhaineann le cúrsaí polaitíochta** a thuiscint



Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an obair atá le déanamh roimh an gceardlann.

A. Stór focal

Baineann an stór focal seo le mír éisteachta na seachtaine seo. Aistrígí na focail seo agus déanaigí **Quiz 1** ar Moodle ansin.

1. relief organisations
2. the refugee crisis
3. ¼ of the population
4. poverty is rife
5. under the militants' control
6. demand
7. the means/resources
8. crippling blow
9. to expel refugees
10. terror

B. Mír éisteachta

Éistígí leis an mír ó 2019 maidir le teifigh i mBéiriút atá ar fáil ar Moodle agus déanaigí na ceisteanna seo a fhreagairt i **Quiz 2** ansin.

- (1) Cén t-eolas a thugtar dúinn faoin gceantar Shatila?
- (2) Cén fáth a bhfuil Elham Dahdah sa Liobáin?
- (3) Cé mhéad teifeach a tháinig go dtí an Liobáin ón tSiria ón mbliain 2011 i leith?
- (4) Cén dá pholasáí polaitíochta atá ag cur brú ar iarrachtaí fóirithinte?

Cuid 2 – Obair na Ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne.

NB: Tasc 4 le cur isteach.

A. Réamhphlé

Moltar na ceisteanna seo a phlé **i ngrúpaí/i mbeirteanna ar dtús** agus leis an rang ina dhiaidh sin. Moltar do na mic léinn iarracht a dhéanamh úsáid a bhaint as an **stór focal nua**.

- (1) An bhfuil mórán spéise agat i gcúrsaí polaitíochta?
- (2) An bhfuil sé tábhachtach, dar leat, spéis a léiriú i gcúrsaí polaitíochta?
- (3) Cá háit, dar leat, ar féidir eolas iontaofa maidir le cúrsaí polaitíochta a fháil?
- (4) Níl an Bhreatain san Aontas Eorpach níos mó – an bhfuil tionchar aige sin ortsa? (siopadóireacht ar líne, cúrsaí oideachais, laethanta saoire srl.)
- (5) An gceapann tú go bhfuil an cinneadh ceart déanta acu? Cén fáth?
- (6) Céard iad na buntáistí/míbhuntáistí a bhaineann leis an Aontas Eorpach?
- (7) Céard atá i gceist le géarchéim na dteifeach? An gceapann tú gur cheart teifigh a ligean isteach sa tír? An bhfuil mórán eolais agat ar na hionaid soláthair dhírigh?
- (8) Cén réiteach atá ar cheist na dteifeach ar fud an domhain, dar leat?

B. Díospóireacht

Cuirfidh an teagascóir **i ngrúpaí** sibh anois agus beidh ar gach grúpa **plé a dhéanamh** ar cheann de na ráitis thíos (ba cheart go mbeadh grúpa ann atá ar son an ráitis agus grúpa atá i gcoinne an ráitis). Beidh cúpla **díospóireacht bheag** sa rang ansin, bunaithe ar na pointí atá curtha le chéile ag na grúpaí.

Ráitis:

‘Ba cheart d’Éirinn an tAontas Eorpach a fhágáil freisin.’

‘Níl spéis ag daoine óga an lae inniu i gcúrsaí polaitíochta’

‘Ba cheart cúrsaí polaitíochta a phlé sa bhunscoil’

Frásaí úsáideacha:

Bhuel, táimse go hiomlán i gcoinne an ráitis seo.
Ní aontaím leis an méid sin, caithfidh mé a rá.
Níl mórán céille ag baint leis an ráiteas seo i mo thuairimse.
Ní dóigh liom gur smaoineamh maith é sin.
Aontaím go huile agus go hiomlán leis an méid a dúirt X.
Measaim gur dea-smaoineamh a bheadh ann X a dhéanamh.
Is pointe an-suimiúil é sin.

Nótaí:

C. Clár raidió

Tá *Cormac ag a Cúig*, Raidió na Gaeltachta, ag teacht go Má Nuad chun clár speisialta a dhéanamh ar **dhéarcadh na mac léinn ar fhadhbanna sóisialta** agus ar cheisteanna eile conspóideacha. Seo iad na daoine a bheidh páirteach sa chlár:

Duine A: Cormac Ó hEadhra, láithreoir an chlár *Cormac ag a Cúig* ar RnaG

- Léifidh tú na ráitis thíos agus iarrfaidh tú ar na haíonna a gcuid tuairimí a thabhairt orthu.
- Cuirfidh tú ceisteanna breise orthu más gá, chun an comhrá a choinneáil ag imeacht.

Duine B: Sorcha Ní Fhaoláin, mac léinn sa tríú bliain de chéim sa tsocheolaíocht

- Is feimineach láidir tú agus tá tú i d'uachtarán ar an gCumann Mórtais san ollscoil.
- Creideann tú go láidir sa chomhionannas agus sa sóisialachas.

Duine C: Clár Ní Loinsigh, mac léinn sa dara bliain de chéim sa Ghaeilge

- Measann tú nár cheart do mhná a bheith ag obair go lánaimseartha
- Creideann tú go bhfuil fir atá dífhostaithe leisciúil
- Tá tú sách coimeádach

Duine D: Tomás Ó Neachtain, mac léinn aibí

- Is duine coimeádach go leor tú agus, barr air sin, níl tú róshásta le líon na n-imirceach sa tír
- Is tiarna talún tú agus ní dóigh leat go bhfuil géarchéim tithíochta ródhona sa tír

Beidh na ráitis seo thíos le plé ar an gclár:

1. Ba cheart go mbeadh sé níos dúshlánaí d'inimircigh pas Éireannach a fháil
2. Ba cheart don rialtas cabhrú le daoine agus iad ag iarraidh teach a cheannach
3. Níor cheart go mbeadh daoine nach bhfuil tinneas orthu in ann íocaíochta leasa sóisialaigh a fháil
4. Ba cheart do na scoileanna dinnéar folláin a chur ar fáil do na daltaí ar fad saor in aisce
5. Faoi na tuismitheoirí atá sé a chinntiú go bhfuil éadaí, bia agus dídean ag a gcuid páistí – níor cheart go mbeadh ar an rialtas airgead breise a chur ar fáil do dhaoine nach féidir leo an méid sin a dhéanamh
6. Mura bhfuil lánúin óg in ann éarlais a chur ar theach, ba cheart dóibh iasacht a fháil óna dtuismitheoirí
7. Níor cheart do thíortha san Eoraip glacadh le níos mó teifeach
8. Ba cheart go mbeadh níos mó cánach le hÍoc ag daoine saibhre

Breacaigí síos roinnt nótaí/stór focal maidir le tuairimí bhur bpearsana ar na ráitis thuas sula dtosaíonn sibh ar an bplé.

Nótaí:

D. Gramadach

Breathnaí gí ar na samplaí seo den tuiséal ginideach. An cuimhin libh na rialacha a bhaineann leis an tuiséal ginideach uatha agus leis an tuiséal ginideach iolra? Cathain a bhíonn an tuiséal ginideach ag teastáil?

Géarchéim na dTeifeach

Daonra na Liobáine

Campa dídine

Polasaí nua an Rialtais

Déan an cleachtadh seo thíos anois – tá na focail idir lúbíní le cur sa tuiséal ginideach. Is féidir an cleachtadh a phlé le chéile nuair a bheidh sé déanta agaibh.

Sa Fhrainc tugadh na mílte chun **[bealach]** ar bhusanna maidin inniu ón gcampa **[teifigh]** in Calais a dtugtar an *Jungle* air. Níl a fhios ag na teifigh cén sórt **[saol]** atá rompu ach mura bhfuil a fhios féin, deir cuid acu go mb'fhearr leo codladh ar thaobh **[an tsráid]** ná fanacht sa champa a dtugtar an *Jungle* air – campa atá caite le chéile in aice le Calafort Calais, campa a bhfuil os cionn seacht míle teifeach ag maireachtáil ann i gcoinníollacha suaracha le bliain go leith. Ó mhoch **[maidin]** a thosaigh na scuainí, agus thug siad a gcuid **[sonraí]** do na húdaráis. Bhí na céadta bus ar lámh le hiad a thabhairt chun campaí teifeach ar fud **[an Fhrainc]** agus tabharfar deis dóibh iarratas a dhéanamh ar thearmann. Tá suas le míle gasúr atá leo féin, gan aon duine muinteartha, le cur chun **[an Bhreatain]**. Thar oíche tharla roinnt **[achrann]** idir cuid de na teifigh agus na húdaráis. Dódh amach leithris agus caitheadh clocha leis na póilíní. Scaoil siad siúd deorghás ar ais. Meastar go dtógfaidh sé trí lá ar a laghad na teifigh uile a thabhairt chun bealaigh agus beidh cuimse **[póilíní]** ar dualgas le súil a choinneáil ar chúrsaí.

Plean staidéir don tseachtain

Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ba mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Eimear Ní Chonaola

Thar lear, deir eagraíochtaí fóirithinte go bhfuil ag teip orthu dul i ngleic le géarchéim na dteifeach sa Liobáin. Tá 1.5 milliún teifeach as an tSiria sa tír anois, an ceathrú cuid de dhaonra na Liobáine. Thug ár dtuaisceoir, Séan Mac an tSíthigh, cuairt ar cheantar Shatila i mBéiriút, atá pló....

Seán Mac an tSíthigh

Tá sráideanna Shatila cúng ach tá an bochtanas forleathan. Breis is 20 míle duine brúite isteach in aon chiliméadar cearnógach amháin. Mar champa dídine do Phalaistínigh a tógadh an áit seo i mBéiriút sna daichidí. Tá Shatila faoi smacht na míleatach anois – Fatah agus Hamas. Ní leagann Údaráis ná Arm na Liobáine cos san áit, ach tá dídean le fáil ag na mílte teifeach ón tSiria sa gheiteo seo. Do theith Elham Dahdah ón gcogadh sa tSiria cúig bliana ó shin, maraíodh a fear céile sa chogaíocht ansin. Elham Dahdah,

Teifeach as an tSiria

She's saying, if she went back to Syria, like, there is no-one to help her over there. Even if, she's saying, even if she has to sacrifice herself for her children, she must stay here. She cannot go back to Syria.

Seán Mac an tSíthigh

Gan aon ioncam, tá Elham agus na leanaí ag brath go hiomlán ar thicéid bhia a fhaigheann sí ó Basmeh & Zeitooneh – eagraíocht a fhaigheann tacaíocht ó Trócaire, agus tá éileamh ar sheirbhísí dá leithéid ag dul i méid anseo. Ó 2011 i leith tá os cionn 1.5 milliún teifeach tagtha ó Siria go dtí an Liobáin. Deir na húdaráis anseo nach bhfuil na hacmhainní acu ná na seirbhísí chun déileáil leis an méid sin daoine.

Emily Whitehead, Trócaire

The infrastructure is very, very poor. People do not have enough water to wash themselves properly, to drink. And then, as you can probably see, the electricity is a real worry. A lot of families have extreme concerns about being electrocuted, particularly in the winter when it's very wet.

Seán Mac an tSíthigh

Buile tubaisteach ar na hiarrachtaí fóirithinte anseo sa Liobáin, cinneadh Mheiriceá deireadh a chur leis an maoiniú, 360 milliún dollar, a bhíodh á chur ar fáil do UNRWA agus, faoi pholasaí nua an rialtais anseo, teifigh nach bhfuil cláraithe a dhíbirt as an tír – tá an pobal anseo faoi sceimhle. Ainneoin an chruatain, níl an dara rogha ag Elham agus a leanaí ach fanacht anseo.

Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an t-ullmhúchán atá le déanamh agat **roimh an gceardlann** (cleachtaí A-C).

A. Léamhthuiscint

Léigh an t-alt seo ó 2021 agus **déan do mhachnamh** ar na ceisteanna thíos. Beidh na ceisteanna le freagairt i **Quiz 1** ar Moodle.

Tús curtha láithreach bonn ag Biden le cealú pholasaithe Trump*

Tá tús curtha láithreach bonn ag Uachtarán nua Stáit Aontaithe Mheiriceá Joe Biden le polasaithe nua a thabhairt isteach mar mhalairt ar chur chuige a réamhtheachtaí, Donald Trump. Fágann na hathruithe go mbeidh Stáit Aontaithe Mheiriceá ag tacú athuair le Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide agus go gcuirfear stop le tógáil an bhalla ar theorainn Mheicsiceo.

Tá polasaithe á dtabhairt isteach aige le déileáil le paindéim an choróinvíris, an cúlú eacnamaíochta, an inimirce, cúrsaí éagsúlachta agus athraithe aeráide. Cuireadh fáilte go háirithe roimh an gcinneadh tacú arís le Comhaontú Pháras, an t-aontú idirnáisiúnta ar mhaithe le tubaiste athraithe aeráide a sheachaint. “Fáilte ar ais go dtí Comhaontú Pháras!” arsa Uachtarán na Fraince, Emmanuel Macron.

17 ordú feidhmiúcháin, meamraim agus forógraí a shínigh Biden ar a chéad lá san Oval Office. De réir ceann acu, beidh sé riachtanach feasta masc a chaitheamh i bhfoirgnimh fheidearálacha. Ba mhínic Donald Trump ag fonóid faoi chaitheamh mascanna chun dul i ngleic leis an bpaindéim, a bhfuil breis is 400,000 duine curtha den saol aici i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Chun pacáiste tarrthála €1.9 trilliún a chur ar fáil beidh Biden ag brath ar thacaíocht fheisirí na Comhdhála, mar a bhfuil an Páirtí Daonlathach anois i gceannas ar an dá Theach.

D’iarr Biden ar Lárionaid um Ghalair a Chosc agus a Rialú na Stát Aontaithe an cosc ar dhaoine a chaitheamh amach as a dtithe a choinneáil i bhfeidhm go dtí deireadh an Mhárta agus d’iarr sé ar an Roinn Oideachais faoiseamh a thabhairt do mhic léinn ó aisíocaíochtaí iasachtaí oideachais go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair. D’ordaigh sé d’oifigigh dul chun oibre chun an clár cuidithe do dhaoine a tháinig chun na tíre ina n-inimircigh mar leanaí óga a choinneáil. D’éirigh leis an gclár sin na mílte duine a tháinig go Meiriceá ina bpáistí a choinneáil óna ndíbirt.

Insealbhaíodh Joe Biden mar an 46ú Uachtarán ar Stáit Aontaithe Mheiriceá inné. Ina chéad óráid, d’iarr sé ar dhaoine oibriú as lámha a chéile leis na dúshlán atá roimh an tír a shárú. Dúirt sé gur lá dóchais a bhí ann agus go gcuideodh sé féin le “fórsa ar son na maitheasa a dhéanamh de Mheiriceá arís sa domhan.” “Cloisfear an t-éileamh ar son chearta gach cine, ní chuirfear fíis an chirt ar an méar fhada níos mó,” a dúirt sé.

**Tá an t-alt seo ar fáil ag <https://tuairisc.ie/tus-curtha-laithreach-bonn-ag-biden-le-cealu-pholasaithe-trump/>*

Ceisteanna:

- 1) Céard leis ar chuir Joe Biden tús?
- 2) Céard roimhe ar cuireadh fáilte go háirithe?
- 3) Céard leis a mbeidh na polasaithe nua ag plé?
- 4) Céard faoi a mbíodh Donald Trump ag magadh go minic?
- 5) Céard a bheidh ar dhaoine déanamh le dul i ngleic leis na deacrachtaí atá roimh an tír, dar le Joe Biden?

B. Stór focal

An cuimhin leat an Ghaeilge a bhí ar na focail agus frásaí seo a leanas san alt thuas? Nuair atá na téarmaí aimsithe agat, déan **Quiz 2** ar Moodle!

1. Policies
2. Predecessor
3. Paris Agreement on Climate Change
4. Disaster/ catastrophe
5. Executive order
6. Decree/ Proclamation
7. Members of Congress
8. Mocking
9. Essential/ required
10. Bailout package
11. The Democratic Party
12. To give students relief from repayments
13. To cooperate/ work together

Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici ach ní gá a bheith buartha mura bhfuil an t-am sa rang na míreanna ar fad a dhéanamh.

NB: Tasc 4 le tabhairt ar ais.

A. Réamhphlé – Dearcthaí éagsúla polaitiúla


Ar bhealach, tá an t-idirdhealú idir an eite chlé agus an eite dheis róshimplithe. Is minic a bhíonn daoine liobrálach maidir le ceisteanna áirithe agus coimeádach maidir le ceisteanna eile. Léigh gach ráiteas thíos agus abair an aontaíonn tú leis an tuairim atá ar chlé nó ar dheis, nó an bhfuil tú áit éigin sa lár. Cuir marc ar na línte lena chur in iúl cén áit ar an speictream a bhfuil do dhearcadh féin maidir le gach ceist. Pléigí bhur gcuid tuairimí le chéile.

An eite chlé	Ar chlé ón lár	An lár	Ar dheis ón lár	An eite dheis
<hr/>				
1. Ba cheart don stát oideachas bunscoile, meánscoile agus tríú leibhéal a chur ar fáil do gach saoránach saor in aisce , ionas go mbeidh na deiseanna céanna ag gach duine.				Ba cheart go mbeadh níos mó scoileanna príobháideacha ann agus go mbeadh cead ag daoine íoc go díreach as an gcineál oideachais atá ag teastáil uathu féin, seachas a bheith ag íoc go hindíreach tríd an gcáin as scoileanna agus múinteoirí nach bhfuil caighdeán sásúil ag baint leo.
<hr/>				
2. Tá sé de dhualgas ar an stát cúram sláinte a chur ar fáil do gach saoránach saor in aisce .				B'fhearr an cúram sláinte agus na hospidéal a phríobháidiú. Seans maith go mbeidís níos éifeachtúla agus go mbeadh caighdeán an chúraim níos fearr dá mbeadh comhlachtaí príobháideacha i gceannas orthu.
<hr/>				
3. Ba cheart íocaíochtaí leasa shóisialaigh a thabhairt d'aon duine atá dífhostaithe.				Níor cheart íocaíochtaí leasa shóisialaigh a íoc le daoine atá dífhostaithe, mar ní bheidh aon spreagadh acu dul ag obair.
<hr/>				
4. Ba cheart rátaí arda cánach a ghearradh ar mhuintir na tíre, go háirithe ar dhaoine saibhre, le híoc as infreastruchtúr (bóithre, srl.) agus seirbhísí (sláinte, oideachas, an córas leasa shóisialaigh, srl.) do mhuintir na tíre ar fad.				Má tá ioncam ard ag daoine, seans maith go bhfuil an t-airgead sin saothraithe go maith acu agus ba cheart go mbeidís in ann é a choinneáil. Má tá na rátaí cánach ró-ard, ní bheidh aon spreagadh ag daoine fiontair nua a fhorbairt a chruthódh fostaíocht agus a chuirfeadh le geilleagar na tíre.
<hr/>				

<p>5. Ba cheart don stát a dhícheall a dhéanamh leis an gcomhionannas sa tsochaí a chinntiú.</p>	<p>Beidh an neamhionannas i gcónaí ann. Níl aon dul as.</p>
<p>6. Ba cheart fáilte a chur roimh inimircigh, go háirithe teifigh agus lucht iarrtha tearmainn.</p>	<p>Níor cheart glacadh le teifigh nuair atá géarchéim tithíochta againn féin sa tír. Ní mór aire a thabhairt do mhuintir na tíre seo ar dtús.</p>
<p>7. Is rud maith é an t-ilchultúrthas a fheiceáil sa tír. Is féidir linn an t-uafás a fhoghlaim ó chultúir eile agus tá muid níos saibhre dá bharr.</p>	<p>Tá ár gcultúr agus ár luachanna náisiúnta féin faoi bhagairt ag an ilchultúrthas. Ba cheart iad a chaomhnú agus a chosaint ó thionchair eachtrannacha.</p>
<p>8. Is rud maith é a bheith san Aontas Eorpach. Ó bunaíodh é, tar éis an dara cogadh domhanda, tá forbairt iontach tagtha ar chearta daonna agus ar infreastruchtúr ar fud na hEorpa, agus, níos tábhachtaí arís, tá síocháin ann. Ní neart go cur le chéile.</p>	<p>Níl aon smacht againn ar ár dtír féin níos mó, agus tá ár bhféiniúlacht náisiúnta agus ár neamhspleáchas á gcreimeadh ag an Eoraip. B'fhéarr dúinn imeacht as an Aontas Eorpach agus aire a thabhairt dár dtír féin, de réir ár gcuid luachanna féin.</p>
<p>9. Is é an t-athrú aeráide an ghéarchéim is mó atá ag bagairt orainn sa lá atá inniu ann. Ba cheart tús áite a thabhairt do pholasaithe a théann i ngleic leis, fiú má chruthaíonn sé sin dúshlán do chúrsaí tionsclaíochta agus feirmeoireachta.</p>	<p>Níl a leithéid de rud ann agus an t-athrú aeráide. Ní mór tús áite a thabhairt do gheilleagar na tíre, agus an tionsclaíocht agus an fheirmeoireacht a chosaint.</p>
<p>10. Is é an t-aon bhealach le dul i ngleic leis an gcoiriúlacht ná dul i ngleic leis an neamhionannas agus na fadhbanna sóisialta is cúis léi.</p>	<p>Is é an t-aon bhealach le rátaí coiriúlachta a laghdú ná pionóis níos déine a ghearradh ar choirpigh, m.sh. tréimhsí fada príosúin nó pionós an bháis, más gá.</p>
<p>11. Ba cheart go mbeadh saoirse iomlán ag na meáin.</p>	<p>Ba cheart don stát smacht éigin a choinneáil ar na meáin agus cinsireacht a dhéanamh ar ábhar nach bhfuil oiriúnach.</p>
<p>12. Níor cheart go mbeadh drugaí mídhleathach. Ba cheart cabhrú le daoine atá gafa le drugaí seachas an dlí a chur orthu.</p>	<p>Ba cheart go mbeadh drugaí mídhleathach agus ba cheart pionós dian a ghearradh ar aon duine a thógann nó a dhíolann iad.</p>

B. Iarphlé

- 1) An bhfuil mórán spéise agaibh i gcúrsaí polaitíochta?
- 2) An gcaitheann sibh vótaí in olltoghcháin agus i reifrinn? Cén chaoi a ndéanann sibh cinneadh maidir leis na polaiteoirí/ páirtithe a dtugann sibh vótaí dóibh?
- 3) An mbíonn mórán tionchair ag bhur muintir, bhur gcairde nó ag na meáin ar na cinntí a dhéanann sibh?
- 4) Léigí an ráiteas thíos. An aontaíonn sibh leis? Smaoinígí ar 5 bhealach a n-imríonn an pholaitíocht agus polasaithe an stáit tionchar díreach ar bhur saol féin nó ar shaol bhur muintire/bhur gcairde faoi láthair.



C. Tuairimí éagsúla

Déanaigí bhur gcuid tuairimí ar na ráitis thíos a phlé i mbeirteanna/i ngrúpaí. Mura dteastaíonn uaibh bhur gcuid tuairimí ar cheann de na ráitis a phlé tá lánchead agaibh tuairim a chumadh nó tuairim duine éigin eile (polaiteoir, mar shampla, nó aisteoir éigin) a phlé ina ionad sin.

1. Ba cheart go mbeadh gunnaí ag na gardaí le dul i ngleic le coiriúlacht ar na sráideanna.
2. Ba cheart pionós an bháis a ghearradh ar dhaoine i roinnt cásanna.
3. Ba cheart go mbeadh cannabas dleathach sa tír seo.
4. Ba cheart an striapachas a dhéanamh dleathach.
5. Ba cheart go mbeadh sé éigeantach de réir an dlí vóta a chaitheamh i dtoghchán nó i reifreann náisiúnta, agus ba cheart fíneáil a ghearradh ar aon saoránach nach gcaitheann vóta.
6. Ba cheart líon na bpointí pionóis a ghearrtar ar dhaoine as a bheith ag tiomáint os cionn na teorann luais a ardú agus duine a chur den bhóthar dá dtiomáinfeadh sé/sí tar éis fiú deoch amháin a ól.
7. Níor cheart glacadh le níos mó teifeach in Éirinn nuair atá géarchéim tithíochta againn. Caithfidimid aire a thabhairt do mhuintir na tíre seo sa chéad áit.
8. Ba cheart dlíthe a chur i bhfeidhm le leanaí a chosaint ar líne, m.sh. cosc a chur ar úsáid na meán sóisialta go dtí aois 16.
9. Tá easpa airgid ag na hollscoileanna. Ba cheart na táillí a ardú, ach scoláireachtaí a thabhairt do na daoine a fhaigheann pointí arda san Ardteist.
10. Ba cheart cuótaí inscne a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeadh an líon céanna fear agus ban ina mbainisteoirí agus ina bpolaiteoirí, nó i róil eile chinnteoireachta.
11. Ba cheart cosc iomlán a chur ar bhreoslaí iontaise (gual, móin, ola, gás) agus fíneáil a ghearradh ar dhaoine nach mbíonn ag athchúrsáil.
12. Ba cheart go mbeadh cead ag lánúineacha páiste a bheith acu tríd an máthairionadaíocht.
13. Ba cheart cáin ard a ghearradh ar bhia sailleach agus ar bhia a bhfuil a lán siúcra ann.

Frásaí úsáideacha		
Tuairim a chur in iúl	Réiteach a mholadh	Tuairim a lorg
Tá mé go láidir den tuairim Is é mo bharúil ná . . Tagaim go mór leis sin . . . Is fíor go . . . Tá mé idir dhá chomhairle Aontaím go pointe le . . . Tagaim le cuid den ráiteas Easaontaím le . . . Is olc liom a rá ach . . . Ní féidir liom aontú le . . .	Tá seans go gcabhródh . . Tá gá le . . . Teastaíonn breis . . . B'fhiú breathnú ar . . . Caithfear plean . . . Ba cheart . . .	Cé air a bhfuil an locht, meas tú? Cén réiteach atá ar an bhfadhb? A Y, cad é do thuairim faoi X? Cad a cheapann tusa, a X?

Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach ceisteanna den chineál sin a phlé le chéile?

D. Scríbhneoireacht

Léigh tú alt tuairimíochta le deanaí ar www.tuairisc.ie ina ndúirt an t-údar gur cheart drugaí a dhéanamh dleathach in Éirinn. Scríobh alt eile mar fhreagra air seo. Luaigh na príomhphointí a rinneadh san alt agus mínigh cén fáth a n-aontaíonn tú/ nach n-aontaíonn tú leis na tuairimí a bhí ann. Is féidir seo a dhéanamh i mbeirteanna/i ngrúpaí.

Sula dtosaíonn sibh ar an scríbhneoireacht, déanaigí bhur machnamh ar na pointí seo:

- (1) Cé air a bhfuil an t-alt dírithe? Cén chaoi ar féidir a chinntiú go bhfuil sé feiliúnach don sprioclucht léitheoireachta (ó thaobh an stór focal de, ó thaobh réim na teanga de srl.)
- (2) Céard iad na rudaí ba mhaith leat a lua?
- (3) Cén stór focal a bheidh ag teastáil? Breac síos roinnt frásaí/ téarmaí úsáideacha.

Plean oibre		
<i>Tús</i>	<i>Pointí le lua</i>	<i>Stór focal úsáideach</i>

E. Gramadach - An Chopail – Dul siar

Céard é an difríocht idir an dá abairt thíos?

Is **uachtarán** é – He is a president

Is é **an t-uachtarán** é – He is **the** president

Féach ar na habairtí thíos. Cén chaoi a n-aistreofá iad?

Is **polasaí maith** é sin.

Is **tír chumhachtach** í Meiriceá.

Anois, féach ar na habairtí seo. Céard é an difríocht? Cén chaoi a n-aistreofá iad?


Is é **an polasaí is fearr** é.

Is í Meiriceá **an tír is cumhachtaí**.

Is é **an 46ú uachtarán** é.

Déan na habairtí seo thíos a aistriú anois.

- 1) He is a Republican.
- 2) That's the man who voted for Biden.
- 3) He is a new president.
- 4) He is the new president.
- 5) Do you think that he'll do a good job?
- 6) He's not the most liberal candidate.
- 7) They're all liberals, I think.



Plean staidéir don tseachtain

Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ba mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an t-ullmhúchán atá le déanamh agat **roimh an gceardlann** (cleachtaí A-B).

A. Stór focal

Cén Ghaeilge atá ar na focail seo? Seiceáil do chuid freagraí san alt agus sa mhír físe thíos agus déan **Quiz 1** ar Moodle nuair atá sé sin déanta agat.

- | | |
|-----------------------|--------------------------------------|
| 1. Murder | 9. Event |
| 2. Convicted | 10. On Duty |
| 3. Mandatory sentence | 11. Armed |
| 4. Guilty | 12. He was shot at point-blank range |
| 5. Court case | 13. Instantly |
| 6. Trial | 14. Jury |
| 7. Evidence | 15. Verdict |
| 8. Robbery | 16. Deliberating |

B. Léamhthuiscint

Léigh an t-alt thíos agus **déan do mhachnamh** ar na ceisteanna thíos. Beidh na ceisteanna le freagairt i **Quiz 2** ar Moodle.

Aaron Brady ciontaithe i ndúnmharú an bhleachtaire-Garda Adrian Donohoe

Fuarthas Aaron Brady, 29 bliain d’aois, as Crois Mhic Linnáin, Contae Ard Mhacha ciontach inniu as an mbleachtaire-Garda Adrian Donohoe a dhúnmharú le linn robála ar Chomhar Creidmheasa an Tiarnais i gcontae Lú ar 25 Eanáir 2013. Pionós sainordaitheach 40 bliain príosúin a théann le dúnmharú Garda.

Mhair an cás cúirte a thosaigh ar an 27 Eanáir ar feadh 118 lá, an triail is faide i stair an stáit. Thug 139 duine fianaise sa gcás. Shéan Brady go raibh sé ciontach sa dá choir a bhí curtha ina leith.

Níor mhair an eachtra ach 58 soicind agus goideadh thart ar €7,000 i seiceanna agus in airgead tirim. D’fhág na gadaithe suim €27,000 ina ndiaidh. Bhí an bleachtaire-Garda Adrian Donohoe (41), fear pósta a raibh beirt chlainne aige, ar dualgas faoi airm ag an gComhar Creidmheasa le tionlacan a thabhairt fad is a bhí airgead an lae á aistriú ón áit nuair a tharla an robáil. Scaoileadh faoi bhéal gunna san éadan leis agus bhásaigh sé ar an toirt.

Ba é Adrian Donohoe an 87ú ball den Gharda Síochána a bhásaigh i mbun dualgais. Giúiré seachtar ban agus cúigear fear faoi threoir an Bhreithimh Michael White a bhí i mbun an cháis le beagnach seacht mí anuas. Breithiúnas móraimh a thug siad, 11- 1, tar éis dóibh 20 uair an chloig a chaitheamh i mbun machnaimh.

Ceisteanna:

- 1) Céard é an dá choir a cuireadh i leith Aaron Brady?
- 2) Céard é an rud is suntasaí faoin triail?
- 3) Céard é an phianbhreith a gearradh ar Aaron Brady?
 - a. 40 bliain príosúin
 - b. pionós an bháis
 - c. ní deirtear
- 4) Cén chaoi ar phléadáil Aaron Brady sa chúirt?
 - a. ciontach
 - b. neamhchiontach
 - c. ní deirtear
- 5) Cén cineál nuachta é seo?

Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 4: Dréacht 2 le cur isteach. Tasc 5 le plé.

A. Réamhphlé

- (1) An bhfuil aon scéalta coiriúlachta cloiste agat/i mbéal an phobail le déanaí?
- (2) An dóigh leat go bhfuil fadhbanna móra coiriúlachta againn anseo in Éirinn?
- (3) Céard a cheapann tú faoin bpianbhreith a ghearrtar orthu siúd a dhúnmharaíonn Gardaí?
- (4) Céard a cheapann tú faoi na pionóis a ghearrtar in Éirinn go ginearálta?

B. Cineálacha éagsúla coireanna

Léigí na cuntais thíos ar choireanna éagsúla agus pléigí na ceisteanna seo i ngrúpaí:

- (1) Cén sórt coire atá i gceist i ngach cás? (Bainigí úsáid as an liosta stór focal atá ag deireadh an leabhráin le cabhrú libh, más gá.)
- (2) Cé acu is tromchúisí? Cén sórt pionóis nó pianbhreithe ba cheart a ghearradh ar na daoine éagsúla atá i gceist i ngach cás?

a. Tá baint ag Liam le buíon coirpeach a dhíolann drugaí ar fud na tíre. Tá an buíon sin i mbun cogaidh le buíon eile, agus tá roinnt mhaith daoine maraithe dá bharr. Cúisíodh é as duine a mharú ach ní raibh aon fhinné sásta fianaise a thabhairt ina choinne chun é a chiontú.
b. Bhí Orla ag tiomáint agus í ar meisce, agus bhí timpiste aici. Maraíodh duine amháin agus gortaíodh duine eile.
c. Ciontaíodh Gearóid as buama a chur faoi ghluaisteán póilíní ar shráid ghnóthach siopadóireachta i dTuaisceart Éireann sa bhliain 1972. Maraíodh 30 duine.
d. Tá dianghlásáil in Éirinn mar gheall ar Covid-19 agus caithfear fanacht laistigh de 5km ón mbaile. Chuaigh Cara agus a clann ar laethanta saoire go Lanzarote ar feadh seachtaine ach dúirt siad go raibh coinne fiaclóra acu.
e. Is mac léinn ollscoile é Steven. Caitheann sé cannabis go rialta agus tógann sé cócaon agus piollaí uaireanta nuair a théann sé chuig cóisirí ag an deireadh seachtaine.
f. Bíonn Amy ag obair i dteach tábhairne ag an deireadh seachtaine. Bíonn an bainisteoir i gcónaí ag rá rudaí mí-oiriúnacha léi faoina gcuma fhisiciúil agus tá roinnt teachtaireachtaí mí-oiriúnacha curtha aige chuici.
g. Múineann Seán an pianó sa bhaile. Tuilleann sé €500 sa tseachtain, ach ní fócann sé cáin agus faigheann sé fócaíochtaí leasa shóisialaigh gach seachtain.
h. Bhris beirt fhear isteach i dteach Alice ag lorg seodra agus airgead tirim. Bhí gunna aici agus scaoil sí duine acu. Ghabh na gardaí an duine eile níos déanaí.

Seo anois na cuntais chéanna, ach níos mó comhthéacs leo. Pléigí na scéalta arís le chéile. An bhfuil athrú tagtha ar bhur gcuid tuairimí maidir leis na daoine seo agus maidir leis an bpianbhreith ba cheart a ghearradh orthu?

<p>Duine A Tá an fear óg seo cúisithe as gadaíocht. Robáil sé 18 siopa ó mhí Feabhra go Mí na Nollag, go dtí gur rugadh air. Níor gortaíodh duine ar bith le linn na robálacha.</p> <p><i>Tá máthair an fhir óig seo go dona tinn agus níl sí in ann obair. D'éirigh sé as an scoil le post a fháil agus na billí tí agus leighis a íoc ach níor leor an t-airgead a bhí á thuilleadh aige. Fuair a athair bás na blianta ó shin agus faoi atá sé anois aire a thabhairt dá mháthair agus dá bheirt deirfiúracha.</i></p>	<p>Duine C Is peileadóir gairmiúil é an fear atá cúisithe. Cuireadh den pháirc é cluiche amháin toisc gur bhuail sé cic ar imreoir eile. Ag fágáil dó na páirce, d'ionsaigh sé duine den lucht féachana agus bhris sé a shrón.</p> <p><i>Is duine de dhath é an peileadóir agus deir finnétithe go raibh an fear a d'ionsaigh sé le grúpa fear a bhí ag tabhairt drochíde dó le linn an chluiche. Freastalaíonn an grúpa céanna ar gach cluiche, is cosúil, ar mhaithe le maslaí ciníocha a chaitheamh leis.</i></p>
<p>Duine B Is dochtúir é an fear atá cúisithe. Thug sé ródháileog pianmhúchán an-láidir d'othar a bhí 85 bliain d'aois agus a bhí ag fulaingt go mór ar leaba a báis. Maíonn an dochtúir gur iarr an t-othar air an ródháileog a thabhairt di ach deir teaghlach na seanmhná gur dhúnmharaigh sé í.</p> <p><i>Tá cúpla othar eile de chuid an dochtúra seo tar éis bás a fháil ar an gcaoi chéanna, cé go maíonn sé nach raibh baint aige leis na básanna sin. Tharla an rud céanna roinnt blianta ó shin in ospidéal eile inar oibrigh sé.</i></p>	<p>Duine D Tá an bhean seo cúisithe as iarracht a dhéanamh comharsa a raibh an ghráin aici air a mharú. Cheannaigh sí gunna agus scaoil sí leis oíche amháin, tar éis dó teacht abhaile ón teach tábhairne áitiúil. Níor mharaigh sí é ach bhí sé gortaithe go dona.</p> <p><i>Alcólach is ea an chomharsa agus ba é a bhí ag tiomáint an chairr a leag mac óg na mná seo dhá bhliain ó shin. Maraíodh an mac ach níor gearradh téarma príosúnachta ar an bhfear, cé go raibh sé 4 huaire thar an teorainn dhlithiúil. Feiceann an bhean ag tiomáint abhaile faoi thionchar an óil é beagnach gach oíche, cé gur cuireadh a cheadúnas tiomána ar fionraí.</i></p>

D. Gramadach

Cén Béarla atá ar na habairtí seo thíos? Cén fhoirm den bhriathar atá iontu?

Fuarthas Aaron Brady ciontach inniu.

Goideadh thart ar €7,000 i seiceanna agus in airgead tirim

Scaoileadh faoi bhéal gunna san éadan leis

3 phointe pionóis a **ghearrfar** ar thiománaithe a sháróidh an dlí seo.

Féach ar na habairtí seo thíos. Céard is brí leo? Céard é ainmní na n-abairtí?

Athraigh na habairtí, ag baint úsáid as an mbriathar saor, mar atá déanta sa chéad sampla.

Ghabh na gardaí an fear. > **Gabhadh** an fear.

- Sin an mac léinn ar rug an fear slándála air ag caitheamh cannabais.
- Chúisigh na gardaí an bhean i ndúnorgain.
- Thug an breitheamh os comhair na cúirte é.
- Chiontaigh an breitheamh an fear.
- Ar ghearr sé tréimhse príosúin air?
- Lámhach mé J.R.
- Níor chuir an léachtóir an rang ar ceal.
- Cuirfidh an ollscoil seirbhísí ar fáil i nGaeilge.
- Sílim gur ghoid duine éigin é.
- Ní bhfuair sí ar ais é.
- D’aimsigh mé an sparán taobh amuigh d’fhoirgneamh na n-ealaíon.
- Ólann daoine an iomarca in Éirinn.
- Deir daoine go bhfuil an fhadhb seo imithe ó smacht.
- Pléann siad na ceisteanna seo go minic sa nuachtán www.tuairisc.ie.
- Tá súil agam go bhfiosróidh na gardaí an scéal.

Tasc 5 - Ullmhúchán

Céard atá le déanamh don tasc seo?

Plean oibre

-
-
-
-
-

Ullmhúchán

Plean staidéir don tseachtain

Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ba mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an t-ullmhúchán atá le déanamh agat **roimh an gceardlann** (cleachtaí A-D).

A. Stór focal

Cén Ghaeilge atá ar na focail seo? Seiceáil do chuid freagraí san alt thíos agus déan **Quiz 1** ar Moodle nuair atá sé sin déanta agat.

- | | |
|------------------------------|------------------------------------|
| 1. You would be forgiven | 11. The cost of building materials |
| 2. The housing issue | 12. Due to Brexit |
| 3. Those who are homeless | 13. Crisis centres |
| 4. Crisis | 14. Imploring Santa Clause |
| 5. Impact | 15. Progress |
| 6. Voters | 16. Organisation |
| 7. Policies | 17. Outrage |
| 8. Leased | 18. Improving |
| 9. Long-term cost | 19. A basic right |
| 10. It was reported recently | 20. Watching closely |

B. Léamhthuiscint

Léigh an t-alt seo atá ar fáil ar www.tuairisc.ie agus **déan do mhachnamh** ar na ceisteanna thíos. Beidh na ceisteanna le freagairt i **Quiz 2** ar Moodle.

Mhaithfí duit dá mbeifeá den tuairim go bhfuil fadhb na tithíochta leigheasta...

Taca an ama seo chuile bhliain bíonn aird na n-eagras carthanachta ar dhaoine a bhfuil riachtanais go leor acu agus iad siúd atá gan dídean aimsir na Nollag. Faraor, ní ceist don Nollaig amháin na deacrachtaí a bhíonn ag daoine, go háirithe na daoine gan dídean agus fadhb na géarchéime tithíochta.

Bhí an ghéarchéim áirithe sin ar cheann de na ceisteanna is mó a raibh tionchar aici ar lucht vótála san olltoghchán mí Feabhra. Tithíocht agus sláinte is mó a bhí ar intinn an phobail. Ní nach ionadh tá an tír agus an córas polaitiúil ar fad gafa le cúrsaí sláinte mar gheall ar an víreas corónach ó shin i leith.

An aidhm is mó a bhí ag an rialtas lena gcuid beartais le dul i ngleic leis an víreas ná cosaint a thabhairt don chóras céanna. Tá éirithe leo é sin a dhéanamh den chuid is mó cé go bhfuil ceisteanna le cur faoin mbail a bheidh fágtha ar an gcóras do dhaoine nach bhfuil buailte ag Covid.

Ach céard faoin gceist eile — cúrsaí tithíochta?

Mhaithfí duit dá mbeifeá den tuairim go bhfuil fadhb na tithíochta leigheasta. Gealladh sa chlár rialtais go mbeadh 12,750 teach nua á soláthar an bhliain seo chugainn. 9,500 díobh sin is tithe nua a bheadh iontu agus chuirfí an chuid eile ar fáil ar léas. Tá ceisteanna go leor faoin gcostas fadtéarmach a bhainfeadh lena leithéid. Tuairiscíodh le gairid go bhfuil ardú le teacht ar chostas ábhair thógála de bharr an Bhreimeachta. Cuirfidh sin tuilleadh costais leis an obair.

Idir an dá linn, tá 2,600 gasúr sa tír seo ag maireachtáil i seomraí óstáin. Cuirfear litreacha chuig Daidí na Nollag le súil go mbeidh sé in ann iad a aimsiú in óstáin, tithe lóistín agus ionaid éigeandála. Beidh cuid de na paistí céanna ag impí ar Dhaidí na Nollag áit chónaithe a aimsiú dóibh. Ní léir sna figiúirí go bhfuil dul chun cinn de chineál ar bith ag tarlú leis na staitisticí.

Más tada é tá líon na ndaoine gan dídean atá ag fáil bháis ar na sráideanna ag méadú go leanúnach. Faoi Dheireadh Fómhair na bliana seo bhí tuairisc faighte ag an eagraíocht Inner City Helping Homeless go raibh os cionn leathchéad duine básaithe ar shráideanna Bhaile Átha Cliath i gcomparáid le 37 an bhliain roimhe. Fritheadh coirp beirte ar an 25 Samhain i lár na cathrach agus is beag a chuala muid fúthu. Ní chuireann a leithéid alltacht orainn níos mó.

Seo géarchéim nach bhfuil ag feabhsú agus atá ar bhealach curtha de leataobh le bliain anois ó bhí sí ag croí an fheachtais toghcháin. Ceart bhunúsach is ea áit chónaithe. Tá €3.3 billiún ceadaithe do chúrsaí tithíochta an bhliain seo chugainn agus beifear ag faire go géar cén chaoi a gcaithfear an t-airgead sin.

Ceisteanna:

- (1) Bhí tionchar ag ceist na tithíochta orthu siúd a chaith vóta in olltoghchán 2020.
Fíor Bréagach Ní deirtear
- (2) Gheall an Rialtas go rachfaí i ngleic leis an ngéarchéim tithíochta sa bhliain 2021 trí thithe a sholáthar.
Fíor Bréagach Ní deirtear
- (3) Ní bheidh Daidí na Nollag ábalta páistí óga a bhfuil cónaí orthu in óstáin a aimsiú.
Fíor Bréagach Ní deirtear
- (4) Tá méadú leanúnach tagtha ar líon na ndaoine a fhaigheann bás ar na sráideanna.
Fíor Bréagach Ní deirtear
- (5) Measann an colúnaí gur cuireadh ar leataobh ceist na géarchéime tithíochta.
Fíor Bréagach Ní deirtear

Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 4: Dréacht 2 le tabhairt ar ais.

A. Réamhphlé

Moltar na ceisteanna seo a phlé i ngrúpaí/i mbeirteanna ar dtús agus iad a phlé leis an rang ina dhiaidh sin.

- (1) Ceard é an meánphraghas atá ar theach in Éirinn faoi láthair? Céard a cheapann tú faoi sin? Céard é an meánphraghas atá ar theach i mBaile Átha Cliath faoi láthair?
- (2) Cén fáth a bhfuil géarchéim tithíochta ann? Cé atá thíos leis an ngéarchéim seo?
- (3) Conas atá an soláthar lóistín do mhic léinn anseo i Maigh Nuad?
- (4) Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le teach nó árasán a fháil ar cíós?
- (5) Cén fáth a bhfuil níos mó daoine gan dídean anois ná mar a bhí fiche bliain ó shin?
- (6) An bhfuil mórán eolais agat ar ghéarchéim na dteifeach agus ar na hionaid sholáthair dhíriugh?

B. Clár raidió

Tugadh cuireadh do chúpla mac léinn ollscoile páirt a ghlacadh i bplé ar chlár raidió maidir le cúrsaí tithíochta. Seo a leanas a bheidh le plé agaibh ar an gclár.

Topaic 1: Daoine gan dídean

Topaic 2: Fadhbanna tithíochta na mac léinn

Topaic 3: Fadhb na n-ionad soláthair dhíriugh

Topaic 4: An ghéarchéim tithíochta

Beidh deis ag gach grúpa a gcuid pointí a ullmhú le chéile ar dtús agus tús a chur leis an gclár ansin. Láithreoir an chlár a bheidh i nduine amháin de na mic léinn sa ghrúpa agus beidh ar an láithreoir roinnt ceisteanna a réiteach le cur ar na rannpháirtithe eile (m.sh. *an bhféadfá léargas a thabhairt dúinn ar fhadhb na ndaoine gan dídean sa lá atá inniu ann?*) agus an comhrá a stiúradh go ginearálta (cinntiú go bhfuil ceisteanna á gcur ar na rannpháirtithe ar fad, m.sh.).

Frásaí úsáideacha/ samplacha

Ba mhaith liom X a phlé leat ar dtús, a X.

Níl sé seo maith go leor ar chor ar bith.

Is léir nach bhfuil an ghéarchéim seo ag dul i bhfeabhas.

Tá an chuma ar an scéala gur cuma leis an Rialtas.

An bhfuil réiteach ag an Rialtas ar an bhfadhb seo?

Céard atá beartaithe ag an Rialtas leis an bhfadhb seo a réiteach?

An bhféadfá a mhíniú dom, le do thoil, an fáth + a/ar/nach/nár ...

C. Gramadach - An réamhfhocal

Bíonn deacrachtaí ag mic léinn go minic leis na rialacha a bhaineann leis na réamhfhocail. An bhfuil na rialacha a bhaineann leis na réamhfhocail ar eolas agatsa?

Léigh an t-alt thíos anois agus ceartaigh na hearráidí (tá 15 earráid sa téacs). Scríobh míniú gearr orthu. Is féidir an obair seo a dhéanamh i mbeirteanna.

Díolfaidh Fianna Fáil as polasaí lochtach tithíochta an rialtais

Ba bhreá sollúnta a d'fhógair an Taoiseach, Micheál Martin, gurb í an tithíocht an t-ábhar polasaí is tábhachtaí dó féin, don rialtas is don bpobal.

Ach más polasaí uimhir a haon é, níor luaigh an Taoiseach aon chur chuige nua chun dul i ngleic leis an scéal. Tá sé ag cloí go díogbhálte leis an dtuairim gur chóir tógáil tithe a fhágáil faoin n-earnáil phríobháideach agus airgead stáit a chur ar fháil don earnáil sin chun an jab a dhéanamh.

Tá an Taoiseach ag maíomh go bhfuil níos mó airgid á chur isteach i tithíocht faoi phlean an rialtais ná riamh, ach má tá, níl sé ag dul i bhfeidhm ar na dreamanna sin atá fágtha as an margadh tithíochta ar fad.

Leag tuarascáil de chuid an ESRI (an Institiúid Taighde Eacnamaíochta is Sóisialta) a méar ar an príomhphointe: ní fiú do daoine óga sna fichidí is na tríochaidí, iadsan a bhfuil jab agus tuarastal maith acu san áireamh, a bheith ag smaoinemh fiú ar theach a cheannach dóibh féin.

Glúin an chíos a thugann siad orthu féin, toisc nach féidir leo morgáistí a fháil is toisc go bhfuil praghsanna ag dul in airde gan stop. Tá cíos ag dul in airde freisin, agus níl sé d'acmhainn ag a bhformhór airgead a shábháil. Caithfidimid cuimhneamh ar an dtionchar a imreoidh sé seo ar an ndream seo sna blianta amach romhainn.

Deir an rialtas go bhfuil fadhb soláthair ann, is é sin nach bhfuil dóthain áiteanna cónaithe ar fáil. Tá sé sin fíor, ach an leigheas atá ag an rialtas air ná polasaí le spreagadh a thabhairt don earnáil phríobháideach le thithe a thógáil.

Níos measa fós, ámh, tá a fhios againn anois go mbíonn creach-chistí ag teacht isteach chun eastáit iomlána a cheannach ar mhaithe leis na tithe go léir a ligean ar cíos. Má tá airgead mór agat, is féidir brabús as chuimse a dhéanamh.

Deir an rialtas nach é sin an aidhm a bhí leis na socruithe cánach a thug siad isteach aimsir na géarchéime. Sea, ní íocann na creach-chistí céanna mórán cánach ar an airgead mór a dhéanann siad as polasaí an rialtais.

Feicimid céard a bheidh le moladh ag an rialtas, ach ní fheicim gur leigheas ar an géarchéim é costas tithe a ardú tríd an ndleachtstampa a ardú. Caithfear cosc iomlán a chur ar a leithéid.

Ní dóigh liom go ndéanfaidh na daoine óga atá fágtha ar an ngannchuid dearmad ar an fhaillí seo ná go maithfidh siad do na pháirtithe rialtais é ach an oiread.

D. Scríbhneoireacht

Léirigh suirbhé a rinne Aontas na Mac Léinn le déanaí go measann 68% de mhic léinn OMN nach dtuigeann siad go hiomlán an ghéarchéim tithíochta. Dúirt 70% de fhreagróirí an tsuirbhé go dtuigeann siad go bhfuil an cíós ag dul in airde agus go bhfuil sé deacair teach a cheannach ach nach dtuigeann siad cén fáth. Iarradh oraibhse alt a scríobh a chuirfeadh mic léinn ar an eolas maidir leis an ngéarchéim agus a mhíneodh ábhar ar nós:

- Céard is ‘glúin an chíosa’ ann? Cén fáth a mbíonn deacrachtaí ag an dream seo morgáiste a fháil?
- Céard is ‘creach-chiste’ ann agus céard a bhíonn ar siúl acu? Cén tionchar atá á imirt acu ar chúrsaí tithíochta in Éirinn?
- Céard atá i gceist nuair a deirtear go bhfuil ‘fadhb soláthair’ sa tír seo? Cén réiteach atá ag an rialtas ar an bhfadhb soláthair? Cén fáth nach bhfuil sé ag obair?
- An bhfuil leigheas ar an scéal?

Plean staidéir don tseachtain

Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ba mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an obair atá le déanamh roimh an gceardlann.

A. Stór focal

Cén Ghaeilge atá ar na focail seo? Seiceáil do chuid freagraí san alt agus sa mhír físe thíos agus déan **Quiz 1** ar Moodle nuair atá sé sin déanta agat.

- | | |
|---------------------------------|--|
| 1. Racism | 10. People of colour and ethnic minorities |
| 2. Hypocrisy | 11. Refugees |
| 3. Supporters | 12. Inhuman |
| 4. Racists | 13. Access |
| 5. Appal | 14. Restricted |
| 6. They implored the government | 15. So that they can be accused |
| 7. To collect evidence | 16. Offenders |
| 8. Discrimination | 17. Police |
| 9. Racial profiling | |

B. Léamhthuiscint

Léigh an t-alt thíos agus **déan do mhachnamh** ar na ceisteanna thíos. Beidh na ceisteanna le freagairt i **Quiz 2** ar Moodle.

Ciníochas, fimíneacht agus Euro 2020 le Gráinne Ní Ghilín (*curtha in oiriúint don cheardlann*)

Bhí barúil mhaith againne a d’fhan inár suí go mall ag amharc ar na ciceanna pionóis lenar socraíodh cé a chrochfadh leo trófaí Euro 2020 nach scéal an tsacair féin a bheadh i mbéal an phobail an mhaidin dar gcionn. Thuig muid nach scéal na foirne buaití a bheadh ar an scéal nuachta ba mhó.

Ar an drochuair, a luaithe is a bhí an cluiche thart, chuaigh dream ciníoch as measc lucht leanúna Shasana ar an ionsaí ar na meáin shóisialta in aghaidh an triúr imreoirí óga óna dtír féin nár aimsigh an sprioc i mbomaití deireanacha an chluiche. Faoi am lóin Dé Luain, bhí a chuntas Instagram druidte síos ag Bukayo Saka, siocair nach dtiocfadh leis an fuath agus an naimhdeas a fhulaingt níos mó, is cosúil.

Is iomaí duine as achan réimse den saol a cháin go géar lucht na n-ionsaithe ciníocha agus a léirigh tacaíocht do Marcus Rashford, Jadon Sancho agus Saka, ina measc Ardeaspag Canterbury, iarchaptaen Shasana Alan Shearer agus an FA.

Dúirt an FA gur chuir an ciníochas a díródh ar na peileadóirí ‘alltacht’ orthu agus go seasfadh siad leo siúd a bhí thíos leis. D’impigh siad ar an rialtas gníomhú go pras chun "an reachtaíocht chuí a thabhairt isteach le go mbeadh iarmhairtí san fhíorshaol leis an drochíde". Tharraing siad aird ar na cuideachtaí a reáchtálann na meáin shóisialta fosta agus thug siad a ndúshlán lucht na drochíde a chosc agus fianaise a bhailiú le go bhféadfaí iad a chúiseamh.

SAMHNAS AR PHATEL

Thug Priti Patel, Rúnaí Baile rialtas na Breataine, le fios ar Twitter go raibh samhnas uirthi. Dúirt sí nach bhfuil drochíde ar bhonn cine ar dhóigh ar bith inghlactha agus go seasfaidh sí leis na póilíní agus iad ag iarraidh an dlí a chur ar na ciontóirí.

Ach, fan. Cad é seo? Priti Patel ag cur in iúl go ngoilleann an ciníochas a imríodh ar pheileadóirí Shasana uirthi, agus í i gceannas ar roinn rialtais atá ag ceapadh agus ag cur i bhfeidhm polasaithe atá ciníoch? An bhean chéanna a rinne beag is fiú den ghníomh frithchiníoch – dul síos ar ghlúin amháin – a rinne foireann Shasana roimh a gcluichí uilig in Euro 2020?

Tá sé mar pholasáí ag rialtas na Breataine ‘timpeallacht dhoicheadh’ a chruthú d’inimircigh agus do lucht iarrtha tearmainn, rud atá mídhaonna. Tá rochtain ar fhostaíocht agus ar thithíocht srianta agus is doiligh cuntas bainc a oscailt. Tá an próiseas inimirce fadálach, costasach agus faoi chomhlachtaí príobháideacha atá sé dlíthe inimirce a chur i bhfeidhm.

Mar shampla, bíonn ar aerlínte, cuideachtaí farantóireachta, fostóirí, tiarnaí talaimh, ollscoileanna agus dochtúirí stádas inimirce a gcustaiméirí, tionóntaí, mac léinn agus othar a sheiceáil. Ar ndóigh, is daoine de dhath agus de mhionlaigh eitneacha an dream is mó a n-imríonn a leithéid de chleachtais drochthionchar orthu. Iadsan is mó a bhíonn thíos le leithcheal agus próifiliú ar bhonn cine.

Más fíor go ngoilleann an ciníochas an oiread sin ar an Aire Patel, tá cumhachtaí móra aici chun deireadh a chur le ciníochas institiúidiúil agus an saol a fheabhsú go mór dóibh siúd atá thíos leis. Mura ndéanann sí amhlaidh, bhuel, is cosúil go bhfuil an ceart ag na hanailíseoirí a chuireann fimíneacht ina leith.

Ceisteanna

- (1) Dar le Gráinne Ní Ghilín, bhí a fhios acu siúd a bhí ag breathnú ar na ciceanna pionóis ag deireadh an chluiche nach é an cluiche féin a bheadh á phlé an lá dár gcionn. Céard a bhí i gceist aici?
- (2) D’impigh an FA ar an rialtas agus ar na comhlachtaí meán sóisialta rud éigin a dhéanamh – céard a bhí ann?
- (3) D’fhéadfá a rá gur fimíneach í Priti Patel – cén fáth?
- (4) Cén fáth a bhfuil polasaithe Rialtas na Breataine maidir le hinimircigh agus le lucht iarrtha tearmainn mídhaonna, dar le Gráinne Ní Ghilín?
- (5) Céard is ‘ciníochas institiúidiúil’ ann?
- (6) Cén chanúint atá ag Gráinne Ní Ghilín? Féach na focail seo thíos a úsáideann sí san alt – an dtugann siad leid duit? An dtuigeann tú na focail ar fad?

achan
bomaití
druidte síos

fosta
ar dhóigh ar bith
is doiligh

Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 5 le cur isteach. Tasc 6 le plé.

A. Réamhphlé

Baineann ceardlann na seachtaine seo leis an gciníochas. Déanaigí na ceisteanna thíos a phlé i ngrúpaí beaga/i mbeirteanna ar dtús agus mar rang ina dhiaidh sin.

- (1) Céard atá ar eolas agaibh faoi fheachtais ar nós *Black Lives Matter*?
- (2) An bhfuil aon eolas agaibh ar an méid a thit amach tar éis Euro 2020?
- (3) An dóigh libh go n-imríonn na meáin shóisialta tionchar ar an bhfadhb seo?

B. Mír éisteachta

Tar éis do lucht Nós an físeán seo le hOla Majekodunmi a chur amach ar na meáin, fágadh na céadta tráchtanna ciníocha mailíseacha faoin bhfíseán. Breathnóidh sibh anois ar an bhfíseán agus is féidir libh na ceisteanna thíos a phlé ansin. Tá an físeán ar fáil ag:

https://www.youtube.com/watch?v=Mye0YdzXvIA&ab_channel=N%C3%93S

- (1) Céard a cheap sibh faoin bhfíseán agus faoin dán? Ar thaitin sé libh?
- (2) An gcuireann sé iontas oraibh gur fágadh tráchtanna ciníocha faoin bhfíseán?
- (3) Cén fáth, meas sibh, a bhfágann daoine tráchtanna den chineál sin ar fhíseáin?
- (4) Cén fáth, meas sibh, nach bhfáiltíonn daoine roimh dhaoine ó thíortha eile?
- (5) Céard is féidir a dhéanamh le dul i ngleic leis an bhfadhb seo?

C. Léamhthuiscint

Seo thíos alt a scríobh Ola Majekodunmi maidir lena físeán agus maidir leis na tráchtanna gránna ciníocha a fágadh faoi. Léigí an t-alt le hOla le chéile agus déanaigí na ceisteanna léamhthuisciana seo thíos a fhreagairt ansin.

Tá an ciníochas i measc phobal na Gaeilge féin le hOla Majekodunmi (curtha in oiriúint don cheardlann)

Thuig mé i gcónaí go raibh mé difriúil le formhór na ndaoine i bpobal na Gaeilge. Bhí a fhios agam go raibh rud éigin cineál 'ait' déanta agam agus mé ag foghlaim na teanga agus mé ag fás aníos. Agus mé ar scoil, d'fhiafraínn díom féin 'an do mo leithéidse an Ghaeilge?'. Ach d'athraigh sé sin agus mé i mo dhuine fásta i saol na Gaeilge. Mhothaigh mé go raibh na Gaeil mar 'theaghlach eile' agam agus chuir fáilte romham i gcónaí ag ócáidí éagsúla Gaelacha.

Nuair a rinneadh ionsaí eagraithe orm de bharr an fhíseáin a rinne mé, bunaithe ar dhán a scríobh mé faoi ghruaig na mban dubh, bhí náire orm ar bhealach. Níor thaitin sé liom go mbeadh an cineál sin airde orm cé nár chuir maslaí agus ciníochas na dtroll as dom. Scaipeadh scéal na heachtra ar na meáin thraidisiúnta agus ar na meáin shóisialta, agus mhothaigh mé beagáinín inmíoch agus tuirseach de bharr na bhfógraí go léir a bhí ar m'fhón.

Dúirt mé ar Twitter go raibh tráchtanna ciníocha i mBéarla agus i nGaeilge ann agus gur chuir na cinn Ghaeilge isteach orm toisc gur chreid mé go raibh mé i gcónaí ag obair ar son na teanga. Bhí eagla bheag orm labhairt amach faoi na tráchtanna i nGaeilge mar bhí a fhios agam go mbeadh ionadh ar fhormhór na ndaoine agus go ndéarfadh siad nach fíorGhaeilgeoirí iad na daoine sin. Ach a mhalairt a bhí fíor.

B'fhéidir go raibh daoine ann a d'úsáid Google Translate ach bhí daoine eile ann agus ba léir go raibh Gaeilge mhaith acu. Ní raibh mé ag iarraidh go gceapfadh éinne go raibh mé i gcoinne phobal na Gaeilge nó aon sórt raiméise mar sin agus mé ag labhairt faoi na tráchtanna seo, bhí mé díreach ag iarraidh go dtuigfí go mbíonn an ciníochas le cloisteáil agus le feiceáil gach áit.

Mar sin féin, nuair a tharla sé seo ar fad bhí an tacaíocht a fuair mé ó phobal na Gaeilge dochreidte ar fad! Seasadh liom. Níor mhothaigh mé comrádaíocht mar sin riamh. Chuaigh an grá agus an meas ar fad go mór i bhfeidhm orm, agus thuig mé láithreach bonn go raibh an pobal lánsásta go raibh mé i saol na Gaeilge agus is cinnte nach bhfágfaidh mé an pobal sin go deo.

Dúradh liom go raibh mé 'cróga' sa bhealach a dhéileáil mé leis an ionsaí sin. Dar liom féin, ní crógacht a bhí ann ach seantaithí – tá mé cleachta leis an gcineál seo seafóide a tharlaíonn do dhaoine dubha. Traenáiltear muid ó aois óg le bheith ag déileáil leis an bhfuath a chaitear orainn. Ní bhacaim leis an bhfuath ar líne dá bharr – feicim na tráchtanna gránna agus cuireann siad ag gáire mé.

Ach is ceacht é an eachtra seo dúinn go léir – tá an ciníochas timpeall orainn ar fad, i saol na Gaeilge freisin. Is daoine muid uilig agus dá bharr sin beidh roinnt claontachtaí ann i ngach pobal. Uaireanta, más pobal mionlach atá i gceist, ceaptar nach mbeadh aon fhadhb le mionlach a bheith mar pháirt den phobal sin. Cé go bhfuil sé sin fíor go pointe, ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil daoine ciníocha ann sa phobal. Caithfidimid a bheith ionraic lena chéile faoi thopaicí mar seo. Táim sásta gur tharla an eachtra seo le déanaí mar gur músclaíodh muid. Níl deireadh leis an gciníochas go fóill.

1. Cén fáth ar bhraith Ola go raibh sé 'ait' go raibh sí ag foghlaim Gaeilge agus í ag fás aníos?
2. Céard a deir sí faoi na hócáidí Gaelacha?
3. Cén fáth a raibh náire uirthi nuair a rinneadh ionsaí uirthi ar líne de bharr a físeáin?
4. Cén fáth a raibh eagla ar Ola labhairt amach faoi na tráchtanna ciníocha a scríobhadh i nGaeilge?
5. Cén fáth ar bheartaigh sí labhairt amach faoi na tráchtanna sin?
6. Céard a thuig sí faoi phobal na Gaeilge tar éis di labhairt amach faoi na tráchtanna?
7. Céard é príomhphointe an ailt, meas tú?

D. Gramadach

Bhreathnaíomar an tseachtain seo caite ar na hathruithe tosaigh a bhaineann leis na réamhfhocail. Deacracht eile a bhíonn ag foghlaimeoirí go minic ná nach mbíonn an réamhfhocal ceart in úsáid acu agus iad ag scríobh, go háirithe nuair a bhíonn briathar/frása ar leith i gceist. Seo thíos roinnt samplaí a bhí ag Ola ina halt:

*d'fhiafraínn díom féin
chuirte fáilte romham i gcónaí
cé nár chuir maslaí agus ciníochas na dtroll as dom
ag labhairt faoi na tráchtanna seo
tá mé cleachta leis an gcineál seo seafóide*

Aistrígí na habairtí seo thíos le chéile anois:

1. Will I ask her if she'd like to go?
2. I failed the driving exam.
3. The manager treated the employee fairly.
4. He left the decision up to me.
5. I sent my best friend an email early this morning.
6. Don't bother with that. It's not worth it.
7. Luckily I managed to finish the essay.
8. She really added to the team.

Úsáidtear dobhriathra le briathra go minic chomh maith. An cuimhin leat cén chaoi a ndúirt Ola 'growing up', 'the Irish language ones bothered me' agus 'speaking out'? Déanaigí iarracht na habairtí seo thíos a aistriú le chéile. Bainigí úsáid as na foclóirí ar líne má tá cabhair ag teastáil!

1. The meeting was postponed again.
2. He was belittling her all weekend.
3. I have to complete my degree first and I'll start thinking about jobs after that!
4. Make sure you revise the grammar points covered in the lectures.
5. Clara grew up in the Netherlands but she lives in Ireland now.
6. I won't let you down.
7. We have to speak out against this new legislation.
8. Come out of the room, please! We're late.

Bíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí leis na dobhriathra féin go minic freisin. An mbíonn aon deacrachtaí agatsa leis an gngé seo? Seo thíos roinnt samplaí de na dobhriathra:

- a. Dobhriathra ama: arú inné, inné, inniu, ar maidin, amárach,
- b. Dobhriathra treo/suímh: anseo, ansin, thuas, thíos, suas, síos, anuas, aníos

Bainigí triail as an gceacht seo anois:

1. Ba cheart go dtiocfadh na sleamhnáin aníos/anuas/suas ar an scáileán anois.
2. Cá háit a bhfuil JH6? An bhfuil sé thuas/suas/anuas staighre?
3. Tar aníos/suas/thuas, tá radharcanna áille le feiceáil ón díon.
4. Tá deartháir liom thar/thall/anonn i Meiriceá le bliain aníos – ní féidir leis teacht sa bhaile/abhaile mar gheall ar an bpaindéim.
5. An bhfuil tú ag teacht istigh/isteach?
6. Feicim an-chuid daoine fós ag dul amach/amuigh chuig cóisirí. Is mór an náire é!
7. D'fhás mé suas/anuas/aníos sa Fhrainc ach tá cónaí orm in Éirinn anois.

Tasc 6 – Ullmhúchán

Tá roinnt ama agaibh anois roinnt ullmhúcháin a dhéanamh do Thasc 6. Moltar plean oibre a leagan amach daoibh féin ionas go mbeidh sé níos éasca tabhairt faoin tasc agus faoin ullmhúchán ar fad.

Céard atá le déanamh agamsa don tasc seo?

Plean oibre an ghrúpa

M'ullmhúchán féin

Cén chaoi ar fearr ullmhú don tasc seo? Stór focal a chuardach, taighde a dhéanamh ar na scéalta nuachta, roinnt frásaí/briathra úsáideacha a bhreacadh síos?

Cuid 1 – Obair Neamhspleách

Seo an t-ullmhúchán atá le déanamh agat **roimh an gceardlann** (cleachtaí A-C).

A. Mír físe

Éist leis an mír thíos agus **déan do mhachnamh** ar na ceisteanna thíos. Beidh na ceisteanna le freagairt i **Quiz 1** ar Moodle. Éist leis an bpíosa cúpla uair agus is féidir leat súil a chaitheamh ar an téipscript thíos chomh maith le do chuid freagraí a sheiceáil.

Mír físe: <https://meoneile.ie/nuacht/cas-dli-in-aghaidh-rialtas-na-heireann-faoin-athru-aeraide>

- (1) Cén gníomh neamhghnách atá á thógáil ag ‘*Climate Case Ireland*’ le dul i ngleic leis an athrú aeráide?
- (2) Céard a spreag an grúpa chun é seo a dhéanamh?
- (3) Cén bunús dlíthiúil atá leis an gcás, dar le Daithí Ó hÉalaí?
- (4) Céard is féidir leis an duine aonair a dhéanamh chun aire a thabhairt don timpeallacht, dar le Peadar Ó Caomhánaigh?
- (5) Cé air a bhfuil an fhreagracht dul i ngleic leis an athrú aeráide, dar le Peadar?
- (6) Conas atá an tír seo i gcomparáid le tíortha eile na hEorpa maidir leis an ráta aschur carbóin in aghaidh an tsaoránaigh?
- (7) Conas atá polasaithe an rialtais ag cur leis an bhfadhb sin, dar le Peadar?

B. Stór focal

Cén Ghaeilge a bhí ar na focail seo sa mhír éisteachta? Éist arís leis an mír, más gá, agus déan **Quiz 2** ar Moodle nuair atá siad ar fad aimsithe agat.

1. In court
2. Lawsuit
3. Complying with
4. To raise carbon tax
5. Targets/Aims to meet
6. Nothing at all
7. Without a strong climate change policy
8. Beef and dairy livestock
9. Heavy Industry
10. Carbon output per civilian
11. Dairy and beef farming
12. Fossil fuel
13. Donations and grants
14. Destroying the bogs
15. Claiming

Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 5 le tabhairt ar ais.


A. Réamhphlé

Moltar na ceistanna seo a phlé i ngrúpaí/i mbeirteanna ar dtús agus iad a phlé leis an rang ina dhiaidh sin.

- (1) An bhfuil mórán spéise agat i gcúrsaí timpeallachta/aeráide?
- (2) An dóigh leat go bhfuil ár ndóthain á déanamh againn le dul i ngleic leis an athrú aeráide?
- (3) An dóigh leat go bhfuil dóthain á déanamh ag an Rialtas agus ag an Aontas Eorpach le dul i ngleic leis an athrú aeráide?
- (4) Céard iad na rudaí a dhéanann tú féin leis an timpeallacht a chaomhnú? (Athchúrsáil, athúsáid, earraí a cheannach a bhfuil pacáistiú nach ndéanfadh dochar don timpeallacht orthu, rothaíocht/siúl seachas dul sa charr, níos lú earraí a ordú ar líne srl.)
- (5) Céard eile ba cheart dúinn/don rialtas a dhéanamh? Smaoinígí ar 5 rud ba cheart dúinn a dhéanamh leis an timpeallacht/an domhan a chaomhnú agus scríobhaigí síos iad.

B. Plé

Breathnaigí ar na híomhánna seo thíos agus déanaigí iad a phlé i ngrúpaí beaga/i mbeirteanna.




C. Gramadach: An t-ainm briathartha mar infinideach (a dhéanamh = to do)

Úsáidtear an t-ainm briathartha sa Ghaeilge go minic san áit a mbíonn infinideach nó 'infinitive' an bhriathair sa Bhéarla (.i. to make, to go, to get, etc.)

M.sh. *I want to go home.* = Ba mhaith liom **dul** abhaile.
(*'to go'* = infinitive sa Bhéarla = an t-ainm briathartha 'dul' sa Ghaeilge)

Tá **dhá struchtúr** infinideacha ag baint leis an ainm briathartha:



Breathnaigh ar na habairtí seo thíos a bhí sa mhír ar an athrú aeráide. An cuspóir díreach nó indíreach atá i gceist leo? Cén chaoi a bhfuil a fhios agat? Cén chaoi a n-aistreofá iad?

*Cás dlí a troideadh san Ísiltír a spreag an grúpa chun cás dlí den chineál céanna **a thabhairt** in aghaidh an Rialtais anseo in Éirinn.*

*Bhí siad tar éis a rá go raibh siad chun an cháin charbóin **a ardú** ...*

*... agus stop **a chur** leis ach an rud ...*

An mbíonn deacrachtaí agat féin leis an ngné seo de ghramadach na Gaeilge? Bain triail as na habairtí seo thíos a aistriú tú féin. Is féidir iad a phlé le chéile ansin.

- (1) We decided to write a letter to the minister.
- (2) The government should implement more policies regarding climate change.
- (3) It's difficult to imagine the difficulties we will have in the future if we don't act now.
- (4) It's important to recycle.
- (5) We need to buy goods packaged in environmentally friendly packaging.
- (6) It is very important to raise awareness.
- (7) To tell the truth, I don't think that the government does much to combat climate change.
- (8) I would love to see more university campaigns regarding climate change.

D. Scríbhneoireacht: Obair ghrúpa

Bhí tú i Seomra na Gaeilge i rith an seachtaine agus thosaigh sibh ag labhairt ar an athrú aeráide agus ar an timpeallacht. Tar éis an phlé spreagúil a rinne sibh, bheartaigh cúpla duine agaibh teacht le chéile agus ríomhphost a scríobh chuig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan, maidir le feachtas ollscoile ba mhaith libh a thosú le dul i ngleic leis an athrú aeráide. Déanaigí machnamh ar na pointí seo a leanas sula dtugann sibh faoin ríomhphost a scríobh:

- Cén chaoi ar cheart an ríomhphost a thosú? Ar cheart sibh féin a chur in aithne?
- Céard iad na rudaí ba mhaith libh a lua? Breacaigí síos cúpla pointe anseo.
- An bhfuil stór focal ar leith ag teastáil?

Stór focal úsáideach

A dhuine uasail, táimid ag scríobh chugat maidir le X.

Tá an litir seo á scríobh agam toisc + go/nach/gur/nár

I dtús báire/ ar an gcéad dul síos

Chomh maith leis sin/ Barr air sin/ Ina theannta sin/ Lena chois sin

Mar sin féin/ Bíodh sin mar atá/ Ina dhiaidh sin féin

Ar an lámh eile/ Os a choinne sin/ Ar an taobh eile den scéal

Dá bhrí sin/ Mar sin

Samhlaítear dom/ Is dóigh liom/ Feictear dom/ Ritheann sé liom + go/nach/gur/nár

Mholfainn/ Ba cheart

Is léir/ Tá sé soiléir/ Níl aon dabht ann + go/nach/gur/nár

Glactar leis/ Táthar den tuairim/ Tá an chuma ar an scéal + go/nach/nár/gur

Is mithid + do/ Tá sé thar am + ag

Mar fhocal scoir/ ar deireadh/ ar deireadh thiar

Ag súil go mór le cloisteáil uait/ ag tnúth le cloisteáil uait

Le gach dea-ghuí/ Le gach dea-mhéin/ Beannachtaí/ Is mise le meas

Anailís ar Thasc 5: Obair gharbh

NB: Ní hé seo an anailís féin!! Tá deis agat anois roinnt obair gharbh a dhéanamh ar an anailís ar Thasc 5 anseo, ach féach Cuid 7 den leabhrán seo maidir le cén chaoi leis anailís féin a dhéanamh.

Earráid	Ceartúchán	Samplaí breise

Plean staidéir don tseachtain

Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ba mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Téipscript

Seán Ó Baoill, Tuairisceoir le Meon Eile

Beidh Rialtas na hÉireann **os comhair na cúirte** an tseachtain seo agus an grúpa comhshaoil 'Climate Case Ireland' ag iarraidh orthu a Phlean Náisiúnta Maolaithe ar an athrú aeráide a tharraingt siar agus plean níos láidre a chur ina áit. **Cás dlí** a troideadh san Ísiltír a spreag an grúpa chun cás dlí den chineál céanna a thabhairt in aghaidh an Rialtais anseo in Éirinn.

Daithí Ó hÉalaí, *Climate Case Ireland*

Ní raibh muid sásta ar chor ar bith leis an bplean nuair a tháinig sé amach faoi dheireadh. Bhí sé, inár dtuairim ... níl siad **ag cloí** leis na rialacha atá leagtha síos san Acht Éireannach agus freisin níl sé **dleathach** inár dtuairim ó thaobh an dlí idirnáisiúnta agus na **cearta daonna** atá sa Bhunreacht, **Bunreacht na hÉireann**. Bhí sé suimiúil ag féachaint ar an mbuiséad don bhliain seo nuair a socraíodh é i mí Meán Fómhair. Bhí siad **tar éis a rá** go raibh siad chun **an cháin charbóin a ardú**, agus faoi dheireadh, níor athraigh siad é. Is cosúil go bhfuil saghas imní orthu. Tá muid imithe i bhfad ó na spriocanna agus ag imeacht sa treo mícheart.

Peadar Ó Caomhánaigh, An Comhaontas Glas

Tá dhá spriocdháta againn agus **spriocanna le baint amach** faoi na dátaí sin, 2020 agus 2030, agus is cinnte anois go gcaillfidh muid amach ar spriocanna 2020. Níl **a dhath ar bith** déanta ag an rialtas chun déileáil leo, *so* tosóidh na fíneálacha, agus beidh timpeall ar €600 milliún sa bhliain le hóc ag an rialtas, *so* rachaidh sé sin suas chomh fada le €6 billiún **ina iomláine**, faoin am a shroicheann muid 2030. So, tá dhá bhliain déag amach romhainn anois gur féidir linn damáiste nó díobháil an athraithe aeráide **a sheachaint** agus é a chasadh **droim ar ais** agus stop a chur leis ach an rud ná, caithfidh gníomh teacht ón áit is airde. Caithfidh sé teacht ón rialtas. Caithfidh sé teacht ó na polasaithe. Is rud maith é má tá cupán agat a choimeádann tú seachas na cupáin phlaisteacha a úsáid; is maith an rud é má ghearrann tú siar ar an bhfeoil; is maith an rud é mura mbíonn tú ag tiomáint an méid sin nó ag eitilt an méid sin, **ach d'uireasa polasaí daingean athrú aeráide** ón rialtas, **ní fiú faic** ceachtar de na gníomhartha sin. Ní fiú faic rudaí a dhéanamh tú féin má tá an rialtas ag déanamh iarrachta **seift ghlic a imirt** orainn agus cur le **stoc mairteola agus déiríochta** na tíre, ag mealladh isteach **tionscal trom**, ag déanamh iarrachta gan glacadh leis na moltaí nó na rudaí atá tagtha ón na foinsí is airde, go háirithe na **Náisiúin Aontaithe**.

Ar an iomlán, níl an chuma orainn go bhfuil muid chomh holc sin i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip, ach nuair a bhriseann tú síos é go dtí **aschur carbóin in aghaidh an tsaoránaigh**, táimid **ar an tír is measa** san Aontas Eorpach. Caithfidh rud éigin a dhéanamh chun gearradh siar. Agus an fhadhb is mó atá ann ná, is féidir díriú isteach ar dhá mhórchúis aschur carbóin: an chéad cheann ná an **fheirmeoireacht déiríochta agus mairteola** agus an dara rud ná an **dó breosla iontaise**. An fhadhb atá againn ná an polasaí atá ag an rialtas i láthair na huair, tá sé ann le cur leis an stoc feola mairteola agus le cur le **stoc na mbó déiríochta** agus tá siad ag tacú leis an mbreosla iontaise trí **shíntiúis agus deontaisí** a thabhairt do Bhord na Móna leanúint ar aghaidh ag **scriosadh na bportach**. Tá sé dochreidte go bhfuil an rialtas **ag maíomh** ar láimh amháin go bhfuil siad dáiríre faoin athrú aeráide, ach nuair atá siad **ag gníomhú** ar an láimh eile, níleadar ag déanamh faic faoi agus tádar ag déanamh damáiste agus ag déanamh rudaí níos measa agus beidh na fíneálacha níos airde. *So* mar sin, beidh lá os comhair na cúirte ag rialtas na hÉireann.

Cuid 1 – Obair Neamhspleách

Seo an obair atá le déanamh agat roimh an gceardlann (cleachtaí A-E).

A. Stór focal

Cén Ghaeilge atá ar na focail seo? Is féidir éisteacht leis an mír thíos le do chuid freagraí a sheiceáil agus **Quiz 1** ar Moodle a dhéanamh ansin.

- | | |
|-------------------------------------|---|
| 1. Address (speech) | 7. migrant community |
| 2. Reason to celebrate | 8. one reason to be joyful |
| 3. health emergency | 9. recovery, rehabilitation |
| 4. after restricting women's rights | 10. years of insult and contempt |
| 5. to soften the tension in a house | 11. a woman who had exceptional storytelling skills |
| 6. the woman bears the consequence | 12. documentary |

B. Mír físe

Seo tuairisc nuachta maidir le Lá Idirnáisiúnta na mBan. Breathnaí ar an tuairisc agus déanaigí na ceisteanna thíos a fhreagairt i **Quiz 2** ar Moodle.

(2) Céard a bhí le rá ag na daoine seo?

Michael D. Higgins
Áine Durkin
Sorcha Ní Mhónacháin
Ola Majekodunmi

(3) Cén fáth ar luadh na figiúirí seo?

- 5
- 40,000
- 10
- 63
- 60,000
- 46

Cuid 2 – Obair na ceardlainne



Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 5: Dréacht 2 le cur isteach.

A. An bhearna dhomhanda combhionannas inscne sa bhliain

Cuirfidh an teagascóir i ngrúpaí sibh leis na ceisteanna thíos a phlé le chéile. Is féidir na ceisteanna a phlé mar ghrúpa ina dhiaidh sin. Is féidir breathnú ar na léaráidí thíos (atá bunaithe ar staitisticí atá ar fáil ar www.cso.ie) agus sibh ag tabhairt faoi na ceisteanna.

- (1) An dóigh leat go bhfuil combhionannas inscne bainte amach in Éirinn anois? Déan cur síos ar na bealaí ar fad a bhfuil dul chun cinn déanta maidir leis an gceist seo le céad bliain anuas.
- (2) An dóigh leat go bhfuil mórán difríochtaí fós idir an cineál saoil a chaitheann fir agus mná in Éirinn agus san Aontas Eorpach sa lá atá inniu ann, ó thaobh na rudaí seo a leanas?:
 - (a) Leibhéal oideachais agus cáilíochtaí
 - (b) Deiseanna fostaíochta agus dul chun cinn gairmiúil
 - (c) Cúrsaí sláinte
 - (d) Cúrsaí sóisialta agus cúrsaí caidrimh
 - (e) Cúraimí tí agus cúram leanaí agus seandaoine
 - (f) Tréithe pearsantachta, caithimh aimsire agus ábhair spéise



B. An comhionannas inscne sa spórt

An dóigh libh go bhfuil an comhionannas inscne bainte amach againn sa spórt? An bhfuil aon eolas agaibh ar an ábhar seo? Féachaigí ar na scéalta seo thíos agus déanaigí plé orthu le chéile. An gcuireann scéal ar bith iontas oraibh?

Gearradh fineáil €1500 ar fhoireann liathróid láimhe trá na mban san Iorua i mí Iúil 2021 toisc gur chaith siad bríste gearr seachas bun bicíní, rud nach gceadaítear de réir rialacha Chónaidhm Liathróid Láimhe na hEorpa (EHF). De réir rialacha an EHF, caithfidh na himreoirí fireann bríste gearr a chaitheamh agus caithfidh na himreoirí baineann bun bicíní a chaitheamh.



Bhí ar Yoshiro Mori éirí as a phost mar uachtarán choiste eagrúcháin Chluichí Oilimpeacha Tóiceo 2021 i mí Feabhra 2021, tar éis dó a rá go labhraíonn mná an iomarca le linn cruinnithe agus go mbeadh orthu a chinntiú go mbeadh teorainn ama leis an deis cainte a bheadh ag bail bhaineanna dá gcuirfí le líon na mban ar an mbord. Dúirt sé chomh maith go mbíonn mná an-iomaíoch.



Ní raibh cead ag mná ballraíocht a fháil i gClub Gailf Phort Mearnóg (BÁC) go dtí go raibh vóta ann ag deireadh mhí Bealtaine 2021 leis an rial sin a athrú.



C. Foréigean in aghaidh na mBan

Déanaigí na ceisteanna seo thíos a phlé in bhur ngrúpaí.

- (1) Céard atá ar eolas agat faoi fheachtais ar nós #MeToo, #TimesUp, #MiseFosta?
- (2) Ar chuala tú faoi #NotAllMen? Céard a cheapann tú faoi?
- (3) Cén fáth, meas tú, a bhfuil na fadhbanna seo ann fós sa bhliain 2022?
- (4) An imríonn na meáin shóisialta tionchar ar na fadhbanna seo, meas tú?

D. Gramadach – An Tuiseal Ginideach

Is iomaí deacracht a bhíonn ag foghlaimoirí Gaeilge leis an tuiseal ginideach. An mbíonn deacrachtaí agat féin leis an ngné seo den ghramadach? Seo thíos roinnt samplaí den tuiseal ginideach a bhí sa mhír éisteachta:

Lá Idirnáisiúnta na mBan
Sochaí úr na hÉireann
Cúram an tí
Formhór an ama
Go leor idirdhealaithe agus ciníochais
Buanna scéalaíochta

An bhfuil na rialacha ar fad ar eolas agat? Déan iarracht na habairtí seo thíos a aistriú i d'aonar agus is féidir leat ansin iad a phlé leis an duine in aice leat.

- (1) My aunt's friend is a human resources manager in some company and she said that she'd be happy to arrange a job interview for me.
- (2) I feel like I'm always getting emails. I must have gotten at least three today from the tutorial coordinator.
- (3) It frustrates me that women's rights aren't discussed more in the media.
- (4) I think that people don't realise sometimes that society's problems concern us all.
- (5) I was reading an article the other day about climate change and it was a real eye-opener.
- (6) I think that people don't realise how bad the housing crisis really is. We need more houses!

Plean staidéir don tseachtain

Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ba mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Téipscript - Lá Idirnáisiúnta na mBan

Eibhlín Ní Choistealbha

Bhuel, dúirt an tUachtarán, Michael D. Higgins, ina aitheasc comórtha ar Lá Idirnáisiúnta na mBan inniu, go bhfuil an lá seo ar cheann de na dátaí is tábhachtaí sa bhféilire bliantúil. Ach, an bhfuil cúis cheiliúrtha i ndáiríre againn anseo in Éirinn ar dhul chun cinn na mban tar éis bliain den gcoróinvíreas?

Sorcha Ní Mhonycháin

Bliain ar bith eile dhéanfaí ceiliúradh dathúil bláthúil ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, i bpáirceanna poiblí agus i sráideanna ar fud fad na cruinne. Ach i mbliana, tá an ghéarchéim shláinte ag cur as don chomóradh. Dúirt an tUachtarán, Michael D. Higgins, ar maidin go bhfuil an lá seo ar cheann de na dátaí is tábhachtaí san fhéilire bhliantúil. Ach, déarfadh mná go bhfuil an phaindéim, COVID-19, i ndiaidh teorannú a dhéanamh ar chearta na mban le bliain anuas.

Áine Durkin, File

Titeann cúram an tí formhór an ama ar an mbean agus má tá bealaí nach bhfuil sí in ann éalú uathu, má tá sí ag iarraidh cineál an teannas i dteach a mhaolú, is í an bhean go hiondúil a bhíonn thíos leis, ag iarraidh rud éigint a dhéanamh.

Sorcha Ní Mhonycháin

Léiríonn eolas a fuair Ceardchumann na nRiseoirí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise go bhfuil bearna shuntasach phá go fóill idir mná agus fir in RTÉ. De réir na bhfigiúirí is déanaí atá ar fáil, saothraíonn bean as achan chúigear in RTÉ níos lú ná €40,000 sa bhliain, i gcomparáid leis an deichiú cuid de na fir. Saothraíonn 63% de na mná san eagraíocht níos lú ná €60,000 sa bhliain i gcomparáid le 46% de na fir.

Cuid thábhachtach de shochaí úr na hÉireann, an pobal imirceach. Ach, an bhfuil cúis cheiliúrtha ag na mná seo inniu?

Ola Majekodunmi, Saor-iriseoir

Is dóigh liom nach bhfuil an méid sin eolais amuigh ansin ó thaobh chearta na mban imirceach agus bíonn go leor bac ¹i gceist ó thaobh an t-eolas seo a fháil. Agus, bíonn go leor idirdhealaithe agus ciníochais i gceist chomh maith. So cinnte tá saol i bhfad níos deacra.

Sorcha Ní Mhonycháin

Cúis amháin ghairdis go bhfuil athshlánú le déanamh sa deireadh thiar ar oidhreacht mná amháin i ndiaidh blianta de mhasla agus de tharcaisne.

Sinéad Ní Uallacháin, Láithreoir an chlár ‘Peig’

Tá sé in am againn na buanna a bhí ag Peig Sayers a cheiliúradh, go tráthúil ar Lá Idirnáisiúnta na mBan. Bean a raibh buanna scéalaíochta go smior inti, buanna rógaireachta chomh maith. Bean a bhí fial agus bean a bhí flaithiúil. Agus, tá súil agam go bhfuil solas éigin scalta againn ar na nithe sin a bhain leis an mbean í féin sa chlár faisnéise seo a chraolfar go luath ar TG4.

Craolfar an clár ‘Peig’ ar TG4 arú amárach ar leath i ndiaidh a naoi.

¹ Deir Ola ‘bacanna’ sa mhír, ar leagan malartach é.

Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an obair atá le déanamh agat roimh an gceardlann (cleachtaí A-D).

A. Stór focal

Cén Ghaeilge atá ar na focail seo? Is féidir súil a chaitheamh ar an bhfíseán mura bhfuil tú cinnte.

Déan **Quiz 1** ar Moodle nuair atá siad ar fad aimsithe agat.

- | | |
|------------------------------|--|
| 1. the number of services | 9. recruitment policy |
| 2. official documents | 10. competent in the two languages |
| 3. diverse communities | 11. citizens |
| 4. without difficulty | 12. awareness about the language |
| 5. road tax | 13. language legislation |
| 6. it is clear that we exist | 14. young, urban Irish speakers |
| 7. visible | 15. let's not let it die or be forgotten |
| 8. demand for services | 16. complaint |

B. Mír físe

Breathnaigh ar an mír físe agus freagair na ceisteanna thíos i **Quiz 2** ar Moodle.

- (1) Céard í príomhtheanga oifigiúil na tíre seo, de réir Bhunreacht na hÉireann?
- (2) Cé mhéad duine a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais?
- (3) Cén contae in Éirinn a bhfuil an líon is mó Gaeilgeoirí ann?
- (4) Cén t-ainm atá ar an ócáid mhíosúil ina gcasann Gaeilgeoirí le chéile i dtithe tábhairne éagsúla sa chathair le bheith ag ól?
- (5) Cén t-ainm atá ar an bpíosa reachtaíochta is tábhachtaí atá againn chun cearta teanga a thabhairt do phobal na Gaeilge?
- (6) Liostaigh trí cinn de na cearta atá againn de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla.
- (7) Fíor nó bréagach? Tá sé de cheart agat cur isteach ar an scrúdú tiomána i nGaeilge, an tástáil teoirice agus an scrúdú féin a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, agus an ceadúnas tiomána a fháil i nGaeilge.
- (8) Fíor nó bréagach? Caithfidh tú 10% breise a íoc as an scrúdú tiomána trí mheán na Gaeilge agus bíonn an liosta feithimh níos faide.
- (9) Fíor nó bréagach? Tá sé de cheart agat an Ghaeilge a labhairt leis an bhfoireann in Supermacs, Supervalu agus Tesco.
- (10) Fíor nó bréagach? Tá polasaí earcaíochta ag an státchóras líon áirithe daoine a bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu a fhostú, chun seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 6 le cur isteach.

A. Réamhphlé

Pléigí na ceisteanna seo i ngrúpaí/i mbeirteanna. Is féidir na ceisteanna a phlé le chéile ansin.

- (1) An úsáideann tú féin aon seirbhísí trí mheán na Gaeilge, nó an úsáideann tú an Ghaeilge go sóisialta? Má úsáideann, cé na dúshláin a bhaineann leis sin a dhéanamh? Mura n-úsáideann, cén fáth?
- (2) An raibh a fhios agat gur féidir leat an tástáil teoirice agus an scrúdú tiomána a dhéanamh trí mheán na Gaeilge? An ndéanfá trí Ghaeilge na scrúduithe sin? Cén fáth?
- (3) An dóigh leat gur cearta tábhachtacha daonna iad cearta teanga? Mínigh do fhreagra.
- (4) An dóigh leat féin go bhfuil an ceart ag pobal na Gaeilge raic a thógáil faoin síneadh fada ar cháipéisí oifigiúla?
- (5) Ar cheart na milliúin euro a chaitheamh ar sheirbhísí agus ar cháipéisí Gaeilge nuair atá géarchéim sláinte agus tithíochta againn sa tír, na mílte duine gan dídean, easpa maoinithe ag na hollscoileanna?
- (6) An dóigh leat go mbainfidh tú mórán úsáide as an nGaeilge i do shaol i ndiaidh na hollscoile? Cén chaoi?

B. Leasuithe ar an mbille teanga

Seo thíos cuid de na leasuithe a rinneadh ar an mbille teanga anuraidh. An raibh eolas agaibh ar na leasuithe seo? De réir na leasuithe:

Beidh ar chomhlachtaí poiblí 20% ar a laghad dá bhfógraíocht a dhéanamh i nGaeilge gach bliain & 5% dá bhfógraíocht a dhéanamh sna meáin Ghaeilge

Beidh 20% de na hearcaithe nua sa tseirbhís phoiblí inniúil i labhairt na Gaeilge faoi 2030.

Beifear in ann an síneadh fada a chur isteach i ngach córas TF comhlachtaí poiblí

Beidh aon lógónna de chuid comhlachtaí poiblí i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh

Beidh ar chomhlachtaí poiblí freagra i nGaeilge a thabhairt ar aon chumarsáid a dhéanfar leo i nGaeilge ar na meáin shóisialta.

Breathnaígh ar na leasuithe thuas le chéile agus déanaigh iad a phlé. Is féidir na ceisteanna thíos a úsáid mar theorir.

- (1) Céard é an tábhacht a bhaineann leis na leasuithe seo?
- (2) Céard a cheapann pobal na Gaeilge faoi na leasuithe seo, meas tú?
- (3) An dóigh leat go mbeidh sé dúshlánach na spriocanna thuas a bhaint amach? Céard iad na dúshláin a bhainfidh leis sin?
- (4) An bhfuil tú féin sásta leis na leasuithe seo? An dóigh leat gurbh fhéidir an bille teanga a láidriú níos mó fós?

C. Scríbhneoireacht

Tá sé de cheart ag duine ar bith gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Teanga má mheastar go bhfuil cearta teanga (de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003) á sárú. Bhí tú féin agus cara leat ag iarraidh an tástáil teorice don tiomáint a dhéanamh i nGaeilge, ach ní raibh an t-ábhar foghlama ar fáil i nGaeilge. Chuaigh sibh i dteagmháil ansin leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre le gearán a dhéanamh, agus seoladh an t-ábhar amach chugaibh saor in aisce. Nuair a thosaigh sibh ag ullmhú, áfach, thug sibh faoi deara go raibh an t-aistriúchán Gaeilge chomh dona sin go raibh sé deacair cuid de na ceisteanna/freagraí a thuiscint fiú. Ba mhaith libh anois gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Teanga. Déanaigí bhur machnamh ar na pointí thíos sula dtosaíonn sibh ag scríobh an ríomhphost:

- Cén chaoi ar cheart an ríomhphost a thosú?
- Céard iad na pointí ba mhaith libh a lua?
- Céard é an stór focal a theastaíonn? Déanaigí cúpla téarma/frása a chuardach.

D. Cúrsaí gramadaí

1. Cuir Gaeilge ar na frásaí thíos:

- the Minister
- the Minister's speech
- the Ministers' speeches
- I was talking to the Minister
- the Act
- the provisions of the Act
- the provisions of the Acts

2. 'tá sé de cheart agat...'

Cuir Béarla ar na frásaí thíos:

- chun a cheart a thabhairt dó
- tá an ceart agat
- tá sé de cheart agat
- caithfear é sin a chur ina cheart
- níl rudaí mar is ceart
- rógaire ceart an leanbh sin!

An raibh a fhios agat gurb í an Ghaeilge an chéad teanga oifigiúil de chuid Stát na hÉireann? An raibh a fhios agat go bhfuil sé de cheart agat gnó a dhéanamh trí Ghaeilge le Comhlachtaí Stáit? Is é an sprioc atá ag Acht na dTeangacha Oifigiúla cur le líon na seirbhísí agus le húsáid na Gaeilge sa státchóras. An bhfuil sibh réidh leis an sprioc a bhaint amach?

Is mise Seán. Ainm Gaeilge atá breá simplí, cheapfá. Ní aithníonn an córas ríomhaireachta an síneadh fada. Ní 'sean' atá orm, ach Seán, agus níl mé chomh sean sin! Níor chóir go gcuirfí sa suíomh sin mé, agus is rud an-bhunúsach é go mbeadh d'ainm ceart ar cháipéisí oifigiúla. Ní hamháin sin, ach tá sé de cheart agam an Ghaeilge a úsáid os comhair na cúirte, mo cháin bhóthair a íoc, clárú le hinstitiúid oideachais, mo phas a íoc, agus ba cheart go bhféadfainn sin a dhéanamh, gan dua, gan deacracht agus gan aon anró.

Úsáidtear an téarma 'Gaeltacht' do na ceantair sin in Éirinn ina mbíonn, nó ina mbíodh, go dtí le gairid, an Ghaeilge mar phríomhtheanga labhartha ag an gcuid is mó den phobal. Is teanga bheo nua-aimseartha í an Ghaeilge. Tá pobail ilghnéitheacha bhríomhara a bhfuil idir chainteoirí dúchais, foghlaimeoirí agus nua-fhoghlaimeoirí Gaeilge ina gcónaí iontu fud fad na tíre seo.


Peadar Ó Caomhánaigh: So an rud atá i gceist le Pop-Up Gaeltacht ná oíche amuigh do na Gaeil, pobal na teanga, anseo i mBaile Átha Cliath dúinne, ach ar ndóigh, tá siad scaipthe timpeall na cruinne. Tá níos mó Gaeilgeoirí i mBaile Átha Cliath ná in aon áit eile ar domhan agus bhí sé mar aidhm ag Pop-up Gaeltacht iad a bhailiú le chéile, iad a chruinniú le chéile, sórt 'bat-signal' a chur in airde dóibh agus iad a chruinniú le chéile in áiteanna nach mbailíonn siad de ghnáth, le taispeáint go bhfuil Gaeil anseo i mBaile Átha Cliath, go mbeadh an Ghaeilge i lár an aonaigh, go bhfeicfead muid, go gcloisfead muid, go mbeimis ann. So, yeah, tá na Gaeil anseo, tá siad anseo i mBaile Átha Cliath. Deirtear linn i gcónaí nach bhfuil Gaeil óga uirbeacha ann, ach is léir anseo gur ann dúinn, agus go bhfuileamar anseo. Beatha teanga í a labhairt agus tá cúpla céad duine anseo á labhairt agus tá sé go hiontach.

Go deimhin tá 1.76 milliúin cainteoir Gaeilge sa stát, 74,000 acu siúd a labhraíonn Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais go laethúil agus teagmháil rialta acu leis an stát. Cé mhéad acu sin a n-éiríonn leo gnó a dhéanamh leis an stát trí Ghaeilge? Caithfead a chinntiú, agus seirbhís dhátheangach ar fáil, go bhfuil sé feiceálach agus go bhfuil sé soiléir go bhfuil seirbhís dhátheangach ar fáil. Is seirbhís í seo a chaithfidh a bheith ar fáil go leanúnach agus is ceart go mbeadh an tseirbhís sa dá theanga ar comhchaighdeán. Tugann tú rogha don chustaiméir gnó a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge agus dá réir, cruthaítear a thuilleadh éilimh ar sheirbhísí dátheangacha. Le pleanáil agus le polasaí earcaíochta, is féidir é seo a bhaint amach – daoine atá inniúil sa dá theanga a bheith ag obair sna háiteanna is mó teagmháil leis an bpobal. An bhfuil sibh réidh le tabhairt faoi? An bhfuil muid, saoránaigh de chuid an stáit seo, in ann láithreach agus stádas na Gaeilge sa chóras poiblí a láidriú agus feasacht i leith na teanga a bhisiú. Is í ár dteanga í. Ná ligimis i léig ná i ndearmad í. Le reachtaíocht teanga láidir agus líon leordhóthaineach foirne a bhfuil Gaeilge ar a dtail acu le bheith ag obair sna comhlachtaí poiblí, d'fhéadfadh an stát a chinntiú go bhfreastalaítear mar is ceart ar an bpobal teanga seo. Ná déanaigí dearmad, áfach, gur féidir le comhlachtaí poiblí comhairle a lorg ó Oifig an Choimisinéara Teanga agus chomh maith leis sin, gur féidir leis an bpobal gearán a dhéanamh linn.

Ceardlann 20 – Cearta teanga agus cur chun cinn na Gaeilge

Baineann an ceacht seo le cearta teanga agus le cur chun cinn na Gaeilge. Faoi dheireadh an cheachta, táthar ag súil:

- (1) Go mbeidh stór focal a bhaineann leis an ábhar seo foghlamtha ag an mac léinn
- (2) Go mbeidh an mac léinn in ann plé ginearálta a dhéanamh i nGaeilge ar an ábhar
- (3) Go mbeidh an mac léinn in ann míreanna físe a bhaineann leis an ábhar seo a thuiscint
- (4) Go mbeidh an mac léinn in ann ailt a bhaineann leis an ábhar seo a léamh agus a thuiscint



Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an obair atá le déanamh agat roimh an gceardlann (cleachtaí A-D).

A. Stór focal

Cén Ghaeilge atá ar na focail seo? Is féidir súil a chaitheamh ar an mír físe mura bhfuil tú cinnte.

Déan **Quiz 1** ar Moodle nuair atá siad ar fad aimsithe agat.

- | | |
|-------------------------|-------------------------|
| 1. Language stipulation | 6. Organisations |
| 2. Housing estate | 7. Possibilities |
| 3. Housing scheme | 8. Community committees |
| 4. Appeal | 9. Official complaint |
| 5. Statutory duty | 10. To fail |

B. Mír físe

Breathnaigh ar an mír físe seo ón mbliain 2017 agus freagair na ceisteanna thíos i **Quiz 2** ar Moodle.

- (1) Cén fáth a bhfuil gearán déanta le hOifig an Choimisinéara Teanga?
- (2) Cén chaoi ar bhris Comhairle Contae Chiarraí an dlí, dar le lucht scríofa an ghearáin?
- (3) Céard nach bhfuil á chur i bhfeidhm ag formhór na gComhairlí Contae?
- (4) Céard nach bhfuil Roinn na Gaeltachta ná Údarás na Gaeltachta sásta a dhéanamh, dar le Donncha Ó hÉallaithe?
- (5) Cén fáth a measann Cathal Ó Conchúir nach bhfuil sé soiléir an bhfuil nó nach bhfuil an coinníoll teanga curtha i bhfeidhm i gceart ag Comhairle Contae na Gaillimhe?

Cuid 2 – Obair na Ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

A. Cúrsaí foghraíochta

Moltar don teagascóir roinnt plé a dhéanamh ar chúrsaí foghraíochta sa cheardlann seo, bunaithe ar na deacrachtaí a tháinig aníos i dTasc 6. Moltar leas a bhaint as na cleachtaí a cuireadh le chéile don chuid seo den rang.

B. Réamhphlé

Moltar na ceistanna seo a phlé i ngrúpaí/i mbeirteanna ar dtús agus iad a phlé leis an rang ina dhiaidh sin.


- (1) Céard é an tábacht a bhaineann leis an nGaeltacht?
- (2) Céard é an tábacht a bhaineann le maoiniú a chur ar fáil don Ghaeltacht & don Ghaeilge?
- (3) Céard is coinníoll teanga i gcead pleanála ann? Cén fáth a bhfuil sé tábachtach go leagtar coinníoll teanga síos i gcead pleanála agus go gcuirtear i bhfeidhm í?
- (4) Céard iad na dúshláin atá roimh na an nGaeltacht agus roimh mhuintir na Gaeltachta?
- (5) An bhfuil a ndóthain á dhéanamh ag an Rialtas le tacú leis an nGaeltacht?
- (6) Cén chaoi ar féidir dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh an nGaeltacht?

C. Stádas na Gaeilge

Rinne sibh roinnt plé an tseachtain seo caite ar an mbille teanga agus ar chearta teanga. Seo thíos roinnt scéalta a bhí i mbéal an phobail le roinnt blianta anuas. An raibh eolas agaibh ar na scéalta seo? Céard a cheapann sibh fúthu?

Tháinig sé chun solais i mí Aibreáin 2021 go ndúradh leis na fostaithe i gcomhlacht Gaeltachta a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta nach ceadmhach ach an Béarla a labhairt san ionad oibre.²

'English must be spoken at all times. Failing to do so is unacceptable'



² Tuilleadh eolais ar an scéal seo ar fáil ag: <https://tuairisc.ie/english-must-be-spoken-at-all-times-failure-to-do-so-is-unacceptable-polasai-teanga-comhlacht-gaeltachta/>

Fuarthas amach anuraidh go ndéantar sloinnte a scríobhtar i nGaeilge ar an teastas breithe a aistriú go Béarla sula gcuirtear isteach ar chóras na Roinne Coimirce Sóisialaí iad.

*'Dúirt oifigeach de chuid na roinne le Ó Feinneadha, a bhí ag iarraidh clárú le haghaidh Cárta Leasa Sóisialaí, nach ann do 'Ciarán Ó Feinneadha' ar bhunachar na dteastas breithe. Agus an scéal á fhiosrú aige, thug an t-oifigeach le fios dó go raibh a theastas breithe cláraithe faoi Ciarán Feeney, sloinne nár úsáid sé féin, ná a chuid tuismitheoirí ná a chlann riamh, a dúirt sé. Nuair a chuir Ó Feinneadha ceist ar an oifigeach an é go ndearnadh botún lena shloinne féin amháin ar an chóras, dúradh leis go raibh gach sloinne Gaeilge aistrithe go Béarla ar an chóras. Níor athraíodh na sloinnte ar na teastais bhreithe féin ach bhí na teastais cláraithe ar an chóras leictreonach faoi shloinnte Béarla, a dúradh.'*³

Thug Comhairle Contae Chiarraí ainm nach raibh ciall ar bith ag baint leis ar eastát sa Daingean i mí an Mhárta 2021.

'Dúirt an Dr Pádraig Ó Cearbhaill ó Choimisiún na Logainmneacha go raibh sé ag plé le logainmneacha "le blianta móra fada" agus nach raibh an focal 'pairceanna' feicthe riamh cheana aige. "Más Gaelainn í sin, níl aon chur amach agam ar an bhfocal," ar sé.'

Ní hamháin sin, ach ba i mBéarla amháin a rinneadh measúnú ar chumas Gaeilge iarrthóirí ar thithe.⁴



Tháinig sé chun solais i mí Aibreáin 2021 go raibh moill curtha ar bhronnadh saoránacht Éireannach ar fhear toisc gur líon sé na foirmeacha amach i nGaeilge. Ní raibh sé féin ná a bhean ábalta an t-iarratas a dhéanamh ar líne toisc nach raibh leagan Gaeilge de ar fáil agus bhí orthu leagan clóite a líonadh amach. Sé mhí ina dhiaidh sin, d'iarr an Roinn Dlí agus Cirt orthu an t-iarratas a dhéanamh ar líne, i mBéarla.⁵



³ Tá an t-alt iomlán ar fáil ag <https://tuairisc.ie/ni-ann-do-chiaran-o-feinneadha-beag-is-fiu-a-dheanamh-de-phobal-na-gaeilge-ag-an-stat/> agus tá agallamh Chiaráin Uí Fheinneadha ar Adhmhaidin ar fáil anseo: <https://www.rte.ie/radio/rnag/clips/21989141/>.

⁴ Is féidir tuilleadh a léamh anseo: <https://tuairisc.ie/i-mbearla-a-rinneadh-an-measunu-ar-chumas-gaeilge-iarrthoiri-ar-thithe-in-eastat-gaeltachta/>

⁵ Seo alt maidir leis an scéal seo: <https://tuairisc.ie/moill-fhada-ar-phroiseas-saoranachta-fir-de-bhunadh-na-sine-toisc-an-t-iarratas-i-ngaeilge/>

D. Ag eagrú feachtais

Samhlaígí go bhfuil sibh ag obair d'eagraíocht Ghaeilge agus go gcaithfidh sibh feachtas a eagrú chun (i) mic léinn a chur ar an eolas faoina gcearta teanga agus iad a spreagadh le húsáid a bhaint as seirbhísí trí mheán na Gaeilge NÓ (ii) iad a spreagadh agus cabhrú leo an Ghaeilge a úsáid go sóisialta. Déan plean maidir leis na rudaí a d'fhéadfadh sibh a dhéanamh mar chuid den fheachtas agus an bealach is éifeachtaí le dul i bhfeidhm ar an spriocghrúpa.

E. Plé agus scríbhneoireacht: Obair ghrúpa

Léigh sibh alt sa nuachtán *The Irish Times* le déanaí inar dúradh go bhfuil na milliúin euro á gcaitheamh ar sheirbhísí agus ar cháipéisí Gaeilge nach bhfuil éileamh orthu, agus nár cheart an t-airgead sin a chaitheamh ar an nGaeilge nuair atá géarchéim tithíochta againn sa tír, na mílte duine gan dídean, easpa maoinithe ag na hollscoileanna agus easpa leapacha sna hospidéal. Scríobh alt eile mar fhreagra air seo, chun bhur gcuid tuairimí féin a thabhairt ar ábhar an ailt.

Frásaí cabhracha:

Is oth liom/ Is leasc liom [a rá] + go/nach/gur/nár

Tá a fhios agam/ Is eol dom/ Is feasach dom + go/nach/gur/nár

Is náir liom [a rá] + go/nach/gur/nár

A dhála sin/ar an mbealach céanna/ar an gcaoi chéanna

Ní fiú dúinn a bheith ag X/ Ní fiú biorán Y

Tá sé ríshoiléir/Is léir/Is glé liom + go/nach/gur/nár

Níl an scéal seo ag dul i bhfeabhas/tá an scéal ag dul in olcas/rachaidh an scéal in olcas

Mórán cainte ar bheagán cúise

Ní briathar a dhearbhaíonn ach gníomh

An dall ag treorú an daill

Plean staidéir don tseachtain

Is féidir 5 nóiméad nó mar sin a thabhairt do na mic léinn ag deireadh an ranga le machnamh a dhéanamh ar an bplean oibre don tseachtain.

Céard iad na tascanna atá le déanamh agam an tseachtain seo? (m.sh. quizeanna, tasc don cheardlann, dréacht ceartaithe)	
<ul style="list-style-type: none">•••••	
Céard air ba mhaith liom díriú go neamhspleách an tseachtain seo? (m.sh an chopail, an léitheoireacht, stór focal na gceardlann a fhoghlaim, cleachtadh don scrúdú cainte)	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo? (m.sh. alt ar www.tuairisc.ie a léamh, dul siar ar riail ghramadaí, éisteacht le nuacht TG4/podchraoladh, cleachtadh cainte le X)
Nótaí breise:	

Ceardlann 21 – Dul siar

Is é aidhm na ceardlainne seo:

- machnamh a dhéanamh ar ranganna na bliana
- machnamh a dhéanamh ar spriocanna foghlama Bhliain 3 agus ar bhur gcuid spriocanna pearsanta
- plean staidéir a chur le chéile do NG311
- roinnt ullmhúcháin a dhéanamh don scrúdú cainte



Cuid 1 – Obair neamhspleách

Seo an obair atá le déanamh agat roimh an gceardlann.

A. Machnamh ar ranganna an tseimeastair seo

Léigh na ceisteanna i gCuid A thíos agus déan do mhachnamh orthu roimh an gceardlann.

B. Ullmhúchán don scrúdú cainte

Beidh sibh ag cleachtadh don scrúdú cainte i gceardlann na seachtaine seo. Déan roinnt dul siar ar na ceisteanna ar chuid de na ceisteanna a pléadh sna ceardlanna i mbliana, ionas go mbeidh tú in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sa rang.

Cuid 2 – Obair na ceardlainne

Seo an obair atá le déanamh le linn na ceardlainne. Faoin teagascóir atá sé obair na ceardlainne a chur in oiriúint don rang atá aige/aici.

NB: Tasc 6: Dréacht 2 le cur isteach.

A. Machnamh ar ranganna na bliana seo

Cuirfidh an teagascóir i ngrúpaí sibh le plé a dhéanamh ar na ceistanna seo thíos:

- (1) Céard é an rud is mó a thaitin leat faoi na ceardlanna?
- (2) An raibh aon rud nár thaitin leat faoi na ceardlanna?
- (3) An dóigh leat go raibh fiúntas ag baint leis na ceardlanna agus leis na tascanna?
- (4) Céard a cheap tú faoin gcúrsa Gaeilge ar an iomlán? Ar thaitin sé leat?
- (5) An molfá do dhaoine eile céim a dhéanamh sa Ghaeilge in OMN?
- (6) An bhfuil aon mholtaí agat do Roinn na Nua-Ghaeilge?

B. An féinmheasúnú agus an machnamh ar an bhfoghlaim

Leagadh béim i mbliana ar an bhféinmheasúnú agus ar an tábhacht a bhaineann le spriocanna foghlama. Breathnaigh anois ar spriocanna foghlama na bliana seo i gCuid 3 thuas – seo na spriocanna a bhí le baint amach agat i mbliana. Déan féinmheasúnú ar na scileanna atá agat faoi láthair agus tabhair marc ó 1-5 duit féin ar gach inniúlacht a luaitear sa tábla. Déan comparáid anois idir na marcanna a bhronn tú ort féin anois agus na marcanna a bhronn tú ort féin ag tús/lár an tríú bliain – an bhfuil difríocht le feiceáil?

Marc	Cur síos	Míniú	
		<i>Eolas ar phointe gramadaí</i>	<i>Ráiteas maidir le cumas teanga</i>
1	An-lag	Níl tuiscint/ eolas agam ar an bpointe gramadaí seo	Easaontaím go láidir
2	Lag	Ní thuigim an pointe gramadaí seo ach bhí a fhios agam gur ann dó	Easaontaím
3	Measartha	Tá eolas agam ar an bpointe gramadaí seo ach is minic nach féidir liom an t-eolas sin a chur i bhfeidhm agus mé ag tabhairt faoi thasc	Níl a fhios agam
4	Go maith	Tuigim an pointe gramadaí seo agus ní bhíonn mórán deacrachtaí agam leis den chuid is mó	Aontaím
5	An-mhaith	Tuigim an pointe gramadaí seo, ní dhéanaim botúin a bhaineann leis an bpointe seo agus bheinn breá ábalta é a mhíniú do dhuine eile	Aontaím go láidir

Ba cheart na ceistanna seo a phlé i mbeirteanna/i ngrúpaí beaga anois:

- (1) An dóigh leat go bhfuil spriocanna foghlama na bliana bainte amach agat?
- (2) An bhfuil aon spriocanna nár bhain tú amach, meas tú?
- (3) Cén chaoi ar éirigh leat leis na spriocanna a leag tú síos duit féin?
- (4) Céard iad na rudaí ba mhaith leat díriú orthu roimh na scrúduithe?

C. Plean staidéir a chur le chéile don scrúdú

Leag plean staidéir amach duit féin anois do scrúdú NG311. Is féidir an plean a phlé leis an duine in aice leat más maith leat.

Céard air ba mhaith liom díriú roimh an scrúdú?	Cén chaoi a ndíreoidh mé ar na spriocanna seo?
	<ul style="list-style-type: none">•••
	<ul style="list-style-type: none">•••
	<ul style="list-style-type: none">•••
	<ul style="list-style-type: none">•••

D. Cleachtadh don scrúdú cainte

Cuirfidh an teagascóir i mbeirteanna sibh don chuid seo agus beidh oraibh cleachtadh a dhéanamh don scrúdú cainte. Glacáigí na ról seo a leanas ar feadh 10 nóiméad. Ansin, malartaíigí ról ar feadh 10 nóiméad eile.

Duine A: Scrúdaitheoir cainte:

Cuir scrúdú cainte ar an mac léinn bunaithe ar na topaicí a clúdaíodh i mbliana. Cuir ceisteanna breise air/uirthi ar nós ‘Cén fáth?’, ‘Céard atá i gceist agat leis sin?’ le cabhrú leis/léi forbairt a dhéanamh ar a c(h)uid freagraí.

Duine B: Mac léinn sa scrúdú cainte:

Samhlaigh go bhfuil tú istigh sa scrúdú cainte. Freagair na ceisteanna a chuirtear ort agus déan iarracht forbairt a dhéanamh ar do chuid freagraí. Seachain freagraí simplí ‘Ardeiste’. Má smaoiníonn tú ar aon fhocail/ fhrásaí nach bhfuil tú cinnte fúthu agus tú ag caint, scríobh síos iad agus cuardaigh san fhoclóir nó pléigh leis an teagascóir iad ag an deireadh.

Cuid 5: Treoracha agus scéimeanna marcála na dtascanna

Tasc 1: Cúrsa beatha agus litir iarratais

Tá dhá chuid ag baint leis an tasc seo. Déan (a) **AGUS** (b) thíos.

(a) Cúrsa beatha (C.V.): (2 leathanach)

- Ullmhaigh cúrsa beatha a d'fhéadfá a úsáid agus tú ag cur isteach ar phoist amach anseo.
- Bíodh an t-eolas seo a leanas san áireamh agat:
 - Sonraí pearsanta/teagmhála
 - oideachas/cáilíochtaí
 - taithí oibre/ cúlra fostaíochta
 - aon scileanna nó gaiscí eile
 - caithimh aimsire agus ábhair spéise
 - moltóirí
- Déan cúram faoi leith de struchtúr agus leagan amach an chúrsa beatha.
- Is féidir úsáid a bhaint as an teimpléad (ar fáil thíos agus ar Moodle NG301) agus as an liosta stór focal atá ag cúl an leabhráin seo mar threoir.
- Ná téigh thar dhá leathanach!

(b) Litir iarratais: (250-300 focal)

- Féach ar an liosta folúntas atá foilsithe ar www.peig.ie agus aimsigh fógra poist a mbeadh suim agatsa ann.
- Scríobh litir iarratais a bheadh oiriúnach le cur isteach ar an bpost sin.
- Déan cúram faoi leith de struchtúr na litreach agus de réim na teanga mar is cuí do litir fhoirmiúil.

Treoracha eile ginearálta:

- Bain úsáid as **spásáil dhúbailte** do chorp na litreach. Ní gá spásáil dhúbailte a úsáid don Chúrsa Beatha ná do na seoltaí ag tús na litreach.
- Cuir **leathanach clúdaigh Thasc 1** (ar fáil ar Moodle MC: NG300) ag tús an taisc agus líon isteach na sonraí cuí ar Thaobh A.
- Bain úsáid as **teimpléad an chúrsa beatha**, atá curtha ar fáil thíos.
- Beidh ort **cóip chrua** den tasc a phriontáil agus a thabhairt don teagascóir sa rang AGUS **cóip leictreonach** a chur isteach ar Moodle.
- Ní ghlacfar le haon tasc mura bhfuil na nithe seo déanta i gceart!

***Nóta:** Sa saol gairmiúil, is minic nach mbreathnaíonn fostóirí ar aon iarratas nach gcloíonn go docht leis na treoracha a thugtar san fhógra poist (m.sh. líon na bhfocal nó leagan amach an iarratais). Mar gheall gur cúrsa sa Ghaeilge ghairmiúil atá i gcúrsa na gceardlann i mbliana, beifear an-dian maidir leis seo freisin. Bí cinnte, mar sin, go leanann tú na treoracha thuas go cúramach, nó caillfidh tú marcanna!*

Scéim Marcála Thasc 1 (Cúrsa Beatha agus Litir Iarratais)			
	Cruinneas	Stór focal	Ábhar
An-mhaith 70% +	35-50 <ul style="list-style-type: none"> An-chruinn Smacht an-mhaith ar an ngramadach. Réimse maith struchtúr. Fíorbheagán botún 	21-30 <ul style="list-style-type: none"> Réimse leathan focal agus frásaí sainiúla a bhaineann le cáilfochtaí, cúrsaí oibre agus le hiarratais. 	14-20 <ul style="list-style-type: none"> Eolas agus struchtúr cuí Leagtha amach de réir choinbhinsiúin na gcúrsaí beatha/litreacha iarratais. Caighdeán gairmiúil
Go maith 60-69%	30-34 <ul style="list-style-type: none"> Sách cruinn, Gan aon bhotún mór comhréire Roinnt botún beag ach fianaise go bhfuil tuiscint agus smacht á bhforbairt ina leith 	18-20 <ul style="list-style-type: none"> Stór focal maith don ábhar, gan aon bhearnaí a bheith le sonrú, saibhreas éigin sa Ghaeilge. 	12-13 <p>Go maith ó thaobh na bpointí thuas.</p>
Measartha 50-59%	25-29 <ul style="list-style-type: none"> Gan mórán deacrachtaí leis an gcomhréir, ach roinnt mhaith mionbhotún (m.sh. séimhiú, urú, an tuiséal ginideach, uimhreacha, srl.) 	15-17 <ul style="list-style-type: none"> Stór focal measartha, gan a bheith saibhir, beanáinín Béarlachais, Roinnt frásaí mínádúrtha nó botún foclóra. 	10-11 <p>Measartha ó thaobh na bpointí thuas.</p>
Lag 40-49%	20-24 <ul style="list-style-type: none"> Easpa smachta ar an gcruinneas. Roinnt botún mór comhréire (m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail.) 	12-14 <ul style="list-style-type: none"> Stór focal réasúnta teoranta, simplí Cuid mhaith Béarlachais, athrá nó botúin foclóra. 	8-9 <p>Lag ó thaobh na bpointí thuas.</p>
An-lag 0-39%	0-19 <p>Drochstruchtúr Gaeilge, drochlitriú, go leor botún mór comhréire (m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail.)</p>	0-11 <ul style="list-style-type: none"> Stór focal an-teoranta, bearnaí suntasacha le sonrú An-chuid athrá, Béarlachais nó botúin foclóra. 	0-7 <p>An-lag ó thaobh na bpointí thuas.</p>
	/50	/30	/20
Iomlán (dréacht 1): %			
Marc deireanach (dréacht 2): %			

[CÚRSA BEATHA – TEIMPLÉAD]

AINM

Seoladh baile: Teach, Sráid, Ceantar, Contae
Uimhir ghutháin: 12345678 (baile) / 12345678 (fón póca)
Ríomhphost: ainm@mumail.ie
LinkedIn: nasc

OIDEACHAS

20xx go dtí an lá inniu **Cúrsa/ Teideal na Cáilíochta**
Ainm na hinstitiúide/ scoile
Toradh/ Torthaí
Modúil Ábhartha (más cuí)
Aon eolas eile cuí, m.sh. Ábhar tráchtais, taithí oibre, srl.

20xx – 20xx **Cúrsa/ Teideal na Cáilíochta**
Ainm na hinstitiúide/ scoile
Toradh/ Torthaí
Modúil Ábhartha (más cuí)
Aon eolas eile cuí, m.sh. Ábhar tráchtais, taithí oibre, srl.

CÚLRA FOSTAÍOCHTA

Dáta go dtí an lá inniu **Teideal an phoist**
Ionad oibre/ Fostóir

- Oibrím / Bím ag obair ...
- Tá mé i mo ...
- Bím ag plé le / ag déileáil le ... srl.

Dátaí **Teideal an phoist**
Ionad oibre/ Fostóir

- D'oibrigh mé ...
- Bhí mé i mo ...
- Phléigh mé le/ Dhéileáil mé le ... srl.

OBAIR DHEONACH/ PHOBAIL

Dátaí **Teideal an róil**
Eagraíocht

- D'oibrigh mé ...
- D'eagraigh mé ...
- Ghlac mé páirt i ...
- Bhailigh mé ... srl.

FREAGRACHTAÍ EILE (MÁS CUÍ)

Dátaí **Ról**
Cumann/ Club

- Ghlac mé páirt i
- D'eagraigh mé
- Toghadh mé mar ...
- Bhí mé i gceannas ar ... srl.

SCILEANNA EILE

(m.sh. scileanna ríomhaireachta, teangacha, teastais eile)

ÁBHAR SPÉISE AGUS GAISCÍ EILE

(m.sh. ceol, spórt, drámaíocht, srl.)

MOLTÓIRÍ

Ainm (An Dr/ An tOllamh ...)

Teideal an Phoist

Roinn

Institiúid

Guthán

Ríomhphost

Ainm (Fostóir)

Teideal an Phoist

Ainm an Chomhlachta/ na hEagraíochta

Seoladh

Guthán

Ríomhphost

Nó

TEISTIMÉIREACHTAÍ

ar fáil ar iarratas

Tasc 2: Agallamh poist

Do thasc 1, réitigh tú cúrsa beatha agus litir iarratais, le cur isteach ar phost a bhí fógartha ar an suíomh www.peig.ie. Samhlaigh anois go bhfuil tú tar éis cuireadh a fháil agallamh poist a dhéanamh don phost céanna sin. Beidh an tasc seo le déanamh i mbeirteanna.

Céim 1: Faigh páirtí agus ullmhaí na ceisteanna agallaimh

- Aimsigh duine éigin eile ón rang le bheith ag obair leis/léi. Tabhair an fógra poist agus an cúrsa beatha a rinne tú do thasc 1 (an dréacht ceartaithe!) do do pháirtí.
- Iarr ar do pháirtí ceisteanna oiriúnacha a ullmhú don agallamh poist, bunaithe ar an méid atá san fhógra nó sa chúrsa beatha. Tabharfaidh seisean/sise a f(h)ógra poist agus a c(h)úrsa beatha duitse, freisin, agus ullmhóidh tusa ceisteanna agallaimh dósan/dise.
- Nóta: Féach ar na nótaí breise ar an gclásal coibhneasta faoi B6 ar an gCóras Ceartúcháin, le bheith cinnte go bhfuil an fhoirm cheart den bhriathar in úsáid agaibh sna ceisteanna ar fad!

Céim 2: Déan na hagallaimh

- Cuireadh an bheirt agaibh agallamh poist ar a chéile.
- Mairfidh gach agallamh thart ar 5 nóiméad.
- Déanaigí taifeadadh ar na hagallaimh ar Microsoft Teams.
- Bígí cinnte go seachnaíonn sibh na botúin ar fad a ceartaíodh i dTasc 1. Caillfear marcanna má dhéantar na botúin chéanna arís!

Céim 3: Roinn an taifeadadh leis an teagascóir

- Roinn an taifeadadh leis an teagascóir ar Microsoft Stream.
- Is féidir dul i dteagmháil leis an teagascóir má tá deacrachtaí agat.

Céim 4: Ceartúcháin

- Nuair a gheobhaidh tú bileog aiseolais ón teagascóir, éist siar le d'agallamh féin agus déan iarracht na botúin a aithint. Scríobh ceartú agus míniú ar na botúin sin ar an mbileog aiseolais.

Nóta: Sa saol gairmiúil, is minic nach mbreathnaíonn fostóirí ar aon iarratas nach gcloíonn go docht leis na treoracha a thugtar san fhógra poist (m.sh. líon na bhfocal nó leagan amach an iarratais). Mar gheall gur cúrsa sa Ghaeilge ghairmiúil atá i gcúrsa na gceardlann i mbliana, beifear an-dian maidir leis seo freisin. Bí cinnte, mar sin, go leanann tú na treoracha thuas go cúramach, nó caillfidh tú marcanna!

Scéim Marcála Thasc 2 (Agallamh Poist)				
	Ábhar	Cruinneas	Líofacht & stór focal	Foghraíocht
An-mhaith (70% +)	(14-20) <ul style="list-style-type: none"> An tasc déanta de réir na dtreoracha. Réimse maith ceisteanna ábhartha Freagraí soiléire, struchtúrtha agus forbartha ar na ceisteanna Caighdeán gairmiúil 	(35-50) <ul style="list-style-type: none"> An-chruinn Smacht an-mhaith ar an ngramadach. Réimse maith struchtúr. Fíorbheagán botún Féincheartú, nuair is gá 	(14-20) <ul style="list-style-type: none"> In ann labhairt faoi réimse leathan topaicí gan aon stró Réimse leathan stór focal agus frásaí, saibhreas Gaeilge Réim ghairmiúil teanga 	(7-10) <ul style="list-style-type: none"> An-chruinn, go háirithe ó thaobh fuaimeanna nach bhfuil sa Bhéarla, m.sh.: consain shéimhithe (ch, gh/dh leathan), consain chaola agus leathana Béim agus rithim nádúrtha
Go maith (60-69%)	(12-13) <ul style="list-style-type: none"> Go maith ó thaobh na bpointí thuas 	(30-34) <ul style="list-style-type: none"> Sách cruinn. Gan aon bhotún mór comhréire Roinnt botún beag ach fianaise go bhfuil tuiscint agus smacht á bhforbairt ina leith 	(12-13) <ul style="list-style-type: none"> Réimse maith focal agus frásaí In ann labhairt faoi réimse maith topaicí gan mórán stró 	(6) <ul style="list-style-type: none"> An chuid is mó de na fuaimeanna a luaitear thuas i gceart, cé go bhfuil fuaim nó dhó nach bhfuil ag an mac léinn go fóill
Measartha (50-59%)	(10-11) <ul style="list-style-type: none"> Go measartha ó thaobh na bpointí thuas 	(25-29) <ul style="list-style-type: none"> Gan mórán deacrachtaí leis an gcomhréir, ach roinnt mhaith mionbhotún (m.sh. séimhiú, urú, an tuiséal ginideach, uimhreacha, srl.) 	(10-11) <ul style="list-style-type: none"> Stór focal measartha, gan a bheith saibhir, roinnt Béarlachais Líofacht mheasartha 	(5) <ul style="list-style-type: none"> Roinnt deacrachtaí le cuid de na fuaimeanna a luaitear thuas
Lag (pas 40-49%)	(8-9) <ul style="list-style-type: none"> Lag ó thaobh na bpointí thuas 	(20-24) <ul style="list-style-type: none"> Easpa smachta ar an gcruinneas Roinnt botún mór (m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail, an t-ainm briathartha.) 	(8-9) <ul style="list-style-type: none"> Stór focal réasúnta teoranta agus simplí Roinnt deacrachtaí é/í féin a chur in iúl 	(4) <ul style="list-style-type: none"> Is féidir an chaint a thuiscint gan mórán stró ach tá feabhas mór le déanamh ó thaobh na bhfuaimeanna a luaitear thuas.
Teip (0-39%)	(0-7) <ul style="list-style-type: none"> An-lag ó thaobh na bpointí thuas. 	(0-19) <ul style="list-style-type: none"> Roinnt mhaith botún tromchúiseach (comhréir, aimsirí na mbriathra, srl.) 	(0-7) <ul style="list-style-type: none"> Stór focal an-teoranta Deacrachtaí móra é/í féin a chur in iúl 	(0-3) <ul style="list-style-type: none"> Deacrachtaí móra le fuaimeanna na Gaeilge a chuireann isteach ar bhrí na cainte
	/20	/50	/20	/10
Dréacht 1:	%		Dréacht 2:	%

Tasc 3: Ceacht múinteoireachta

“Ní tuiscint go teagasc”

Deirtear go minic nach mbíonn máistreacht iomlán againn ar aon rud go dtí go mbíonn orainn é a theagasc do dhaoine eile. Mar sin, sa tasc seo, beidh deis agat seasamh ar an taobh eile den seomra ranga ar feadh **20 nóiméad** chun ceacht teanga a mhúineadh. Beidh **an struchtúr** seo a leanas ag baint leis an gceacht:

Tús: (c. 2 nóiméad)

- Sa chuid seo den cheacht, cuirfidh tú tús leis an gceacht agus míneoidh tú an sprioc foghlama do na mic léinn.
- D’fhéadfá sampla den phointe gramadaí a thaispeáint dóibh agus iarraidh orthu é a aithint, nó cúpla ceist a chur orthu lena fháil amach céard atá ar eolas acu cheana féin faoin bpointe gramadaí atá i gceist.

Cur i láthair: (c. 8 nóiméad)

- Sa chuid seo den cheacht, rachaidh tú siar ar na rialacha a bhaineann leis an bpointe teanga. Beidh ort a thaispeáint gur féidir leat achoimre ghearr agus shoiléir a thabhairt ar an bpointe gramadaí, agus gur féidir leat na rialacha a mhíniú gan a bheith ag léamh ó nótaí.
- Is féidir póstaer nó glacán (1-2 leathanach ar a mhéad) a réiteach nó *realia* (fíor-rudaí nó ‘props’) a úsáid le cabhrú leat na rialacha a mhíniú. Níl cead Powerpoint ná nótaí fada a úsáid chun an pointe a chur i láthair.
- Cuimhneoidh na mic léinn níos fearr ar na rialacha má bhíonn an cur i láthair bríomhar, má bhaintear úsáid as íomhánna nó *realia*, agus má bhíonn siad féin gníomhach nó páirteach sa chuid seo den cheacht. Mar sin, moltar duit go leor ceisteanna a chur orthu chun na rialacha a mhealladh uathu seachas an t-eolas ar fad a thabhairt dóibh.

Cleachtadh nó gníomhaíocht: (c. 8 nóiméad)

- Réiteoidh tú gníomhaíocht nó cluiche (cumarsáideach, más féidir) le deis a thabhairt do na mic léinn an pointe gramadaí a chleachtadh.
- Féach siar ar Cheacht 6: Cuid C - 3 sa leabhrán seo, lena mheabharrú duit féin cad is brí le cleachtadh cumarsáideach. Tá go leor comhairle agus smaointe maidir le gníomhaíochtaí teanga ar fáil ar líne freisin, go háirithe ar na suíomhanna idirlín a phléann le múineadh an Bhéarla mar theanga iasachta (ESL, TEFL, srl.).

Críoch: (c. 2 nóiméad)

- D’fhéadfá dul siar go tapa ar na pointí is tábhachtaí, rud éigin a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil an sprioc foghlama bainte amach ag na mic léinn, nó deis a thabhairt dóibh ceisteanna a chur.

Déanfar an tasc seo i gcéimeanna beaga ó Cheardlann 6 go dtí Ceardlann 9:

Céim 1: Ábhar/ Topaic a roghnú agus sprioc an cheachta a shainiú (le plé i gCeadlann 5)

- Roghnaigh pointe teanga a mbíonn deacracht agat féin nó ag do chomh-mhic léinn leis go minic. Is féidir smaointe a fháil ó liosta na dtopaicí atá clúdaithe sa chóras ceartúcháin ag cúl an leabhráin seo.
- Bí cinnte nach bhfuil an topaic rómhór. Mar shampla, bheadh ‘aimsirí na mbriathra’ rómhór, ach bheadh ‘an modh coinníollach’ go breá. Bheadh ‘réamhfhocail’ rómhór mar thopaic, ach d’fhéadfá plé a dhéanamh ar ‘úsáid an réamhfhocail’, ar ‘athruithe tosaigh tar éis na réamhfhocail simplí’ nó ar ‘athruithe tosaigh tar éis na réamhfhocail simplí agus an ailt’.
- N.B. Ba cheart do rogha a phlé agus a aontú leis an teagascóir sula dtosaíonn tú ar Céim 2.

Céim 2: Tús an cheachta agus an cur i láthair a phleanáil (tar éis cheardlann 5)

- Déan plan maidir leis an mbealach a gcuirfidh tú tús leis an gceacht agus an bealach a míneoidh tú an pointe gramadaí don ghrúpa. Scríobh cuntas gearr ar a bhfuil planáilte agat sna boscaí cuí sa teimpléad thíos. Má tá sé i gceist agat póstaer, glacán nó aon acmhainní eile a úsáid, réitigh an chéad dréacht.
- Má bhíonn go leor ama i gCeadlann 6, is féidir libh an cur i láthair a chleachtadh i mbeirteanna.

Céim 3: Ullmhaigh an cleachtadh/an ghníomhaíocht (tar éis cheardlann 6)

- Scríobh cuntas gearr ar a bhfuil planáilte agat sna boscaí cuí sa teimpléad thíos agus réitigh aon acmhainní a bheidh ag teastáil.
- Beidh **an chéad dréacht** den cheacht iomlán (.i. an plan ceachta agus aon acmhainní atá réitithe agat, chomh maith le freagraí na gcleachtaí) **le cur isteach i gCeadlann 7.**

Plean ceachta – teimpléad	
<i>Nóta: Scríobh an plan san aimsir fháistineach, m.sh. Iarrfaidh mé ar na mic léinn..., fiafróidh mé de na mic léinn..., míneoidh mé, scríobhfaidh mé, srl.</i>	
Céim 1	Topaic:
	Sprioc an cheachta (.i. Céard a bheidh bainte amach ag na foghlaimeoirí faoi dheireadh an cheachta?)
Céim 2	Tús: (c. 2 nóiméad)
	Cur i láthair (c. 8 nóiméad):
Céim 3	Cleachtadh/ Gníomhaíocht: (c. 8 nóiméad)
	Críoch: (c. 2 nóiméad)
	Acmhainní a bheidh ag teastáil: (m.sh. póstaer, glacán, srl.)

Céim 4: Dréacht 1 a cheartú agus cleachtadh a dhéanamh (tar éis cheardlann 8)

- Gheobhaidh tú aiseolas ón teagascóir i gceardlann 8 maidir le dréacht 1 den tasc. Ceartaigh na botúin ar fad agus déan an dréacht deireanach den phlean ceachta agus de na hacmhainní a bhaineann leis an gceacht.
- Déan go leor cleachtaidh i rith na seachtaine ar an tasc a mhúineadh ionas go mbeidh tú ullmhaithe agus muiníneach ar an lá, agus le go mbeidh tú in ann cloí leis an teorainn ama.
- Socróidh an teagascóir na grúpaí don cheacht i gceardlann 8 freisin. Níor cheart go mbeadh níos mó ná ceathrar in aon ghrúpa, agus níor cheart go mbeadh an t-ábhar céanna á mhúineadh ag beirt sa ghrúpa céanna. Is féidir leis an ngrúpa casadh le chéile i rith na seachtaine agus cabhrú lena chéile a gcuid ceachtanna a chleachtadh.

Céim 5: An ceacht a mhúineadh (Ceardlann 10)

- Beidh ort **do cheacht a mhúineadh** do do ghrúpa le linn Cheardlann 10.
- Bíodh **5 chóip** agat d'aon ghlacáin atá le tabhairt amach do na mic léinn sa cheacht agat.
- Beidh ort **an dréacht ceartaithe** de do phlean ceachta agus de na hacmhainní (póstaer, cleachtaí, srl.) a chur i **bhfilteán/póca plaisteach** don teagascóir ag deireadh an cheachta.

Scéim Marcála Thasc 3 (Ceacht múinteoireachta)					
<i>Céim 1-3: Le comhlánú ag an teagascóir tar éis dréacht 1 den tasc a cheartú.</i>					
Ábhar an taisc: _____/25	An-lag (0-9)	Lag (10-12)	Measartha (13-14)	Go maith (15-17)	Sár-mhaith (18-25)
Critéir mheasúnachta: <ul style="list-style-type: none"> • Plean ceachta cuimsitheach agus soiléir. Gach gné den cheacht pleanáilte de réir threoracha an taisc. Struchtúr loighciúil ag baint leis (tús, cur i láthair, cleachtadh agus críoch). • Gníomhaíochtaí nó acmhainní suimiúla, spreagúla agus éifeachtacha leis an bpointe a mhíniú agus a chleachtadh. Cruthaitheacht le sonrú sa phlean agus sna gníomhaíochtaí 					
Cruinneas: _____/25	An-lag (0-9)	Lag (10-12)	Measartha (13-14)	Go maith (15-17)	Sár-mhaith (18-25)
<i>Le comhlánú ag an measúnóir le linn an cheachta:</i>					
<i>Nóta don mheasúnóir: Cuir ticeanna sna boscaí cuí thíos agus ansin bronn meánmharc as 25 ar an gcur chuige teagaisc. Baineann na boscaí le bandaí gráid na hollscoile, .i. teip, pas, 2.2, 2.1 agus céad onóracha.</i>					
Cur chuige teagaisc _____/ 25	An-lag (0-9)	Lag (10-12)	Measartha (13-14)	Go maith (15-17)	Sár-mhaith (18-25)
An-ullmhaithe agus eagraithe					
Bainistíocht mhaith ama (an ceacht ar fad déanta laistigh den 20 nóiméad)					
Eolas maith ar an ábhar, gan a bheith ag léamh ó nótaí					
Míniú soiléir ar an bpointe teanga					
Na foghlaimoirí gníomhach/ rannpháirteach sa rang (m.sh. tugtar go leor deiseanna cainte agus cleachtaidh dóibh, cuirtear neart ceisteanna orthu)					
Cruinneas: ____/ 25	An-lag (0-9)	Lag (10-12)	Measartha (13-14)	Go maith (15-17)	Sár-mhaith (18-25)
<ul style="list-style-type: none"> • Tá na botúin ar fad a bhí i ndrúacht 1 den tasc ceartaithe. • Tá an t-eolas ar fad a mhúintear iomlán cruinn. • Tá Gaeilge labhartha agus scríofa an mhúinteora an-chruinn. 					

Tasc 4: Alt a scríobh mar fhreagra ar scéal a chuala tú (500 focal)

D'éist tú le ceann amháin de na míreanna thíos agus chuaigh sé go mór i bhfeidhm ort. Scríobh alt d'Irisleabhar na hOllscoile mar fhreagra air, ag tabhairt do thuairimí féin faoin ábhar. **NÁ** déan achoimre ar an méid a bhí sa phíosa – freagra atá le tabhairt. Ba cheart duit roinnt nótaí a bhreacadh síos agus tú ag éisteacht ionas go mbeidh sé níos éasca ort an t-alt a scríobh.

Rogha 1: Cúrsaí timpeallachta

Agallamh le Simon Ó Cróinín maidir le cornfhoiche na hÁise (*an Asian Hornet*) a bhí feicthe den chéad uair in Éirinn i mí Iúil 2021. Má thagann siad isteach anseo mar atá déanta acu i Sasana, is buille tromchúiseach a bheas ann do na beacha dúchasacha. Ar fáil ag:

<https://www.rte.ie/radio/rnag/clips/21962106/>

Rogha 2: Cúrsaí Gaeltachta

Agallamh leis an Dr Neasa Ní Chuaig agus le Stiofán Seoighe maidir le torthaí taighde a rinne Coláiste Mhuire gan Smál do Thuismitheoirí na Gaeltachta ar labhairt na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Ar fáil ag: <https://www.rte.ie/radio/rnag/clips/21988260/>

Rogha 3: Scannal Stáit

Tá brící lochtacha Mica i dteach Aoife agus an fear céile Oisín, agus cuireann Aoife síos ar an stair a bhaineann leis an bhfadhb agus mar atá faoi láthair. Bhí na mílte as Dún na nGall i mBaile Átha Cliath i mbun agóidíochta maidir le fadhb an Mica. Ar fáil ag:

<https://www.rte.ie/radio/rnag/clips/21968117/>

Scéim Marcála Thasc 4 (Alt)			
	Cruinneas	Stór focal	Ábhar
An-mhaith 70% +	35-50 <ul style="list-style-type: none"> An-chruinn Smacht an-mhaith ar an ngramadach. Réimse maith struchtúr. Fíorbheagán botún 	21-30 <ul style="list-style-type: none"> Réimse leathan focal agus frásaí Stór focal cuimsitheach don ábhar 	14-20 <ul style="list-style-type: none"> Eolas agus struchtúr cuí Ábhar oiriúnach do léirmheas/alt Plé cuimsitheach déanta ar an ábhar Forbairt déanta ar phointí Aidhmeanna an taisc bainte amach
Go maith 60-69%	30-34 <ul style="list-style-type: none"> Sách cruinn, Gan aon bhotún mór comhréire Roinnt botún beag ach fianaise go bhfuil tuiscint agus smacht á bhforbairt ina leith 	18-20 <ul style="list-style-type: none"> Stór focal maith don ábhar, gan aon bhearnaí a bheith le sonrú, saibhreas éigin sa Ghaeilge. 	12-13 Go maith ó thaobh na bpointí thuas.
Measartha 50-59%	25-29 <ul style="list-style-type: none"> Gan mórán deacrachtaí leis an gcomhréir, ach roinnt mhaith mionbhotún (m.sh. séimhiú, urú, an tuiséal ginideach, uimhreacha, srl.) 	15-17 <ul style="list-style-type: none"> Stór focal measartha, gan a bheith saibhir, beagáinín Béarlachais, Roinnt frásaí mínádúrtha nó botún foclóra. 	10-11 Measartha ó thaobh na bpointí thuas.
Lag 40-49%	20-24 <ul style="list-style-type: none"> Easpa smachta ar an gcruinneas. Roinnt botún mór comhréire (m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail.) 	12-14 <ul style="list-style-type: none"> Stór focal réasúnta teoranta, simplí Cuid mhaith Béarlachais, athrá nó botúin foclóra. 	8-9 Lag ó thaobh na bpointí thuas.
An-lag 0-39%	0-19 Drochstruchtúr Gaeilge, drochlitriú, go leor botún mór comhréire (m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail.)	0-11 <ul style="list-style-type: none"> Stór focal an- teoranta, bearnaí suntasacha le sonrú An-chuid athrá, Béarlachais nó botúin foclóra. 	0-7 An-lag ó thaobh na bpointí thuas.
	/50	/30	/20
Iomlán (dréacht 1): %			
Marc deireanach (dréacht 2): %			

Tasc 5: Tuairisc nuachta do Nuacht TG4

Treoracha

- Samhlaigh go bhfuil tú i do thuairisceoir do Nuacht TG4. Iarrtar ort tuairisc nuachta a réiteach ina bpléann tú 2/3 scéal nuachta, bunaithe ar na híomhánna a bheidh ar fáil ar Moodle. Is é/í an teagascóir a déarfaidh leat cé na scéalta a bheidh le plé agat.
- Ba cheart go ndéanfaidh tú **ar a laghad dhá nóiméad** cainte. Níor cheart dul thar dhá nóiméad.
- Beidh ort an tuairisc **a chur le chéile** agus **a thairfeadh**. **Ní leor** tairfeadh gutha a chur le sleamhnáin PowerPoint — caithfidh tú a chinntiú go gcruthaíonn tú **físeán** ina bhfuil tú **le feiceáil**.
- Bí cinnte go bhfuil an físeán i bhformáid chaighdeánach, ionas go mbeidh an teagascóir ábalta é a sheinm. Má bhíonn deacracht agat le formáid an fhíseáin, is féidir dul i dteagmháil leis an teagascóir.
- Beidh liosta de na foinsí a d'úsáid tú le cur isteach freisin.
- Is féidir íomhánna a bheith mar chuid den fhíseán (ach déanaigí cinnte nach bhfuil an iomarca Béarla sna híomhánna!).
- Tabharfaidh an teagascóir aiseolas duit agus beidh ort aon earráid a rinne tú a mhíniú & a cheartú san anailís.

Critéir mheasúnachta:

- Ábhar: Taighde déanta ar an ábhar (fíricí, staitisticí srl. más gá, eolas atá cruinn). Rogha chuí maidir leis na sonraí a phléitear.
- Struchtúr: Beannacht ag an tús, struchtúr soiléir ag baint le gach cuid den tuairisc, críoch shoiléir ag an deireadh.
- Caighdeán na Gaeilge: an stór focal cúí a bhaineann le gach scéal, gramadach agus foghraíocht chruinn, líofacht ag baint leis an gcaint.
- Caighdeán na tuairisce: An bhfuil cuma ghairmiuil uirthi? An mbreathnaíonn sí cosúil le tuairisc a bheadh ar TG4?

NB: NÁ goid ábhar ó www.tuairisc.ie nó ó www.rte.ie srl. **Caithfidh tú an tuairisc a scríobh tú féin**, bunaithe ar an taighde atá déanta agat ar an scéal/ar na scéalta nuachta. Má mheasann an teagascóir nár chuir an mac léinn an tuairisc le chéile é féin nó má mheasann an teagascóir go ndearnadh scéal ó fhoinsí Béarla a aistriú go Gaeilge, **ní cheartófar an tasc** agus **ní bheidh** deis ag an mac léinn an tasc a dhéanamh arís.

Scéim Marcála Thasc 5				
	Ábhar /20	Cruinneas /50	Líofacht agus stór focal /20	Foghraíocht /10
An-mhaith 70%+	14-20 <ul style="list-style-type: none"> An tasc déanta de réir na dtreoracha Réimse maith scéalta feiliúnacha Cur síos soiléir, struchtúrtha agus forbartha ar na scéalta & taighde déanta ar na scéalta Caighdeán gairmiúil Gan a bheith ag léamh nótaí!! Taighde déanta ar thuairiscí nuachta TG4 	35-50 <ul style="list-style-type: none"> An-chruinn Smacht an-mhaith ar an ngramadach. Réimse maith struchtúr. Fíorbheagán botún Féincheartú, nuair is gá 	14-20 <ul style="list-style-type: none"> In ann labhairt faoi réimse leathan topaicí gan aon stró Réimse leathan stór focal agus frásaí, saibhreas Gaeilge Stór focal a clúdaíodh sna ceardlanna in úsáid Réim ghairmiúil teanga 	7-10 <ul style="list-style-type: none"> An-chruinn, go háirithe ó thaobh fuaimeanna nach bhfuil sa Bhéarla, m.sh.: consain shéimhithe (ch, gh/dh leathan), consain chaola agus leathana Béim agus rithim nádúrtha
Go maith 60-69%	12-13 <ul style="list-style-type: none"> Go maith ó thaobh na bpointí thuas 	30-34 <ul style="list-style-type: none"> Sách cruinn. Gan aon bhotún mór comhréire Roinnt botún beag ach fianaise go bhfuil tuiscint agus smacht á bhforbairt ina leith 	12-13 <ul style="list-style-type: none"> Réimse maith focal agus frásaí In ann labhairt faoi réimse maith topaicí gan mórán stró Cuid den stór focal a clúdaíodh sna ceardlanna in úsáid 	6 <p>An chuid is mó de na fuaimeanna a luaitear thuas i gceart, cé go bhfuil fuaim nó dhó nach bhfuil ag an mac léinn go fóill</p>
Measartha 50-59%	10-11 <ul style="list-style-type: none"> Go measartha ó thaobh na bpointí thuas 	25-29 <ul style="list-style-type: none"> Gan mórán deacrachtaí leis an gcomhréir, ach roinnt mhaith mionbhotún (m.sh. séimhiú, urú, an tuiséal ginideach, uimhreacha, srl.) 	10-11 <ul style="list-style-type: none"> Stór focal measartha, gan a bheith saibhir, roinnt Béarlachais Líofacht mheasartha 	5 <ul style="list-style-type: none"> Roinnt deacrachtaí le cuid de na fuaimeanna a luaitear thuas
Lag (pas 40-49%)	8-9 <ul style="list-style-type: none"> Lag ó thaobh na bpointí thuas 	20-24 <ul style="list-style-type: none"> Easpa smachta ar an gcruinneas Roinnt botún mór (m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail, an t-ainm briathartha.) 	8-9 <ul style="list-style-type: none"> Stór focal réasúnta teoranta agus simplí Roinnt deacrachtaí é/í féin a chur in iúl 	4 <ul style="list-style-type: none"> Is féidir an chaint a thuiscint gan mórán stró ach tá feabhas mór le déanamh ó thaobh na bhfuaimeanna thuas
Teip (0-39%)	0-7 <ul style="list-style-type: none"> An-lag ó thaobh na bpointí thuas. 	0-19 <ul style="list-style-type: none"> Roinnt mhaith botún tromchúiseach (comhréir, aimsirí na mbriathra, srl.) 	0-7 <ul style="list-style-type: none"> Stór focal an-teoranta Deacrachtaí móra é/ í féin a chur in iúl 	0-3 <ul style="list-style-type: none"> Deacrachtaí móra le fuaimeanna na Gaeilge a chuireann isteach ar bhrí na cainte
	Iomlán (cur i láthair):	Marc deireanach (cur i láthair + anailís):		

Tasc 6: Clár raidió

Tasc grúpa is ea an tasc seo. Tá *Tús Áite* le Fachtna Ó Drisceoil ag teacht go Má Nuad chun clár speisialta a dhéanamh ar **dhearcadh na mac léinn** ar cheisteanna éagsúla. Seo iad na daoine a bheidh páirteach sa chlár:

A: Fachtna Ó Drisceoil, láithreoir an chlár *Tús Áite*

- Cuirfidh tú na haíonna i láthair & iarrfaidh tú ar na haíonna a gcuid tuairimí a thabhairt ar na ráitis thíos
- Cuirfidh tú ceisteanna breise orthu más gá, chun an comhrá a choinneáil ag imeacht.
- Déanfaidh tú achoimre 1/1:30 nóiméad ar an méid a pléadh ar an gclár ag an deireadh.

B: Ciarán Ó Conghaile, mac léinn sa tríú bliain de chéim sa dlí

- Is feimineach láidir tú agus creideann tú go láidir sa chomhionannas
- Ba mhaith leat níos mó ban a fheiceáil sa Dáil
- Is dóigh leat go bhfuil athrú le déanamh ar pholasaithe an rialtais ionas go mbeidh na deiseanna céanna ag gach duine

C: Áine Ní Bhuachalla, mac léinn sa dara bliain de chéim sa stair

- Ní dóigh leat gur cheart athruithe radachacha a chur i bhfeidhm maidir le polasaithe an rialtais agus measann tú gur cheart rudaí a fhágáil mar atá
- B'fhearr leat dá mbeadh níos lú cánach le hóc ag muintir na tíre, fiú dá mbeadh costas níos airde ag baint le seirbhísí sláinte srl.

D: Saoirse Ní Bhaioill, mac léinn aibí sa tríú bliain de chéim san eolaíocht

- Cuireann sé díomá ort nach bhfuil níos mó cailíní ag tabhairt faoi chéim san eolaíocht
- Tacaíonn tú le Páirtí na nDaonlathach Sóisialta

Beidh **2/3 cinn** de na ráitis seo thíos le plé ar an gclár. Ba cheart iad a roghnú le chéile.

1. Ba cheart go mbeadh an t-oideachas tríú leibhéal go hiomlán saor in aisce
2. Níl an comhionannas inscne bainte amach againn in Éirinn go fóill
3. Tá an-dul chun cinn maidir leis an gcomhionannas déanta in Éirinn le blianta beaga anuas
4. Ní bhíonn fonn ar dhaoine a fhaigheann fócaíochtaí leasa shóisialaigh post a fháil
5. Ba cheart téarma príosúnachta bliana a ghearradh orthu siúd a ghlacann drugaí

Treoracha:


- Beidh oraibh mar ghrúpa **2/3 cinn** de na ráitis thuas agus pearsa an duine a roghnú
- Beidh ar gach ball den ghrúpa **3-4 nóiméad cainte ar a laghad** a dhéanamh
- Beidh ullmhúchán le déanamh ag gach duine
 - o Beidh ar an láithreoir a chinntiú go bhfuil ceisteanna ullmhaithe aige/aici & moltar éisteacht le roinnt agallamh ar Raidió na Gaeltachta le féachaint cén chaoi a gcuirtear aíonna i láthair, leis an gcomhrá a choinneáil ag imeacht srl.
 - o Beidh ar na haíonna a chinntiú go bhfuil roinnt tuairimí/pointí ullmhaithe acu roimh ré ach **nach bhfuil siad ag léamh ó nótaí**
 - o Beidh ar na haíonna a chinntiú freisin go dtagann na pointí/tuairimí a réitíonn siad leis an eolas a thugtar fúthu thuas
- Má dhéanann tú botún agus tú ag caint agus má cheartaíonn tú ansin an botún, ní chaillfidh tú marcanna – ní gá an taifeadadh a thosú arís!
- Déanfar gach mac léinn a mharcáil bunaithe ar a chuid cainte féin
- Beidh físeán den chlár le taifeadadh – déanaigí cinnte go bhfuil gach ball den ghrúpa le feiceáil san fhíseán!

NB: NÁ goid ábhar ó www.tuairisc.ie nó ó www.rte.ie srl. Má mheasann an teagascóir nár chuir an mac léinn na pointí/tuairimí le chéile é féin nó má mheasann an teagascóir go ndearnadh scéal ó fhoinsí Béarla a aistriú go Gaeilge, **ní cheartófar an tasc** agus **ní bheidh** deis ag an mac léinn an tasc a dhéanamh arís.

Scéim Marcála Thasc 6				
	Ábhar /20	Cruinneas /50	Líofacht agus stór focal /20	Foghraíocht /10
An-mhaith 70% +	14-20 <ul style="list-style-type: none"> An tasc déanta de réir na dtreoracha Taighde déanta ar na scéalta/tuairimí Soiléir go bhfuil ullmhúchán & cleachtadh déanta Soiléir go bhfuil an mac léinn ag idirghníomhú le baill eile an ghrúpa Gan a bheith ag léamh nótaí!! 	35-50 <ul style="list-style-type: none"> An-chruinn Smacht an-mhaith ar an ngramadach. Réimse maith struchtúr. Fíorbheagán botún Féincheartú, nuair is gá 	14-20 <ul style="list-style-type: none"> In ann labhairt faoi réimse leathan topaicí gan aon stró Réimse leathan stór focal agus frásaí, saibhreas Gaeilge Stór focal a clúdaíodh sna ceardlanna in úsáid 	7-10 <ul style="list-style-type: none"> An-chruinn, go háirithe ó thaobh fuaimeanna nach bhfuil sa Bhéarla, m.sh.: consain shéimhithe (ch, gh/dh leathan), consain chaola agus leathana Béim agus rithim nádúrtha
Go maith 60-69%	12-13 <ul style="list-style-type: none"> Go maith ó thaobh na bpointí thuas 	30-34 <ul style="list-style-type: none"> Sách cruinn. Gan aon bhotún mór comhréire Roinnt botún beag ach fianaise go bhfuil tuiscint agus smacht á bhforbairt ina leith 	12-13 <ul style="list-style-type: none"> Réimse maith focal agus frásaí In ann labhairt faoi réimse maith topaicí gan mórán stró Cuid den stór focal a clúdaíodh sna ceardlanna in úsáid 	6 <p>An chuid is mó de na fuaimeanna a luaitear thuas i gceart, cé go bhfuil fuaim nó dhó nach bhfuil ag an mac léinn go fóill</p>
Measartha 50-59%	10-11 <ul style="list-style-type: none"> Go measartha ó thaobh na bpointí thuas 	25-29 <ul style="list-style-type: none"> Gan mórán deacrachtaí leis an gcomhréir, ach roinnt mhaith mionbhotún (m.sh. séimhiú, urú, an tuiséal ginideach, uimhreacha, srl.) 	10-11 <ul style="list-style-type: none"> Stór focal measartha, gan a bheith saibhir, roinnt Béarlachais Líofacht mheasartha 	5 <ul style="list-style-type: none"> Roinnt deacrachtaí le cuid de na fuaimeanna a luaitear thuas
Lag (pas 40-49%)	8-9 <ul style="list-style-type: none"> Lag ó thaobh na bpointí thuas 	20-24 <ul style="list-style-type: none"> Easpa smachta ar an gcruinneas Roinnt botún mór (m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail, an t-ainm briathartha.) 	8-9 <ul style="list-style-type: none"> Stór focal réasúnta teoranta agus simplí Roinnt deacrachtaí é/í féin a chur in iúl 	4 <ul style="list-style-type: none"> Is féidir an chaint a thuiscint gan mórán stró ach tá feabhas mór le déanamh ó thaobh na bhfuaimeanna thuas
Teip (0-39%)	0-7 <ul style="list-style-type: none"> An-lag ó thaobh na bpointí thuas. 	0-19 <ul style="list-style-type: none"> Roinnt mhaith botún tromchúiseach (comhréir, aimsirí na mbriathra, srl.) 	0-7 <ul style="list-style-type: none"> Stór focal an-teoranta Deacrachtaí móra é/ í féin a chur in iúl 	0-3 <ul style="list-style-type: none"> Deacrachtaí móra le fuaimeanna na Gaeilge a chuireann isteach ar bhrí na cainte
	Iomlán (clár raidió):	Marc deireanach (clár raidió + anailís):		

Cuid 6: Tascanna – Dréacht ceartaithe


Nuair a gheobhaidh tú do chuid tascanna ar ais ón teagascóir i mbliana, beidh **leideanna ón gcóras ceartúcháin** (atá ar fáil ag deireadh an leabhráin seo) curtha isteach os cionn cuid de na botúin, mar atá déanta sa sampla seo a leanas:




Beidh ortsa **na botúin sin a cheartú agus a mhíniú**, ag baint úsáid as an gcóras ceartúcháin le cabhrú leat, agus an **dréacht ceartaithe** den tasc a chur isteach chuig an teagascóir arís.

Chun é sin a dhéanamh, lean na céimeanna seo a leanas:

1. Oscail an **leagan leictreonach** a choinnigh tú den tasc. Nóta: Moltar duit fillteán a chruthú d'obair na gceardlann ar *Microsoft Onedrive* (aip atá ar fáil duit trí *Office 365*), nó áit eile ar líne, agus do chuid tascanna ar fad a shábháil ann.
2. Aimsigh **na botúin** atá marcáilte ar do thasc ag an teagascóir, agus **cuir dath dearg orthu** agus **líne tríothú**, ag baint úsáid as na huirlisí ag barr an scáileáin.



3. Ansin scríobh isteach an **leagan ceart tar éis gach botúin** agus cuir **dath eile** air sin, m.sh.
4. Cliceáil ar **References** ag barr an leathanaigh agus ar **Insert Footnote**.



5. Scríobh an **cód ón gcóras ceartúcháin** agus **míniú gearr** ar an mbotún san fhonóta.
6. Priontáil an dréacht ceartaithe (**cóip dhaite** más féidir) agus **ceangail leis an gcéad dréacht é le stápla**. Tabhair **an dá dhréacht** le chéile don teagascóir sa rang.
7. Mura ndéanann tú an dréacht ceartaithe, **caillfidh tú 5%** de mharc an taisc, ach má dhéanann tú iarracht mhaith leis, d'fhéadfá **suas le 5% breise** a fháil don tasc.

Dréacht ceartaithe – Sampla

Níl aon dabht ach ~~go bhfuil~~ **gurb é**¹ an féinbhainistiú an rud ~~is dúshlánach~~ **is dúshlánaí**² faoi shaol ~~an ollscoil na hollscoile~~³. Caithfidh mic léinn coinneáil suas le h-**botún** tholá **ceartúchán** post ~~páirt-aimseire~~ **páirtaimseartha**⁴ agus leis an saol sóisialta freisin, agus bíonn sé deacair cothromaíocht a ~~aimsigh~~ **aimsíú**⁵. Bíonn a lán tascanna le déanamh agus uaireanta ní ~~éirimid~~ **éiríonn linn**⁶ na spriocanna ar fad a bhaint amach. Fágaimid tascanna áirithe ar leataobh agus déanaimid dearmad ~~ghlan-glan~~⁷ ar ~~tascanna thascanna~~⁸ eile! Bíonn a lán ~~obair oibre~~⁹ le déanamh ansin, agus ní ~~bíonn~~ **bhíonn**¹⁰ ach toradh amháin air sin – strus! Cuireann an aip seo réiteach ar ~~fail fáil~~¹¹ dúinn ar bhealach slachtmhar. **Chuireann** **Cuireann**¹² sé meabhrúchán amach ~~roimh a bhíonn~~ **sula mbíonn**¹³ tasc le déanamh, agus cuireann sé i gcuimhne ~~orainn dúinn~~¹⁴ go bhfuil rud le déanamh.

¹ **C1** : Ba cheart dom an chopail a úsáid san abairt seo, seachas an briathar ‘bí’. *Self-management is the most challenging thing* = **Is é** an féinbhainistiú an rud **is dúshlánaí**. Tar éis ‘níl aon dabht...’, athraíonn ‘**is é**’ > ‘**gurb é**’.

² **Aid1**: Céimeanna comparáide na haidiachta. Athraíonn ‘**dúshlánach**’ go ‘**dúshlánaí**’ tar éis ‘níos’ nó ‘is’.

³ **A4**: Nuair a bhíonn dhá ainmfhocal ag teacht le chéile, bíonn an dara ceann sa tuiseal ginideach. Is focal baininscneach é ‘an ollscoil’, mar sin athraíonn sé go ‘**na hollscoile**’ sa tuiseal ginideach uatha.

⁴ **L** : Bhí an focal seo litrithe mícheart agam.

⁵ **AB2**: Aimsigh (an modh ordaitheach) = *Find!* Aimsíú (an t-ainm briathartha) = to find. Bíonn an t-ainm briathartha mar infinideach ag teastáil tar éis ‘Bíonn sé deacair ...’ .i. *It is difficult to find a balance* = Bíonn sé deacair cothromaíocht **a aimsíú**.

⁶ **RF1**: Réamhfhocal ag teastáil. Ní éirimid = We do not get up. Ní éiríonn linn = We do not succeed.

⁷ **Aid2**: Is focal firinscneach é ‘dearmad’. Mar sin, níor cheart séimhiú a chur ar an aidiacht ina dhiaidh.

⁸ **RF3**: Ba cheart séimhiú a chur ar an ainmfhocal tar éis an réamhfhocail shimplí ‘ar’.

⁹ **A4**: Bíonn an tuiseal ginideach uatha ag teastáil tar éis ‘a lán’.

¹⁰ **B4**: Foirm dhiúltach an bhriathair. Bíonn séimhiú ar an mbriathar tar éis ‘ní’.

¹¹ **L2**: Botún litrithe é seo. D’fhág mé an síneadh fada ar lár ar an ‘a’.

¹² **B1**: Aimsir nó foirm an bhriathair. Níor cheart séimhiú a chur ag tús an bhriathair san aimsir láithreach mura bhfuil ‘ní’ nó ‘a’, srl. ag teacht roimhe.

¹³ **F1**: Bhain mé úsáid as an bhfocal mícheart. Baintear úsáid as ‘sula + urú’, seachas ‘roimh’ roimh bhriathar.

¹⁴ **RF1**: Bhain mé úsáid as an réamhfhocal mícheart.

Cód ón gcóras ceartúcháin

Míniú

Córas marcála

Lag +0% (gan athrú)	Measartha/Measartha maith +1-2%	Go maith/ Sármhaith +3-5%
Gan mórán iarrachta déanta, mar shampla, gan chuid de na botúin a cheartú ar chor ar bith nó gan mórán iarrachta a dhéanamh leis an míniú.	Iarracht measartha maith déanta, mar shampla, formhór na mbotún ceartaithe i gceart agus iarracht déanta an córas ceartúcháin a úsáid mar is cuí.	An-iarracht déanta an córas ceartúcháin a úsáid mar is cuí agus foghlaim ó na hearráidí a rinneadh. Formhór na mbotún ceartaithe agus mínithe i gceart agus samplaí breise tugtha.

Cuid 7: Stór focal

Aonad 1: An dea-fhoghlaimoir teanga

Buanna/ Láidreachtaí

Laigí

Scileanna teanga

Scileanna labhartha

Scileanna éisteachta

Scileanna léitheoireachta

Scileanna scríbhneoireachta

Féinmheasúnú

Sprioc/Spriocanna

Spriocanna foghlama

Spriocanna réadúla

Inspreagadh

Meon i leith na teanga

Féinmhuinín

Neamhspleáchas

Dea-fhoghlaimoir teanga

Feasacht teanga

An teangeolaíocht fheidhmeach

Cumas teanga

Freagracht a ghlacadh

Sprioctheanga

Strengths

Weaknesses

Language skills

Speaking skills

Listening skills

Reading skills

Writing skills

Self-assessment

Goal/ Goals

Learning goals

Realistic goals

Motivation

Attitude towards the language

Self-confidence

Independence

Good language learner

Language awareness

Applied linguistics

Language ability

To take responsibility

Target language

Aonad 2: Cúrsaí gairme agus fostaíochta

Cúrsaí fostaíochta agus iarratais ar phoist

fostóir/fostóirí	<i>employer(s)</i>
fostaí/fostaithe	<i>employee(s)</i>
folúntas	<i>vacancy</i>
fógra poist	<i>job advertisement</i>
post a fhógairt	<i>to advertise a job</i>
an post a fógraíodh ...	<i>the job that was advertised</i>
cur isteach ar phost	<i>to apply for a job</i>
iarratas a dhéanamh ar phost	<i>to apply for a job</i>
spriocdháta	<i>deadline/ closing date</i>
cáilíochtaí riachtanacha	<i>essential qualifications</i>
cáilíochtaí inmhianaithe	<i>desired qualifications</i>
cáilíochtaí/ taithí ábhartha	<i>relevant qualifications/ experience</i>
gairmré/ cúrsa beatha	<i>C.V.</i>
litir iarratais	<i>application letter</i>
litir chumhdaigh	<i>cover letter</i>
ráiteas pearsanta	<i>personal statement</i>
agallamh	<i>interview</i>
bord agallaimh	<i>interview board</i>
cur i láthair	<i>presentation</i>
teistiméireacht	<i>reference letter</i>
moltóirí	<i>referees</i>
comhlacht/ cuideachta	<i>company</i>
eagraíocht	<i>organisation</i>
bord bainistíochta	<i>board of management</i>
acmhainní daonna	<i>human resources</i>
stiúrthóir/ bainisteoir/ saoi	<i>director/ manager/ boss</i>
comhghleacaí/comhghleacaithe	<i>colleague(s)</i>
comhoibrí/ comhoibrithe	<i>co-worker(s)</i>
tairiscint poist	<i>a job offer</i>
tairgeadh an post dom	<i>I was offered the job</i>
duine a ligean chun bealaigh	<i>to let someone go</i>
duine a bhriseadh as a phost	<i>to fire someone</i>
bata agus bóthar a thabhairt do...	<i>to fire someone</i>
pacáiste iomarcaíochta	<i>redundancy package</i>
dífhostaíocht/ dífhostaithe	<i>unemployment/ unemployed</i>
íocaíochtaí leasa shóisialaigh	<i>social welfare payments</i>

Ag cur síos ar an oideachas

Cineálacha oideachais

bunscolaíocht
meánscolaíocht
oideachas tríú leibhéal
aosoideachas
gairmscoil (ceardscoil)
scoil chuimsitheach
scoil chónaithe
scoil chlochair
scoil phobail (pobalscoil)
coláiste pobail
scoil mheasctha
scoil ilchreidmheach

Types of education

<i>primary schooling</i>
<i>secondary schooling</i>
<i>third level education</i>
<i>adult education</i>
<i>vocational school</i>
<i>comprehensive school</i>
<i>boarding school</i>
<i>convent school</i>
<i>community school</i>
<i>community college</i>
<i>mixed school</i>
<i>multidenominational school</i>

Gaelscoil / scoil lán-Ghaeilge
tumoideachas
coláiste oiliúna

*Irish-medium school
immersion education
teacher training college*

Ábhair agus réimsí staidéir

Táim ag déanamh staidéar ar ...
na healaíona/ na daonnachtaí/ na dána
céim ealaíon
an diagacht
an fhealsúnacht
an tsíceolaíocht
an tsocheolaíocht
an fhorbairt idirnáisiúnta
an antraipeolaíocht
léann na meán
an léann clasaiceach
an léann ceilteach
an tsean-ghaeilge
an stair
an tíreolaíocht (dhaonna/ fhisiceach)
an bhithéolaíocht
an fhisic
an cheimic
an tseandálaíocht
leigheas
an dlí
cuntasaíocht
líníocht theicniúil
tráchtáil
eacnamaíocht
margaíocht
innealtóireacht
ríomheolaíocht
an mhúinteoireacht (bhunscoile/
mheánscoile)
an teangeolaíocht
an Fhraincis
an Spáinnis
an tSínis
an Ghearmáinis

*I'm studying
arts
arts degree
theology
philosophy
psychology
sociology
international development
anthropology
media studies
classical studies
celtic studies
early Irish
history
human/physical geography
biology
physics
chemistry
archeology
medicine
law
accounting
technical graphics
commerce
economics
marketing
engineering
computer science
teaching

linguistics
French
Spanish
Chinese
German*

An ollscoil agus cáilíochtaí acadúla

léacht(aí)
rang teagaisc
clár ama
téarma/ seimeastar
teagascóir(í)
léachtóir(í)
mac léinn/ mic léinn
mac léinn aibí/lánfhásta
bunchéim
fochéimí/fochéimithe
iarchéim
iarchéimí/iarchéimithe

University and academic qualifications

*lecture(s)
tutorial
timetable
term/ semester
tutor(s)
lecture
student
mature student
Undergraduate degree
undergraduate student
postgraduate degree
postgraduate student*

teastas/diplóma iarchéime
máistreacht
Máistir Gairmiúil san Oideachas
dochtúireacht
taighde (a dhéanamh)
tráchtas
tasc(anna)
tionscadal
aiste/ aistí
dréacht
tagairtí
fonótaí
leabharliosta
foinsí
bradaíl liteartha
spriocdháta
síneadh ama
measúnú leanúnach
scrúdú/scrúduithe
an teastas sóisearach
an ardeistiméireacht
an páipéar scríofa
an scrúdú cainte
scrúdaitheoir seachtrach
toradh/torthaí
marc/marcanna
céatadán
d'éirigh liom sa scrúdú
theip orm sa scrúdú
céad onóracha
pas a fháil i scrúdú
atriail a dhéanamh
pas le cúiteamh
achomharc a dhéanamh

Scileanna agus cáilíochtaí breise

teastas garchabhrach
ceadúnas tiomána
scileanna maithe ríomhaireachta
ardscileanna cumarsáide

Tréithe pearsantachta

sárscileanna idirphearsanta
scileanna maithe obair foirne
pearsantacht thaitneamhach
díograiseach
dearcadh dearfach
dícheallach
féinspreagtha
a bheith ag obair as do stuaim féin
fuinniúil
tiomanta
uaillmhianach
éifeachtúil

postgraduate certificate/ diploma
masters
Professional Masters in Education (PME)
doctorate (PhD)
(to do) research
thesis
assignment(s)
project
essay(s)
draft
references
footnotes
bibliography
sources
plagiarism
deadline
extension
continuous assessment
exam(s)
junior certificate
leaving certificate
the written paper
the oral exam
external examiner
result(s)
mark(s)
percentage
I passed the exam
I failed the exam
first class honours
to pass an exam
to repeat
pass by compensation
to make an appeal

Additional skills and qualifications

first aid certificate
driving licence
good computer skills
excellent communication skills

Personality traits

excellent interpersonal skills
good teamwork skills
likeable personality
enthusiastic
a positive attitude
hard-working
self-motivated
to work on your own initiative
energetic
driven
ambitious
efficient

iontaofa
stuama
aibí
pointeáilte
géarchúiseach
breithiúnas cruinn
cruthaitheach
samhlaíoch
ábalta dul i bhfeidhm/ i gcion ar dhaoine
ábalta tionchar a imirt ar dhaoine eile

reliable
sound/ steady
mature
meticulous
astute
an accurate judgement
creative
imaginative
able to make an impact on people
able to influence other people

Ag cur síos ar thaithí nó gníomhaíochtaí

D'oibrigh mé .../ Oibrím, Bím ag obair ...
Bhí mé i mo ... /Tá mé i mo ...
Phléigh mé le/ Bím ag plé le
Dhéileáil mé le / Bím ag déileáil le ...
Chabhraigh mé le ... / Cabhraím le ...
Thug mé/ Tugaim tacaíocht do ...
Chuir mé/ Cuirim ... i bhfeidhm
Bhí mé freagrach as .../ Bím freagrach as ...
Bhí orm ... / Bíonn orm ...
Bhí mé/Táim i gceannas ar ...
Rinne mé/Déanaim bainistiú/comhordú/
monatóireacht ar ...
D'eagraigh mé .../ Eagraím ...
Réitigh mé .../ Réitím ...
D'fhorbair mé .../Forbraím ...
Mhúin mé .../ Múinim ...
Dhear mé .../ Dearaim ...
Chruthaigh mé .../ Cruthaím ...
Dhírigh mé ar .../ Dírím ar ...
Chuir/ Cuirim mé oiliúint ar ...
D'éirigh liom ... a dhéanamh
Bhailigh mé ... / Bailím ...
Ghlac mé / Glacaim páirt i ...
Ghlac mé ról X sa cheoldráma ...
Sheinn mé ... / Seinnim ...
D'imir mé/ Imrím ...
Bhí mé/ Táim i mo bhall de ...
Bhí mé/ Táim i mo chaptaen ar ...
Tá grád X bainte amach agam ar an ...
Toghadh mé mar ...
Bronnadh [gradam/ duais] orm
Is maith liom a bheith ag ...

Describing experience or activities

I work(ed) ...
I was/ am a ...
I deal(t) with ...
I deal(t) with ...
I help(ed) ...
I support(ed) ...
I implement(ed)...
I was/am responsible for ...
I had/ have to ...
I was/am in charge of ...
I manage(d)/ coordinate(d)/ monitore(d) ...

I organize(d) ...
I prepare(d) ...
I develop(ed) ...
I taught/ teach ...
I design(ed) ...
I create(d) ...
I focus(ed) on ...
I train(ed) ...
I succeeded/ managed to ...
I collect(ed) ...
I took/take part in ...
I took the role of X in the musical ...
I play(ed)
I play(ed)
I was/am a member of ...
I was/am the captain of ...
I have achieved grade X on the ...
I was elected as ...
I was awarded [award/ prize]
I like ...ing

Coinníollacha oibre

uaireanta oibre
uaireanta solúbtha
uaireanta míshóisialta
ragobair
sealanna
conradh buan/ sealadach
intéirneacht
dualgais

Working conditions

working hours
flexible hours
unsociable hours
overtime
shifts
a permanent/temporary contract
an internship
duties

freagrachtaí
tuarastal
an t-íosphá
liúnta(i)s
ráta cánach
sásamh pearsanta san obair
saoire bhliantúil
saoire mháithreachais / tuismitheora
sos gairme
deiseanna fostaíochta
deiseanna le haghaidh ardú céime
deiseanna taistil
aighneas tionsclaíoch
gníomhaíocht thionsclaíoch
ar stailc
ag dul i mbun agóide/ ag léirsiú
lena míshástacht a léiriú
ag éileamh ardú pá
ciorruithe

responsibilities
salary
the minimum wage
allowance(s)
tax rate
personal satisfaction in the work
annual leave
maternity/parental leave
career break
employment opportunities
opportunities for promotion
opportunities for travel
industrial dispute
industrial action
on strike
protesting/ demonstrating
to show their dissatisfaction
to demand a pay increase
cutbacks

Gairmeacha agus postanna

aistritheoir
ateangaire
taighdeoir
státseirbhíseach
riarthóir
léachtóir le Gaeilge
múinteoir bunscóile/meánscoile
cúntóir riachtanais speisialta
iriseoir
láithreoir raidió/ teilifíse
pleanálaí teanga
bainisteoir margaíochta
oifigeach caidrimh phoiblí
oifigeach cumarsáide
gníomhaire taistil/eastáit
doirseoir
garda slándála
feighlí
feighlí leanaí
tréidlia
radharceolaí
máinlia
altra
oibrí sóisialta
ríomhchlárathóir
eolaí
abhcóide
dlíodóir
cuntasóir

translator
interpreter
researcher
civil servant
administrator
Irish lecturer
primary/ secondary teacher
special needs assistant
journalist
radio/ t.v. presenter
language planner
marketing manager
public relations officer
communications officer
travel/estate agent
bouncer
security guard
caretaker
child minder
vet
optician
surgeon
nurse
social worker
computer programmer
scientist
barrister/attorney
solicitor
accountant

Aonad 3: Cúrsaí múinteoireachta

Teanga an tseomra ranga/ an mhúinteora Spriocanna agus aidhmeanna a mhíniú

Inniu, táimid chun labhairt faoi ...
Faoi dheireadh an cheachta seo, tá súil agam
go mbeidh sibh ábalta X a dhéanamh
... go mbeidh tuiscint agaibh ar X
... go mbeidh X ar eolas agaibh

Orduithe díreacha a thabhairt

Breathnaigh/ Breathnaígh ar an nglacan.
Ná féach(aigh) ar an nglacán go fóill!
Breathnaígh ar an gclár bán ar feadh nóiméid.
Léigh/ Léigh an abairt amach os ord.
Bígh ag obair i mbeirteanna agus déanaigh na cleachtaí le chéile.
Bain triail as na cleachtaí sin leat féin ar dtús, agus ansin féach an bhfuil na freagraí céanna ag do pháirtí.
Abair/Abraigh i mo dhiaidh-sa é
Ná déan(aigh) dearmad ar an séimhiú!
Tabhair/Tugaigh buille faoi thuairim/ Tomhais!

Orduithe indíreacha a thabhairt

Anois, táimid chun cluiche a imirt.
Tá mé ag iarraidh ort/oraibh cárta a thógáil agus é a léamh amach os ard don ghrúpa/
Ba mhaith liom go dtógfa cárta agus go léifeá amach os ard é don ghrúpa.
Tá mé ag iarraidh ort/oraibh breathnú ar an bpictiúr agus cur síos a dhéanamh air don mhac léinn in aice leat.
Má bhreathnaíonn sibh ar fad ar an bpóstaer ...

Ceisteanna

Céard is brí le X? Céard a chiallaíonn X?
Cén fhoirm den bhriathar/ainmfhocail a thagann i ndiaidh ...?
An bhfuil an freagra (ar eolas) agat/agaibh?
An bhfuil a fhios agat/agaibh céard a tharlaíonn tar éis 'ar'?
Cá bhfios duit/daoibh?
An dtuigeann tú/sibh?
An bhfuil sé sin soiléir?
An bhfuil aon cheisteanna ag aon duine?

Moltaí agus aiseolas

Maith thú!
Fair play dhuit! Nár laga Dia thú! Bail ó Dhia ort!
An-iarracht!
Bain triail eile as!

Classroom/ teacher talk Explaining goals and aims

*Today we're going to talk about ...
By the end of this lesson, I hope ...
...that you will be able to do X
...that you will understand X
... that you will know X*

Direct orders/ commands

*Look at the handout.
Don't look at the handout yet!
Look at the white board for a minute.
Read the sentence out loud.
Work in pairs and do the exercises together.
Try those exercises on your own, and then see if your partner got the same answers.

Repeat it after me.
Don't forget the séimhiú!
Guess!*

Indirect orders/ commands

*Now we're going to play a game.
I want you to take a card and to read it out loud for the group.

I want you to look at the picture and to describe it for the student beside you.

If you all look at the poster ...*

Questions

*What does X mean?
What form of the verb/noun comes after ...?

Do you know the answer?
Do you know what happens after 'ar'?

How do you know?
Do you understand?
Is that clear?
Does anyone have any questions?*

Praise and Feedback

*Well done!
Fair play to you!
Good effort!
Try again!*

Scileanna agus tréithe an mhúinteora

modh(anna) múinte
cur chuige teagaisc
(freastal ar) riachtanais na mac léinn
sprioc (shoiléir) foghlama
plean ceachta
ábhar teagaisc a réiteach
acmhainní
gníomhaíochtaí
obair bheirte/ obair ghrúpa
bainistíocht ranga
smacht a choinneáil ar an rang
bainistíocht ama
struchtúr loighciúil
eagraithe agus ullmhaithe
míniú cruinn, soiléir
freagraí sásúla
straitéisí éifeachtacha ceistiúcháin
eolas a mhealladh ó na foghlaimoirí
na foghlaimoirí a dhéanamh rannpháirteach
suim san ábhar a chothú sna daltaí
na daltaí a spreagadh
misneach a thabhairt dóibh
difreálú/ freastal ar riachtanais éagsúla
dian ach cothrom
measúnú (leanúnach)
critéir mheasúnachta
scéim marcála
aiseolas
comhairle fhiúntach
beagán spraoi

teaching method(s)
teaching approach
(to cater for) the needs of the students
a (clear) learning goal/target
a lesson plan
to prepare teaching materials
resources
activities
pair/group work
classroom management
to control the class
time management
logical structure
organised and prepared
a clear, accurate explanation
satisfactory answers
effective questioning strategies
to entice information from the learners
to involve the learners
to foster an interest in the subject in the pupils
to encourage/inspire the pupils
to give them courage
differentiation/ catering for various needs
strict but fair
(continuous) assessment
assessment criteria
a marking scheme
feedback
worthwhile advice
a little bit of fun

Teanga a fhoghlaim/ a mhúineadh

teanga a shealbhú
an sprioctheanga
cainteoir dúchais
canúintí
glantosaítheoirí
an cur chuige cumarsáideach
an tumoideachas
múineadh na teanga a chomhtháthú le
hábhair eile

to acquire a language
the target language
native speaker
dialects
total beginner
the communicative method
immersion education
to integrate language teaching with other
subjects

Scileanna teanga:

stór focal
foghraíocht
blas cainte
feasacht teanga
cruinneas
líofacht
scileanna cumarsáide
saibhreas teanga a bheith agat
nathanna cainte

vocabulary
pronunciation
an accent
language awareness
accuracy
fluency
communication skills
to have rich language
phrases/ sayings

Deacrachtaí foghlama:

botúin litrithe
 easpa muiníne
 béarlachas
 easpa cúraim
 Bíonn deacrachtaí agam leis an ngramadach.
 Bím stadach/ briotach i mo chuid cainte.
 Tá easpa smachta agam ar an ngramadach.
 Tá mo chuid gaeilge meirgeach.
 Ní bhíonn go leor muiníne agam ceisteanna a chur sa rang.
 Theip orm sa scrúdú gramadaí.
 Ní féidir liom cuimhneamh ar na rialacha.

spelling mistakes
lack of confidence
anglicism
lack of care
I have a difficulty with grammar.
I stutter in my speech.
I have a lack of control on grammar.
My Irish is rusty.
I don't have enough confidence to ask questions in class
I failed the grammar exam.
I can't remember the rules.

Frásaí eile úsáideacha:

rudáí a chur de ghlanmheabhair
 ceisteanna a chur ar an teagascóir
 meon dearfach i leith na teanga
 Ba mhaith liom feabhas a chur ar mo chuid foghraíochta.
 Ba mhaith liom a bheith níos líofa i mo chuid cainte.
 Tá cúpla seift agam le cuimhneamh ar fhocail nua.
 Tá feabhas tagtha ar mo chuid Gaeilge labhartha/scríofa.
 Cabhraíonn na ceartúcháin liom mar bím in ann díriú isteach ar mo chuid botún.
 Caithfidh mé an foclóir a cheadú.
 Chuardaigh mé an focal ar líne/bhí orm an focal a chuardach.

to memorise things
to ask the tutor questions
a positive attitude about the language
I'd like to improve my pronunciation
I'd like to be more fluent in my speech.
I have a couple of tricks for remembering new words.
I spoken/written Irish has improved.
The corrections help me because I'm able to focus on my mistakes.
I have to consult a dictionary.
I searched for the word online/I had to search for the word online.

Aonad 5: Cúrsaí nuachta agus fadhbanna na linne seo

Na meáin chumarsáide agus an nuacht

foilsigh	<i>publish</i>
foilseachán	<i>publication</i>
sprioclucht féachana/éisteachta/ léitheoireachta	<i>target audience</i>
nuachtán mór bhileoige	<i>broadsheet newspaper</i>
nuachtán tablóideach	<i>tabloid</i>
meáin shóisialta	<i>social media</i>
alt/ailt	<i>article(s)</i>
mír nuachta/míreanna nuachta	<i>news item(s)</i>
feasachán	<i>bulletin</i>
fotha nuachta	<i>news feed</i>
ceannlíne/ceannlínte	<i>headline(s)</i>
léirmheas/léirmheasanna	<i>review(s)</i>
nuacht aoire	<i>satirical news</i>
nuacht siamsaíochta	<i>entertainment news</i>
béadán faoi na ceiliúráin	<i>celebrity gossip</i>
réamhaisnéis na haimsire	<i>weather forecast</i>
an t-eagarthóir	<i>the editor</i>
tuairisceoir	<i>reporter(s)</i>
iriseoir	<i>journalist</i>
saoririseoir	<i>freelance journalist</i>
comhfhreagraí polaitiúil/ eacnamaíochta	<i>political/economic correspondent</i>
colúnaí/colúnaithe	<i>columnist(s)</i>
síntiús a bhaint amach...	<i>to take a subscription</i>
foinsí iontaofa	<i>reliable source</i>
fógraíocht	<i>advertisement</i>
bolscaireacht	<i>propaganda</i>
nuacht chlaonta/ bhréagach	<i>biased/ fake news</i>
ceannlínte gáifeacha	<i>sensational headlines</i>
haischlib	<i>hashtag</i>
ag treochtáil	<i>trending</i>
bolgán scagtha	<i>filter bubble</i>
láithreoir	<i>presenter</i>
léiritheoir	<i>producer</i>
clár faisnéise	<i>documentary</i>
sobalchlár	<i>soap</i>
clár bleachtaireachta	<i>detective programme</i>
sraith/sraitheanna	<i>series</i>
fotheidil	<i>subtitles</i>

Cúrsaí polaitíochta

An Seanad	<i>the senate</i>
An tAontas Eorpach	<i>the European Union</i>
Breatimeacht	<i>Brexit</i>
Na Náisiúin Aontaithe	<i>The United Nations</i>

Páirtí Polaitíochta	<i>political party</i>
Páirtí An Lucht Oibre	<i>the Labour Party</i>
an Comhaontas Glas	<i>the Green party</i>
an Páirtí Daonlathach	<i>the Democratic party (USA)</i>
an Páirtí Poblachtánach	<i>the Republican party (USA)</i>
an Páirtí Caomhach	<i>the Conservative party (UK)</i>
an eite dheis	<i>right wing</i>
an eite chlé	<i>left wing</i>
coimeádach/coimeádaigh	<i>conservative(s)</i>
liobrálach/liobrálaigh	<i>liberal(s)</i>
cumannaí/cumannaigh	<i>communist(s)</i>
sóisialach/sóisialaigh	<i>socialist(s)</i>
aontachtaí/aontachtaithe	<i>unionist(s)</i>
poblachtánach/poblachtánaigh	<i>republican(s)</i>
dílseoir/dílseoirí	<i>loyalist(s)</i>
náisiúnaí/náisiúnaithe	<i>nationalist(s)</i>
ceannaire an pháirtí	<i>the party leader</i>
Teachta Dála neamhspleách	<i>independent TD</i>
An tAire	<i>the minister</i>
Príomh-Aire na Breataine	<i>the British Prime-Minister</i>
comhairleoir contae	<i>county councillor</i>
urlabhraí/urlabhraithe	<i>spokesperson</i>
comhrialtas	<i>coalition government</i>
an freasúra	<i>the opposition</i>
toghchán	<i>election</i>
olltoghchán	<i>general election</i>
reifreann	<i>referendum</i>
vóta a chaitheamh	<i>to vote</i>
dáilcheantar	<i>constituency</i>
tromlach (móramh)	<i>majority</i>
mionlach	<i>minority</i>
agóid(í)	<i>protest(s)</i>
dul i mbun agóide	<i>to protest</i>
léirsiú/ léirsithe	<i>demonstration(s)</i>
círíib(eacha)	<i>riot(s)</i>
raic a thógáil	<i>to cause uproar</i>

Cúrsaí coiriúlachta

Coir/ coireanna	<i>a crime/ crimes</i>
coirpeach/ coirpigh	<i>a criminal/ criminals</i>
buíon/ drong coirpeach	<i>a criminal gang</i>
gadaíocht	<i>theft</i>
gadaí/ gadaithe	<i>a thief/thieves</i>
goid/ goideadh	<i>steal/ was stolen</i>
briseadh isteach i...	<i>... was broken into</i>
robálaí/ robálaithe	<i>a robber/ robbers</i>
robáil/ robáladh	<i>rob/ was robbed</i>
buirgléireacht	<i>burglary</i>
mugáil, mugáladh	<i>mugging/ was mugged</i>
calaois	<i>fraud</i>
calaois chánach	<i>tax fraud</i>
caimiléireacht	<i>corruption</i>
smuigleáil	<i>smuggling</i>

gáinneáil ar dhaoine/ dhrugaí	<i>human/ drug trafficking</i>
drugaí mídhleathacha	<i>illegal drugs</i>
mangaire drugaí	<i>drug dealer</i>
mangaireacht drugaí	<i>drug dealing</i>
andúileach drugaí	<i>drug addict</i>
alcól/ deochanna meisciúla	<i>alcohol/ alcoholic drugs</i>
tiomáint faoi thionchar an óil	<i>drink-driving</i>
an teorainn luais a shárú	<i>to exceed the speed limit</i>
loitiméireacht	<i>vandalism</i>
striapachas	<i>prostitution</i>
éigniú	<i>rape</i>
éignigh/ éigníodh	<i>rape, was raped</i>
ionsaí gnéis	<i>sexual assault</i>
ciapadh gnéis	<i>sexual harassment</i>
dúnmharú	<i>murder</i>
dúnmharaigh/ dúnmharaíodh	<i>murder/ was murdered</i>
dúnmharfóir	<i>murderer</i>
an té a maraíodh ...	<i>the one who was killed</i>
dúnorgain	<i>manslaughter</i>
scaoil/ scaoileadh	<i>shoot, was shot</i>
caith/ caitheadh	<i>shoot, was shot</i>
lámhach/ lámhachadh	<i>shoot, was shot</i>
eachtra lámhaigh	<i>a shooting incident</i>
gunnadóir/ fear an ghunna	<i>gunman</i>
sceimhlitheoir	<i>terrorist</i>
sceimhlitheoireacht	<i>terrorism</i>
fuadach	<i>kidnapping/ abduction</i>
fuadaigh, fuadaíodh	<i>kidnap, was kidnapped</i>
fuadaitheoir	<i>kidnapper</i>

An córas dlí agus cirt

An dlí/ na dlíthe	<i>the law/laws</i>
dleathach	<i>legal (allowed by law)</i>
mídhleathach	<i>illegal</i>
stáisiún na nGardaí	<i>the Garda station</i>
póilíní	<i>police</i>
Rugadh ar ...	<i>... was caught</i>
Gabhadh í	<i>She was arrested</i>
duine a ghabháil	<i>to arrest someone</i>
coir a chur i leith duine	<i>to accuse someone of a crime</i>
Cuireadh calaois ina leith	<i>he/she was accused of fraud</i>
Cuireadh ina leith go ...	<i>He/she was accused that ...</i>
líomhain(tí)	<i>allegation(s)</i>
Cúisíodh é (i/as coir)	<i>He was charged (with a crime)</i>
cás cúirte	<i>court case</i>
an chúirt choiriúil	<i>the criminal court</i>
tabhair os comhair na cúirte	<i>bring before the court</i>
Tugadh os comhair na cúirte í	<i>She was brought before the court</i>
Tabharfar os comhair na cúirte é	<i>He will be brought before the court</i>
ar triail	<i>on trial</i>
dlíodóir	<i>lawyer</i>
aturnae	<i>solicitor</i>
abhcóide	<i>advocate/ barrister</i>
breitheamh/breithiúna	<i>judge/ judges</i>

breithiúnas a thabhairt
scaoil/ Lig saor
lig amach ar bannaí
fianaise a thabhairt
finné/finnéithe
giúiré
ciontach
neamhchiontach
Phléadáil sé ciontach
D'admhaigh sí
Shéan sí
Ciontaíodh é

to make a judgement
to set free/ release
to release on bail
to give evidence
witness/witnesses
jury
guilty
not guilty
He pleaded guilty
She admitted
She denied
He was found guilty/ convicted

Pionós

pionós a ghearradh
pianbhreith
pianbhreith ar fionraí
fíneáil a ghearradh
cúiteamh a íoc le duine
seirbhís pobail
duine a bhriseadh as a p(h)ost
pointí pionóis
duine a chur den bhóthar
cosc tiomána a chur ar dhuine
an ceadúnas a bhaint de dhuine
téarma príosúnachta
gearradh trí mhí príosúnachta ar ...
príosún saoil
pionós an bháis
achomharc a dhéanamh

Punishment

to punish/ to impose a penalty
a sentence
a suspended sentence
to charge a fine
to pay compensation to someone
community service
to fire/sack someone
penalty points
to put someone off the road
to impose a driving ban on someone
to take someone's licence
a prison sentence
... was sentenced to three months in prison
life imprisonment
death penalty
to appeal

Ceartha na mBan

Comhionannas inscne
Neamh-chomhionannas inscne
Ceartha na mBan
Feimineachas
Gnéasachas
Comhionannas
Patrarcacht
Fuath fear
Fuath ban
Ionsaithe
Foréigean in aghaidh na mban

Foréigean baile
Ansmacht
Comhéigean
Éadaí cuibhiúla
An tsíleáil ghloine

Gender equality
Gender inequality
Women's Rights
Feminism
Sexism
Equality
Patriarchy
Misandry
Misogyny
Attacks
Violence against women
Domestic violence
Oppression
Coercion
Modest clothing
The glass ceiling

Ceartha teanga

Bunreacht na hÉireann	<i>The Irish Constitution</i>
Buncheart	<i>Fundamental right</i>
Mionteanga	<i>Minority language</i>
Teanga oifigiúil	<i>Official language</i>
Lucht labhartha na Gaeilge	<i>Irish speakers</i>
Reachtaíocht teanga	<i>Language legislation</i>
Stádas na Gaeilge	<i>Status of Irish</i>
Acht na dTeangacha Oifigiúla	<i>Official Languages Act</i>
Ceantair Ghaeltachta	<i>Gaeltacht areas</i>
Seirbhís dhátheangach	<i>Bilingual service</i>
Oifig an Choimisinéara Teanga	<i>The Language Commissioner's Office</i>
Pleanáil teanga	<i>Language Planning</i>
Oifigeach pleanála teanga	<i>Language Planning Officer</i>

CÓRAS CEARTÚCHÁIN

Aoife Ní Ghloinn, Ollscoil Mhá Nuad, Meán Fómhair 2017

Cuireadh an leabhrán seo le chéile le treoir a thabhairt do mhic léinn maidir leis na botúin is minice a bhíonn acu ina gcuid Gaeilge scríofa agus labhartha, bunaithe ar thaighde a rinneadh le linn 2015-16. Ní eolas cuimsitheach ar gach pointe gramadaí atá ann, ach díreann isteach ar na deacrachtaí is mó a bhíonn ag mic léinn ollscoile maidir le gach pointe gramadaí agus déantar iarracht roinnt bearnaí atá sna leabhair ghramadaí atá ar fáil faoi láthair a líonadh. Tugtar abairtí samplacha a bhfuil botúin choitianta iontu agus léirítear conas na habairtí sin a cheartú. Tá **dath-dearg** curtha ar na botúin agus tá **dath glas** curtha ar na leaganacha ceartaithe. Tugtar tagairtí do leabhair ghramadaí agus foclóirí ann chomh maith agus moltar go láidir do mhic léinn na foinsí sin a úsáid le teacht ar mhíniú níos cuimsithí agus cleachtaí breise ar an bpointe gramadaí atá i gceist.

Is féidir úsáid a bhaint as an leabhrán ar roinnt bealaí:

- Mar áis bhreise tagartha sa rang agus sa bhaile le cur leis na leabhair ghramadaí atá ar fáil faoi láthair agus le cuid de na bearnaí atá iontu a líonadh.
- Mar chóras ceartúcháin do na tascanna: Scríobhfaidh teagascóirí an cód a bhaineann leis an mbotún ar an tasc agus beidh an mac léinn in ann féachaint anseo le treoir a fháil chun an botún a cheartú agus breis eolais a chuardach ar an bpointe gramadaí atá i gceist.
- Le cabhrú leat do chuid botún a cheartú agus a mhíniú: Is féidir an fhoclaíocht sna mínithe ar na botúin shamplacha a úsáid agus tú ag ullmhú dréacht ceartaithe de do thasc.

N.B. Níor cheart do theagascóirí tasc a cheartú más amhlaidh go bhfuil aon cheann de na nithe seo a leanas i gceist ann:

- bradaíl liteartha
- Google translate nó a leithéid
- gan an tasc a bheith clóscríofa
- gan spásáil dhúbailte
- gan an leathanach cuí clúdaigh a bheith ceangailte leis
- gan na leathanaigh ar fad a bheith ceangailte le chéile le stápla

Giarrúcháin:

GGS Ó Dónaill, Éamonn: *Gramadach gan Stró*, Eagrán 4. (Gaelchultúr, 2016)

CO *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil* (Seirbhís Thithe an Oireachtais: 2016).

INNÉACS

Leid: Sa leagan leictreonach den cháipéis seo, is féidir cliceáil ar an gcatagóir atá uait sa liosta thíos le dul díreach go dtí an leathanach sin sa cháipéis.

Ginearálta	4
* Botún nach mbaineann le haon chatagóir faoi leith	4
Focal nó frása nach bhfuil gá leis.....	4
^ focal ar lár (Word missing)	5
Litriú	6
L ¹ : Litriú.....	6
L ² : Síneadh Fada.....	7
L ³ : Spás.....	7
L ⁴ : Fleiscín.....	7
F: Focal nó frása mícheart	9
F ¹ : Focal amháin sa Bhéarla = dhá fhocal (nó níos mó) sa Ghaeilge	9
Briathra.....	9
Cónaisc (conjunctions, .i. focail a nascann dhá chuid den abairt le chéile).....	11
Suíomh agus gluaiseacht	12
Frásaí ama.....	14
Cainníochtaí	15
Eile.....	16
F ² : Béarlachas (Frásaí iomlána a bhfuil struchtúr an Bhéarla orthu)	18
F ³ : Rann cainte mícheart (ainmfhocal v aidiacht).....	18
F ⁴ : Focail atá cosúil lena chéile ó thaobh an litrithe de	19
B. Briathar	20
B ¹ : Aimsir nó bunfhoirm an bhriathair.....	20
B ² : Foirm tháite an bhriathair.....	22
B ³ : An briathar saor.....	23
B ⁴ : Foirm cheisteach/ dhiúltach an bhriathair.....	24
B ⁵ : Caint indéach/ claoninsint.....	25
B ⁶ : An clásal coibhneasta	25
B ⁷ : An briathar i bhfreagra ceiste.....	27
Cárta na mBriathra - Grúpa 1: An Chéad Réimniú.....	28
Cárta na mBriathra - Grúpa 2: An Dara Réimniú.....	29
Cárta na mBriathra - Grúpa 3: Na Briathra Neamhrialta.....	30
C. An chopail	31
C ¹ : An chopail (Is, ba, gur) v an briathar 'bí' (bhí, tá, go bhfuil, beidh)	31
C ² : Struchtúr na copaile (aicme v ionannas)	32
C ³ : Foirm na copaile (Is/ Ní/ Ba/ Níor)	33
C ⁴ : Claoninsint na copaile (gur/ Gurb(h)/ Nach/ Nár(bh)).....	33
C ⁵ : Foirm choibhneasta na copaile.....	33
C ⁶ : +/- séimhiú tar éis na copaile.....	33
C ⁷ : An chopail i bhfreagra ceiste	35
AB. An t-ainm briathartha	36
AB ¹ : Ag + ainm briathartha	36
AB ² : An t-ainm briathartha mar infinideach (a dhéanamh = to do)	37

AB ³ : Le + ainm briathartha (le déanamh = to be done).....	38
AB ⁴ : Ainm Briathartha + Forainm/ Á + Ainm briathartha	39
FA. Forainm	40
RF. Réamhfhocal	41
RF ¹ : Úsáid an réamhfhocail.....	41
RF ² : Foirm an réamhfhocail	43
RF ³ : h/ urú tar éis réamhfhocail shimplí	44
AS: Aidiacht shealbhach.....	45
AS ¹ : Aidiacht shealbhach: úsáid	45
AS ² : Aidiacht shealbhach + h/urú nó roimh ghuta	45
Alt:.....	46
Alt ¹ : An v Na (sa tuiseal ainmneach).....	46
Alt ² : Alt ag teastáil.....	46
Alt ³ : Alt nach bhfuil gá leis (m.sh. an t-alt dúbailte).....	46
A: An t-ainmfhocal.....	47
A ¹ : Ainmneach uatha ag teastáil	47
A ² : Ainmneach iolra ag teastáil.....	47
A ³ : Athruithe tar éis an ailt (an/na) sa tuiseal ainmneach.....	48
A ⁴ : Tuiseal ginideach uatha.....	49
A ⁵ : Tuiseal ginideach iolra	49
A ⁶ : Tuiseal gairmeach	49
Aid: Aidiacht	50
Aid ¹ : céim chomparáide na haidiachta	50
Aid ² : aidiacht ag réiteach le hainmfhocal [uatha (fir./ bain.), iolra nó ginideach]	51
Aid ³ : An aidiacht bhriathartha.....	52
U: Uimhreacha	52
U ¹ : Bunuimhreacha.....	52
U ² : Orduimhreacha	53
U ³ : Uimhreacha pearsanta.....	53
V: Varia	54
Áfach.....	54
Éire, Éirinn, Éireann	54
gach v uile, chuile, achan	54
Foirmeacha treise.....	54

* BOTÚN NACH MBAINNEANN LE HAON CHATAGÓIR FAOI LEITH

Siombal: *

N.B. Ba cheart don teagascóir an leagan ceart den abairt/den fhrása a scríobh amach ina iomláine don mhac léinn, chomh maith le réalta a chur in aice leis.

Chun botún mar seo a cheartú san anailís:

Bain úsáid as na habairtí seo a leanas:

Seo an rud a bhí mé ag iarraidh a rá (as Béarla): _____

Mhol an teagascóir dom é a rá mar seo: _____

Leideanna breise chun botúin mar seo a sheachaint:

- Coinnigh do chuid abairtí gearr agus simplí.
- Ná bain úsáid as aistritheoirí ar líne, ar nós *Google Translate!*
- Ná déan dearmad: tosaíonn abairtí Gaeilge le briathar de ghnáth.

FOCAL NÓ FRÁSA NACH BHFUIL GÁ LEIS

Siombal: líne tríd an bhfocal, m.sh. ~~focal~~

Nóta don teagascóir: Má bhaineann an focal le catagóir faoi leith eile (m.sh. reamhfhocal, an t-alt, an clásal coibhneasta, srl.) bí cinnte agus an cód sin a scríobh chomh maith.

Abairt cheartaithe: ~~I mo thuairim phearsanta féin~~, ceapaim go bhfuil ...

Míniú: Ní gá an dá fhrása seo 'i mo thuairim féin' agus 'ceapaim' a úsáid ag an am céanna, toisc gurb í an bhrí chéanna atá leo. Is leor ceann amháin acu.

Abairt cheartaithe: Chuaigh mé ~~ag dul~~ go Meiriceá.

Míniú: Tá an briathar 'téigh' luaite faoi dhó san abairt seo. 'Chuaigh mé' = 'I went' agus 'ag dul' = 'going'. Mar sin, ciallaíonn an abairt 'I went going to America'. Is leor an briathar san aimsir chaite a úsáid.

Abairtí ceartaithe: Sin ~~ead~~ a dúirt mé; Sin an mac léinn ~~é~~ a bhí ag caint.

Míniú: Sa Bhéarla, úsáidtear na focail 'What' agus 'Who' ar chúpla bealach difriúil, m.sh.:

- 1) le ceisteanna a chumadh: What did you say? Who gave the lecture?
- 2) mar naisc i lár abairtí: That's what she said! That's the guy who gave the lecture.

Sa Ghaeilge, úsáidtear 'Cad/ Céard' agus 'Cé' le ceisteanna a chumadh, ach níor cheart iad a úsáid mar naisc, m.sh.

1. Ceisteanna: Cad a dúirt tú? Cé a thug an léacht?
2. Naisc: Sin (é) a dúirt sise! Sin an fear a thug an léacht.

**Tá níos mó eolais faoin struchtúr seo faoi phointe B6 thíos (an clásal coibhneasta)*

^ FOCAL AR LÁR (WORD MISSING)

A BHEITH

Abairt cheartaithe: ~~Is maith liom ag léamh~~ > Is maith liom a bheith ag léamh.

Míniú: Ní féidir ‘ag léamh’, ‘ag déanamh’, ‘ag seinm’, srl., a chur díreach tar éis frásaí ar nós ‘is maith liom’, ‘is fearr liom’, ‘is aoibhinn liom’, srl. Caithfear ‘a bheith’ a chur sa lár.

Is maith liom	a bheith	ag imirt peile
Is fearr liom		ag seinm ceoil
Is breá liom		ag eitilt
Is aoibhinn liom		ag léamh

CUID

Abairt cheartaithe: Ba mhaith liom ~~mo Ghaeilge~~ mo chuid Gaeilge a fheabhsú.

Míniú: De ghnáth, úsáidtear an frása ‘mo chuid’ seachas ‘mo’ nuair atá cainníocht éiginnte i gceist, m.sh.: mo chuid airgid, mo chuid ama, mo chuid gruaige, mo chuid cairde, mo chuid oibre. Nóta: Ní bhíonn séimhiú (h) ar ainmfhocal tar éis ‘cuid’.

CEANN/DUINE

Abairtí ceartaithe:

Chuala mé ~~cúpla de~~ na hamhráin sin cheana. > Chuala mé cúpla ceann de na hamhráin sin ...

Roghnaigh ~~trí~~ > Roghnaigh trí cinn.

Chuaigh ~~cúpla de~~ mo chuid cairde amach > Chuaigh cúpla duine de mo chuid cairde amach.

Míniú: Sa Bhéarla is féidir uimhreacha nó an focal ‘*couple*’ a úsáid le tagairt a dhéanamh do chainníocht agus ní gá an t-ainmfhocal a lua leo má tá sé soiléir ón gcomhthéacs céard atá i gceist, m.sh.:

- *Do you have many classes today? I only have **a couple** today, but I have **five** tomorrow.*
- *We’re going to the Roost for **one or two**.*

Sa Ghaeilge, ní féidir é seo a dhéanamh! Mura bhfuil tú ag iarraidh an t-ainmfhocal féin a lua, caithfidh tú focal ar nós ‘ceann’ nó ‘duine’ a chur isteach ina áit, m.sh.

- An bhfuil mórán ranganna agat inniu? Níl agam ach cúpla ceann inniu, ach beidh cúig cinn agam amárach.
- Táimid ag dul chuig an *Roost* le haghaidh ceann nó dhó.

Baineann an riail chéanna le frásaí ar nós ‘two/three/five/a couple **of the** ...’, m.sh.

- ***three of** the rooms* = trí cinn de na seomraí
- ***two of** the classes* = dhá cheann de na ranganna
- ***a couple of** the problems* = cúpla ceann de na fadhbanna
- ***four of** them (things)* = ceithre cinn acu/díobh
- ***a couple of** the students* = cúpla duine de na mic léinn
- ***a couple of** them (people)* = cúpla duine acu/díobh

LITRIÚ

Siombal: Ciorcal timpeall an bhotúin.

N.B. Botún litrithe ≠ botún gramadaí

Chun an botún a cheartú: Cuardaigh an litriú ceart san fhoclóir. Féach ar na samplaí thíos le cabhrú leat cur síos a dhéanamh ar an mbotún a bhí agat féin.

L¹: LITRIÚ

Botún ✗	Ceartúchán ✓	Míniú
tuair <u>a</u> im scrí <u>b</u> hneoir ceo <u>i</u> ltóir fresin	tuair <u>i</u> im scrí <u>b</u> hneoir ceo <u>o</u> ltóir fre <u>i</u> sin	Bhí na focail seo litrithe mícheart agam. Rinne mé dearmad ar an riail 'caol le caol, leathan le leathan'.
<u>c</u> omh <u>c</u> un	<u>ch</u> omh <u>ch</u> un	Bhí na focail seo litrithe mícheart agam. D'fhág mé an 'h' ar lár. Bíonn 'h' i gcónaí sna focail seo.
<u>fh</u> éin tai <u>th</u> níonn de <u>ch</u> racht	<u>f</u> éin tai <u>n</u> níonn de <u>c</u> racht	Bhí na focail seo litrithe mícheart agam. Chuir mé 'h' isteach nach raibh gá leis.
difri <u>ú</u> il suimi <u>ú</u> il	difri <u>úil</u> suimi <u>úil</u>	Bhí na focail seo litrithe mícheart agam. Ba cheart dhá 'i' a chur sna deirí '- iúil.'
Tá <u>siú</u> il agam a fho <u>is</u> scr <u>ois</u> an <u>ios</u>	Tá <u>sú</u> il agam a fh <u>ios</u> scr <u>ios</u> an <u>ois</u>	Bhí mearbhall orm maidir le litriú na bhfocal seo. Ba cheart dom smaoinemh ar an bhfuaimniú le cabhrú liom cuimhneamh ar an litriú, m.sh: Tosaíonn 'siúil' (<i>walk</i>) le s caol (s + i/e) = 'sh' an Bhéarla. Tosaíonn 'súil' (<i>eye</i>) le s leathan (s + a/o/u) = 's' an Bhéarla.
cuimhni <u>ú</u> smaoin <u>ú</u> smidi <u>ú</u>	cuimhne <u>amh</u> smaoin <u>eamh</u> smide <u>adh</u>	Bhí na focail seo litrithe mícheart agam. Scríobh mé 'iú' seachas 'eamh' / 'eadh' mar gheall go bhfuil an fhuaim chéanna acu i gcanúintí áirithe.
bu <u>l</u> aíocht le do thoi <u>l</u> go fó <u>il</u> di <u>ff</u> riúil	bu <u>l</u> aíocht le do thoi <u>l</u> go fó <u>il</u> di <u>f</u> riúil	Bhí na focail seo litrithe mícheart agam. Scríobh mé dhá 'l' in ionad 'l' amháin. / Scríobh mé 'l' amháin in ionad dhá 'l'./ Scríobh mé dhá 'f' in ionad 'f' amháin.
aoibh <u>e</u> ann bli <u>an</u> co <u>l</u> adh dei <u>ra</u> d Éir <u>in</u> neach ag bua <u>ile</u> adh ag mú <u>na</u> d le ha <u>igh</u> fa <u>db</u> <u>bh'</u> féidir	aoibh <u>inn</u> bli <u>ain</u> co <u>l</u> adh deire <u>adh</u> Éire <u>ann</u> nach ag bua <u>al</u> adh ag mú <u>ine</u> adh le ha <u>ghaid</u> fa <u>dhb</u> <u>b'</u> fhéidir	Bhí na focail seo litrithe mícheart agam.

L²: SÍNEADH FADA

Mar shampla:

Botún ✗	Ceartúchán ✓	Míniú
Inni <u>ú</u>	Inni <u>u</u>	Chuir mé síneadh fada ar an ‘u’ nuair nach raibh gá leis.
m <u>u</u> nteoir	m <u>ú</u> nteoir	D’fhág mé an síneadh fada ar an ‘u’ ar lár.

Samplaí eile d’fhocail a ndéanann mic léinn botúin leo mar gheall ar na síntí fada:

Gutaí	Níor cheart síneadh fada a scríobh ar na gutaí thíos a bhfuil líne fúthu:	Ba cheart síneadh fada a scríobh ar na gutaí thíos a bhfuil líne fúthu:
a/ á	da <u>r</u> a, gl <u>a</u> n, ga <u>r</u> da, tha <u>r</u> la, a <u>l</u> t, a <u>r</u> d, pa <u>s</u> , ba mha <u>h</u> aith, bla <u>s</u>	coimeá <u>d</u> , meá <u>n</u> (scoil), colá <u>is</u> te, Eaná <u>ir</u> , reá <u>ch</u> táil, má <u>í</u> , tá <u>b</u> hairne
e/ é	be <u>i</u> d, bhe <u>i</u> nn, bhe <u>a</u> d, ce <u>a</u> d (permission), go ndear <u>a</u>	é <u>a</u> sca, é <u>ir</u> í, É <u>ir</u> e/É <u>ir</u> inn/É <u>ir</u> eann, fé <u>id</u> ir, dé <u>a</u> n/ dé <u>a</u> namh, lé <u>i</u> , an ché <u>a</u> d (the first)
i / í	Frainc <u>i</u> s, Spáinn <u>i</u> s, di <u>i</u> (for her), i <u>i</u> (in), uirth <u>i</u> , dhéanfaim <u>i</u> s, a fh <u>i</u> os	tr <u>í</u> ocha, dhéanf <u>id</u> ís
o/ ó	comp <u>o</u> dach, mo <u>o</u> (my), os com <u>h</u> air teicne <u>o</u> laíocht, aist <u>re</u> o <u>i</u> d, le <u>o</u> , e <u>o</u> las	ó <u>s</u> rud é, f <u>ó</u> mhar, com <u>ó</u> rtas, sp <u>ó</u> rt, c <u>ó</u> ras só <u>is</u> ialta, v <u>ó</u> ta
u/ ú	inni <u>u</u> , ru <u>d</u> , acu <u>u</u> , urlá <u>r</u> , dru <u>g</u> aí, chu <u>n</u> , cl <u>u</u> b, su <u>i</u> m, tu <u>g</u> ann	cú <u>u</u> pla, mú <u>u</u> nteoir, cult <u>ú</u> r, cú <u>u</u> rsa

L³: SPÁS

Samplaí:

Botún ✗	Ceartúchán ✓	Míniú
a <u>l</u> án	a <u>l</u> án	Ba cheart ‘a lán’ a scríobh mar dhá fhocal éagsúla, seachas mar fhocal amháin.
dro <u>ch</u> scéala	dro <u>ch</u> scéala	Níor cheart spás a fhágáil tar éis ‘droch’. Ba cheart ‘drochscéala’ a scríobh mar fhocal amháin.


L⁴: FLEISCÍN

Samplaí:

Botún ✗	Ceartúchán ✓	Míniú
<u>r</u> ófhada	<u>R</u> ófhada	Níor cheart fleiscín a scríobh tar éis ‘ró’, ach amháin nuair atá guta eile ag teacht ina dhiaidh. M.sh. róbheag, rómhór, ró-íseal, ró-ard.
<u>a</u> n mhaith	<u>a</u> n-mhaith	Ba cheart fleiscín a chur tar éis ‘an-’ nuair a chiallaíonn sé ‘very’. ‘An mhaith’ = ‘The good’; ‘An-mhaith’ = very good
<u>Nua</u> Ghaeilge	<u>Nua</u> -Ghaeilge	Ba cheart fleiscín a chur tar éis Nua- mar gheall go bhfuil ceannlitir ag teacht ina dhiaidh.

Leideanna breise chun botúin mar seo a sheachaint:

- Bain úsáid as an **litreoir** (*spellcheck*) atá ar Microsoft Word le cabhrú leat botúin litrithe a aimsiú agus a cheartú (féach an íomhá thíos). Is féidir litreoir agus gramadóir (*Gaelspell* agus *Ceart*) atá beagán níos fearr a cheannach ó www.cruinneog.com, más maith leat, ach beidh tú in ann an chuid is mó de na botúin litrithe a aimsiú le gnáthlitreoir *Microsoft Word*.



- Tá gaol láidir idir litriú na Gaeilge agus **fuaimniú na Gaeilge**. Bí cinnte go dtuigeann tú an difríocht fuaime atá idir guta gearr agus guta fada (te v té, ba v bá), agus idir consan caol (consan a bhfuil i/e in aice leis) agus consan leathan (consan a bhfuil a/o/u in aice leis). Ná déan dearmad ar an riail: leathan le leathan, caol le caol!
- Bain úsáid as **foclóirí** (m.sh. www.teanglann.ie, www.foclóir.ie agus www.tearma.ie) i gcónaí nuair a bhíonn tú ag déanamh taisc, agus déan cuardach san fhoclóir aon uair nach bhfuil tú iomlán cinnte faoi litriú focail.

F: FOCAL NÓ FRÁSA MÍCHEART

N.B. Ní bhaineann na botúin seo leis an ngramadach! Baineann siad le ciall agus le húsáid focal agus frásaí i gcomhthéacsanna faoi leith.

Chun na botúin seo a cheartú: Cuardaigh an focal/frása sna foclóirí agus féach ar na leideanna agus ar na samplaí thíos. Mura dtuigeann tú an botún ansin, cuir ceist ar an teagascóir.

F¹: FOCAL AMHÁIN SA BHÉARLA = DHÁ CHEANN (NÓ NÍOS MÓ) SA GHAELGE

Abairt cheartaithe: Is duine **othar foighneach** mé.

Míniú: Tá dhá chiall leis an bhfocal ‘patient’ sa Béarla: (i) is ainmfhocal é, a chiallaíonn ‘duine atá tinn’. Is é ‘othar’ an Ghaeilge atá air sin; (ii) is aidiacht é chomh maith, a chiallaíonn ‘ábailta fanacht nó déileáil le deacrachtaí gan a bheith míshuaimhneach’. Is é ‘foighneach’ an Ghaeilge atá air sin. Tá an dá chiall sin le feiceáil go soiléir san iontráil thíos ó www.focloir.ie. Nuair a chuardaigh mé an focal san fhoclóir, níor bhreathnaigh mé ar na leideanna faoin réimse úsáide (*MED = medical*), ar na leideanna gramadaí (*noun, adjective*), ná ar na samplaí, agus roghnaigh mé an focal mícheart dá bharr.

patient

1 *NOUN MED* of doctor etc

othar *masc1* **CMU**

patient care *cúram othar*

2 *ADJECTIVE* able to wait, deal with difficulties calmly

foighneach *adj1* **CMU**

to be patient with *sb* bheith foighneach le duine, foighne a bheith agat le duine, foighne a dhéanamh le duine

Samplaí coitianta eile:

BRIATHRA

Ask: (Iarr ar/ Fiafraigh de/ Cuir ceist ar)

- Iarr (*request*): Iarrann tú rud ar dhuine (D’iarr sé cabhair orm) nó iarrann tú ar dhuine rud éigin a dhéanamh (D’iarr sé orm cabhrú leis.)
- Fiafraigh de + ceist: D’fhiafraigh sí díom an raibh mé ag dul amach anocht?
- Cuir ceist ar: ginearálta – Chuir mé ceist air (faoi ...)

Think (Ceap/Síl/Meas v Smaoinigh)

- Cheap mé / Shíl mé / Mheas mé (+ go/ gur) = I thought that ... (le tuairim a chur in iúl)
- Smaoinigh mé (faoi / ar rud éigin) = I thought about ... / contemplated

Leave (Fág/Imigh/Téigh)

- Fágann tú áit nó rud éigin de ghnáth: D’fhág mé an teach; Tá mé chun nóta a fhágáil di.
- Is féidir le ‘imigh’ seasamh leis féin: D’imigh sí; Caithfidh mé imeacht.
- Téigh + “to a place”: Téim abhaile (abhaile = [towards] home); Tá sé ag dul go dtí an Spáinn.

Arrive (Sroich/ Bain amach v Tar)

- *To arrive at a specific place* = Sroich/ Bain amach: Shroich mé an scoil ag a naoi a chlog; Bhain mé Má Nuad amach tar éis am lóin; Nuair a shroichfidh tú an áit, glaoigh orm.
- *To arrive* (go ginearálta, gan ainm áite a lua) = Tar: *I arrived at nine* = Tháinig mé ag a naoi.

Know (a fhios/ eolas/ aithne, srl.)

- **a fhios + go/ ceist/ faoi/ sin:**
 - Tá a fhios agam (é sin). (gan aon rud eile ina dhiaidh)
 - Tá a fhios agam go raibh sí ina cónaí i Sasana ar feadh na mblianta.
 - Níl a fhios agam an dtiocfaidh sé ar ais; An bhfuil a fhios agat cé a rinne é?
 - Níl a fhios agam faoi Mhairéad, ach tá Sorcha chun teacht chuig an gcóisir, cinnte.
- **eolas + rud faoi leith (m.sh. scéal, freagra, tada, gach rud, srl.) nó ábhar ginearálta:**
 - rud faoi leith: Tá an scéal ar fad ar eolas ag Liam; An bhfuil an freagra sin ar eolas agat?; Tá gach rud ar eolas ag Brian; Níl tada ar eolas aici.
 - ábhar/ topaic: Níl mórán eolais agam ar an stair.
- **aithne + duine:**
 - An bhfuil aithne agat ar Rachel?; Tá aithne shúl agam uirthi.
- **cur amach + áit nó ábhar:** An bhfuil cur amach agat ar Mhá Nuad?
- **scileanna:** Tá (an Ghaeilge, an Fhraincis, an ceol, an tiomáint, an snámh) agam.
- **Frásaí úsáideacha eile a bhaineann le ‘to know’:**
 - Cá bhfios? = *Who knows?*
 - Go bhfios dom/ Ar feadh m’eolais = *As far as I know*
 - Mar is eol duit/daoibh = *As you know*
 - Duine a chur ar an eolas faoi rud éigin = *To let someone know something* (m.sh. Chuir sí ar an eolas mé.)

Say/ Tell/ Speak/ Talk (Abair/ Inis/ Labhair/ Caint):

(Bíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí Béarla leis na focail seo freisin.)

- **Inis (+ do) = tell / recount**
 - D’inis sé an scéal/ bréag/ an fhírinne dom.
 - D’inis sí dúinn go raibh sí ag imeacht.
- **Abair (+ le) = say / tell**
 - Dúirt sé an phaidir.
 - Dúirt mé leis (*ordú*) an dinnéar a réiteach.
 - Dúirt sé liom go raibh sé ag imeacht.
- **Labhair + teanga / Labhair (le duine) + (faoi/ar rud) = speak**
 - Is féidir le ‘labhairt’ seasamh leis féin: ‘Labhair mé le Seán’.
 - Ní bhíonn cuspóir díreach aige ach amháin i gcás teangacha (Labhair sí Gaeilge) agus tá ‘labhair’ níos foirmeálta ná mar atá ‘caint’.
- **Caint (le duine) + (faoi/ar rud) = talk**
 - Is ainm briathartha é seo (ag caint). Tá an briathar ‘caintigh’ ann chomh maith, ach ní úsáidtear é chomh minic céanna is a úsáidtear an t-ainm briathartha.
 - Ní chuirtear ainmfhocal díreach tar éis ‘caint’ de ghnáth, ach amháin i bhfrásaí áirithe neamhfhoirmiúla ar nós ‘ag caint seafóide’. B’fhearr ‘ag labhairt Gaeilge’ (speaking Irish) nó ‘ag caint as Gaeilge’ a rá seachas ‘ag caint Gaeilge (talking Irish)’.

Before (Sula / roimh):









- **SULA (+ urú)/ SULAR (+h) + BRIATHAR**
m.sh. sula ndeachaigh, sula ndearna, sular thosaigh, sula bhfaighidh, sula n-inseoidh
- **ROIMH (+h) + AINMFHOCAL/ AINM BRIATHARTHA:**
m.sh. roimh an rang, roimh Mháire, roimh a trí a chlog, roimh theacht isteach dom












If (Má/ Dá/ Mura):


- **MÁ (+ h) + aimsir láithreach + aimsir fháistineach**
Má dhéanann tú an obair, gheobhaidh tú torthaí maithe.
If you do the work, you will get good results.
- **DÁ (+ urú) + modh coinníollach + modh coinníollach**
Dá ndéanfá an obair, gheofá torthaí maithe.
If you did the work, you would get good results.
- **MURA = If not**
MURA (+ urú) + aimsir láithreach/ aimsir fháistineach/ modh coinníollach agus roinnt briathra neamhrialta san aimsir chaite
MURAR (+ h) le briathra rialta san aimsir chaite
Mura ndéanann tú an obair, ní bhfaighidh tú torthaí maithe.
Mura ndéanfá an obair, ní bhfaighfeá torthaí maithe.
Murar chaith sí an t-airgead, tá sé fós aici.

Even / even if / even though (Fiú/ fiú má/ cé go)

- **EVEN = FIÚ:**
M.sh. Ní raibh mé ann cúig nóiméad, fiú, nuair a ghlaigh sí orm.
- **EVEN IF = FIÚ MÁ/ DÁ/ MURA:**
M.sh. Fiú má cheapann tú gur ceist amaideach í, cuir orm í!
Fiú dá mbeadh an t-airgead agam, ní rachainn ann.
- **EVEN THOUGH = CÉ GO/GUR:**
M.sh. Cé go raibh sé go hálainn a bheith ar saoire, bhí mé sásta teacht abhaile freisin.

	Treo/ Gluaiseacht  <i>(Tar éis briathra gluaiseachta, ar nós 'téigh', 'tar', siúil, 'rith', 'bog', 'cuir' srl.)</i>	Suíomh/ Staid  <i>(Tar éis briathra ar nós 'bí' agus 'fan'.)</i>
Home	<p>abhaile (to home) </p> <ul style="list-style-type: none"> • Cén t-am a ndeachaigh/ ar tháinig tú abhaile? • Caithfidh mé dul abhaile. • Siúlaim abhaile gach tráthnóna. • Ar mhaith leat síob abhaile? 	<p> sa bhaile/ at home</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ní raibh sé sa bhaile. • An mbeidh tú sa bhaile anocht? • Cén t-am a mbeidh tú sa bhaile? • Tá mé chun fanacht sa bhaile.
In	<p>isteach </p> <ul style="list-style-type: none"> • Chuaigh mé isteach sa siopa. • Ar bhog tú isteach san árasán nua go fóill? • Tháinig sí isteach sa teach. • Buailfidh mé isteach chugat níos déanaí. • Chuir mé isteach ar an bpost. 	<p> istigh</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tá sé istigh sa seomra. • D'fhan mé istigh aréir. • Cén t-am a mbeidh tú istigh sa choláiste inniu?
	<p>Nóta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • 'i' = réamhfocal. Bíonn ainmfhocal ina dhiaidh, m.sh. i gCill Dara, i mbosca, in áit. • 'sa' = i + an (= <i>in the</i>), m.sh. sa teach, sa rang, sa chéad bhliain. • Is féidir 'i' / 'sa' a úsáid in éineacht leis na focail 'isteach' agus 'istigh' chomh maith, m.sh.: Chuaigh sé <u>isteach</u> i siopa (<i>He went <u>into</u> a shop</i>); Tá sé <u>istigh</u> i siopa (<i>He's <u>inside</u> a shop</i>). 	
Out	<p> amach</p> <ul style="list-style-type: none"> • An ndeachaigh tú amach aréir? • Tá mé chun dul amach anocht. • Rith sí amach an doras. • Tháinig sí amach as an oifig. 	<p> amuigh</p> <ul style="list-style-type: none"> • An raibh tú amuigh aréir? • Ar fhan tú amuigh déanach? • Cá bhfuil Seán? Tá sé amuigh sa ghairdín.

	Treo/ Gluaiseacht 		Suíomh/ Staid 
	+ téigh, siúil, rith, cuir, seas, suigh, bog, srl.	+ tar (tháinig/ ag teacht/ tiocfaidh, srl.), bain, fás, srl.	+ bí (bhí, tá, beidh) agus fan
Up	<p>suas</p>  <ul style="list-style-type: none"> • <u>Chuaigh</u>/ <u>Rith</u>/ <u>Shiúil</u> mé suas staighre. • Caithfidh mé <u>dul</u> suas chuici. • <u>Sheas</u> sé suas. 	<p>aníos (= from down)</p>  <ul style="list-style-type: none"> • <u>Tiocfaidh</u> nasc aníos ar an scáileán. • <u>D'fhás</u> mé aníos i Londain. 	<p>thuas</p>  <ul style="list-style-type: none"> • <u>Bhí</u> mé thuas ar bharr an chnoic. • <u>Tá</u> sé thuas ar an dara hurlár. • <u>D'fhan</u> sí thuas staighre ar feadh na hoíche.
Down	<p>síos</p>  <ul style="list-style-type: none"> • <u>Suigh</u> síos anseo! 	<p>anuas (= from up)</p>  <ul style="list-style-type: none"> • <u>Bain</u> anuas an pictiúr sin ón mballa. • Ná bí <u>ag caitheamh</u> anuas ar dhaoine eile. 	<p>thíos</p> 
Over	<p>sall/ anonn</p>  <ul style="list-style-type: none"> • Táim chun <u>dul</u> sall/ anonn go Londain an deireadh seachtaine seo. 	<p>anall</p>  <ul style="list-style-type: none"> • <u>Tar</u> anall anseo! • <u>Tháinig</u> sí anall chugam le labhairt liom. 	<p>thall</p>  <ul style="list-style-type: none"> • Beidh an rang seo <u>ar siúl</u> thall ar an gcampas theas. • <u>Tá</u> cara liom thall i Meiriceá.
Nóta: thar = réamhfhocal. Bíonn ainmfhocal ina dhiaidh, m.sh. thar an ngeata, thar sáile, srl.			
West	<u>Chuaigh</u> mé siar .	<u>Tháinig</u> mé aniar .	<u>Bhí</u> mé thiar Dé Sathairn.
East	Tá mé <u>ag dul</u> soir .	Tá mé <u>ag teacht</u> anoir .	<u>Tá</u> sí thoir i mBÁC faoi láthair.
South	<u>Rachaidh</u> mé ó dheas .	<u>Tiocfaidh</u> mé aneas .	<u>An raibh</u> tú i Meiriceá
North	<u>Tiomáinfidh</u> mé ó thuaidh .	<u>Tháinig</u> sé aniar aduidh orm.	Theas? <u>Tá</u> sé ar an campas thuaidh .

For (le ... anuas/ ar feadh/ go ceann)

- **Aimsir chaite/ Aimsir fháistineach + ar feadh:**
(for the duration of, for a period of time beginning and ending in the past or in the future)
 - Bhí mé sa mheánscoil **ar feadh** 6 bliana = I was in secondary school **for** 6 years.
 - Shiúil mé timpeall **ar feadh** uair an chloig = I walked around **for** an hour.
 - Beidh mé ar saoire **ar feadh** coicíse = I will be on holiday **for** a fortnight.
- **Tá + le ... anuas:**
(for a period of time beginning in the past and still continuing)
 - Tá mé ag seinm an ghiotáir **le** dhá bhliain **anuas** = I've been playing the guitar **for** 2 years.
 - Tá mé i mo chónaí anseo **le** trí bliana **anuas** = I've been living here **for** 3 years.
- **Aimsir fháistineach + go ceann:**
(for a period of time from now and continuing into the future)
 - Beidh mé i Má Nuad **go ceann** dhá bhliain eile = I'll be in Maynooth **for** another 2 years.
 - Fanfaidh mé anseo **go ceann** tamaillín eile. = I'll stay here **for** another while.

***Nóta:** Níor cheart na frásaí 'le haghaidh' / 'i gcomhair' a úsáid le tréimhsí ama.

In = i gceann (san aimsir fháistineach, de ghnáth)

- Beidh mé i mBaile Átha Cliath **i gceann** leathuair an chloig = I'll be in Dublin **in** half an hour.
- Feicfidh mé thú **i gceann** fiche nóiméad = I'll see you **in** twenty minutes.
- Beidh an chéim bainte amach agam **i gceann** bliana = I'll have finished the degree **in** a year.

Frásaí úsáideacha eile le tagairt a dhéanamh do chúrsaí ama:

- **faoi + am = by (a particular time)**
 - Faoi an ar tháinig sé abhaile, bhí an dinnéar ite againn.
 - Beidh an tasc seo críochnaithe agam faoin Luan seo chugainn.
- **beag seo = this coming ...** : An Luan beag seo, an Aoine bheag seo = *this coming Mon./ Fri.*
- **arú aréir/ amárach: the day before yesterday/ the day after tomorrow**
- **an lá/ an tseachtain dár gcionn = the following day/ week**
- **idir an dá linn = in the meantime**
- **faoi láthair/ i láthair na huair = at the moment/ at present**
- **chomh luath agus/ a luaithe agus/ a thúisce agus = as soon as**
- **ina dhiaidh sin = after that (Nóta: Moltar gan 'tar éis é sin' a rá)**

GGG lch. 145-6

Some (roinnt/ cuid/ éigin)

- **Someone/ something/ somewhere = duine éigin/ rud éigin/ áit éigin**
- **Some + indefinite, uncountable noun: roinnt**
Tá roinnt airgid aici; Teastóidh roinnt cúnaimh uaim; Chas mé le roinnt cairde nua.
- **Some of + noun: cuid de / roinnt de (+ ainmfhocal cinnte)**
Tá cuid den eolas faighte agam/ Tá roinnt den eolas faighte agam.
Ní fhaca mé cuid de na daoine/ Ní fhaca mé roinnt de na mic léinn.
- **Some of them: cuid acu/díobh nó roinnt acu/díobh**

A bit (beagán/ beagáinín/ rud beag) v píosa beag

- **Beagáinín/ rud beag + aidiacht = a little bit** (m.sh. beagáinín tuirseach, rud beag aisteach)
- **Beagáinín + ainmfhocal = a little bit of ...** (m.sh. beagáinín oibre, beagáinín ama)
- **Píosa beag = a little piece** (m.sh. píosa beag cáca, píosa beag feola)

Enough (leor/ go leor)

- **Aidiacht + go leor:** Tá sé ard go leor – *He's tall enough.*
- **Go leor + ainmfhocal:** An bhfuil go leor airgid agat? *Do you have enough money?*
- **'an chopail + leor' (gan 'go'):** *'An leor sin?' (Is that enough?); Is leor €20 (€20 is enough); Ní leor díreach freastal ar an rang (It's not enough to just attend the class); Ba leor ríomhphost a chur chugam (It would be enough to send me an email).*

Too v Too much (Ró- v an iomarca/iomarcach)

- **Too = ró- (+ aidiacht):** Tá mé róthuirseach le staidéar a dhéanamh. Tá sé ródhéanach le dul amach anois.
- **Too much = an iomarca (+ ainmfhocal sa ghinideach):** Tá an iomarca oibre le déanamh agam; D'ól sé an iomarca aréir; Caithim an iomarca ama ar Facebook.
- **X is/was too much: Tá/Bhí X iomarcach.**

So much, as much as

- **So much = an oiread sin:** *I have so much work to do* = Tá an oiread sin oibre le déanamh agam.
- **As much as = an oiread agus:** *Do as much as you can* = Déan an oiread agus is féidir leat. I ate as much as I could = D'ith mé an oiread agus ab fhéidir liom.

Amount/number (an méid/ líon)

- **the amount of X = an méid + ainmfhocal sa TG uatha:** *the amount of time* = an méid ama; *the amount of work* = an méid oibre; *the amount of money* = an méid airgid.
- **The same amount of X = an méid céanna X:** an méid céanna ama, an méid céanna oibre, an méid céanna airgid.
- **the number of + plural noun = líon na + ainmfhocal sa TG iolra:** *The number of students* = líon na mac léinn; *the number of people* = líon na ndaoine

Most of the ... (an chuid is mó den/de na ...)

- *Most of the time/money* = an chuid is mó den am/airgead
- *Most of the problems/people/students* = an chuid is mó de na fadhbanna/ daoine

One of (duine/ ceann)

- **One of (people) = duine de ...** : *One of my friends* = duine de mo chuid cairde; *one of the lecturers* = duine de na léachtóirí; *She is one of my favourite musicians* = Tá sí ar dhuine de na ceoltóirí is fearr liom.
- **One of (things) = ceann de ...** : *One of the houses* = ceann de na tithe; *one of the lectures* = ceann de na léachtaí; *one of those places* = ceann de na háiteanna sin; *It is one of my favourite things* = Tá sé ar cheann de na rudaí is fearr liom.

EILE

Irish (Gaelach / Éireannach / Gaeilge)

- Gaeilge = an teanga
- Gaelach = aidiacht le cur síos a dhéanamh ar rudaí a bhaineann le cultúr traidisiúnta na hÉireann. Ceol Gaelach, peil Ghaelach, srl.
- Éireannach = aidiacht le tagairt a dhéanamh do rudaí/ daoine arb as Éirinn dóibh. M.sh. Is banna ceoil Éireannach é U2 ach ní ceol Gaelach a sheinneann siad.

People (daoine/ muintir/ lucht/ pobal)

- daoine = *people* (go ginearálta). Bhí a lán daoine i láthair; An bhfaca tú na daoine sin?
- muintir = *a group of people united by place*, m.sh. muintir na háite, muintir na hÉireann, muintir Bhaile Átha Cliath.
- lucht = *a group of people united by a particular activity or characteristic*, m.sh. lucht labhartha na Gaeilge, an lucht oibre, lucht staire, lucht an tsaibhris, lucht leanúna, lucht féachana, lucht caite tobac, lucht polaitíochta, lucht spóirt, srl. *Nóta: lucht ≠ locht (*a fault*).
- pobal = *community/ public*, m.sh. pobal na Gaeltachta, pobal na hollscoile; Ba cheart an t-eolas a chur os comhair an phobail; Is é leas an phobail é.

Family (teaghlach / clann / muintir):

- Clann = na páistí a bhíonn ag duine:
 - An bhfuil clann agat féin? Tá. Tá ceathrar clainne agam;
 - Is duine de chúigear clainne mé – tá triúr deartháireacha agus deirfiúr amháin agam.
- Teaghlach = tuismitheoirí agus páistí.
 - Tá seisear sa teaghlach: mo thuismitheoirí, beirt deirfiúracha, deartháir amháin agus mise. (Nóta: Murar tusa an tuismitheoir, tá sé níos fearr 'an teaghlach' seachas 'mo theaghlach' a rá).
- Muintir: Is féidir 'mo mhuintir' a úsáid le tagairt a dhéanamh do 'mo thuismitheoirí', nó mar fhocal ginearálta ar nós '*my people*', le tagairt a dhéanamh don teaghlach agus gaolta nó sinsir.

Society (Sochaí/ cumann)

- An tsochaí = *people living in a particular country, area or time*, m.sh. tá an tsochaí athraithe cuid mhór sa tír seo le blianta beaga anuas; tá na daoine seo fágtha ar imeall na sochaí.
- Cumann = *organisation or club*, m.sh. An Cumann Lúthchleas Gael (=G.A.A.), An Cumann Gaelach, An Cumann Mórtais.

Event: Eachtra v ócáid/ imeacht:

- Eachtra = *unexpected event/ incident*: Ar chuala tú faoin eachtra a tharla aréir? Gortaíodh triúr in eachtra lámhaigh (*shooting incident*) i mBaile Átha Cliath.
- Imeacht = *organised event*: Beidh a lán imeachtaí ar siúl le linn Sheachtain na Gaeilge.
- Ócáid = *special occasion*: Bhí ócáid cheiliúrtha ar siúl i lár na cathrach aréir in ómós do Sheán Ó Riada.

Reference (tagairt/ teistiméireacht) agus Referee (moltóir / réiteoir)

- Teistiméireacht = litir mholta nó cur síos ar dhuine atá ag cur isteach ar phost.
- Nuair a scríobhann tú aiste acadúil, déanann tú tagairt do leabhair agus ailt eile atá scríofa faoin ábhar céanna, agus cuireann tú liosta tagairtí ag deireadh na haiste.
- Scríobhann moltóir teistiméireacht.
- Bíonn réiteoir ag cluiche spóirt, ag cinntiú go bhfuil na himreoirí ag cloí leis na rialacha.

Only

- **The only + noun = An t-aon + ainmfhocal (amháin):**

Áine was the only one present = Ba í Áine an t-aon duine a bhí i láthair.

Is that the only one left? = An é sin an t-aon cheann atá fágtha?

That was the only book available: = B'in an t-aon leabhar a bhí ar fáil.

My only worry would be that the train would be late = An t-aon imní a bheadh orm ná go mbeadh an traen mall.

That's the only reason I'm here = Sin an t-aon chúis a bhfuil mé anseo.

That's the only way to do it = Sin an t-aon bhealach/slí lena dhéanamh.

- **Only + verb = briathar diúltach + ach:**

It only took an hour = Níor thóg sé ach uair an chloig;

I only had two drinks = Níor ól mé ach dhá dheoch;

I only have €5 = Níl agam ach €5;

I only got 45% = Ní bhfuair mé ach 45%.

I'm only joking = Níl mé ach ag magadh.

You only have to ask = Níl agat/ort ach ceist a chur.

- **Verb 'to be' + only + noun = Níl ann ach ... :**

It is only an exam = Níl ann ach scrúdú; *It is only a week* = Níl ann ach seachtain;

It was only a kiss = Ní raibh ann ach póg; *I will only be a minute* = Ní bheidh mé ach nóiméad.

He is only an idiot = Níl ann ach amadán; *She is only a student* = Níl inti ach mac léinn.

- **Only + if: Frása diúltach, ach amháin má ...**

I'll only go if you come with me = Ní rachaidh mé ann ach amháin má thagann tusa liom.

F²: BÉARLACHAS (FRÁSAÍ IOMLÁNA A BHFUIL STRUCHTÚR AN BHÉARLA ORTHU)

Abairt cheartaithe: **Tá sé suas duit féin. Fútsa atá sé.**

Míniú: Bhí mé ag iarraidh 'It's up to you' a rá, ach d'aistrigh mé é focal ar fhocal ón mBéarla. Béarlachas a bhí ann. Chuardaigh mé an focal 'up' in www.focloir.ie agus fuair mé liosta fada frásaí ag bun an leathanaigh. Bhí an frása a bhí uaim ina measc:

to be up to sb

1 sb has to decide sth

it's up to you whether you go or not **fútsa atá sé an rachaidh tú nó nach rachaidh, do rogha féin é dul nó gan dul**

isn't it up to me what I eat? **nach fúmsa atá sé cad a íosfaidh mé?, nach é mo ghnó féin é céard a íosfaidh mé?**

if it were up to me **dá mba fúmsa é, dá mba ar mo ghuailí a thitfeadh sé**

Samplaí eile coitianta:

They got married: **Fuair siad pósta** > **Phós siad.**

It's getting late: Tá sé **ag fáil** déanach > Tá sé **ag éirí** déanach.

She's getting old: Tá sí **ag fáil** sean > Tá sí **ag dul in aois.**

I looked it up online: **D'fhéach mé suas** ar líne é > **Chuardaigh mé** ar líne é.

It looks like she'll win: **Féachann sé cosúil le** **Tá an chuma ar an scéal** go mbeidh an bua aici.

That's not the case: **Ní hé sin an cás** > **Ní hamhlaidh atá.**

I gave up smoking: **Thug mé suas** na toitíní > **D'éirigh mé as /Chaith mé in aer** na toitíní

They made history: **Rinne siad stair** > **Rinne siad éacht stairiúil.**

How embarrassing!: **Cé chomh náireach!** > **(Nach) mór an náire é!**

F³: RANN CAINTE MÍCHEART (AINMFHOCAL V AIDIACHT)

Abairt cheartaithe: Ba mhaith liom a bheith **líofacht** **líofa** sa Ghaeilge.

Míniú: Is ainmfhocal é 'líofacht'. Ciallaíonn sé 'fluency'. Is aidiacht é 'líofa' a chiallaíonn 'fluent'. Bhí mé ag iarraidh 'I'd like to be fluent in Irish' a rá. Mar sin, is é 'líofa' seachas 'líofacht' an focal a bhí ag teastáil uaim.

Samplaí coitianta eile:

- feabhas (*improvement*) v feabhsú (*improving/ to improve*): Ba mhaith liom feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge v Ba mhaith liom mo chuid Gaeilge a fheabhsú.
- difriúil (*different*) v difríocht (*difference*): Tá an dá thír an-difriúil lena chéile. Tá go leor difríochtaí eatarthu.
- dúchas v dúchasach: Tá an Ghaeilge aici ó dhúchas. Is cainteoir dúchais í.
- óige (*youth*) v óga (*young, plural*): le linn m'óige = *during my youth*; daoine óga = *young people*
- cabhair (*help*) v cabhrú (*helping/ to help*): An bhfuil cabhair uait? An féidir liom cabhrú leat?
- álainn v go hálainn: Is teach álainn é sin. Tá sé go hálainn.

Abairt cheartaithe: An bhfuil an scannán seo feicthe agat **céanna cheana** féin.

Míniú: ‘Céanna’ = *same*; ‘cheana’ = *already*. Tá litriú an dá fhocal cosúil lena chéile, agus mheasc mé iad dá bharr.

Samplaí coitianta eile

ainm (*name*) v anam (*soul*)

aird (*attention*) v ard (*high/tall*)

an méid (*the amount/size*) v cé mhéad (*how much/many*)

ar buille (*angry*) v buille (*a blow* – buille marfach, buille faoi thuairim)

ar fad (*all/in length*) v ar fud (*all over/throughout*) v ar feadh (*for the duration of*)

beagán/ beagáinín (*a little bit*) v beagnach (*almost*)

braitheann ar (*depends on*) v breathnaíonn ar (*watches/looks*)

domhan (*world*) v domhain (*deep*)

éide (*uniform*) v éadaí (*clothes*)

éigin (*some*) v éigean (*force/violence*)

feic (*see*) v féach (*watch/look*)

foghraíocht (*phonetics*) v fógraíocht (*advertisement*)

gearr (*short*) v gar (*close/favour*) v géar (*sharp*)

go leor (*enough/a lot of*) v go léir (*all*)

lucht (*group of people*) v locht (*fault, m.sh. Is ormsa a bhí an locht* – *It was my fault.*)

i gcomhair (*for*) v cóir (*just/right*)

ocht (*eight*) v go raibh maith agat as ucht na litreach (*thank you for the letter*)

os (*os comhair/os cionn*) v ós (*ós rud é*)

riamh (*ever/never*) v roimh (*before*)

siúl (*walking*) v súil (*eye*)

taisteal (*travelling*) v teastáil (*needed/lacking*)

trial (*try/trial*) v triall (*journey*)

tugann (*gives/brings*) v tógann (*takes*)

Leideanna breise chun an botún seo a cheartú, a mhíniú agus a sheachaint:

- Bain úsáid as an bhfoclóir ceart! Bain úsáid as www.tearma.ie má tá téarma teicniúil nó sainiúil uait. Bain úsáid as www.foclóir.ie chun teacht ar théarmaíocht nua-aimseartha, chomh maith le frásaí agus nathanna cainte neamhfhoirmiúla atá coitianta sa Bhéarla. Bain úsáid as www.teaglann.ie chun teacht ar fhocail agus ar fhrásaí níos traidisiúnta sa Ghaeilge.
- Ná déan dearmad: is minic a bhíonn níos mó ná ciall amháin ag focal sa Bhéarla agus níos mó ná aistriúchán amháin Gaeilge air, dá réir.
- Tabhair aird faoi leith ar an réimse úsáide (leigheas, dlí, stair, ríomhaireacht, srl.) a luaitear in aice leis an bhfocal agus ar na samplaí a léiríonn an comhthéacs ina n-úsáidtear an focal/frása.
- Tabhair aird faoi leith ar na leideanna gramadaí a thugtar i ndiaidh an fhocail. An ainmfhocal, briathar nó aidiacht atá i gceist? Cé acu sin atá ag teastáil uaitse?
- Ná déan dearmad nach féidir frásaí agus nathanna cainte a aistriú go díreach ón mBéarla go Gaeilge. Tugtar ‘Béarlachas’ ar aistriúcháin dhíreacha mar seo.

B. BRIATHAR

B¹: AIMSIR NÓ BUNFHOIRM AN BHRIATHAIR

Samplaí den bhotún agus den cheartúchán:

Abairt cheartaithe: **Feicimid Chonaiceamar** a lán athruithe sa tír seo anuraidh.

Míniú: Bhí an briathar ‘feic’ san aimsir mhícheart. Bhí sé scríofa san aimsir láithreach (feicimid) ach ba cheart go mbeadh sé san aimsir chaite (chonaiceamar), mar gheall gur luadh ‘anuraidh’ san abairt.

Abairt cheartaithe: **Bhí Tá** an clár seo ar siúl le trí bliana anuas.

Míniú: Bhí an briathar san aimsir mhícheart. Baintear úsáid as an aimsir láithreach ‘tá’ leis an bhfrása ama ‘le ... anuas’

Abairt cheartaithe: **Fág D’fhág** mé an leabhar ar an mbord inné.

Míniú: Bhí foirm an bhriathair san aimsir chaite mícheart. Fág = an modh ordaitheach (*Leave!*) ach is í an aimsir chaite ‘D’fhág’ (*left*) a bhí i gceist agam. Bíonn séimhiú (‘h’) agus/nó ‘d’ ag tús an bhriathair san aimsir chaite i gcónaí, seachas sna mbriathra neamhrialta ‘abair’ (Dúirt) agus ‘faigh’ (Fuair), agus sa bhriathar saor (Óladh, Fágadh, Ceannaíodh).

Abairt cheartaithe: **Thaitníonn Taitníonn** an Ghaeilge liom.

Míniú: Ní bhíonn séimhiú (‘h’) ag tús an bhriathair san aimsir láithreach mura bhfuil ‘a’ nó ‘ní’ ag teacht roimhe.

Abairt cheartaithe: **Foghlaim Foghlaimím** rud éigin nua gach lá.

Míniú: Is é ‘Foghlaim’ fréamh an bhriathair. Ciallaíonn sé ‘learn’. Caithfear deirí a chur leis san aimsir láithreach, m.sh. Foghlaimím = *I learn*; Foghlaimíonn sé = *he learns*.

Abairt cheartaithe: **Inisíonn Inisíonn** sé bréaga.

Míniú: Nuair a chuirtear ‘inis’ san aimsir láithreach, cailltear an ‘i’ deireanach ón bhfréamh. Tugtar coimriú air sin. Tarlaíonn an rud céanna leis na briathra seo a leanas: **Imir** > **Imríonn**; **oscail** > **osclaíonn**; **ceangail** > **ceanglaíonn**; **codail** > **codlaíonn**.

Abairt cheartaithe: **Deireann Deir** siad

Míniú: Is briathar neamhrialta é ‘abair’. Ní bhíonn ‘-eann’ ag deireadh an bhriathair san aimsir láithreach.

Abairt cheartaithe: **Rachfaidh Rachaidh** mé / **Gheobhfaidh Gheobhaidh** mé

Míniú: Is briathra neamhrialta iad an dá bhriathar seo. Ní bhíonn ‘f’ iontu san aimsir fháistineach, ach amháin sa bhriathar saor (Rachfar, Gheofar, Ní bhfaighfear).

Abairt cheartaithe: **Ithfidh Íosfaidh** mé ceapaire.

Míniú: Is briathar neamhrialta é ‘ith’. Athraíonn fréamh an bhriathair san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach.

Chun an botún seo a cheartú:

- Féach ar an abairt iomlán arís. Smaoinigh ar an rud a bhí tú ag iarraidh a rá as Béarla. Cén aimsir a bhí ag teastáil? Ar úsáid tú an aimsir cheart don abairt? Ar lean tú na rialacha maidir le foirm an bhriathair san aimsir sin (m.sh. d' / h/ gan h/ deireadh, srl.)?
- Tugann na focail agus frásaí seo a leanas leid maidir leis an aimsir a bhíonn ag teastáil de ghnáth:

Aimsir ghnáthchaite	Aimsir chaite	Aimsir láithreach	Aimsir ghnáthláithreach	Aimsir fháistineach	Modh coinníollach
Bhíodh sí ...	Bhí sé ...	Tá síad ...	Bíonn sí ...	Beidh sibh ...	Bheadh sé ...
i gcónaí de ghnáth go minic anois is arís gach lá	anuraidh ... seo caite inné arú inné ar feadh ...	anois faoi láthair le ... anuas Má tá sí ...	i gcónaí de ghnáth go minic anois is arís gach Luan gach lá Má bhíonn sí ...	amárach ... seo chugainn i gceann ... ar feadh ... go ceann ...	Dá mbeadh sé B'fhéidir go mbeadh sé ...

- Is féidir foirm gach briathair i ngach aimsir a chuardach ar www.teanglann.ie, ach cliceáil ar an táb 'Grammar' / 'Gramadach':

The screenshot shows the website interface for 'faigh'. At the top, there is a navigation bar with 'Home', 'New English-Irish Dictionary', 'About', 'Gaeilge', and 'English'. A search bar contains the word 'faigh'. Below the search bar, there are several icons for different dictionary services: 'Foclóir Gaeilge-Béarla', 'English-Irish Dictionary', 'An Foclóir Beag', 'Grammar', and 'Pronunciation'. A 'GRAMMAR WIZARD' section is visible, showing the word 'faigh' with its grammatical information: VERBAL NOUN 'fáil', VERBAL ADJECTIVE 'faigte', and SINGULAR '1 gheobhaidh mé'. A dropdown menu is open, showing various forms of the verb 'faigh' such as 'faidhf', 'faidhfileá', 'faidhiúil', 'faidhiúlacht', 'faidhp', 'faidreiseach', 'faigh', 'faighin', and 'faighneog'.

Gramadach Gan Stró (GGS)

- An modh ordaitheach: Aonad 10
- An aimsir ghnáthchaite: Aonad 25
- An aimsir chaite: Aonad 11
- An aimsir láithreach agus ghnáthláithreach: Aonad 13
- An aimsir fháistineach: Aonad 18
- An modh coinníollach: Aonad 22

B²: FOIRM THÁITE AN BHRIATHAIR

Samplaí den bhotún agus den cheartúchán:

<p>Abairt cheartaithe: An mbeadh tú An mbeifeá ar fáil le haghaidh caife amárach?</p> <p>Míniú: De réir an Chaighdeáin Oifigiúil, ba cheart an fhoirm tháite den bhriathar seo a úsáid.</p>
<p>Abairt cheartaithe: Téim mé chuig rang ióga gach Máirt > Téim</p> <p>Míniú: Téim = téann + mé. Níor cheart an fhoirm tháite seo a úsáid leis an bhforainm ‘mé’. Cloistear an dá rud sa chaint, ach de réir an Chaighdeáin Oifigiúil, ba cheart ‘téim’ a scríobh.</p>
<p>Abairt cheartaithe: Chualaimid Chualamar duine éigin ag screadaíl.</p> <p>Míniú: Rinne mé botún a bhain leis an bhfoirm tháite den bhriathar. Is é ‘-(e)amar’ an deireadh ceart don chéad phearsa iolra san aimsir chaite. Úsáidtear -(a)imid san aimsir láithreach.</p>
<p>Abairt cheartaithe: Mothaíom Mothaím go dona.</p> <p>Míniú: Rinne mé botún a bhain leis an bhfoirm tháite den bhriathar. Litrígh mé an deireadh mícheart.</p>
<p>Abairt cheartaithe: Athreoimid Athróimid ár gcuid éadaí.</p> <p>Míniú: Rinne mé botún a bhain leis an bhfoirm tháite den bhriathar. Rinne mé dearmad ar an raiil ‘leathan le leathan, caol le caol’.</p>

	Foirm scartha (Briathar + forainm scartha)	=	Foirm tháite (Briathar + forainm i bhfocal aonair)
Aimsir ghnáthchaite	Bhíodh + mé Dhéanadh + tú Théadh + muid D'imríodh + siad	=	Bhínn Dhéantá Théimis D'imrídís
Aimsir chaite	Chuaigh + muid Dhún + muid Rinne + muid Chuir + muid	=	Chuamar Dhúnamar Rinneamar Chuireamar
Aimsir láithreach	Tá + mé Déanann + mé Foghlaimíonn + mé Téann + muid Ceannaíonn + muid Foghlaimíonn + muid	=	Táim Déanaim Foghlaimím Téimid Ceannaímid Foghlaimímid
Aimsir fháistineach	Déanfaidh + muid Gheobhaidh + muid An bhfaighidh + muid Oibreoidh + muid Athróidh + muid	=	Déanfaimid Gheobhaimid An bhfaighimid Oibreimid Athróimid
Modh coinníollach	Gheobhadh + mé Bheadh + tú D'athródh + muid D'fheicfeadh + siad	=	Gheobhainn Bheifeá D'athróimis D'fheicfidís

Seo samplaí de na trí bhotún is minice a dhéantar maidir leis an mbriathar saor:

(i) Abairt cheartaithe: **Bhí an-obair déanta Rinneadh an obair** i rith an tsamhraidh.

Míniú: Ba cheart an briathar saor a úsáid san abairt seo, seachas an briathar ‘bí’ agus an aidiacht bhriathartha.

‘Rinneadh an obair’ = *the work was done*, i.e. Rinne duine éigin an obair, agus ní luaitear an duine nó na daoine a rinne í ar chúis éigin. Tá béim ar an ngníomh féin.

‘Bhí an obair déanta’ = ‘*the work was done (= the work had been done) i.e. by or at a particular point in time*’, m.sh.

Faoin am ar tháinig mé abhaile, bhí an obair déanta (*by the time I came home, the work had already been done*). San abairt seo, tá béim ar an staid ina raibh cúrsaí ag pointe faoi leith ama.

(ii) Abairtí ceartaithe:

Dúradh gach duine nach n-éireodh leis. > **Dúradh/Dúirt gach duine**

Gabhadh na gardaí an fear > **Gabhadh** an fear./ **Ghabh na gardaí** an fear.

Míniú:

Níor cheart an briathar saor a úsáid nuair atá ainmní (gach duine; na gardaí) luaite ina dhiaidh. Ba cheart rogha a dhéanamh idir an dá struchtúr seo thíos. Ní féidir iad a mheascadh!

Briathar saor:

‘Dúradh nach n-éireodh leis’ (*It was said that he wouldn’t succeed*)

‘Gabhadh an fear’ (*The man was arrested*)

NÓ

Briathar + ainmní:

‘Dúirt gach duine nach n-éireodh leis (*Everyone said that he wouldn’t succeed.*)

‘Ghabh na gardaí an fear’ (*The guards arrested the man*).

(iii) Abairt cheartaithe: **Bhunaíodh Bunaíodh** an scoil sa bhliain 1895;

Níor **ghortaíodh gortaíodh** aon duine.

Míniú: Bhí foirm an tsaorbhriathair mícheart: Níor cheart séimhiú a chur ar an mbriathar saor i gcás briathra rialta san aimsir chaite, fiú tar éis ‘níor’, ‘ar’, srl.

B⁴: FOIRM CHEISTEACH/ DHIÚLTACH AN BHRIATHAIR

Abairt cheartaithe: An **tógann dtógann?**

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm cheisteach an bhriathair. Rinne mé dearmad go mbíonn urú ag teastáil tar éis ‘An’.

Abairt cheartaithe: **Ar chuaigh An ndeachaigh?**

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm cheisteach an bhriathair neamhrialta san aimsir chaite. Rinne mé dearmad go bhfuil foirm cheisteach neamhrialta ag ‘chuaigh’ agus go n-úsáidtear ‘An’ roimhe, seachas ‘Ar’.

Abairt cheartaithe: Ní **téann théann**

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm dhiúltach an bhriathair. Rinne mé dearmad go mbíonn séimhiú (h) ag teastáil tar éis ‘Ní’.

Abairt cheartaithe: Ní **rinne dhearna**

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm dhiúltach an bhriathair neamhrialta san aimsir chaite. Rinne mé dearmad go bhfuil foirm dhiúltach neamhrialta ag ‘rinne’.

Abairt cheartaithe: **Ní Níor** chaith

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm dhiúltach an bhriathair san aimsir chaite: Rinne mé dearmad go n-úsáidtear ‘Níor’ le briathra rialta san aimsir chaite.


Chun an botún seo a cheartú:

- Féach na rialacha ar chárta na mbriathra thíos nó sna haonaid chúil in GGS:

Gramadach Gan Stró (GGS)

- An aimsir ghnáthchaite: Aonad 25
- An aimsir chaite: Aonad 11
- An aimsir láithreach agus gháthláithreach: Aonad 13
- An aimsir fháistineach: Aonad 18
- An modh coinníollach: Aonad 22

- Cuardaigh an fhoirm cheart ar www.teanglann.ie, mar atá le feiceáil sna samplaí seo:



B⁵: CAINT INDÍREACH/ CLAONINSINT

Abairt cheartaithe: Is dócha **tá go bhfuil** sé tábhachtach ...

Míniú: Rinne mé botún a bhain leis an gcaint indíreach/leis an gclaoninsint. Bíonn an chaint indíreach i gceist tar éis an fhrása 'Is dócha'. Mar sin, athraíonn 'tá' > 'go bhfuil':

Tá sé tábhachtach (*It is important*).

Is dócha go bhfuil sé tábhachtach (*I suppose that it is important*).

Abairt cheartaithe: Tá súil agam **gur-rinne go ndearna** siad é.

Míniú: Rinne mé botún a bhain leis an gcaint indíreach/leis an gclaoninsint.

Úsáidtear 'gur' leis na briathra rialta san aimsir chaite, ach úsáidtear 'go' leis na briathra neamhrialta seo a leanas: go ndearna, go ndeachaigh, go raibh, go ndúirt, go bhfuair, go bhfaca.

Abairt cheartaithe: B'fhéidir **go-bheadh go mbeadh** sé go maith ...

Míniú: Rinne mé botún a bhain leis an gcaint indíreach/leis an gclaoninsint. Ba cheart dom urú a chur ar an mbriathar tar éis 'go'.

Claoninsint/ An chaint indíreach – Seo roinnt rialacha le cabhrú leat

Seo roinnt frásaí coitianta a leanann an chlaoninsint iad:

Ceapaim/ Measaim/ Sílim/ Is dóigh liom (*I think that ...*)

Is dócha/ Is cosúil (*It is probable/ It seems that ...*)

Dúirt sé/ Deirtear/ Déarfainn (*He said/ It is said/ I'd say that...*)

Tá a fhios agam (*I know that...*)

Tá súil agam (*I hope that ...*)

B'fhéidir (*Maybe*)

<p>+ go/ nach gur/ nár</p>
--

Aimsir chaite: Gur /nár + h (*seachas ar na 6 bhriathar neamhrialta)

- Samplaí: gur tharla, gur chuir, gur léirigh, nár bhunaigh, nár ghoid, srl.)
- Baintear amach an *d'* ó thús an bhriathair (d'fhág > gur fhág, d'imir > gur imir)
- Ní chuirtear séimhiú ('h') ar an mbriathar saor san aimsir chaite (gur cailleadh, nár fágadh)
- * 6 bhriathar neamhrialta: go/nach + urú
 - Chuaigh > Dúirt sé go ndeachaigh/ nach ndeachaigh
 - Bhí > Is dócha go raibh/ nach raibh
 - Chonaic > Sílim go bhfaca/ nach bhfaca
 - Rinne > Déarfainn go ndearna/ nach ndearna
 - Fuair > Is cosúil go bhfuair/ nach bhfuair
 - Dúirt > Tá súil agam go ndúirt/ nach ndúirt

Gach aimsir eile: Go/ nach + urú

- Aimsir láithreach: téann > go dtéann; ní fhaigheann > nach bhfaigheann
- Aimsir fháistineach: tiocfaidh > go dtiocfaidh; ní íosfaidh > nach n-íosfaidh
- Modh coinníollach: cheannóinn > go gceannóinn; ní bhrisfeadh sé > nach mbrisfeadh sé
- Briathra neamhrialta:
 - Aimsir láithreach: Tá/ níl > go/nach bhfuil
 - Aimsir fháistineach: Gheobhaidh > go/nach bhfaighidh

*** Claoninsint na copaile – féach C⁴ thíos**

B⁶: AN CLÁSAL COIBHNEASTA

Samplaí den bhotún:

Abairt cheartaithe: Sin an áit **a bhí a raibh** mé i mo chónaí nuair **a raibh a bhí** mé óg.
Míniú: Ba cheart an fhoirm choibhneasta indéach den bhriathar (raibh) a úsáid tar éis ‘áit’.
 Ba cheart an fhoirm choibhneasta dhíreach a úsáid tar éis ‘nuair a’.

Abairt cheartaithe: Sin an rud is mó **a cuireann a chuireann** isteach orm.
Míniú: Ba cheart séimhiú (‘h’) a chur ar an mbriathar tar éis ‘a’, mar gheall gurb í an fhoirm choibhneasta dhíreach atá i gceist.

Abairt cheartaithe: Cabhraíonn siad le daoine **atá a bhfuil** deacrachtaí foghlama acu.
Míniú: Ba cheart an fhoirm choibhneasta indéach den bhriathar a úsáid san abairt seo, mar gheall go bhfuil dhá chlásal i gceist agus go bhfuil an forainm réamhfhoclach ‘acu’ sa dara clásal ag tagairt siar don fhocal ‘daoine’ sa chéad chlásal.

Seo roinnt nótaí le cabhrú leat an pointe seo a thuiscint:

GGG Aonad 16

Céim 1: Céard é an clásal coibhneasta?

Sa Bhéarla, úsáidtear focail faoi leith ar nós who, whose, which, srl. le dhá abairt nó dhá chlásal a cheangal le chéile agus leis an ngaol eatarthu a léiriú. Sa Ghaeilge, úsáidtear an briathar féin leis an gceangal seo a chruthú, ach baintear úsáid as an bhfoirm dhíreach nó indéach den bhriathar le cineálacha éagsúla gaolta idir na habairtíní/ clásail a léiriú.

That is the person. He was on T.V.
 That’s the person **who** was on T.V.

Sin é an duine. Bhí sé ar an teilifís.
 Sin é an duine **a bhí** ar an teilifís.

That’s the woman. Her son was on T.V.
 That’s the woman **whose** son was on T.V.

Sin í an bhean. Bhí a mac ar an teilifís.
 Sin í an bhean **a raibh** a mac ar an teilifís.

That’s the man. I was talking to him.
 That’s the man **to whom** I was talking.
 (nó That’s the man I was talking **to**.)


Sin an fear. Bhí mé ag caint leis.
 Sin an fear **a raibh** mé ag caint leis.

Céim 2: An clásal coibhneasta díreach nó indéach atá i gceist?

(a) An bhfuil aon cheann de na focail seo ag teacht roimh an mbriathar?

	Díreach	Rogha (díreach nó indéach)	Indéach
Ceist-fhocail	Cad/Céard Cé Conas Cé mhéad Cathain/Cén uair Cén fhad Cé chomh minic	Cén t-am Cén bhliain Cén lá	Cá/ Cén áit Cén fáth/ Cad chuige Cén chaoi Cé leis/ Cad faoi, srl.
Cónaisc	Má Nuair		Dá/Mura(r) Sula(r)
Focail eile			Bealach/slí/caoi/dóigh Áit (+ réamhfocal intuigthe)

(b): Mura bhfuil aon cheann de na focail thuas i gceist, bain úsáid as na leideanna seo a leanas le cabhrú leat cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfoirm atá ag teastáil.



(c): An gcríochnaíonn an abairt Bhéarla ar réamhfhocal?

Má chríochnaíonn, seans maith go bhfuil clásal coibhneasta indíreach i gceist!

That's what I was talking about.

Sin an rud **a raibh** mé ag caint faoi.

That's the guy I was talking to.

Sin an leaid **a raibh** mé ag caint leis.

Is that the girl you went travelling with?

An í sin an cailín **a ndeachaigh** tú ag taisteal léi.

Céim 3: Céard í foirm an bhriathair sa chlásal coibhneasta díreach/ indíreach?

	Dearfach	Diúltach (díreach/indíreach)
DÍREACH	a + séimhiú ('h') ar an mbriathar (más féidir): Na leabhair a bhaineann leis an ábhar. Eisceachtaí: atá, a fuair, a deir, a dúirt, a déarfadh, a tógadh/a cuireadh (briathar saor, aimsir chaite)	Má bhíonn 'ar' sa cheist: nár + séimhiú Sin leabhar nár bhain mé úsáid as.
INDÍREACH	Smaoinigh ar fhoirm cheisteach an bhriathair... Má tá 'ar' sa cheist, fág é! (.i. aimsir chaite, briathra rialta). M.sh. Sin an aip ar bhain mé úsáid aisti. Má tá 'an' sa cheist, athraigh 'an' > 'a': (.i. 6 bhriathar neamhrialta san aimsir chaite agus gach aimsir eile) Na leabhair a mbainim úsáid astu An duine a ndeachaigh mé amach leis.	Má bhíonn 'an' sa cheist: nach + urú Na leabhair nach mbainim úsáid astu. An duine nach ndeachaigh mé amach leis.
*Foirmeacha coibhneasta na copail: Féach C⁵ thíos		

B7: AN BRIATHAR I BHFREAGRA CEISTE

Abairtí ceartaithe: An ndeachaigh tú amach aréir? **Níl. Ní dheachaigh.**

An bhfuil carr agat? **Is ea. Tá.**

Míniú: Níl aon fhocal faoi leith ar 'Yes' agus 'No' sa Ghaeilge. Ba cheart an briathar céanna atá sa cheist a úsáid arís sa fhreagra, m.sh.:

An ndéanann...? > Déanann./ Ní dhéanann.; An bhfuil...? > Tá./ Níl.

CÁRTA NA MBRIATHRA – GRÚPA 1: AN CHÉAD RÉIMNIÚ

Modh ordaitheach	Aimsir chaite	Aimsir láithreach	Aimsir fháistineach	Modh coinníollach	Ainm briathartha	Aidiacht bhriathartha
Cuir	Chuir / Cuireadh	Cuireann/ Cuirtear	Cuirfidh/ Cuirfear	Chuirfeadh / Chuirfí	cur	curtha
Caith	Chaith/ Caitheadh	Caitheann/ Caitear	Caithfidh/ Caithfear	Chaithfeadh/ Chaithfí	caitheamh	caite
Bain	Bhain/ Baineadh	Baineann/ Baintear	Bainfidh/ Bainfear	Bhainfeadh/ Bhainfí	baint	bainte
Tóg	Thóg/ Tógadh	Tógann/ Tógtar	Tógfaidh/ Tógfar	Thógfadh/ Thógfaí	tógáil	tógtha
Bris	Bhris/ Briseadh	Briseann/ Bristear	Brisfidh/ Brisfear	Bhrisfeadh/ Bhrisfí	briseadh	briste
Féach	D'fhéach/ Féachadh	Féachann/ Féachtar	Féachfaidh/ Féachfar	D'fhéachfadh/ D'fhéachfaí	féachaint	féachta
Éist	D'éist/ Éisteadh	Éisteannt/ Éistear	Éistfidh/ Éistfear	D'éistfeadh/ D'éistfí	éisteacht	éiste
Fan	D'fhan/ Fanadh	Fanann/ Fantar	Fanfaidh/ Fanfar	D'fhanfadh/ D'fhanfaí	fanacht	fanta
Fág	D'fhág/ Fágadh	Fágann/ Fágtar	Fágfaidh/ Fágfar	D'fhágfadh/ D'fhágfaí	fágáil	fágtha
Léigh	Léigh/ Léadh	Léann/ Léitear	Léifidh/ Léifear	Léifeadh/ Léifí	léamh	léite
Pléigh	Phléigh/ Pléadh	Pléann/ Pléitear	Pléifidh/ Pléifear	Phléifeadh/ Phléifí	plé	pléite
Brúigh	Bhrúigh/ Brúdh	Brúnn/ Brúitear	Brúfaidh/ Brúfar	Bhrúfadh/ Bhrúfaí	brú	brúite
Scríobh	Scríobh/ Scríobhadh	Scríobhann/ Scríobhtar	Scríobhfaidh/ Scríobhfar	Scríobhfeadh/ Scríobhfaí	scríobh	scríofa
Iarr	D'iarr/ Iarradh	Iarrann/ Iarrtar	Iarrfaidh/ Iarrfar	D'iarrfadh/ D'iarrfaí	iarraidh	iarrtha
Cas	Chas/ Casadh	Casann/ Castar	Casfaidh/ Casfar	Chasfadh/ Chasfaí	casadh	casta
Ól	D'ól/ Óladh	Ólann/ Óltar	Ólfaidh/ Ólfar	D'ólfadh/ D'ólfáí	ól	ólta
Buail	Bhuail/ Buailleadh	Buailleannt/ Buailtear	Buailfidh/ Buailfear	Bhuailfeadh/ Bhuaifí	bualadh	buailte
Meas	Mheas/ Measadh	Measann/ Meastar	Measfaidh/ Measfar	Mheasfadh/ Mheasfaí	measadh	measta
Ceap	Cheap/ Ceapadh	Ceapann/ Ceaptar	Ceapfaidh/ Ceapfar	Cheapfadh/ Cheapfaí	ceapadh	ceaptha
Síl	Shíl/ Síleadh	Síleann/ Síltear	Sílfidh/ Sílfear	Shílfeadh/ Shílí	síleadh	sílte
Scaoil	Scaoil/ Scaoileadh	Scaoileann/ Scaoiltear	Scaoilfidh/ Scaoilfear	Scaoilfeadh/ Scaoilfí	scaoileadh	scaoilte
Teip	Theip	Teipeann	Teipfidh	Theipfeadh	teipeadh	teipthe
Mol	Mhol/ Moladh	Molann/ Moltar	Molfaidh/ Molfar	Mholfadh/ Mholfaí	moladh	molta
Creid	Chreid/ Creideadh	Creideann/ Creidtear	Creidfidh/ Creidfear	Chreidfeadh/ Chreidfí	creidiúint	creidte
Tuig	Thuig/ Tuigeadh	Tuigeann/ Tuigtear	Tuigfidh/ Tuigfear	Thuigfeadh/ Thuigfí	tuisceant	tuigthe
Braith	Bhraith/ Braithheadh	Braithann/ Braitear	Braithfidh/ Braithfear	Bhraithfeadh/ Bhraithfí	brath	braite
Lig	Lig/ Ligeadh	Ligeann/ Ligtear	Ligfidh/ Ligfear	Ligfeadh/ Ligfí	ligean	ligthe
Sábháil	Shábháil/ Sábháladh	Sábhálann/ Sábháiltear	Sábhálfaidh/ Sábhálfar	Shábhálfadh/ Shábhálfáí	sábháil	sábháilte
Tiomáin	Thiomáin/ Tiomáineadh	Tiomáineann/ Tiomáinte	Tiomáinfidh/ Tiomáinfear	Thiomáinfeadh/ Thiomáinfí	tiomáint	tiomáinte
Taispeáin	Thaispeáin/ Taispeánadh	Taispeánann/ Taispeántar	Taispeánfaidh/ Taispeánfar	Thaispeánfadh/ Thaispeánfaí	taispeánt	taispeánta
?	AR + H (gan d')	AN + URÚ	AN + URÚ	AN + URÚ	= "ing" /	= -ed (<i>past</i>
X:	NÍOR + H (gan d')	NÍ + H	NÍ + H	NÍ + H	infinideach	<i>participle</i>)
Indíreach:	GUR + H (gan d')	GO/ NACH + ÚRÚ	GO/ NACH + ÚRÚ	GO/ NACH + ÚRÚ		
	*Ní chuirtear h ar an BS					

CÁRTA NA MBRIATHRA - GRÚPA 2: AN DARA RÉIMNIÚ

Modh ordaitheach	Aimsir chaite	Aimsir láithreach	Aimsir fháistineach	Modh coinníollach	Ainm briathartha	Aidiacht bhriathartha
Aistrigh	D'aistrigh/ Aistríodh	Aistríonn/ Aistrítear	Aistroidh/ Aistrefar	D'aistreadh/ D'aistrefaí	aistriú	aistrithe
Athraigh	D'athraigh/ Athraíodh	Athraíonn/ Athraítear	Athróidh/ Athrófar	D'athródh/ D'athrófaí	athrú	athraithe
Beartaigh	Bheartaigh/ Beartaíodh	Beartaíonn/ Beartaítear	Beartóidh/ Beartófar	Bheartódh/ Bheartófaí	beartú	beartaithe
Breathnaigh	Bhreachnaigh/ Breathnaíodh	Breathnaíonn/ Breathnaítear	Breathnóidh/ Breathnófar	Bhreachnódh/ Bhreachnófaí	breathnú	breathnaithe
Bunaigh	Bhunaigh/ Bunaíodh	Bunaíonn/ Bunaítear	Bunóidh/ Bunófar	Bhunódh/ Bhunófaí	bunú	bunaithe
Cabhraigh	Chabhraigh/ Cabhraíodh	Cabhraíonn/ Cabhraítear	Cabhróidh/ Cabhrófar	Chabhródh/ Chabhrófaí	cabhrú	cabhraithe
Cearthaigh	Cheartaigh/ Ceartaíodh	Ceartaíonn/ Ceartaítear	Ceartóidh/ Ceartófar	Cheartódh/ Cheartófaí	ceartú	ceartaithe
Ceistigh	Cheistigh/ Ceistíodh	Ceistíonn/ Ceistítear	Ceisteoidh/ Ceisteofar	Cheisteodh/ Cheisteofaí	ceistiú	ceistithe
Críochnaigh	Chríochnaigh/ Críochnaíodh	Críochnaíonn/ Críochnaítear	Críochnóidh/ Críochnófar	Chríochnódh/ Chríochnófaí	críochnú	críochnaithe
Cuardaigh	Chuardaigh/ Cuardaíodh	Cuardaíonn/ Cuardaítear	Cuardóidh/ Cuardófar	Chuardódh/ Chuardófaí	cuardach	cuardaithe
Cuimhnigh	Chuimhnigh/ Cuimhníodh	Cuimhníonn/ Cuimhnítear	Cuimhneoidh/ Cuimhneofar	Chuimhneodh/ Chuimhneofaí	cuimhneamh	cuimhnithe
Éirigh	D'éirigh	Éiríonn	Éireoidh	D'éireodh/ D'éireofaí	éirí	éirithe
Fiafraigh	D'fhiafraigh/ Fiafraíodh	Fiafraíonn/ Fiafraítear	Fiafróidh/ Fiafrófar	D'fhiafródh/ D'fhiafrófaí	fiafraí	fiafraithe
Foghlaim	D'fhoghlaim/ Foghlaimíodh	Foghlaimíonn/ Foghlaimítear	Foghlaimíodh/ Foghlaimíofar	D'fhoghlaimíodh/ D'fhoghlaimíofaí	foghlaim	foghlamtha
Imigh	D'imigh/ Imíodh	Imíonn/ Imítear	Imeoidh/ Imeofar	D'imeodh/ D'imeofaí	imeacht	imithe
Léirigh	Léirigh/ Léiríodh	Léiríonn/ Léirítear	Léireoidh/ Léireofar	Léireodh/ Léireofaí	léiriú	léirithe
Mothaigh	Mhotaigh/ Mothaíodh	Mothaíonn/ Mothaítear	Mothóidh/ Mothófar	Mhothódh/ Mhothófaí	mothú	mothaithe
Oibrigh	D'oibrigh/ Oibríodh	Oibríonn/ Oibrítear	Oibreoidh/ Oibreofar	D'oibreodh	obair/ oibriú	oibrithe
Teastaigh	Theastaigh	Teastaíonn	Teastóidh	Theastódh	teastáil	
Tosaigh	Thosaigh/ Tosaíodh	Tosaíonn/ Tosaítear	Tosóidh/ Tosófar	Thosódh/ Thosófaí	tosú	tosaithe
Ullmhaigh	D'ullmhaigh/ Ullmhaíodh	Ullmhaíonn/ Ullmhaítear	Ullmhóidh/ Ullmhófar	D'ullmhódh/ D'ullmhófaí	ullmhú	ullmhaithe
Freastail	D'fhreastail/ Freastalaíodh	Freastalaíonn/ Freastalaítear	Freastalóidh/ Freastalófar	D'fhreastalódh	freastal	freastalaithe
Ceangail	Cheangail/ Ceanglaíodh	Ceanglaíonn/ Ceanglaítear	Ceanglóidh/ Ceanglófar	Cheanglódh/ Cheanglófaí	ceangal	ceangailte
Oscail	D'oscail/ Osclaíodh	Osclaíonn/ Osclaítear	Oslóidh/ Oslófar	D'osclódh/ D'osclófaí	oscailt	oscailte
Imir	D'imir/ Imríodh	Imríonn/ Imrítear	Imreoidh/ Imreofar	D'imreodh/ D'imreofaí	imirt	imeartha
Inis	D'inis/ Insíodh	Insíonn/ Insítear	Inseoidh/ Inseofar	D'inseodh/ D'inseofaí	insint	inste
Taitin	Thaitin	Taitníonn	Taitneoidh	Thaitneodh	taitneamh	
Labhair	Labhair/ Labhraíodh	Labhraíonn/ Labhraítear	Labhróidh/ Labhrófar	Labhródh/ Labhrófaí	labhairt	labhartha
? X: Indíreach:	AR + H (gan d') NÍOR + H (gan d') GUR + H (gan d') *Ní chuirtear h ar an BS	AN + URÚ NÍ + H GO/ NACH + URÚ	AN + URÚ NÍ + H GO/ NACH + URÚ	AN + URÚ NÍ + H GO/ NACH + URÚ	= "ing" / infinideach	= -ed (<i>past participle</i>)

CÁRTA NA MBRIATHRA - GRÚPA 3: NA BRIATHRA NEAMHRIALTA

*Ní thugtar na foirmeacha diúltacha agus ceisteacha sa tábla seo, ach amháin má tá siad an-neamhrialta.

Modh ordaitheach	Aimsir chaite	Aimsir láithreach	Aimsir fháistineach	Modh coinníollach	Ainm briathartha	Aidiacht bhriathartha
1. Téigh	Chuaigh/ Chuathas An ndeachaigh?/ An ndeachthas? Ní dheachaigh/ Ní dheachthas	Téann/ Téitear	Rachaidh/ Rachfar	Rachadh/ Rachfaí	dul	dulta
2. Faigh	Fuair/ Fuarthas An bhfuair? /An bhfuarthas? Ní bhfuair/ Ní bhfuarthas	Faigheann/ Faightear	Gheobhaidh/ Gheofar An bhfaighidh?/ An bhfaighfeair? Ní bhfaighidh/ Ní bhfaighfeair	Gheobhadh/ Gheofaí An bhfaigheadh/ An bhfaighfí? Ní bhfaigheadh/ Ní bhfaighfí	fáil	faighte
3. Feic	Chonaic/ Chonacthas An bhfaca? An bhfacthas? Ní fhaca/ Ní fhacthas	Feiceann/ Feictear	Feicfidh/ Feicfeair	D'fheicfeadh/ D'fheicfí	feiceáil	feicthe
4. Bí	Bhí/ Bhíothas An raibh? / An rabhthas? Ní raibh/ Ní rabhthas	Tá/ Táthar (anois) An bhfuil?/ An bhfuiltear? Níl / Níltear Bíonn/ Bítear (de ghnáth)	Beidh/ Beifear	Bheadh/ Bheifí	a bheith	
5. Abair	Dúirt/ Dúradh An ndúirt?/ An ndúradh? Ní dúirt/ Ní dúradh	Deir/Deirtear An ndeir?/ An ndeirtear? Ní deir/ Ní deirtear	Déarfaidh/ Déarfair An ndéarfaidh?/ An ndéarfair? Ní déarfaidh/ Ní déarfair	Déarfadh/ Déarfáí An ndéarfadh?/ An ndéarfáí Ní déarfadh/ Ní déarfáí	rá	ráite
6. Déan	Rinne/ Rinneadh An ndearna?/ An ndearnadh? Ní dhearna/ Ní dhearnadh	Déanann/ Déantar	Déanfaidh/ Déanfar	Dhéanfadh/ Dhéanfaí	déanamh	déanta
7. Tar	Tháinig/ Tháingthas	Tagann/ Tagtar	Tiocfaidh/ Tiocfar	Thiocfadh/ Thiocfaí	teacht	tagtha
8. Clois	Chuala/ Chualathas	Cloiseann/ Cloistear	Cloisfidh/ Cloisfeair	Chloisfeadh/ Chloisfí	cloisteáil	cloiste
9. Tabhair	Thug/ Tugadh	Tugann/ Tugtar	Tabharfaidh/ Tabharfar	Thabharfadh/ Thabharfaí	tabhairt	tugtha
10. Ith	D'ith/ Itheadh	Itheann/ Itear	Íosfaidh/ Íosfar	D'íosfadh/ D'íosfaí	ithe	ite
11. Beir	Rug/ Rugadh	Beireann/ Beirtear	Béarfaidh/ Béarfair	Bhéarfadh/ Bhéarfáí	breith	beirthe

C. AN CHOPAIL

C¹: AN CHOPAIL (IS, BA, GUR) V AN BRIATHAR 'BÍ' (BHÍ, TÁ, GO BHFUIL, BEIDH)

Samplaí:

Abairtí ceartaithe:

Tá siad mo chuid smaointe féin > **Is iad** mo chuid smaointe féin **iad**.

Tá mé as Maigh Eo > **Is as** Maigh Eo mé.

An bhfuil tusa an múinteoir? > **An tusa** an múinteoir?

Níl muid cairde níos mó > **Ní** cairde muid níos mó.

Ceapaim **go bhfuil** sé an rud is fearr > Ceapaim **gurb é** an rud is fearr **é**.

Bhí sé an tasc ab fhearr > **Ba é** an tasc ab fhearr **é**.

Míniú: Ba cheart dom an chopail a úsáid sna habairtí seo in ionad an bhriathair 'bí'.

Nótaí breise:

We use 'Is' (an chopail) to say WHO someone is, WHAT someone or something is, or WHERE they're FROM.

Or in other words, we use 'Is' for the following two structures:

Is "ainmfhocal" é.

Is "as áit" é.

Mar shampla:

Is Éireannach **é**.

Ní Meiriceánach **é**.

Is as Mulach Íde **é**.

Is fear óg **é**.

Is aisteoir agus scríbhneoir **é**.

Is mac **é** le Brendan Gleeson.

Is é an príomhaisteoir **é** sa scannán *About Time*.

An aisteoir maith é?



Tá sé ard.

Tá sé 34 bliana d'aois.

Tá sé ina chónaí i mBaile Átha Cliath.

Tá sé saibhir agus cáiliúil.

Níl sé pósta.

Tá sé in *Star Wars* agus *Harry Potter*.

An bhfuil sé dathúil?

Nóta:

Is féidir an struchtúr '(Is) X **atá ann/ inti**' a úsáid go minic in ionad struchtúr na copaille, m.sh.:

Éireannach **atá ann**.

Aisteoir maith **atá ann**.

Ní Meiriceánach **atá ann**.

Fear óg **atá ann**.



Mac le Brendan Gleeson **atá ann**.

Sampla:

Botún: ~~Is é The Hangover scannán iontach.~~

Abairt cheartaithe: Is scannán iontach é The Hangover.

Míniú: Bhain mé úsáid as an gcopail, ach bhí botún agam a bhain le struchtúr na habairte ina raibh an chopail. Bhí mé ag iarraidh ‘*The Hangover is A great film*’ a rá. Mar sin, is abairt aicme a bhí i gceist agus tagann an aicme ‘scannán maith’ díreach tar éis na copaille. Dá mbeinn ag iarraidh ‘*The Hangover is THE best film*’ a rá, abairt ionannais a bheadh i gceist agus thiocfadh ‘The Hangover’ díreach tar éis na copaille ag tús na habairte. Léiríonn an bosca thíos an difríocht idir an dá struchtúr seo:

Abairt aicme (classification i.e. X is <u>a</u> Y)	Abairt ionannais (identification, i.e. X is <u>the/my</u> Y)
<p data-bbox="300 887 758 958"><i>The Hangover</i> is <u>A</u> good film Is <u>scannán maith</u> é <u>The Hangover</u>.</p> <p data-bbox="236 1003 762 1037">An catagóir nó aicme: ‘scannáin mhaithe’:</p> <div data-bbox="256 1041 614 1377">  </div> <div data-bbox="624 1193 804 1323" style="border: 1px solid black; padding: 5px; display: inline-block;"> <p data-bbox="643 1205 785 1305">Is ceann acu é ‘The Hangover’.</p> </div> <p data-bbox="236 1429 807 1541">(*There are lots of good films and The Hangover is just one of them. The category ‘good film’ comes first in the sentence in Irish.)</p>	<p data-bbox="850 887 1366 958"><i>The Hangover</i> is <u>THE</u> best film. Is é <u>The Hangover</u> an <u>scannán is fearr</u>.</p> <div data-bbox="890 1041 1366 1386">  </div> <p data-bbox="842 1429 1366 1541">(The Hangover = <u>the</u> best, so it comes first in the sentence in Irish, just as in the English sentence structure.)</p>

C³: FOIRM NA COPAILE (IS/ NÍ/ BA/ NÍOR)

N.B. Tá achoimre ar fhoirmeacha na copail ar fad (i.e. pointí C³, C⁴, C⁵ agus C⁶) ar an gcéad leathanach eile.

GG5 Aonad 21

Abairt cheartaithe: **Ba mhaith Is maith** liom an Ghaeilge.

Míniú: **Is maith** = *I like* (aimsir láithreach); **Ba mhaith** = *I would like* (modh coinníollach)

Sa chás seo, bhí mé ag iarraidh '*I like Irish*' a rá. Ba cheart dom an aimsir láithreach a úsáid mar sin.

Abairt cheartaithe: **An Ar** mhaith leat teacht amach anocht?

Míniú: **An maith** = *Do you like?* (aimsir láithreach); **Ar mhaith** = *Would you like?* (modh coinníollach).

Sa chás seo, bhí mé ag iarraidh '*Would you like to come out*' a rá. Mar sin, ba cheart dom an modh coinníollach a úsáid.

Abairt cheartaithe: **Ní Níor** chóir duit é sin a dhéanamh.

Míniú: **Ní cóir duit** = *It is not right for you ...* (aimsir láithreach); **Níor chóir** = *It would not be right for you i.e. you shouldn't* (modh coinníollach).

Sa chás seo, bhí mé ag iarraidh '*You shouldn't*' a rá. Mar sin, ba cheart dom an modh coinníollach a úsáid.

C⁴: CLAONINSINT NA COPAILE (GUR/ GURB(H)/ NACH/ NÁR(BH))

Abairt cheartaithe: Ceapaim **is-gur** rud maith é.

Míniú: Rinne mé botún a bhain le claoninsint na copail. Bíonn claoninsint i gceist tar éis frásaí ar nós 'Ceapaim', 'Is dócha', 'Tá súil agam', srl.

Nuair a bhíonn claoninsint i gceist, athraíonn is > gur, m.sh. **Is** fear é. > Ceapaim **gur** fear é.

Abairt cheartaithe: Is dócha **gur gurb** é sin an rud is tábhachtaí.

Míniú: Rinne mé botún a bhain le claoninsint na copail. Bhain mé úsáid as foirm indíreach na copail 'gur' ach rinne mé dearmad go n-athraíonn 'gur' > 'gurb' roimh é/í/iad agus roinnt focal eile a thosaíonn ar ghuta.

C⁵: FOIRM CHOIBHNEASTA NA COPAILE

Abairt cheartaithe: Sin an post **gur ba** mhaith liom a dhéanamh.

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm choibhneasta na copail. Is é an clásal coibhneasta díreach san aimsir chaite atá i gceist san abairt seo. Mar sin, níor cheart an mhír 'ba' a athrú.

Abairt cheartaithe: Ar chuala tú faoin duine **is ar** féidir leis 10 dteanga a labhairt?

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm choibhneasta na copail. San abairt seo, caithfear an focal 'duine' + 'is féidir leis' a cheangal le chéile. Is forainm réamhfhoclach é 'leis' agus tá sé ag tagairt siar don fhocal 'duine'; mar sin, is clásal coibhneasta indíreach atá i gceist.

Athraíonn 'is' > 'ar' sa chlásal coibhneasta indíreach, agus ní bhíonn séimhiú ('h') ina dhiaidh.

C⁶: +/- SÉIMHIÚ TAR ÉIS NA COPAILE

Abairt cheartaithe: Ba **múinteoir mhúinteoir** í mo sheanmháthair.

Míniú: Rinne mé botún a bhain leis an gcopail san aimsir chaite – rinne mé dearmad go mbíonn séimhiú tar éis 'ba'.

Abairt cheartaithe: An **mhaith maith** leat *One Direction*?

Míniú: Rinne mé botún a bhain leis an gcopail san aimsir láithreach. 'An maith' (*Do you like?*) a bhí i gceist. Mar sin, níor cheart dom 'h' a chur ar an bhfocal 'maith'.

Foirmeacha na copaille – Achoimre				
GGs Aonad	Aimsir láithreach / Aimsir fháistineach		Aimsir chaite/ Aimsir ghnáthchaite/ Modh coinníollach	
	Dearfach	Diúltach	Dearfach	Diúltach
Bunfhoirmeacha	Is • Is múinteoir í. • Is é sin an fáth a bhfuil mé anseo.	Ní <i>(+h roimh é/í/iad, aidiacht nó dobhriathar dar tús guta)</i> • Ní drochduine é. • Ní h é sin an rud is measa faoi. • Ní hamháin ...	Ba (+ h) <i>(B' roimh ghuta/f+guta, seachas na forainmneacha é/ í /iad)</i> • Ba mhaith liom • Ba é sin an rud ab fhearr faoi. • B' álainn / B' fhearr	Níor (+ h) <i>(Níorbh roimh ghuta/f+guta)</i> • Níor chóir duit é sin a rá. • Níorbh é sin a bhí uaim. • Níorbh aon iontas é. • Níorbh fhéidir liom é a fháil.
Ceisteanna	An • An mac léinn tú? • An é sin do charrsa?	Nach (gan urú) • Nach bocht an scéal é? • Nach é an rud céanna é?	Ar (+h) <i>(Arbh roimh ghuta/f+guta)</i> • Ar chomórtas mór é? • Arbh fhearr leat fanacht ansin? • Arbh í Orla a rinne an socrú?	Nár (+ h) <i>(Nárbh roimh ghuta/f+guta)</i> • Nár dheas an lá é? • Nárbh aoibhinn duit! • Nárbh fhearr tiomáint ann?
Claoninsint	gur <i>(gurb roimh é/í/iad, aidiacht nó dobhriathar dar tús guta)</i> • B'fhéidir gur botún é. • Ceapaim gurb é sin an rud is fearr.	nach (gan urú) • Is dócha nach drochscéala é. • Tá a fhios agat nach é sin an rud a bhí ag cur as dó!	gur/ go mba (+ h) <i>(gurbh roimh ghuta/f+guta)</i> • Déarfainn gur cheart an duais a thabhairt dó.	nár (+ h) <i>(nárbh roimh fhorainm nó aidiacht dar tús guta)</i> • Is dócha nár ghá é a rá. • B'fhéidir nárbh fhéidir leis í a fheiceáil.
Foirn choibhneasta dhíreach	is • Sin an ceol is maith liom. • Sin an rud is féidir leat a dhéanamh.	nach (gan urú) • Sin rud nach féidir liom a dhéanamh.	ba (+ h) <i>(ab roimh ghuta/f+guta)</i> • An post ba mhaith liom a fháil. • An rud ab fhearr liom faoi...	nár (+ h) <i>(nárbh roimh fhorainm nó aidiacht dar tús guta)</i> • Sin scéal nárbh fhéidir a chreidiúint. • Is ábhar é nár cheart faillí a dhéanamh ann.
Foirn choibhneasta indíreach	ar • Sin an cailín ar maith léi ceol. • Sin an duine ar polaiteoir a mháthair.	• Sin rud nach maith liom ar chor ar bith.	ar (+ h) • Chonaic mé post ar mhaith liom cur isteach air.	

Sampla:**Abairtí ceartaithe:**

An as Má Nuad thú? ~~Níl~~ **Ní hea.**

An tusa a bhí ag an doras? ~~Is ea~~ **Is mé.**

Míniú: Níl aon fhocail faoi leith ar 'Yes' agus 'Nó' sa Ghaeilge. Baintear úsáid as an mbriathar céanna a úsáidtear sa cheist le freagra a thabhairt ar an gceist. Baineann na ceisteanna seo thuas le struchtúr na copaile.

Sa chéad sampla, tosaíonn an cheist le 'An as ... ?' Is iad 'Is ea./ 'Ní hea.' na freagraí cearta ar an gceist seo. Sa dara sampla, tosaíonn an cheist le 'An + forainm'. Ba cheart 'Is/Ní + forainm' a thabhairt mar fhreagra mar sin. Tá achoimre thíos ar na rialacha a bhaineann le ceisteanna copailéacha a fhreagairt.

Achoimre ar na rialacha:

Ceist	Freagra
An + ainmfhocal: <ul style="list-style-type: none"> • An scannán maith é? • An scríbhneoir maith tú? 	Is ea. / Ní hea.
An + reamhfhocal: <ul style="list-style-type: none"> • An as Co. na Mí thú? 	
An + aidiacht: <ul style="list-style-type: none"> • An maith leat scannáin? • An fearr leat an Ghaeilge ná an Fhaincis? • Nach deas an lá é? 	Is/ Ní + aidiacht <ul style="list-style-type: none"> • Is maith./ Ní maith. • Is fearr./ Ní fearr. • Is deas/ ní deas.
An + forainm/ forainm réamhfhoclach: <ul style="list-style-type: none"> • An tusa Seán? • An é sin Donald Trump? • An í sin an teagascóir? • An leatsa é sin? 	Is/ Ní + forainm/forainm réamhfhoclach: <ul style="list-style-type: none"> • Is mé./ Ní mé. • Is é./ Ní hé. • Is í./ Ní hí. • Is liom/ Ní liom.

AB. AN T-AINM BRIATHARHA

Nóta: Cén áit ar féidir foirm an ainm bhriathartha a aimsiú nó a sheiceáil? GGS lch 224-7

Téigh go dtí www.teanglann.ie, agus cuardaigh an briathar. Ansin, cliceáil ar 'grammar'/'gramadach' agus feicfidh tú an t-ainm briathartha faoin teideal 'verbal noun'/'ainm briathartha', mar atá le feiceáil anseo thíos:

The screenshot shows the teanglann.ie search interface. The search bar contains 'ceannaigh'. Below the search bar, it says 'Search for a word in Irish or English.' To the right, the teanglann.ie logo and 'DICTIONARY AND LANGUAGE LIBRARY' are visible. Below the search bar, similar words are listed: céannaigh · beannaigh · cannaigh · ceansaigh · cearnaigh. There are five icons for different dictionary and grammar resources: Foclóir Gaeilge-Béarla (Ó Dónaill, 1977), English-Irish Dictionary (de Bhaldraithe, 1959), An Foclóir Beag (Ó Dónaill & Ua Maoileoin, 1991), Grammar, and Pronunciation. A yellow bar labeled 'GRAMMAR WIZARD' is present. Below it, a note says 'ceannaigh could be a grammatical form of: ceannach »'. The main entry for 'ceannaigh' is shown as a VERB. To its right, a list of related forms is shown: céanna, ceannach, ceannachán, céannacht, ceannadhairt, ceannachairh.

AB¹: AG + AINM BRIATHARHA

Abairt cheartaithe: Bhí duine éigin **ag éist**-**ag éisteacht** leis an gcomhrá.

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm an ainm bhriathartha tar éis 'ag'.

éist = an modh ordaitheach (*listen!*); ag éisteacht = ainm briathartha (*listening*)

'Someone was *listening* to the conversation' a bhí i gceist agam.

Mar sin, ba cheart dom an t-ainm briathartha 'éisteacht' a úsáid.

Abairt cheartaithe: Bím **ag fhoghlaim** **ag foghlaim** stór focal nua i gcónaí.


Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm an ainm bhriathartha tar éis 'ag'. Níor cheart dom séimhiú (h) a chur ar an ainm briathartha tar éis 'ag'.

AB²: AN T-AINM BRIATHARtha MAR INFINIDEACH (A DHÉANAMH = TO DO)

Úsáidtear an t-ainm briathartha sa Ghaeilge go minic san áit a mbíonn infinideach nó 'infinitive' an bhriathair sa Bhéarla (.i. *to make, to go, to get*, etc.)

M.sh. *I want to go home.* = Ba mhaith liom **dul** abhaile.
(*'to go'* = infinitive sa Bhéarla = an t-ainm briathartha 'dul' sa Ghaeilge)

Tá **dhá struchtúr** infinideacha ag baint leis an ainm briathartha:



Samplaí de bhotúin choitianta a bhaineann leis an struchtúr seo:

Abairt cheartaithe: Bhí mé ag iarraidh é **a inis a insint** duitse ar dtús.

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm an ainm bhriathartha mar infinideach.
inis = an modh ordaitheach (*tell!*); a insint = ainm briathartha, infinideach (*to tell*)
'*I wanted to tell you*' a bhí i gceist agam.
Mar sin, ba cheart dom an t-ainm briathartha 'a insint' a úsáid.

Abairt cheartaithe: Mholfainn duit ríomhphost **a chuir a chur** chuig an teagascóir.

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm an ainm bhriathartha mar infinideach.
chuir = aimsir chaite (*put/sent*); a chur = ainm briathartha, infinideach (*to put/send*)
'*I'd advise you to send an email*' a bhí i gceist agam. Mar sin, ba cheart dom an t-ainm briathartha 'a chur' a úsáid.

Abairt cheartaithe: Ba mhaith liom **faigh torthaí maithe torthaí maithe a fháil**.

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm agus struchtúr infinideach an ainm bhriathartha.
faigh = an modh ordaitheach (*get!*); a fháil = ainm briathartha, infinideach (*to get*)
'*I would like to get good results*' a bhí i gceist agam. Mar sin, ba cheart dom an t-ainm briathartha 'a fháil' a úsáid. Ba cheart an cuspóir 'torthaí maithe' a chur roimh an ainm briathartha.

Abairt cheartaithe: Tá sé éasca **cairde nua a bhualadh le bualadh le cairde nua**.

Míniú: Rinne mé botún a bhain le struchtúr infinideach an ainm bhriathartha.
Tagann an réamhfhocal 'le' tar éis 'bualadh' nuair is é an chiall '*to meet*' atá i gceist. Mar sin, ba cheart an t-ainm briathartha a chur chun tosaigh. Níor cheart 'a' a chur roimhe ná séimhiú a chur air.

Leanann an struchtúr infinideach na frásaí seo i gcónaí:	Seo samplaí úsáideacha den struchtúr infinideach
Tar éis dom/ Tá mé tar éis Bhí orm Caithfidh mé Ba mhaith liom Ba bhreá liom D'éirigh liom/ Theip orm Is féidir liom/ Ní féidir liom D'fhéadfainn Beidh mé ábalta Tá sé ar intinn agam Tá sé i gceist agam Tá mé chun Bhí mé ar tí Tá mé ag súil le Dúirt sí liom (gan) D'iarr sí orm (gan) Ar mhiste leat (gan) Mhol sí dom (gan) Ba chóir dom/duit	dearmad a dhéanamh air teachtaireacht a chur chuige an cúrsa a chríochnú ticéad a cheannach marcanna maithe a fháil an tasc a thabhairt don teagascóir rud éigin a rá foighne a bheith agam/agat
	imeacht dul amach cabhrú leat labhairt leis bualadh le mo chara féachaint ar an teilifís fanacht léi éisteacht leis an gcomhrá glaoch ar mo mháthair smaoineamh ar rud éigin
*Leid: Cuir frása ón gcéad cholún thuas le frása ón dara colún chun abairt a chumadh.	

AB³: LE + AINM BRIATHARTHA (LE DÉANAMH = TO BE DONE)

Abairt cheartaithe: Tá a lán oibre **a dhéanamh le déanamh** agam.

Míniú: Scríobh mé 'a dhéanamh' seachas 'le déanamh'.

Bhí mé ag iarraidh '*I have a lot of work to do/ to be done*' a rá. Nuair atá rud éigin '*to be done*' úsáidtear an struchtúr 'Tá ... le + ainm briathartha (agam)'. Seo roinnt samplaí eile:

Tá tráchtas **le scríobh** agam = *I have a thesis to write/ to be written.*

Níl aon phoist **le fáil** in Éirinn = *There are no jobs to be had in Ireland.*

Tá airgead **le tuilleamh** san Astráil = *There is money to be earned in Australia.*

Tá scéal **le hinsint** agam duit = *I've a story to tell you.*

Tá tionchar an chúlaithe eacnamaíochta **le feiceáil** gach áit = *The effects of the recession are to be seen everywhere.*

Bhí an teannas **le brath** eatarthu = *The tension was to be felt between them.*

Bhí tú **le bheith** anseo uair an chloig ó shin = *You were supposed to have been here an hour ago.*

Abairt cheartaithe: Tá spriocanna faoi leith **le bhaint le baint** amach.

Míniú: Ní chuirtear séimhiú (h) ar chonsan tar éis 'le'.

Abairt cheartaithe: Níl rud ar bith **le ithe le hithe** sa teach.

Míniú: Ba cheart réamhlitir 'h' a chur ar ainm briathartha a thosaíonn ar ghuta tar éis 'le'.


Nóta: Tá dhá chiall ag baint le ‘á + ainm briathartha’.

(i) *-ING + it/him/ her/ them*
Tá mé **á dhéanamh**
= *I am doing it*

(ii) *being done*
Tá an scannán **á dhéanamh** anseo
= *The film is being made here.*

(i) Abairtí ceartaithe: Bíonn muid ar fad **ag déanamh é á dhéanamh**; Ná bí **ag rá é á rá** sin.

Míniú: Ní féidir forainm (mé/ tú/ é/ í/ muid/ sibh/ iad/ seo/ sin) a chur díreach tar éis an ainm bhriathartha. Caithfean an struchtúr seo a leanas a úsáid:



Seo na foirmeacha ar fad a bhaineann leis an struchtúr seo:

Ag ceartú + mé = do mo cheartú	Ag athrú + mé = do m' athrú
Ag ceartú + tú = do do cheartú	Ag athrú + tú = do d' athrú
Ag ceartú + é = á cheartú	Ag athrú + é = á athrú
Ag ceartú + í = á ceartú	Ag athrú + í = á hathrú
Ag ceartú + muid = dár gceartú	Ag athrú + muid = dár n -athrú
Ag ceartú + sibh = do bhur gceartú	Ag athrú + sibh = do bhur n -athrú
Ag ceartú + iad = á gceartú	Ag athrú + iad = á n -athrú
Ag ceartú + seo = á cheartú seo	Ag athrú + sin = á athrú sin

Seo roinnt samplaí eile in abairtí:

I don't want it (tae – firinsneach) = Níl mé á iarraidh.

Were you looking for me? = An raibh tú do mo lorg?

I've been playing it (peil – baininsneach) for 3 years = Tá mé á himirt le trí bliana anuas.

I'll be starting it (an cúrsa – firinsneach) on Monday = Beidh mé á thosú Dé Luain.

You were wearing them (éadaí – iolra) yesterday = Bhí tú á gcaitheamh inné.

I don't want them (iolra) = Níl mé á n-iarraidh.

(ii) Abairt cheartaithe: Bíonn rudaí nua i gcónaí **á fhoghlaim á bhfoghlaim** agam.

Míniú: Bhí struchtúr na habairte seo i gceart agam, ach rinne mé dearmad urú a chur ar an ainm briathartha tar éis ‘á’. Tá urú ag teastáil mar gheall gur ainmfhocal iolra (‘rudaí’) atá ag teacht roimhe. Seo roinnt samplaí eile:

Tá amhrán **á fhoghlaim** agam.

Tá an suíomh **á úsáid** agam.

Tá an Spáinnis **á foghlaim** agam.

Bíonn an aip sin **á húsáid** agam.

Tá na rialacha **á bhfoghlaim** agam.

An mbíonn na leabhair sin **á n-úsáid** agat?

	Foirmeacha treise (le béim a chur orthu)
mé (<i>i/ me</i>)	mise
tú (<i>you</i>)	tusa
sé (<i>he</i>)/ é (<i>him</i>)	seisean/ eisean
sí (<i>she</i>)/ í (<i>her</i>)	sise/ ise
muid nó sinn (<i>we/us</i>)	muidne/ sinne
sibh (<i>you pl.</i>)	sibhse
siad (<i>they</i>)/ iad (<i>them</i>)	siadsan/ iadsan

Abairt cheartaithe: Má tharlaíonn **é-sé** sin, cruthóidh sé go leor deacrachtaí.

Míniú: Bhain mé úsáid as an bhforainm mícheart.

Sé = ainmní na habairte (*subject of the sentence*), cosúil le 'he' sa Bhéarla. Tagann sé díreach tar éis an bhriathair san abairt. (N.B. Ní úsáidtear sé/sí/siad leis an mbriathar saor ar chor ar bith! M.sh. Rugadh **sé** > Rugadh **é** = *He was born*)

É = cuspóir na habairte (*object of the sentence*), cosúil le 'him' sa Bhéarla.

Tagann sé tar éis an ainmní san abairt (m.sh. Bhuail sé é = *He hit him*).

Baintear úsáid as freisin tar éis an bhriathair shaoir (m.sh. Buailleadh é = *He was hit*).

Baintear úsáid as 'é', 'í', 'iad' leis an gcopail chomh maith, m.sh.: Is mac léinn **é**; Is **í** Beyonce an t-amhránaí is fearr liom.

Sa chás seo, tagann an forainm díreach tar éis an bhriathair 'tarlaíonn'. Mar sin, is é an t-ainmní 'sé' atá i gceist.

Abairt cheartaithe: Caithfidh mé bualadh le hEimear agus le Tomás chun na heochracha a thabhairt **daoibh dóibh**.

Míniú: Bhain mé úsáid as an bhforainm réamhfhoclach mícheart.

Daoibh = do + sibh (*to you plural*); Dóibh = do + siad (*to them*)

San abairt seo, bhí mé ag iarraidh 'to give the keys to them' a rá. Mar sin, ba cheart dom 'dóibh' a scríobh.

Abairt cheartaithe: An raibh tú ar laethanta saoire i mbliana? Bhí **mé**.

Míniú: Níor cheart de ghnáth an forainm a rá ná a scríobh i bhfreagra gearr mar seo. Is leor an briathar lom a thabhairt mar fhreagra.

Abairt cheartaithe: Is [^] Máire an t-ollamh > Is **í** Máire an t-ollamh.

Míniú: D'fhág mé an forainm 'í' ar lár.

RF. RÉAMHFHOCAL

RF¹: ÚSÁID AN RÉAMHFHOCAIL

***Nóta: Tá sé seo ar cheann de na botúin is minice a dhéanann mic léinn! GGS lch 184-5**

Abairtí ceartaithe:

D'íoc mé **don ghúna** > D'íoc mé **as** an ngúna;
Sheol mé ríomhphost **do Chliona** > Sheol mé ríomhphost **chuig** Cliona;
Tá an-suim agam **ar chúrsaí** spóirt > Tá suim agam **i** gcúrsaí spóirt.

Míniú: Bhain mé úsáid as an réamhfhocal mícheart.

Abairtí ceartaithe:

D'éirigh **sí** sa scrúdú > D'éirigh **léi** sa scrúdú.
Theip **mé an**-scrúdú > Theip **orm** sa scrúdú.
Thaitin **mé an** cúrsa > Thaitin an cúrsa **liom**.
Caithfidh mé **mo chairde a bhualadh** > Caithfidh mé **bualadh le mo chairde**.

Míniú: D'fhág mé réamhfhocal ar lár.

Abairt cheartaithe: Rinne mé dearmad **chun** glaoch ar ais ort.

Míniú: Bhain mé úsáid as réamhfhocal nach raibh gá leis.

Ciallaíonn 'chun' *'in order to'*. Ní bheadh ciall ag baint le habairt ar nós *'I forgot in order to call you'*. Mar sin, níor cheart 'chun' a scríobh sa leagan Gaeilge den abairt seo ach an oiread.

Abairt cheartaithe: Feicfidh mé thú **ar**-Dé Máirt > Feicfidh mé thú **Dé Máirt/ ar an Máirt**.

Míniú: Bhain mé úsáid as réamhfhocal nach raibh gá leis. Is féidir 'Dé' NÓ 'ar an' a chur roimh laethanta na seachtaine. Níor cheart an dá rud a úsáid le chéile.

Abairt cheartaithe: Is í Mairéad **an riarthóir den Roinn** > Is í Mairéad **riarthóir na Roinne**.

Míniú: Bhain mé úsáid as an réamhfhocal 'de', nuair nach raibh gá leis. Go minic, nuair a bhíonn an struchtúr 'the X of the Y' i gceist sa Bhéarla, bíonn sé níos fearr an tuiséal ginideach a úsáid sa Ghaeilge (agus gan an t-alt a úsáid ach uair amháin).

Seo roinnt frásaí eile a mbíonn deacrachtaí ag mic léinn leo. Tá liosta briathra agus réamhfhocal ar an gcéad leathanach eile:

Tá aithne **agam ar** X

Tá meas **agam ar** X

Tá muinín **agam as** X

Tá suim **agam i/in/sa/san** X

Go raibh maith **agat as** X

Tá mé buíoch **de** X **as** Y

Den chéad uair

Den chuid is mó

Briathar + réamhfhocal	Sampla
1. Abair le – say/ tell	Dúirt sí liom go raibh sí tinn.
2. Bain geit as : scare	Bhain tú geit asam .
3. Bain de : remove	Bain díot do chóta.
4. Bain le : have something do with something.	Ní raibh aon bhaint agam leis an eachtra sin.
5. Buail le : meet	Bhuail mé leis sa bhialann.
6. Buail faoi : sit down	Buail fút ansin.
7. Cas le : meet with	Chas mé léi ar scoil.
8. Cabhraigh le : help with	Chabhraigh Maim liom m'obair bhaile a dhéanamh.
9. Caith + le : treat/ to throw at	Chaith sé go dona léi ./ Chaith sé an leabhar liom!
10. Cuir ar : put on	Cuir ort do chóta! Cuir air an solas!
11. Cuir/ Seol + chuig : send to	Chuir/ Sheol mé ríomhphost chugat níos luaithe.
12. Cuir faoi : live	Tá sé ag cur faoi i mBaile Átha Cliath.
13. Cuir isteach ar : a) Interfere with/ annoy, b) Apply for	a) Cuir sé isteach orm go mór. b) Cuir sé isteach ar an bpost.
14. Cuir le : add to	Chuir mé tuilleadh grianghraf leis an suíomh.
15. Éirigh le + i : succeed/ pass	D'éirigh leis sa scrúdú.
16. Éirigh as : retire	D'éirigh sé as a phost.
17. Éist + le : listen to	Ar éist tú leis an taifead sin?
18. Féach/Breathnaigh/Amharc + ar : look at	Féach air sin!
19. Fiafraigh de : ask (for information)	D'fhiafraigh sé díom cá raibh mé ag dul.
20. Iarr ar : ask (to request)	D'iarr mé uirthi an doras a oscailt dom.
21. Inis do : tell	D'inis sé an scéal iomlán dom .
22. Íoc as : pay for	D'íoc mé as an gcaife.
23. Lig ar : pretend	Lig sí uirthi go raibh sí tinn.
24. Lig as : let out/ release	Lig sí osna aisti .
25. Lig do : allow / permit	Lig domsa íoc as.
26. Mol + do : advise	Mholfainn duit gan an iomarca a ól.
27. Réitigh le : get on with	Réitím go han-mhaith leis .
28. Rith + le : occur to	Rith sé liom go mbeadh suim agat sa scannán seo.
29. Tabhair do : give to	Thug sé bronntanas dom .
30. Tabhair le : bring/take with	Tabhair leat an madra.
31. Tabhair faoi : undertake	Tá mé ag tabhairt faoi chéim sa Ghaeilge.
32. Tabhair ar : make someone do something.	Tugadh orainn an aiste a dhéanamh. Céard a thug ort é sin a dhéanamh?
33. Taitin + le : like/ enjoy	Thaitin an scannán liom .
34. Tarraing + le : get along with	Tharraing sé go maith lena thuismitheoirí.
35. Teastaigh + ó : need/ want	An dteastaíonn cabhair uait ?
36. Teip + ar + i : fail	Theip orthu sa scrúdú.

(i): Forainm réamhfhoclach

GGs Aonad 20

Abairt cheartaithe: Bhí daoine an-tógtha **le iad leo**; Bhí sí ag caint **le mise liomsa**.

Míniú: Bhí botún agam a bhain le foirm an réamhfhocail agus an fhorainm le chéile. Nuair a bhíonn forainm ag teacht tar éis réamhfhocail, ceanglaítear le chéile iad i bhfocal amháin. Tugtar an forainm réamhfhoclach air seo.



Seo liosta de na forainmneacha réamhfhoclacha is coitianta:

+	ag	do	le	faoi	ó	i	de	roimh	chuig
mé	agam	dom	liom	fúm	uaim	ionam	díom	romham	chugam
tú	agat	duit	leat	fút	uait	ionat	díot	romhat	chugat
é	aige	dó	leis	faoi	uaidh	ann	de	roimhe	chuige
í	aici	di	léi	fúithi	uaithi	inti	di	roimpi	chuici
muid	againn	dúinn	linn	fúinn	uainn	ionainn	dínn	romhainn	chugainn
sibh	agaibh	daoibh	libh	fúibh	uaibh	ionaibh	díbh	romhaibh	chugaibh
siad	acu	dóibh	leo	fúthu	uathu	iontu	díobh	rompu	chucu

Nóta: Baintear úsáid as forainmneacha réamhfhoclacha i gcónaí roimh na focail ‘seo’ agus ‘sin’:

- Chomh maith **le sin** (le + é sin) > chomh maith **leis sin**
- Mar gheall **ar sin** (ar + é sin) > mar gheall **air sin**
- **Roimh-seo** (roimh + é seo) > **roimhe seo**
- **Ó-seo** (ó + é seo) > **uaidh seo**

(ii) Réamhfhocail + aidiacht shealbhach

GGs lch 176-7

Abairtí ceartaithe:

Bhí sé ag iarraidh labhairt **leis-a lena** mháthair. Is lá tábhachtach é seo **de-a dá** mhuintir.

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm an réamhfhocail agus na haidiachta sealbhaí le chéile. Uaireanta, nuair a bhíonn aidiacht shealbhach ag teacht tar éis réamhfhocail, ceanglaítear le chéile iad i bhfocal amháin. Mar shampla:

le + a = lena; faoi + a = faoina; i + a = ina; ó + a = óna; do/de + a = dá

Nóta: Baintear úsáid as na foirmeacha seo chomh maith nuair a bhíonn réamhfhocail comhshuite ag teacht roimh na focail ‘seo’ agus ‘sin’, mar shampla:

- de bharr +(é) sin = **dá** bharr sin (**dá** thoradh sin, **dá** dheasca sin, **dá** réir sin, srl.)
- in ainneoin +(é) sin = **ina** ainneoin sin (**ina** chomhair sin, **ina** ionad sin, srl.)
- le haghaidh +(é) sin = **lena** aghaidh sin

(iii) Réamhfocal + alt:

GGs lch 36

Abairtí ceartaithe:

Cad **fai-an faoin** taobh eile?

Maidir **le-an leis an** nGaeilge; maidir **lena leis na** daoine

Ní mór cabhair a thabhairt **dona do na** teifigh seo.

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm an réamhfocail agus an ailt le chéile.

Nuair a thagann ‘fai’ agus ‘an’ le chéile, athraíonn siad go ‘faoin’.

Nuair a thagann ‘le’ agus ‘an’/‘na’ le chéile, athraíonn ‘le’ > ‘leis’.

Nuair a thagann ‘do’ agus ‘na’ le chéile, fághtar iad mar dhá fhocail éagsúla.

Seo foirmeacha na réamhfocal le foirmeacha an ailt, ‘an’ agus ‘na’:

i + an = sa;

i + na = sna (*Bí cinnte nach meascann tú ‘i’, ‘sa’, ‘san’, ‘sna’)

fai + an = faoin;

fai + na = fai na (dhá fhocal)

do + an = don;

do + na = do na (dhá fhocal)

le + an = leis an;

le + na = leis na (dhá fhocal) *Bí cúramach: ‘lena’ = with his/her/their

ó an = ón;

ó + na = ó na (dhá fhocal)

trí + an = tríd an

trí + na = trí na

RF³: H/ URÚ TAR ÉIS RÉAMHFHOCAIL SHIMPLÍ

(i) Réamhfocal simplí:

GGs Aonad 3

Abairtí ceartaithe:

Tugann siad tacaíocht **do daoine dhaoine** a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu.

An ndeachaigh tú **go Mheiriceá Meiriceá** i rith an tsamhraidh?

Míniú: Bhain mé úsáid as an réamhfocal ceart ach rinne mé dearmad an t-athrú ceart a dhéanamh ar an bhfocal ina dhiaidh. Bíonn séimhiú (‘h’) ar chonsan tar éis ‘do’. Ní bhíonn séimhiú (‘h’) ar chonsan tar éis ‘go’.

(ii) Réamhfocal + alt:

GGs Aonad 4

Abairtí ceartaithe:

Ar mhaith leat dul **chuig an ceolchoirm gceolchoirm** in Aontas na Mac Léinn Dé Luain?

Bhí mé i mo chónaí sa bhaile **ag an t-am am**.

Bhí mé déanach **don bus bhus** ar maidin.

An é sin an tasc **don seachtain tseachtain** seo chugainn?

Míniú:

Rinne mé botúin a bhain leis na hathruithe tosaigh tar éis réamhfocail shimplí agus an ailt.

Bíonn urú (nó séimhiú i nGaeilge Uladh) ar na consain ‘b’, ‘c’, ‘f’, ‘g’, ‘p’ tar éis ‘chuig an’, ‘ar an’, ‘ag an’, ‘leis an’, ‘ón’, ‘faoin’, srl.

Ní athraíonn guta ag tús an fhocail tar éis ‘ag an’, ‘chuig an’, ‘ar an’, ‘leis an’, ‘ón’, ‘faoin’, srl.

Bíonn séimhiú (‘h’) ar na consain ‘b’, ‘c’, ‘f’, ‘g’, ‘m’, ‘p’ tar éis ‘don’, ‘den’, nó ‘sa’.

Cuirtear ‘t’ roimh ainmfhocal baininsneach dar tús ‘s-/sl-/sn-/sr- + guta’ tar éis réamhfocail agus an ailt, m.sh. don tsochaí, ar an tsráid, faoin tsíl, den tsraith.

AS: AIDIACHT SHEALBHACH

AS¹: AIDIACHT SHEALBHACH: ÚSÁID

Abairtí cheartaithe:

Tá mé **ina cónaí i mo chónaí** i gCaisleán Cnucha.

Ba mhaith liom a bheith **ina i mo** mhúinteoir.

Thug mo thuismitheoirí **bhur a** gcarr ar iasacht dom.

Míniú: Bhain mé úsáid as an aidiacht shealbhach mhícheart sna habairtí seo.

Abairt cheartaithe: Bhí mé **ag suí i mo shuí** ina aice leis sa léacht.

GGSlch 178

Míniú: D'fhág mé an aidiacht shealbhach ar lár san abairt seo. Ba cheart an aidiacht shealbhach a úsáid sna frásaí 'i mo chónaí', 'i mo shuí', 'i mo sheasamh' agus 'i mo luí' sa Ghaeilge.

Abairt cheartaithe: Is í Beyonce **mo cheoltóir is fearr an ceoltóir is fearr liom.**

Míniú: Níor cheart an aidiacht shealbhach 'mo' a úsáid chun an frása 'my favourite' a aistriú go Gaeilge. Úsáidtear an struchtúr 'an X is fearr liom'

AS²: AIDIACHT SHEALBHACH + H/URÚ NÓ ROIMH GHUTA

Abairtí cheartaithe:

Rinne sé **a dícheall a dhícheall.**

Dúirt siad gur fhág siad **a bhróga a mbróga** reatha sa bhaile.

Tá Máire an-chosúil **lena athair lena hathair**, nach bhfuil?

GGSlch 174

Míniú: Bhain mé úsáid as an aidiacht shealbhach cheart ach rinne mé dearmad an t-athrú ceart a dhéanamh ar an bhfocal ina diaidh. Seo iad na hathruithe ba cheart a dhéanamh:

	deartháir	aiste
mo	mo dheartháir	m' aiste
do	do dheartháir	d' aiste
a (his)	a dheartháir	a aiste
a (her)	a deartháir	a ha iste
ár	ár ndeartháir	ár n -aistí
bhur	bhur ndeartháir	bhur n -aistí
a (their)	a ndeartháir	a n -aistí

ALT:

ALT¹: AN V NA (SA TUISEAL AINMNEACH)

Abairtí ceartaithe:

Sin iad **an na** daoine a bhí taobh amuigh den teach.

An maith leat **na an** cúrsa Gaeilge?

Bíonn ceol traidisiúnta **sa sna** tithe tábhairne go minic.

Míniú: Bhain mé úsáid as an alt mícheart. Sa tuiseal ainmneach, ba cheart AN a úsáid le hainmfhocal uatha agus NA a úsáid le hainmfhocal iolra, mar shampla: an cúrsa - na cúrsaí; an duine - na daoine; an teach tábhairne - na tithe tábhairne.

ALT²: ALT AG TEASTÁIL

Abairtí ceartaithe:

Tá mé ag déanamh staidéir **ar Ghaeilge ar an nGaeilge**.

Beidh mé ag dul **go dtí Spáinn go dtí an Spáinn** an samhradh seo chugainn.

An bhfaca tú **Uasal an tUasal** Ó Cinnéide ag an gcruinniú aréir?

CO lch 1-5

Míniú: D'fhág mé an t-alt (an/ na) ar lár. Úsáidtear an t-alt de ghnáth roimh ainmneacha na dteangacha, roimh an gcuid is mó de na tíortha (seachas Éire, Albain, Sasana, Meiriceá, Ceanada agus roinnt eile) agus roimh theidil oifigiúla, m.sh. an Taoiseach, an Dochtúir Ní Dhonnchadha, an tOllamh de Brún, srl. Tá cur síos cuimsitheach ar na rialacha seo in *An Caighdeán Oifigiúil (CO)*, lch 1-5.

ALT³: ALT NACH BHFUIL GÁ LEIS (M.SH. AN T-ALT DÚBAILTE)

Abairt cheartaithe: D'fhás sí aníos **sa Mheiriceá i Meiriceá**.

Míniú: Bhain mé úsáid as an alt nuair nach raibh gá leis. Níor cheart an t-alt a chur roimh ainmneacha na dtíortha seo a leanas sa tuiseal ainmneach: Éire, Albain, Sasana, Meiriceá, Ceanada agus roinnt eile.

Sa = i + an; mar sin, níor cheart é sin a chur roimh ainmneacha na dtíortha sin ach an oiread.

Abairtí ceartaithe:

Cuir ceist ar **an** bhean an tí.

Ceapann go gcuireann **an** córas na bpointí an iomarca brú ar mhic léinn.

Tá sé ag imirt **ar an bhfoireann ar fhoireann** Bhaile Átha Cliath.

Míniú: Bhain mé úsáid as an alt nuair nach raibh gá leis. 'Bean **an** tí' = **the** woman of **the** house. Níor cheart 'an' eile a chur roimhe. Tugtar an t-alt dúbailte ar an mbotún seo. Is samplaí eile den bhotún céanna iad an dá shampla eile thuas.

A: AN T-AINMFHOCAL

A¹: AINMNEACH UATHA AG TEASTÁIL

Abairtí ceartaithe:

Caithfidh mé **cúpla-rudaí** **cúpla rud** a dhéanamh.

Bhí **gach daoine** **gach duine** ag gáire.

Cé mhéad ranganna **Cé mhéad rang** atá agat inniu.

Tá suim agam sa **spóirt** **spórt**.

Míniú: Bhain mé úsáid as an uimhir iolra seachas an uimhir uatha den ainmfhocal sna habairtí thuas. Ba cheart dom an uimhir uatha a úsáid i gcónaí tar éis ‘cúpla’ agus ‘gach’. Úsáidtear an uimhir uatha tar éis ‘cé mhéad’ freisin, nuair is ainmfhocal inchomhairthe (*countable noun*) atá i gceist.

cúpla	+ uatha (gan séimhiú)
gach	
cé mhéad	

Abairtí ceartaithe:

Nuair a bhí mé sa **mheánscoile** **mheánscoil**...

Beidh na scrúduithe ar siúl roimh **na Nollag an Nollaig**.

Chun **na fírinne an fhírinne** a rá...

Míniú: Bhain mé úsáid as an tuiseal ginideach seachas an tuiseal ainmneach uatha sna habairtí thuas.

A²: AINMNEACH IOLRA AG TEASTÁIL

Abairt cheartaithe:

Tá an iomarca cumhachta ag **an meán-cumarsáide** **na meáin chumarsáide**.

Míniú: Bhain mé úsáid as an uimhir uatha den ainmfhocal nuair ba cheart an uimhir iolra a úsáid. *An meán = the medium (singular); na meáin = the media (plural)*

Abairtí ceartaithe:

Caithfidh an rialtas **na polasaí** **na polasaithe** a chur i bhfeidhm.

Bhíodh craic mhaith i gcónaí ag **na céilí** **na céilithe**.

Beidh **na scrúdaithe** **na scrúduithe** ag tosú i mí Bealtaine.

Bíonn **na samhraidh** **na samhraí** an-fhuar agus bíonn **na laetha** **na laethanta** an-ghearr.

Bíonn **na mac léinn** **na mic léinn** ar fad ag dul amach i lár na seachtaine.

Míniú: Bhí foirm iolra an ainmfhocail mícheart agam.

GGs lch 18-25

A³: ATHRUITHE TAR ÉIS AN AILT (AN/NA) SA TUISEAL AINMNEACH



GG5 Aonad 2

Abairtí ceartaithe	Míniú
An bhfaca tú an-chluiche an cluiche ?	Níor cheart séimhiú a chur ar an bhfocal 'cluiche' tar éis 'an', toisc gur focal firinsneach é a thosaíonn ar chonsan.
Tá an-bialann an bhialann nua sin go hálainn.	Is focal baininsneach é 'bialann' agus tosaíonn sé ar chonsan. Ba cheart séimhiú a chur air tar éis 'an'.
Ar thug siad an-airgead an t-airgead duit?	Is focal firinsneach é 'airgead' agus tosaíonn sé ar ghuta. Ba cheart t- a chur ag tús an fhocail tar éis 'an'.
Bhí na-geoltóirí na ceoltóirí ar fheabhas.	Ní athraítear consan ag tús an fhocail tar éis 'na', ach amháin sa tuiséal ginideach iolra. Ní hé an tuiséal ginideach atá i gceist anseo. Mar sin, níor cheart 'ceoltóirí' a athrú.
Is breá liom na-amhráin na hamhráin sin.	Ba cheart 'h' a chur ar 'amhráin' tar éis 'na', toisc go dtosaíonn sé ar ghuta.

Achoimre ar na hathruithe tar éis an ailt (An/ Na) sa tuiséal ainmneach

Focal dar tús:	UATHA (AN)		IOLRA (NA)
	Firinsneach	Baininsneach	
Consan	an fear	an b hean (+h)	na fir, na mná
Guta	an t -athair (+t-)	an iníon	na h aithreacha, na h iníonacha (+h)
S	an sagart	an t siúr (+t, seachas ar sp, sc, st)	na sagairt, na siúracha
D/ T	an deartháir	an deirfiúr	na deartháireacha, na deirfiúracha

Nótaí breise: Braitheann na hathruithe a dhéantar tar éis an ailt **uatha 'an'** ar **inscne an ainmfhocail**. Seo roinnt treoracha gearrálta le cabhrú leat **inscne an ainmfhocail a aithint**:

Baininsneach 	Samplaí	Eisceachtaí (Firinsneach): 
1. Rudaí atá baineann	máthair, iníon, deirfiúr, aintín	cailín
2. Tíortha, teangacha, aibhneacha	An Spáinn, An Fhraincis, An Life	Béarla, Sasana, Meiriceá
3. Focail a chríochnaíonn ar chonsain chaola	<u>iris</u> , srá <u>id</u> , cath <u>air</u>	im, focail a chríochnaíonn ar -eoir, -óir, -úir (gairmeacha beatha)
4. Focail a chríochnaíonn ar -lann, -óg/ -eog	ceard <u>lann</u> , leabhar <u>lann</u> , bile <u>og</u> , féas <u>óg</u>	salann, anlann
5. Focail ilsiollacha a chríochnaíonn ar -acht, -íocht	filí <u>ocht</u> , litrí <u>ocht</u> , teicneolaí <u>ocht</u> , cuall <u>acht</u> , timpeall <u>acht</u> , múinteoir <u>eacht</u>	bunreacht, comhlacht, imeacht

NB: Focail a chríochnaíonn ar ghuta: Má chríochnaíonn an focal ar *-áiste* (coláiste, garáiste, morgáiste, srl.) nó má chríochnaíonn ainm briathartha ar *-ú* (scrúdú, athrú, aistriú, cuidiú, socrú, méadú, srl.), bíonn sé firinsneach. I gcás focal eile a chríochnaíonn ar ghuta, áfach, bíonn sé deacair a bheith cinnte cén inscne atá acu. Mar sin, ba cheart an foclóir a cheadú sna cásanna sin i gcónaí!!

A⁴: TUISEAL GINIDEACH UATHA

GGs ICh 48-56

Abairtí ceartaithe:

Tá dúshláin ag baint le **saol an ollscoil** saol na hollscoile.

Beidh mé ag obair go dtí **deireadh an samhradh** deireadh an tsamhraidh.

Míniú: Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, bíonn an dara ceann sa tuiséal ginideach.

Is ainmfhocal uatha baininscneach é ‘ollscoil’ agus tosaíonn sé ar ghuta. Mar sin, ba cheart an t-alt ‘na’ a chur roimhe, ‘h’ a chur roimh an nguta ag tús an fhocail agus –e a chur le deireadh an fhocail.

Is ainmfhocal uatha firinscneach é ‘samhradh’ agus tosaíonn sé ar ‘s’. Mar sin, ba cheart ‘an’ a chur roimhe, ‘t’ a chur roimh thús an fhocail agus deireadh an fhocail a chaolú.

**Féach an achoimre ar rialacha an tuisil ghinidigh ar an gcéad leathanach eile!*

A⁵: TUISEAL GINIDEACH IOLRA

GGs ICh 57-59

Abairtí ceartaithe:

An bhfuil tú ag dul chuig an gceolchoirm in **Aontas na Mic Léinn** **Aontas na Mac Léinn**?

Tá sé deacair **dearcadh na daoine** **dearcadh na ndaoine** a athrú.

Míniú: Ba cheart na focail ‘mic’ agus ‘daoine’ sna frásaí thuas a chur sa tuiséal ginideach. Is ainmfhocal san uimhir iolra iad; mar sin, is é an tuiséal ginideach iolra a bheidh i gceist. Is é ‘mic’ an uimhir iolra atá ag ‘mac’. Is **lagiolra** é (toisc go gcaolaítear é) agus mar sin beidh an ginideach iolra cosúil leis an uimhir uatha.

mac léinn = a student saol an mhic léinn = the life of a student (TG uatha)
 mic léinn = students Aontas na Mac Léinn = the Students’ Union (TG iolra)

Athraíonn ‘duine’ go ‘daoine’ san uimhir iolra. Is **tréaniolra** é. Mar sin, is ionann an tuiséal ainmneach iolra agus an tuiséal ginideach iolra. An t-aon athrú a tharlaíonn sa tuiséal ginideach iolra ná go gcuirtear urú ag tús an fhocail tar éis an ailt ‘na’.

duine = a person dearcadh an duine = the view of the person (TG uatha)
daoine = people dearcadh na ndaoine = the view of the people (TG iolra)

**Féach an achoimre ar rialacha an tuisil ghinidigh ar an gcéad leathanach eile!*

A⁶: TUISEAL GAIRMEACH

GGs Aonad 5

Abairt cheartaithe: Dia dhuit, **Séan** > Dia dhuit, **a Sheáin**

Míniú: Nuair a labhraímid díreach le duine éigin, cuirimid an focal sa tuiséal gairmeach. Is ainm fir é ‘Seán’. Mar sin, ba cheart é a shéimhiú agus a chaolú.


Abairt cheartaithe: **A Mhairéid**, a chara > **A Mhairéad**, a chara

Míniú: Is ainm mná é ‘Mairéad’. Mar sin, cuirtear séimhiú (‘h’) ann ach ní athraíonn deireadh an ainm. (**A Shiobháin** > **A Shiobhán**, **A Chláir** > **A Chlár**)

Cén uair a bhíonn ainmfhocal sa tuiséal ginideach? Tar éis na bhfocal seo a leanas:

- ainmfhocal eile (saol na hollscoile, deireadh an tsamhraidh)
- ainm briathartha (ag déanamh na hoibre, ag imirt peile)
- cainníocht ghinearálta (a lán eolais, níos mó airgid, an iomarca ama)
- réamhfhocal comhshuite (le linn an tsamhraidh, ar feadh an lae, le haghaidh dinnéir)
- trasna, timpeall, chun, dála, cois (timpeall na tíre, trasna na sráide)

An ainmfhocal uatha nó iolra atá i gceist?



AID: AIDIACHT

AID¹: CÉIM CHOMPARÁIDE NA HAIDIACHTA


Abairtí ceartaithe: Sin an rud **is tábhachtaí** **is tábhachtaí**

Tá an tír seo **níos mó álainn** **níos áille** ná a lán tíortha eile.

Míniú: Rinne mé botún a bhain le céim chomparáide na haidiachta. Athraíonn an aidiacht tar éis na bhfocal 'níos' agus 'is' Seo roinnt samplaí eile:

tábhachtach compordach	níos tábhachtaí níos compordaí	Sin <u>an cheist is tábhachtaí</u> . Is é seo <u>an seomra is compordaí</u> .
suimiúil cairdiúil	níos suimiúla níos cairdiúla	Ní hé sin <u>an scéal is suimiúla</u> . Is í <u>an bhean is cairdiúla</u> anseo í.
deacair saibhir	níos deacra níos saibhre	Céard é <u>an scrúdú is deacra</u> ? Sin iad <u>na daoine is saibhre</u> anseo.
mór beag te	níos mó níos lú níos teo	Is é <u>an fhadhb is mó</u> ná... Tógfaidh mise <u>an pláta is lú</u> . Is dócha gurb é seo <u>an lá is teo</u> sa bhliain.

AID²: AIDIACHT AG RÉITEACH LE HAINMFHOCAL [UATHA (FIR./ BAIN.), IOLRA NÓ GINIDEACH]



Abairtí ceartaithe:

An bhfuil an aiste **críochnaigh críochnaithe** agat go fóill?

Tá mo chuid airgid ar fad **caithe caite** agam.

Tá an fhuinneog **brista briste**

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm na haidiachta briathartha.

U: UIMHREACHA**U¹: BUNUIMHREACHA****Abairtí ceartaithe:**

Tá **trí ranganna trí rang** ar siúl agam inniu.

Tá mé ag déanamh staidéir ar **dhá ábhair dhá ábhar**.

Beidh **seacht aiste déag seacht n-aiste dhéag** le ceartú ag an teagascóir bocht anocht.

Míniú: Úsáidtear uimhir uatha an ainmfhocail tar éis na mbunúimhreacha.

Déantar na hathruithe seo a leanas ag tús an ainmfhocail tar éis na n-uimhreacha:

	<i>athrú</i>	<i>cúrsa</i>	<i>tasc</i>	<i>aiste</i>
1 (aon)	+ h ar chonsan seachas dntls	aon ch úrsa	aon t asc (dntls)	aon aiste
2 -6	+ h ar chonsan	dhá ch úrsa	ceithre th asc	sé aiste
7-10	+ urú	seacht gc úrsa	ocht dt asc	deich n -aiste
11-19	na rialacha thuas + h ar 'déag' tar éis guta	trí ch úrsa dhéag	cúig th asc déag	ocht n -aiste dhéag
20, 30, 100, srl.	gan athrú	tríocha cúrsa	daichead tasc	nócha aiste

Abairt cheartaithe: Chaith mé **cúig bhliain cúig bliana** sa mheánscoil.

Míniú: Tá na hainmfhocail 'bliain', 'ceann', 'seachtain', 'uair' neamhrialta nuair a bhíonn tú á gcomhaireamh. Ní chloíonn siad leis na gnáthrialacha a bhaineann le huimhreacha agus ainmfhocail ag teacht le chéile.

	bliain	ceann	seachtain	uair
aon	bhliain	cheann	seachtain	uair
dhá			sheachtain	
trí - sé	bliana	cinn	seachtaine	huaire
seacht - deich	mbliana	gcinn		n-uaire

*Nóta: Ní chuirtear séimhiú (h) ar an bhfocal 'déag' tar éis na n-uimhreacha seo.
m.sh. trí bliana **déag**, ceithre seachtaine **déag**, cúig huaire **déag**.

Abairtí ceartaithe:

Tá mé sa **dara bhliain** dara bliain.

Tháinig tú sa **tríú áit** tríú háit.

Inniu an **ceathrú lá dhéag** ceathrú lá déag de mhí Mheán Fómhair.

Míniú: Rinne mé botún a bhain leis na horduimhreacha. Seo achoimre ar na rialacha a bhaineann leis an bpointe seo:

	<i>athrú</i>	<i>cúrsa</i>	<i>bliain</i>	<i>tasc</i>	<i>aiste</i>
<i>an chéad</i>	+ h ar chonsan seachas dntls	ch úrsa	bh liain	tasc (dntls)	aiste
<i>an dara, tríú, ceathrú, seachtú, srl.</i>	+ h roimh ghuta	cúrsa	bliain	tasc	h aiste

*Nóta: Ní chuirtear séimhiú (h) ar an bhfocal 'déag' tar éis na n-uimhreacha seo, fiú má chríochnaíonn an t-ainmfhocal ar ghuta, m.sh.:

<i>Bnuimhir rialta + déag (+ séimhiú tar éis guta)</i>	<i>Orduimhir + déag (gan séimhiú riamh)</i>
dhá l á dh éag trí aiste dh éag	an dara l á déag an tríú haiste dh éag

Abairtí ceartaithe:

Tá **ceithre daoine** ceathrar eile ina gcónaí liom.

Bhí **beirt mac léinn** beirt mhac léinn taobh amuigh den oifig.

Míniú: Úsáidtear na huimhreacha pearsanta le daoine a chomhaireamh. Baintear úsáid as an tuiséal ginideach iolra tar éis na n-uimhreacha seo, agus cuirtear séimhiú ar chonsan tar éis 'beirt'. Seo roinnt samplaí:

	duine	fear, bean, mac léinn (lagiolraí)	deirfiúracha, múinteoirí (tréaniolraí)
1	duine amháin	fear amháin bean amháin	deirfiúr amháin múinteoir amháin
2	beirt (+ h ar chonsan seachas dntls)	beirt fh ear beirt bh an beirt mh ac léinn	beirt deirfiúracha beirt mhúinteoirí
3-10	tríur, ceathrar, cúigear, seisear, seachtar, ochtar, naonúr, deichniúr	tríur fear cúigear ban seisear mac léinn	seachtar deirfiúracha ceathrar múinteoirí
11 +	aon duine dhéag dháréag ceithre dhuine is fiche	dháréag fear trí mhac léinn is fiche	dháréag múinteoirí ceithre mhúinteoir is daichead

V: VARIA

ÁFACH

Abairt cheartaithe: **Áfach**, dúirt mé léi nach bhféadfainn dul ann > Dúirt mé léi, **áfach**, nach bhféadfainn dul ann.

Míniú: Ní féidir 'áfach' a chur ag tús abairte sa Ghaeilge.

ÉIRE, ÉIRINN, ÉIREANN

Abairt cheartaithe: Tagann a lán turasóirí **go hÉireann go hÉirinn** gach bliain.

Míniú:

- Éire = ainm na tíre (leis féin), mar shampla i seoladh poist nó in ainm ár bhfoirne spóirt.
- Éirinn = an tuiseal tabharthach, tar éis réamhfhocail simplí (seachas 'idir') (in Éirinn, le hÉirinn, ar Éirinn, faoi Éirinn, *eisceacht: idir *Éire* agus Sasana)
- Éireann = an tuiseal ginideach (muintir na hÉireann, foireann na hÉireann, Dáil Éireann)

GACH V UILE, CHUILE, ACHAN

Abairt cheartaithe: Téim go dtí an Spáinn **gach bhliain gach bliain**.

Míniú: Ní bhíonn séimhiú (h) tar éis gach!! Bíonn séimhiú tar éis 'uile', 'chuire' (=gach uile) agus 'achan' (= gach aon).

GACH – gan h	UILE, CHUILE, ACHAN, CHAON + h
Gach bliain	Chuire bhliain / sheachtain / dhuine
Gach mí	Achan mhí / seachtain / duine (dntls)

FOIRMEACHA TREISE

Sa Bhéarla úsáidtear an guth nó an tuin chainte le béim a chur ar fhocail faoi leith san abairt.

Sa Ghaeilge, úsáidtear iarmhíreanna treise leis seo a dhéanamh, m.sh.:

- I'm Michael. What's **your** name? > Is mise Mícheál. Cad is ainm **duitse**?
- Don't tell me she's going out with **him**? > Ná habair go bhfuil sí ag siúl amach **leisean!**
- Is that Amy's? No, it's **mine**. > An le hAmy é sin? Ní léi. Is **liomsa** é!

Dhá leid:

- Má tá tú ag iarraidh béim a chur ar fhorainm nó ar aidiacht shealbhach, caithfidh tú foirm threise a úsáid, m.sh. *That's my drink!* > ~~Sin mo dheoch~~ **Sin mo dheochsa!** (*béim ar dheochsa*)
- Ná bain úsáid as foirm threise mura bhfuil tú ag iarraidh béim a chur ar an bhfocal sin, m.sh. *I have three classes today!* = Tá **trí rang agamsa agam** inniu. (*béim ar trí rang*)
Well I have five! = Bhuel tá cúig cinn **agamsa!** (*béim ar agamsa*)